



Energy for
generations

DÍOGRAISEACH CHUN DIFRÍOCHT A DHÉANAMH

Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2022



Infheistithe in Éirinn

Bunaíodh ESB Group faoi reacht in Éirinn agus tá sé faoi úinéireacht 96.9% ag Rialtas na hÉireann. Tá infheistiú in Éirinn á dhéanamh againn ó bunaíodh sinn in 1927

Fuarthas dhíbhinn €327 milliún don bhliain 2022, a mhéadaigh aníos an díbhinn a dearbhaíodh le deich mbliana anuas go dtí €1.5bn.

Ranníocaíocht breis agus €2.3 billiún le geilleagar na hÉireann in 2022

Déanfaimid custaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht carbóin a bhaint amach.

Ghlac breis agus 12,000 leanbh bunscoile páirt in Science Blast ESB in 2022 a chuir ábhair STEAM chun cinn.

Rinne Electric Ireland na brabúis go léir óna ghnólacht leictreachais cónaithe in 2022 a thabhairt suas. Íocadh creidmheas €50 le gach custaiméir leictreachais cónaithe Electric Ireland.

Méadaíodh ciste cruatain €5 milliún chun tacú le custaiméirí aníos ó €2 mhilliún.

Bhunaigh Electric Ireland breis agus 55,000 plean tráthchoda in 2022 chun cabhrú le custaiméirí a gcostais fuinnimh a bhainistiú.

Thacaigh ESB Smart Energy Services, thar ceann Electric Ireland, le breis agus 1,000 Uasghrádú Fuinnimh Baile agus 100 tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh mórsála a sholáthar sa ghnó agus sa tionscal, a ranníoc infheistíocht breis agus €2.4 milliún agus ónar eascair coigiltí fuinnimh breis agus 39 GWh.

Forbróimid agus ceanglóimid fuinneamh in-athnuaite leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040.

Cheangail ár ngnólachtaí Líonraí 700 MW d'athnuaiteáin le líonraí leictreachais Éireannacha, anuas ar 79 MW de stóráil nua cadhnraí in 2022.

D'fhorbair ESB 490 MW d'acmhainneacht nua do mhargadh na hÉireann. Is éard a bhaineann leis seo cúig thionscadal cadhnraí ar acmhainneacht iomlán 300 MW agus críochnaíodh an tógáil do dhá thionscadal in 2022.

Is é cúititheoir sioncronach Ghob na Muine, a críochnaíodh in 2022, an chéad cheann sa tír agus tá ann an roth lústair is mó ar domhan a úsáidtear ar mhaithe le cobhsaíocht eangaí. Cuirfidh seo ceangal méideanna níos mó d'fhuinneamh in-athnuaite chun cinn isteach sa chóras leictreachais.

Déanfaimid infheistiú i mbonneagar le soláthairtí iontaofa agus slána leictreachais a choimeád.

D'infheistigh gnólachtaí ár líonra €1.1bn i mbonneagar na heangaí ar oileán na hÉireann in 2022.

Chuir ESB Networks 1.1 milliún méadar cliste isteach, breis agus 30,000 custaiméir micrighiniúna san áireamh.

Mar chuid den phróiseas Giniúna Éigeandála Sealadaí (TEG), tá acmhainneacht shealadach thart ar 200MW á forbairt ag ESB ag an bPort Thuaidh i mBaile Átha Cliath, atá le soláthar i nDeireadh Fómhair 2023.

Feachtas fógraíochta é 'Infheistithe in Éirinn' a cuireadh ar bun i bPoblacht na hÉireann go luath in 2023, a leagann béim ar na ranníocaíochtaí a dhéanann ESB le geilleagar na hÉireann. Tugtar sonraí sa tuarascáil ar inbhuanaitheacht níos fairsinge ar gach gníomhaíocht a bhaineann le ESB Group i measc ár bpríomh-mhargaí in PÉ, TÉ agus in RA.



Clár Ábhar

Caibidil 1 Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh

Amlíne Inbhuanaitheachta ESB	3
Ag Bogadh chun Cinn maidir le hInbhuanaitheacht	4
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach	6
Timpeallacht Ghnó ESB	7
Nochtadh an TCFD	8
Táscairí Feidhmíochta Straitéisí (SPlanna)	10

Caibidil 2 Ár gCur Chuige i leith Todhchaí Níos Gile a Sholáthar

Straitéis	13
Cuspóirí Straitéiseacha	
Leictreachas Dícharbónaithe	14
Bonneagar Athléimneach	16
Custaiméirí Cumasaithe	18
Acmhainní Bunúsacha	
Ár nDaoine	19
Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí	21
Láidir ó Thaobh Airgeadais	22
Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta	24

Caibidil 3 Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara

Réamhrá	27
Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara	28
Ábharthacht	30
Maitrís Ábharthachta	31
Maitrís Pháirtithe Leasmhara ESB Group	32

Caibidil 4 Nochtadh ESG

Eolas faoi ESB	34
Léargas Ginearálta ar ESB Group	35
Nochtadh Comhshaoil	
Réamhrá	38
Astaíochtaí	39
An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht a Bhainistiú	45
Bithéagsúlacht	47
Bainistíocht Fuinnimh	51
Uisce	56
Eisiltigh agus Dramhaíl	58
Nochtadh Sóisialta	
Réamhrá	60
Ár nDaoine	61
Ionchuimsiú agus Éagsúlacht	66
Ceartha Daonna	69
Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine	72
Rannpháirtíocht sa Phobal	75
Teacht custaiméirí ar sholáthar glan, slán agus inacmhainne fuinnimh	79
Nochtadh Rialachais	
Ráiteas Rialachais	83
Frithbhreabaireacht, Frithchaimiléireacht agus Frithchalois	83
Nochtadh Cosanta	84
Caingne dlí i ngeall ar iompar frithiomaíoch, cleachtais in aghaidh trustaí, agus mhonaplachta	84
Príobháideachas Custaiméirí	84
Nochtadh Geilleagrach	
Réamhrá	85
Feidhmíocht Airgeadais 2022	86
Airgeadas Glas	86
Infheistiú don Todhchaí	86
Ár mBrabúis a úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe	87
Oibleagáidí Pinsin	88
Slabhra Soláthair ESB	88

Caibidil 5 Aguisíní

Seiceáil Rogha Caighdeáin Neamhspleácha GRI	91
Tábla Crostartha Caighdeáin GRI	91
Gluais Téarmaí	100

Caibidil 1

Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh


Amlíne Inbhuanaitheachta ESB	3
Ag Bogadh chun Cinn maidir le hInbhuanaitheacht	4
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach	6
Timpeallacht Ghnó ESB	7
Nochtadh an TCFD	8
Táscairí Feidhmíochta Straitéisí (SPlanna)	10

Feirm Ghréine Chúil na Muice
Grianghrafadóir: Neoen
Grianghrafadóir: Keith Arkins

Caibidil 1

Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh

Amlíne Inbhuanaitheachta ESB



Ag Bogadh chun Cinn maidir le hInbhuanaitheacht

Sheol ESB Group a straitéis nua i mí na Nollag 2021: ‘Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040’. Leagtar amach ann seo Neodracht ó thaobh Fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2040, ar aon dul leis an sprioc 1.5°C i gComhaontú Pháras. Anuas air sin, gheall ESB sa straitéis ‘céim chun tosaigh a chur díobh maidir le freagracht shóisialta agus chomhshaoil. Leag ár bPríomhfheidhmeannach, Paddy Hayes, ár n-uailmhian amach i mí na Nollag 2022 i bhfoirm ráiteas ceannaireachta.

Ráiteas Ceannaireachta Inbhuanaitheachta

Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh tríd an leictreachas mar chumasóir athghiniúna

Tá cuspóir ESB bunaithe ar an gcreideamh comhsheasmhach gur cumasóir athghiniúna sóisialta é an leictreachas.

Geallaimid an méid seo a leanas a dhéanamh:


- Ról iomlán a ghlacadh i gcóras leictreachais athléimneach na todhchaí a thógáil, ina dtiocfaidh fuinneamh saor ó charbón in ionad astaíochtaí carbóin sa bhealach a sholáthraímid cumhacht dár bhfoirgnimh agus dár n-iompar.
- Barr feabhais a chur ar an dúlra san áit a bhfeidhmímid, agus tacú lenár bpobail óstála forbairt agus éirí níos láidre.
- A chur ar chumas ár ndaoine in ionad oibre sláintiúil chun gníomhú go hinbhuanaithe, tacú lenár gcustaiméirí neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach agus oibriú le cearta na ndaoine go léir inár slabhra breisluacha a chosaint.

Trí éisteacht, foghlaim agus comhoibriú, cruthóimid todhchaí níos gile inar féidir le gach duine a bheith faoi bhláth.

D’oibríomar i gcaitheamh na bliana leis an uailmhian sin a fhorbairt ina plean inbhuanaitheachta ina bhfuil sraith spriocanna atá ar aon dul lenár bpríomhthionchair i measc an réimse iomláin ábhair inbhuanaitheachta sóisialta agus comhshaoil. Creidimid gur príomhchumasóir é an leictreachas d’athghiniúint shochoaíoch.

Inbhuanaitheacht i 9 gColún (ó Cholún Airgeadais Inbhuanaithe Chomhaontú Glas an AE)

Athrú Aeráide	Ár Lucht Saothair: Éagsúlacht a mhéadú agus cultúr ionchuimsithe a neartú
Bithéagsúlacht: An Bhithéagsúlacht agus Éiceachórais a Chosaint	Oibrithe sa slabhra breisluacha: Tionchar a imirt ar sholáthraithe lena chinntiú go mbaintear ardchaighdeán amach
Truailliú agus Dramhaíl Ghuaiseach: Truailliú díobhálach a laghdú/a dhíothú	Pobail a ndéantar difear dóibh: Idirchaidreamh réamhghníomhach dearfach le pobail
Uisce: Ídiú uisce a laghdú	Custaiméirí: Cabhrú le Custaiméirí Neodracht ó thaobh Fuinnimh a bhaint amach
Úsáid Acmhainní agus Ciorclaíocht: Slabhraí breisluacha do phríomhábhair a thógáil	



Ag Bogadh chun Cinn maidir le hInbhuanaitheacht (ar lean)

Baineann inbhuanaitheacht le tairbhe a chruthú do dhaoine trí chomhshaol sláintiúil agus tionchair shóisialta dhearfacha. Le beatha dhaonna a chothú, caithfidh an tsochaí leanúint d'fhanacht laistigh de theorainneacha sábháilte pláinéadacha comhshaoil agus riachtanais daonna á gcothú i gcomhthráth. Is féidir iad a thaispeáint mar atá siad san fhóir mar chiorcal seachtrach teorainneacha comhshaoil nach sábháilte iad a shárú agus bunteorainn dálaí íosta sóisialta ar mhaithe le saol maorga. Is í an tuiscint is féidir a bhaint as an achar idir an 'bunteorainn' agus an 'teorainn' shóisialta chomhshaoil seo ná 'spás sábháilte oibriúcháin do dhaoine', faoi mar a bheartaíonn an t-eacnamaí Kate Raworth.

An Plean Inbhuanaitheachta a fhorbairt

Agus plean inbhuanaitheachta á fhorbairt, lorg ESB dearcthaí ó gach cuid de ESB agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha. Baineadh aontú iomlán amach go bhfuil an sprioc Neodrachta ó thaobh Fuinnimh i straitéis ESB lárnach. Sprioc chlaochlaitheach agus fhorleathan is ea Neodracht ó thaobh Fuinnimh a bhaint amach agus a fíorú a éascú d'earnálacha eile trí leictirí. Is í an tuiscint is féidir a bhaint as seo ná 'córais fuinnimh na todhchaí a fhorbairt agus a chur isteach' ó ghiniúint nua, trí líonraí agus isteach in áiteanna cónaithe agus i ngnólachtaí custaiméirí le méadair chliste agus áiteanna cónaithe ísealcharbóin a iarfheistiú. Leis seo a sholáthar, braithimid ar ár nDaoine agus ar conas a idirghníomhaímid leis na pobail ar a bhfreastalaímid agus ar an mbithéagsúlacht a chomh-mhaireann linn, agus acmhainní an domhain á saothrú go hindíreach againn trí na teicneolaíochtaí a chuirimid isteach chun freastal ar ár gcustaiméirí agus iad a chumasú.

Seo iad ár bpríomhthionchair. Is éard a bheidh inár misean ná oibriú agus comhoibriú le himeacht ama lena chinntiú gur tionchair dhearfacha iad na tionchair siúd. Seo é díriú na ngealltanais atá á bhforbairt againn mar chuid dár bplean inbhuanaitheachta.

Tá seo cuimsithe cheana féin isteach i straitéis ESB. Anuas ar ghníomhú ar son na haeráide, tá príomhgealltanais tugtha ag ESB d'inbhuanaitheacht níos fairsinge. Tá dul chun cinn á dhéanamh faoi láthair laistigh de ESB ag an obair le príomhspríocanna na huaillmhéine seo agus an méid a bheidh i gceist le 'céim chun tosaigh a chur dinn i bhfreagracht shóisialta agus chomhshaoil' a leagan amach.

Is í an obair atá ar bun faoi láthair na príomhspríocanna agus na príomhghníomhartha a roghnú a mbeidh ESB tiomanta dóibh leis seo a bhaint amach. Ba é an pointe tosaigh súil a chaitheamh ar phríomhthionchair ESB. Is é Comhaontú Glas an AE an clár a bhfuil mar chuspóir aige sprioc aeráide an AE laghdú 55% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030. Níl an oiread céanna daoine eolach ar an gcolún an-suntasach airgeadais, nó an colún airgeadais inbhuanaithe, atá ag Comhaontú Glas an AE. Tá orainn daoine ildánacha tiomanta a mhealladh, a choinneáil agus a spreagadh don chlaochlú seo. Imríonn an obair seo a chuireann le córas leictreachais na todhchaí tionchar ar

an mbithéagsúlacht agus ar phobail ina ndéantar í nuair a fhorbraímid suíomhanna nua. Is éard a bhaineann leis ná úsáid acmhainní i dtrealamh, cosúil le lanna tuirbín gaoithe, cadhnaí eangaí agus painéil FV. Tá cosáin chiorclacha leis an úsáid a uasmhéadú a bhaintear as na hábhair uathu seo ag teacht chun cinn go fóill. Tá an obair uile seo bunaithe ar riachtanais chustaiméara. Déanfaidh an t-aistriú atá ar bun ar deireadh thiar difear do gach custaiméir chun go leanfar ag freastal orthu amach anseo. Tá orainn cuimhneamh ar na tionchair a imrítear orthu. Tugaimid gealltanais inár straitéis do chabharr le custaiméirí Neodracht ó thaobh Fuinnimh a bhaint amach.

Is éard a chiallaíonn aistriú chuig geilleagar atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh agus comhshaol folláin ná aistriú go domhan ina mbaintear torthaí sláinte níos fearr agus caighdeán beatha níos fearr amach. Is cinnte gur réabhlóid shóisialta é.


Agus amhlaidh á dhéanamh, tá orainn machnamh a dhéanamh ar ár dtionchair inbhuanaitheachta – ní hamháin laistigh dár 'ceithre balla' féin ach iontu siúd freisin atá ar fud ár slabhra breisluacha. Léiríú maith air seo é ár lorg carbóin (ar leathanach 41). Léirítear sa léaráid seo ár slabhra breisluacha ó chl. Léiríonn na bolgáin astaíochtaí, agus tugtar cuntas iontu ar astaíochtaí díreacha (Scóip 1) agus indíreacha (Scóip 2 agus 3) laistigh dár slabhra breisluacha.

Tabhair faoi deara gurb iad ár n-astaíochtaí giniúna is mó faoi láthair. Ach caitheann siad scáth réamhtheachtach: na hastaíochtaí a chruthaíonn meatán a shileann ó na mianaigh ghuail, toibreacha gáis agus píblínte gáis a sholáthraíonn an breosla a úsáidtear i nginiúint, chomh maith lena scagadh agus a iompar. Tiocfaidh meath ar na hastaíochtaí seo anuas ar ábhar carbóin caillteanais líonra – an leictreachas a úsáideann an córas tarchuir agus dáileacháin, astaíochtaí eile indíreacha – de réir mar a bhogann as ESB agus an earnáil leictreachais i dtreo giniúint in-athnuaite.

Baineann tábhacht chomh maith leis na hastaíochtaí ón ngás a sholáthraímid do chustaiméirí. Tá siad mar chuid d'astaíochtaí indíreacha ESB. Dúshlán córais is ea cabhrú lenár gcustaiméirí bogadh i dtreo Neodracht ó thaobh Fuinnimh: teastóidh comhoibriú leis an lucht déanta beartas, cuideachtaí iarfheistithe agus eagrais eile uaidh. Gné eile d'eagraíochtaí inbhuanaithe a stiúradh is ea comhoibriú chun dúshlán chórais a réiteach, agus tá súil ag ESB go mbronnfar an fheidhm seo air.

Mar sin, seo iad ár bpríomhthionchair inbhuanaitheachta. Is é ár bplean go ndéanfar rudaí athghiniúnacha díobh seo.

Is é seo ár n-aidhm agus is í an aidhm loighciúil, bunaithe ar thoisí ár ngnó, ar ár luachanna agus atá comhoiriúnach dár stair ag croílár na réabhlóidí sóisialta a thit amach roimhe seo.



*Bunaithe ar Eacnamaíocht Taoschnó
Arna fhorbairt ag Kate Raworth, arna
oiriúnú do phlean agus uailmhian
inbhuanaitheachta ESB

Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach

DÍOGRAISEACH CHUN DIFRÍOCHT A DHÉANAMH: NEODRACHT Ó THAOBH FUINNIMH FAOIN MBLIAIN 2040



Paddy Hayes, Príomhfheidhmeannach

Iarrtar sa tuarascáil is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ar lagduithe doimhne, meara agus marthanacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le téamh domhanda a mhoilliú agus aisiompú.

Tá ESB tiomanta dár bpáirt a ghlacadh. Sheolamar ár straitéis *‘Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh’* in 2022 ina leagtar sprioc amach do ESB chun neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2040. Dírímid ar athnuaiteáin a thógáil agus a cheangal leis an leictreachas a dhícharbónú, infheistiú i mbonneagar a thacaíonn le hathléimneacht níos fearr, agus na custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid a chumasú leictreachas glan a úsáid le téamh, iompar agus an tsochaí a dhícharbónú. Cé gurb í neodracht ó thaobh fuinnimh faoin mbliain 2040 uailmhian uileghabhálach ár straitéise, tuigimid freisin tionchar ár n-oibríochtaí ar dhaoine agus ar an bpláinéad. Tá dúshlán á chur romhainn a chinntiú go n-imríonn ár ngníomhaíochtaí tionchair dhearfacha shóisialta agus chomhshaoil. Neartaíonn Ráiteas Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ESB, bunaithe ar ár gcreideamh gur cumasóir athghiniúna sóisialta é an leictreachas, ár dtiomantas do chóras fuinnimh athléimneach saor ó charbón a thógáil. Cuireann sé dúshlán romhainn an dúlra a fheabhsú san áit a bhfeidhmímid agus tacú lenár bpobail óstála forbairt agus bheith faoi bhláth. Agus spreagann sé sinn a chur ar chumas ár lucht saothair gníomhú go hinbhuanaithe, tacú lenár gcustaiméirí neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach agus cearta daoine inár slabhra breisluacha a chosaint.

Tháinig méaduithe gan choinne le bliain anuas ar chostais fuinnimh mórdhíola, ba chúis le buarthaí a bhain le soláthairtí gáis Eorpacha agus an cogadh san Úcráin. Ní hamháin gur bhrúigh seo praghsanna leictreachais in airde do chustaiméirí, ach ba chúis freisin é le méadú ar éileamh ar ghual a ghiniúint agus tháinig méadú dá thoradh sin ar astaíochtaí carbóin ESB. Tá athrú tagtha air seo níos déanaí, agus cé gur tháinig laghdú beag ar phraghsanna gáis, tá an t-éileamh ar ghiniúint guail laghdaithe.

Rinneamar infheistíochtaí caipitil i rith 2023 a sholáthróidh lagduithe marthanacha ar astaíochtaí. Cheangail ESB Networks agus Líonra NIE an líon ba mhó 688MW d'athnuaiteáin nua agus 79MW de stóráil cadhnra. Rinne Giniúint ESB, ag oibriú le Bord na Móna, dul chun cinn suntasach ar an dara céim d'Abhainn Eidhneach a thógáil, a mhéadaigh acmhainn iomlán oibríochtúil na feirme gaoithe ar an gcladach sin i gContae Mhaigh Eo aníos go dtí 172MW. Rinne ESB fiordhul chun cinn, ag oibriú le EDF, ar fheirm ghaoithe 450MW Neart na Gaoithe amach ó chósta Fife in Albain. Méadaíomar go mór ár bpiblíne d'fhorbairtí gaoithe agus gréine ar an gcladach agus amach ón gcósta freisin.

I dturas an ama, d'oibrigh Electric Ireland le tionchar praghsanna arda ar chustaiméirí a mhaolú trí réimse tacaíochtaí a thabhairt, moill a chur ar mhéaduithe ar phraghsanna dá fhaide agus ab fhéidir agus ciste cruatain €5m a bhunú san áireamh. Rinneamar an cinneadh freisin gan brabúis a bhaint ónár n-oibríochtaí soláthair cónaithe in PÉ, a d'foc €55m ar ais le custaiméirí i bhfoirm creidmheasanna fuinnimh.

Chuir Electric Ireland réimse táirgí agus seirbhísí ar tairiscint do chustaiméirí freisin chun cabhrú leo coigiltí fuinnimh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, luchtairí FL, painéil ghréine agus taraifí méadair chliste san áireamh. Sa mhullach ar Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, rinne Superhomes Electric Ireland an líon iarfheistiú doimhne a sholáthair sé ar áiteanna cónaithe a mhéadú faoi dhó in 2022. Chabhraigh ESB Smart Energy Services le custaiméirí móra téamh agus iompar a dhícharbónú, agus tá Siro, ár gcomhfhiontar rímhear leathanbhanda le Vodafone, ag laghdú carbóin trí thacú le daoine agus gnólachtaí oibriú óna n-áiteanna cónaithe nó i bpobail áitiúla.

Le breis cosanta a thabhairt do chustaiméirí ó fhórluaineacht phraghais agus le hastaíochtaí a laghdú ar aon dul le 1.5 céim, caithfear leanúint le dlús a chur leis an aistriú go leictreachas glan. I gcás ESB, ciallaíonn seo an acmhainn airgeadais agus eagraíochta a chothú chun infheistiú i mbonneagar ísealcharbóin, comhoibriú le comhpháirtithe tionscail le luas an athraithe a mhéadú, agus teicneolaíochtaí nuálacha a fháiltiú.

Baineann ríthábhacht leis an tréimhse deich mbliana seo. Cuireann leictreachas atá ag éirí níos glaine de shíor agus leictiríú forleathan bunchloch dhaingean faoi mhaireachtáil saor ó charbón. Táimid tiomanta ag ESB do dhifríocht a dhéanamh agus do leanúint ag infheistiú sa chóras leictreachais chun Neodracht ó thaobh Fuinnimh a sholáthar faoin mbliain 2040 agus todhchaí níos gile agus níos inbhuanaithe a chruthú do chách.

Paddy Hayes,
Príomhfheidhmeannach
An 09 Márta 2023

Timpeallacht Ghnó ESB

I mí na Nollag 2021, ghlac ESB Board le straitéis nua - Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 - bunaithe ar athbhreithniú suntasach ar na tosca inmheánacha agus seachtracha a bhfuil tionchar acu ar threo foriomlán straitéiseach an Ghrúpa.

Ó mhí na Nollag 2021, rinneadh roinnt forbairtí seachtracha suntasacha sa chomhthéacs gilleagrach, polaitiúil, margaidh agus beartais ginearálta nach mór straitéis ESB a chuimsiú ann. Tugadh athrú suntasach faoi deara in 2022 ar thimpeallacht ghnó ESB a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige ar straitéis ESB ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach. Tá achoimre ar na forbairtí seo le fáil i bhFíor 1.

Ionradh na Rúise ar an Úcráin

Chruthaigh ionradh na Rúise ar an Úcráin i bhFeabhra, anuas ar laghdú ar easpórtálacha gáis go hIarthar na hEorpa géarú agus luaineacht gan choinne ar phraghsanna gáis agus buarthaí móra maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta.

Praghsanna Leictreachais Níos Airde

D'eascair praghsanna leictreachais níos airde as an ngéarú ar chostais gháis agus bhí bpraghsanna gáis mórdhíola Eorpacha roinnt uaireanta níos lú ná na praghsanna a bhí ann in 2021. Tá brú suntasach ag eascairt as seo ar chaighdeán mhaireachtála teaghlaigh agus ar bhonn costais gnólachtaí.

Idirghabháil Beartais Fuinnimh

Mar fhreagairt do na brúnna mórskála sóisialta agus polaitiúla a eascraíonn as praghsanna leictreachais méadaithe, d'fhreagair an tAontas Eorpach agus rialtais náisiúnta ar fud na hEorpa (Éire agus an Ríocht Aontaithe ina measc) le hidirghabháil shuntasach beartais fuinnimh, idirghabháil a bhí ilchineálach ag amanna, foirmeacha radacacha d'idirghabháil i margaí gáis agus cumhachta (margaí mórdhíola agus miondhíola) san áireamh. Bhí seo i dteannta tacaíocht mhórskála fhioscach le teaghlaigh agus gnólachtaí, beartais le héileamh ar fhuinneamh a laghdú

agus bearta le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a íslíú trí dhlús a chur le hathnuaiteáin a chur chun feidhme agus hidrigin a úsáid agus leictiríú a mhéadú.

Beartas Fuinnimh agus Aeráide

Ní cinnte go fóill, ach chomh beag, impleachtaí fadtéarmacha i leith bheartas Eorpach agus náisiúnta fuinnimh agus aeráide na dtosca thuas ach is dóchúil go mbeidh siad suntasach nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an leibhéal éiginnteachta in Éirinn ardaithe ag an gcastacht bhreise a chruthaíonn baol i leith slándáil soláthair de bharr neamhchothroime fhéideartha idir acmhainn agus éileamh giniúna.

An Timpeallacht Mhaicreacnamaíoch

Tá meath tagtha ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch, airgeadais agus ráta úis, agus ba é ba chúis pháirteach leis seo na saincheistanna san earnáil fuinnimh a luaitear thuas agus tosca i ndiaidh COVID freisin (e.g. cur isteach ar an slabhra soláthair, farasbarr coigiltí teaghlaigh). Tá boilsciú méadaithe ó thús 2022 san Eoraip agus i bhformhór na ngeilleagar forbartha agus d'fhreagair Bainc Cheannais le méaduithe an-mhóra ar rátaí úis. Tá meath tagtha ar luachálacha an mhargaidh gnáthscaireanna agus ar mhéadracht mhuiníne tomhaltóirí agus tá tuartha ar bhorradh gilleagrach iompaithe ina dtuartha go dtiocfaidh meath orthu.

Digitíú

Leanann an glacadh le teicneolaíochtaí a ghíarálann anailísíocht sonraí cosúil le meaisínfhoghlaim agus intleacht shaorga le claochlú go leor gnólachtaí agus tionscal, iad siúd ina measc laistigh den earnáil fóntais, a chur chun cinn.


Díghrádú na hAeráide

Faoi mar a thugtar le fios i bplé COP27 plé (Samhain 2022), agus de réir mar a thosaítear le tionchair fhadtéarmacha an athraithe aeráide a imirt, bagaíonn teagmhais adhaimsire atá ag titim amach níos minice ar leanúnachas gnó agus ar an bpríomhbhonneagar leochaileach. Léiríonn seo gur gá méadú a bhaint amach ar luas an athraithe i measc eagraíochtaí le díghrádú aeráide a chur san áireamh ina straitéisí.

Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas (ESG)

Mar gheall ar rialacháin nua ESG agus ar iniúchadh níos mó a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara, caithfidh eagraíochtaí beartais bhríocha ESG a chur san áireamh ina straitéisí.

Fíor 1 - Mórforbairtí Seachtracha in 2022 a raibh Tionchar acu ar Straitéis ESB




Nochtadh an TCFD

Forbraíonn próisis ESB maidir le riosca agus deis aeráide ár gcur chuige eagraíochta i leith Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD). Cloímid le formáid agus treoir an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD).


Déantar cur síos sa mhír seo ar phróisis ESB maidir le riosca agus deis aeráide. Cloíonn sé le formáid agus treoir an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD). Beartaítear cur le próisis agus sonraí na nochtaí seo go ceann cúpla bliain agus iad seo a fhorbairt.

Croíghnéithe Nochta Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid a Mholtar



- Rialachas**
Rialachas na heagraíochta maidir le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid
- Straitéis**
Tionchair féin agus fhéideartha rioscaí agus dheiseanna a bhaineann leis an aeráid ar ghnó, straitéis agus planáil airgeadais na heagraíochta
- Bainistíocht Riosca**
An próiseas a úsáideann an eagraíocht le rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú
- Méadracht agus Spriocanna**
An mhéadracht agus na spriocanna a úsáidtear le rioscaí agus deiseanna ábhartha a bhaineann leis an aeráid a mheasúnú agus a bhainistiú

Bord Rialachais ESB



Rialachas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta
Cuimsítear Riosca agus Deis Aeráide isteach sa phróiseas athbheithnithe straitéiseach in ESB. Tá sé nasctha freisin leis an bpróiseas Bainistíochta Riosca Fiontair trí Phríomhriosca i leith na haeráide. Déanann Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir an Bhoird faireachán ar bhainistíocht sábháilteachta, riosca comhshaoil agus aeráide agus deiseanna aeráide. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ar an bpróiseas Bainistíochta Riosca Fiontair foriomlán do ESB Group. Déanann an Coiste athbheithniú ar rioscaí i rith na bliana agus eagraíonn sé lá plé maidir le riosca, riosca aeráide san áireamh.

Faigheann an Fhoireann Cheannaireachta Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta, grúpa de bhainisteoirí sinsearach a ó limistéir ar fud an Ghrúpa, nuashonruithe rialta maidir le saincheisteanna comhshaoil, inbhuanaitheachta agus aeráide. Is comhaltáí den ghrúpa seo é Bainisteoir Sábháilteachta, Sláinte agus Comhshaoil an Ghrúpa agus an Bainisteoir Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta. Soláthraíonn an grúpa Bainisteoirí Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta nuashonruithe laethúla maidir leis an gcomhshaol agus le hinbhuanaitheacht agus scaipeann siad eolas ar fud an Ghrúpa.

Nochtadh an TCFD (ar lean)



Straitéis

Straitéis aeráide agus inbhuanaitheachta atá i straitéis reatha ESB. Is é an phríomhaidhm atá aige an sprioc le hastaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GHG) atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2040. Is ionann é seo agus freagairt do na hathruithe beartais agus fisiciúla a d'eascair as athrú aeráide agus tá sé fréamhaithe in aidhm an Ghrúpa todhchaí níos gile a sholáthar do na custaiméirí agus do na pobail a bhfuiltear ag freastal orthu.

Tá an straitéis mar bhonn le haistriú i ngach cuid den Ghrúpa, agus tá táirgí agus seirbhísí nua á dtairiscint agus tá infheistíochtaí á ndéanamh i mbonneagar a chumasóidh custaiméirí gnó, miondíola agus tionsclaíochas astaíochtaí a laghdú agus feidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus go hinbhuanaithe. Tá líonra bhonneagar feithiclí leictreacha (EV) ESB á athchóiriú agus á shíneadh chun cabhrú le freastal ar riachtanais líonra phoiblí úinéirí FL faoi láthair. Tá sprioc laghdaithe déine carbóin faoin mbliain 2030 socraithe ag gnó giniúna ESB mar aon le sprioc i dtaobh neodracht ó thaobh fuinnimh faoin mbliain 2040. Tá gnólaigh ESB Networks in Éirinn agus i dTuaisceart (ESB Networks agus NIE Networks) ag infheistiú i mbonneagar cliste iontaofa chun athléimneacht agus iontaofacht a mhéadú, leictirí forleathan a chumasú agus freastal ar riachtanais athraitheacha chustaiméirí.

Ag deireadh 2022, bhí breis agus 1.1 milliún méadar cliste tugtha isteach i bPoblacht na hÉireann, a d'fheabhsaigh éifeachtúlacht an líonra agus a thug teacht do chustaiméirí ar theicneolaíochtaí cliste a chuirfidh ar a gcumas a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, tá ESB ag infheistiú i dteicneolaíochtaí nua a bhfuil an acmhainn acu ról lárnach a ghlacadh i gcóras fuinnimh dícharbónaithe amach anseo, cosúil le stóráil cadhnraí agus hidrigin ghlas. Cuireann na tionscnaimh seo ar fad a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le cuspóirí agus beartais aeráide le planáil airgeadais ESB trí phróiseas planála

gnó comhtháite. Tá méadú suntasach tagtha ar infheistíocht chaipitil bhliantúil chun tacú le straitéis ESB a sholáthar, de bhrí go bhfuil gá le hinfheistíocht mhéadaithe in athnuaiteáin, bonneagar leictreachais agus réitigh do chustaiméirí chun riosca aeráide a mhaolú agus chun tairbhe a bhaint as deiseanna nua a bheidh ag eascairt as an aistriú fuinnimh.

Tá an straitéis in ann teacht aniar gan mórán stró as rioscaí aeráide de bhrí gur straitéis í atá faoi stiúir na haeráide. Déanann an Coiste Feidhmiúcháin athbhreithniú rialta ar an straitéis i gcomhthéacs na gcoinníollacha athraitheacha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha agus chun machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhartha nua chun freagairt dá leithéid. Úsáidtear cásanna, cásanna aeráide san áireamh, mar chuid den athbhreithniú seo. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn ar spriocanna straitéiseacha agus ar fhorbairtí nua sa timpeallacht agus ar stádas riosca agus deiseanna aeráide san athbhreithniú agus comhaontaítear le gníomhartha, más cuí. Féach Rioscaí agus Deiseanna Aeráide thíos.

Bainistíocht Riosca

Tá na príomhrioscaí agus príomhdheiseanna aeráide, aistrithe agus fisiciúla ar fud an Ghrúpa sainaitheanta ag ESB agus glactar le riosca aeráide mar Phríomhriosca do ESB, rud atá sonraithe inár dTuarascáil Bhliantúil 2022 ar (leathanaigh 24-42). Úsáideadh trí phríomhchás riosca aeráide sa mheasúnú seo: cás fisiciúil amháin, bunaithe ar Chonair Charbóin Ionadaíoch (RCP) 4.5 an Phainéil Idir-Rialtasigh ar Athrú Aeráide (IPCC) agus dhá chás aistrithe, cás amháin bunaithe ar Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 Rialtas na hÉireann agus ceann eile bunaithe ar na gealltanais aeráide níos uailmhianaí le haghaidh 2030 i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 agus san Acht Aeráide, 2021, faoi seach. Tá cás RCP 4.5 IPCC bunaithe ar an mbuaicleibhéal astaíochtaí carbóin domhanda a bhaint amach in 2040 agus ar laghdú measartha teacht orthu ina dhiaidh sin. Glactar leis seo mar fhéidearthacht atá sách dian ach atá níos réalaíche ná easpa conair mhaolaithe. Tagann na cásanna aistrithe, den chuid is mó, le Pacáiste Fuinnimh Ghlain an AE agus le Comhaontú Glas an AE, faoi seach. Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite ag ESB le tréimhsí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha: gearrthéarmach, 0-5 bliana (1 athbhreithniú praghsanna ESB Networks), meántéarmach: 5-10 mbliana (2 athbhreithniú praghsanna) agus fadtéarmach: 10-40 bliain (ag teacht le gnáth-shaolréanna sócmhainní).

Rioscaí agus Deiseanna Aistrithe agus Fisiciúla Aeráide

Saghas	Catagóir	Riosca/Deis	Tionchar airgeadais féideartha	Dóchúlacht	Amscála (blianta)
Rioscaí Fisiciúla	Stoirmeacha	Minicíocht mhéadaithe stoirmeacha diana	Costais deisiúcháin agus pionóis níos airde do líonraí agus sócmhainní stáisiúin	Dóchúil	0-5
	Tuile	Tuile abhann mhéadaithe agus níos mó trombháistí	Minicíocht níos airde teagmhais tuilte nach dtarlaíonn ach uair breis agus gach 100 bliain ar aibhneacha ar a bhfuil dambaí	Dóchúil	0-5
	Tuile	Tuile abhann mhéadaithe agus níos mó bá mar thoradh ar ardú ar an maoschlár	Damáiste d'fhostáisiúin líonra, bristeacha custaiméara. Damáiste do shócmhainní giniúna	Dóchúil	0-5
Rioscaí Aistrithe	Margadh agus rialáil	Timpeallacht mhargaidh agus rialála do ghiniúint	Baintear d'acmhainn luacha sócmhainní giniúna gáis reatha	Dóchúil	5-10
	Beartas	Timpeallacht bheartais do ghiniúint amach ón gcósta	Moill fhéideartha ar an reachtaíocht um chreat planála	Dóchúil	5-10
	Beartas	Luas méadaithe ceangail athnuaiteán vs an luas a bhí planáilte	Méadú féideartha ar chostas chun amlínte a bhaint amach	D'fhéadfadh sé tarlú	5-10
	Beartas	Méadú ar iarfheistiú teaschaidéal i dtithe	Méadú féideartha ar chostas chun amlínte a bhaint amach	D'fhéadfadh sé tarlú	5-10
Deiseanna Aistrithe	Beartas	Luas an leictirthe níos tapúla ná mar a bhí planáilte	Níos mó éilimh ar sheirbhís iarfheistithe	Dóchúil	0-5
	Beartas	Infheistíocht i gcóras leictreachais ísealcharbóin nua	Níos mó deiseanna infheistíochta i seirbhísí giniúna, stórála agus córais aeráidneodracha	Dóchúil	0-5

Méadracht agus Spriocanna

Is é an phríomh-mhéadracht do riosca aeráide a úsáidtear in ESB cóimheas na ngram de CO₂ in aghaidh an kWh a ghintear. Is é sprioc ESB don bhliain 2030 140g CO₂/kWh. Tá sprioc ESB - astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de faoi 2040 - mínithe in Ár Straitéis agus nochtar inár Scóip 1, 2 agus 3 go hiomlán sa mhír astaíochtaí den tuarascáil seo, sonraí san áireamh faoi fhóirú agus dearbhú ar shonraí astaíochtaí.

Táscairí Feidhmíochta Straitéisí (SPlanna)

An Straitéis i nGníomh – Féach Caibidil 2 chun teacht ar shamplaí ar de sholáthar straitéiseach agus Tuarascáil Bhliantúil 2022 (leathanaigh 66 go 85) chun teacht ar shonraí faoi dhul chun cinn ar Chuspóirí Straitéiseacha de réir Aonad Gnó.

Cuspóirí Straitéiseacha

		Táscaire	Dul chun cinn ag deireadh 2022	Sprioc 2030 (mura luaitear a mhalairt)	Rannchuidiú SFI
	Leictreachas Dícharbónaithe	Giniúint in-athnuaite ESB	923 MW	>5,000 MW	  
	Athnuaiteáin a fhorbairt agus a cheangal leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040	Scála an fhuinnimh ísealcharbóin atá ceangailte lenár líonraí	5.4 GW in PÉ 1.8 GW in TÉ	>15 GW in PÉ 2.6 GW in TÉ	
		Sciar ESB den aschur giniúna ó fhoinsí saor ó charbón	15%	63%	
	Bonneagar Athléimneach	Bonn Sócmhainne Rialaithe (RAB) Líonraí	ESB Networks: €9.7bn NIE: €2.3bn	ESB Networks: €13-14bn NIE: €3-3.5bn	  
	Bonneagar athléimneach a sholáthar do chóras leictreachais iontaofa ísealcharbóin	Déine carbóin an leictreachais a tháirgeann ESB	419g CO ₂ / kWh	140g CO ₂ / kWh	
	Custaiméirí Cumasaithe	Líon na méadar cliste a cuireadh isteach	1.1 milliún	2.6 milliún	    
	Custaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht fuinnimh a bhaint amach	Leictriú an ghréasáin iompair: luchtairí poiblí FL	888 (Oileán na hÉireann agus an BM)	3,000 (iomlán)	
		Sásamh custaiméara	73% (leictreachas cónaithe Electric Ireland)	>85% i measc na línte uile a fhreastalaíonn ar chustaiméirí	

Acmhainní Bunúsacha

		Táscaire	Dul chun cinn ag deireadh 2022	Sprioc 2030 (mura luaitear a mhalairt)	Rannchuidiú SFI
	Ár nDaoine	Rannpháirtíocht fostaithe (Suirbhé Foirne 'Ár nGlór')	7.1 / 10	7.3 / 10	  
	A chinntiú go bhfuil an acmhainn daoine againn lenár gcuspóirí straitéiseacha a sholáthar le cultúr láidir ionchuimsitheach agus atá bunaithe ar luachanna	Scór Sláinte agus Folláine (Suirbhé Foirne 'Ár nGlór')	7.2 / 10	7.8 / 10	
	Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí	Céatadán an idirchaidrimh le custaiméir atá digiteach	Ar an mbóthar ceart leis an gceathairl uachtarach a bhaint amach faoi 2026	An cheathairl uachtarach (faoi 2026)	  
	Nearb Airgeadais	Rátáil láidir chreidmheasa ar ghrád infheistíochta	Rátálacha creidmheasa A- nó a chomhionann agus BBB ar bhonn aonair	BBB+ ar bhonn aonair	  
	Leanúint leis an bhfeidhmíocht agus an neart airgeadais a bhaint amach a theastaíonn lenár gcuspóir a sholáthar	Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (ROCE)	6.9%	ROCE >WACC	
	Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta	Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ESB	Cuirfear san áireamh iad i dTuarascáil Inbhuanaitheacht ESB a fhoilseofar in 2023	Sprioc Eolaíocht bhunaithe a chreidiúnaítear go seachtrach faoin mbliain 2030	   

*Ní chuimsítear NIE Networks nó So Energy sa mhéadracht seo

Caibidil 2

Ár gCur Chuige i leith Todhchaí Níos Gile a Sholáthar

Straitéis	13
Cuspóirí Straitéiseacha	
Leictreachas Dícharbónaithe	14
Bonneagar Athléimneach	16
Custaiméirí Cumasaithe	18
Acmhainní Bunúsacha	
Ár nDaoine	19
Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí	21
Láidir ó Thaobh Airgeadais	22
Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta	24



Caibidil 2

Ár gCur Chuige i leith Todhchaí Níos Gile a Sholáthar

Táimid tiomanta ag ESB do dhifríocht a dhéanamh. Todhchaí níos gile a sholáthar, fuinneamh inbhuanaithe, iontaofa agus inacmhainne a chruthú agus a cheangal, agus tacú leis na custaiméirí agus na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu chun neodracht fuinnimh a bhaint amach.

Cé go leanann seo le sinn a stiúradh, cuireann ár straitéis dlús le luas an athraithe, agus soláthraíonn sí spriocdhátaí agus cuntasacht shoiléir lenár spriocdhátaí a bhaint amach faoin mbliain 2040, ar bhealach a thacaíonn le borradh leanúnach ar ESB, agus lenár n-acmhainn airgeadais le hinfheistiú i dtodhchaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh.

Cé go bhfuil ár Straitéis faoi thionchar agus múnlaíthe ag forbairtí seachtracha, tá ár Straitéis fréamhaithe go daingean inár gcuspóir Todhchaí Níos Gile a sholáthar do na custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid agus tá nasc díreach idir í agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.

Cuireann 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA (SFlanna) treoirphlean domhanda agus a bhfuil glacadh fairsing leis ar fáil le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách. Gníomhaíonn siad mar ghlaoch chun gnímh ar thíortha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cuideachtaí agus daoine aonair lena ngníomhartha a ailíniú le spriocanna comhchoitinne a bhfuil tábhacht leo do dhaoine agus don phláinéad.


Tá ár straitéis dírithe ar thrí cinn de na SFlanna inar féidir le ESB difríocht mharthanach agus inbhraite a dhéanamh, is é sin:



Sonraítear agus tugtar cuntas i gCaibidil 2 ar roinnt samplaí de sholáthar ESB a bheith Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh i rith 2022.

Ár Luachanna

Tá luachanna ESB fréamhaithe go domhain san eagraíocht agus cuimsítear iontu an t-ionracas agus an uaimhian a seasanna ESB leo. Tá ról lárnach acu maidir le forbairt agus soláthar na straitéise - tá siad mar bhonn le cinntí agus tacaíonn siad lenár dtiomantas don iontaobh a bhaint amach atá ag custaiméirí agus pobail as ESB.



Straitéis

Tá straitéis ESB bunaithe ar fhorbairtí sa timpeallacht sheachtrach agus bunaithe ar ár dtiomantas marthanach do thodhchaí níos gile a sholáthar do gach duine.

Straitéis ESB Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040

Cuspóirí Straitéiseacha

Tá trí chuspóir straitéiseacha sainaitheanta ag ESB, atá ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 7, 9 agus 13, a bhfuil ról lárnach acu inár n-uailmhian neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach.



Leictreachas Dícharbónaithe

Athnuaiteáin a fhorbairt agus a cheangal leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040

Léirítear sa chuspóir seo tiomantas ESB do thacú leis an sprioc shochoaíoch astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh a bhaint amach trí leictreachas in-athnuaite a ghiniúint agus trína chumasú giniúint in-athnuaite a cheangal lenár líonraí leictreachais. Bainfidimid méadú faoi chúig amach ar ár bpunann ghiniúna in-athnuaite aníos go dtí 5,000 MW faoin mbliain 2030, agus méadóidh ESB Networks agus NIE Networks an méid fuinneamh in-athnuaite a cheanglaítear lenár líonraí i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Bonneagar Athléimneach

Bonneagar athléimneach a sholáthar do chóras leictreachais iontaoifa ísealcharbóin

Aithníonn an cuspóir seo an tábhacht bhunúsach agus atá ag dul i méid a bhaineann le bonneagar cobhsaí daingean a bheith ann le soláthairtí slána iontaoifa leictreachais a chinntiú. Cuirfear teicneolaíochtaí agus breoslaí nua chun feidhme chun ár nginiúint theirmeach a aistriú go punann ineachadta saor ó charbón, ar féidir léi, anuas ar shócmhainní reatha agus nua stórála, dul in iomaíocht le freastal ar riachtanas na sochaí i leith foinsí eadrannacha fuinnimh. Déanfaidh ESB Networks agus NIE Networks infheistiú i mbonneagar cliste iontaoifa líonra lena chumasú leibhéil ghiniúna in-athnuaite a mhéadú, agus chun buntacú le leictriú forleathan an iompair agus an téimh.

Custaiméirí Cumasaithe

Custaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht fuinnimh a bhaint amach

Léirítear sa chuspóir seo ár dtiomantas d'oibriú taobh le custaiméirí agus pobail mar chomhpháirtí iontaoifa fuinnimh, a sholáthraíonn fuinneamh inbhuanaithe ar an luach is fearr agus a thacaíonn leo neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach. Úsáidfimid sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha le heispéiris áisiúla agus phearsantaithe chustaiméara a sholáthar agus ár gcostas ar fhreastal a laghdú. Forbróimid táirgí agus seirbhísí freisin atá faoi stiúir léargas chun freastal ar riachtanais chustaiméirí éagsúla agus atá ag teacht chun cinn. Cuirfidh ESB Networks agus NIE Networks réitigh i bhfeidhm dár líonraí custaiméirí lena chumasú leictriú an téimh agus an iompair agus déanfaidh siad éasca é ar chustaiméirí agus ar phobail páirt a ghlacadh i margaí ar mhaithe le solúbthacht agus roghanna gníomhacha a dhéanamh san úsáid a bhaineann siad as fuinneamh. Giarálfaimid ár mbonneagar teileachumarsáide agus snáthoptaice le sárseirbhísí teileachumarsáide a sholáthar agus le maireachtáil inbhuanaithe a chumasú.

Acmhainní Bunúsacha

Buntacaíonn ceithre acmhainn bhunúsacha leis na cuspóirí straitéiseacha atá bunriachtanach maidir le rath.



Ár nDaoine

A chinntiú go bhfuil an acmhainn daoine againn lenár gcuspoirí straitéiseacha a sholáthar le cultúr láidir ionchuimsitheach agus atá bunaithe ar luachanna

Tagraíonn an acmhainn seo do ról rithábachtach ár ndaoine i dtaobh ár gcuspoirí agus ár straitéis a sholáthar ar aon dul lenár luachanna. Cruthóimid timpeallacht a spreagann cruthaitheacht, tiomantas agus foghlaim leanúnach trí eispéireas sábháilte, daoine láraithe agus ionchuimsitheach. Buntacóidh seo le cultúr ardfeidhmíochta, nuálach, inbhuanaithe agus custaiméirdhírthe. Tacóimid leis seo trí acmhainn cheannaireachta atá spreagúil, oiriúnaitheach, báúil agus fiosrach, agus trí dhearadh lúfar agus éifeachtúil eagraíochta ar féidir leis freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí agus an ghnólaigh.

Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí

Sonraí agus teicneolaíocht a chur i ngníomh, fiontás atá faoi stiúir cúrsaí digiteacha a dhéanamh de ESB

Déanfaidh seo ESB a chlaochlú ina fhóntas digiteach atá faoi stiúir sonraí a sholáthraíonn eispéireas custaiméirí den scoth (trí léargas custaiméirí agus cainéil rannpháirtíochta digiteacha a ghíaráil), eispéireas feabhsaithe daoine (trí bheith ag feidhmiú mar lucht saothair atá cumasaithe i dtaobh teicneolaíochta) agus oibríochtaí agus próisis ghnó nua-aimseartha atá cumasaithe ag an teicneolaíocht.

Neart Airgeadais

Leanúint leis an bhfeidhmíocht agus an neart airgeadais a bhaint amach a theastaíonn lenár gcuspoir a sholáthar

Cuirfidimid sainordú tráchtála ESB i gcrích le luach a sholáthar do scairshealbhóirí, forbróimid an gnó fad is atá ár neart airgeadais á chothabháil againn. Cinnteoidh feidhmíocht airgeadais láidir lena mbuntacaíonn disciplín éifeachtúlachta agus infheistíochta, gur féidir linn torthaí oiriúnacha a chinntiú do scairshealbhóirí, rátáil chreidmheasa láidir a choimeád agus cistiú fadtéarmach optamach a fháil chun pleananna infheistíochta fadtéarmacha a mheaitseáil ar mhaithe le todhchaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh.

Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

Céim chun tosaigh a chur dinn maidir le freagracht shóisialta agus chomhshaoil, agus éiteas sábháilte, fiontás agus inbhuanaithe á shaothrú ar aon dul lenár luachanna

Le tionchar dearfach a imirt ar eispéiris fostaithe, chustaiméirí, chomhpháirtithe agus pháirtithe leasmhara eile, leabóimid cultúr ina dtugtar tús áite do shábháilteacht, feidhmíocht chomhshaoil agus inbhuanaitheacht. Comhlíonfaidimid ionchais pháirtithe leasmhara a bhaineann le, ach nach bhfuil teoranta d'fheidhmíocht agus do shábháilteacht Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG), agus glacfaidimid le creat trédhearcachta agus comhlíontachta dea-chleachtais chun dul chun cinn a rianú agus a thuairisciú. Bainfidimid astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh amach faoi 2040, agus bunóimid sprioc charbóin eolaíochtbhuanaithe chreidúnaithe le haghaidh 2030. Comhoibreoimid le páirtithe leasmhara chun ceannaireacht a sholáthar maidir le beartas dícharbónaithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Creat Straitéiseach

Forbraíodh Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 trí úsáid a bhaint as Creat Straitéise ESB a chinntiú go bhfuil gníomhartha agus cinntí straitéiseacha comhsheasmhach le cuspóir agus luachanna ESB, agus go bhfuil 'líne amhairc' shoiléir agus chomhsheasmhach ann dóibh siúd laistigh den eagraíocht agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

Ár gCuspóir

Tacú le spriocanna domhanda



Teacht a chinntiú ar fhuinneamh inacmhainne, iontaoifa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha do chách



Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus nuálaíocht a chothú



Dul i mbun gníomh práinneach chun athrú aeráide agus a thionchar a chomhrac

Tacaíonn straitéis ESB go díreach le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) na NA a sholáthraíonn treoirphlean domhanda le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách faoin mbliain 2030. Tá an straitéis dírithe ar thrí cinn de na SFlanna inar féidir le ESB difríocht mharthanach agus inbhairte a dhéanamh.

Ár Straitéis Cuspóirí Straitéiseacha Acmhainní Bunúsacha

Ár Luachanna



Leictreachas Dícharbónaithe

Seolann MSD agus ESB an tionscadal féinsoláthair Gréine is mó in Éirinn

Sholáthair ESB Smart Energy Services an tionscadal gréine ar thaobh úsáideoirí den mhéadar is mó in Éirinn, sraith FV gréine 7.3MW atá feistithe den talamh do MSD ina saoráid i mBaile Doinn. Meastar go nginfidh an córas thart ar 7.9GWh de leictreachas glan in-athnuaite ar bhonn bliantúil do shuíomh MSD, a chinntíonn go bhfuil foinsí fuinnimh in-athnuaite ag freastal anois ar a mhéid le 20% de riachtanais fuinnimh an tsuímh.

Soláthraíonn ESB Smart Energy Services réimse réiteach inbhuanaithe le costais fuinnimh a laghdú agus astaíochtaí carbóin ar ghnólachtaí móra a íslíú. Sholáthair ESB Smart Energy Services tionscadail cheana féin do bhreis agus 300 gnólacht mór ar fud na hÉireann agus an RA. Áirítear lena liosta cliant Tesco, ABP Food Group, Ardagh Group, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, i measc go leor eile. [Seirbhísí Fuinnimh Chliste \(esb.ie\)](https://www.esb.ie/Seirbhísí_Fuinnimh_Chliste)



Athnuaiteáin a fhorbairt agus a cheangal leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040

Cinntíonn ESB gur fuinneamh glan atá i mbreosla na todhchaí – agus tá siad ag leanúint le gach rud a dhéanamh indéanta trí infheistiú i mbonneagar le leictreachas glan iontaofa a sholáthar do chustaiméirí.



Céim 2 d'Abhainn Eidhneach arna Fuinnmhiú

D'éirigh le Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach, comhfhiontar 50:50 idir ESB agus Bord na Móna, céim 2 den fheirm ghaoithe a fhuinnmhiú i Meán Fómhair 2022, a sholáthair 83MW breise d'fhuinneamh in-athnuaite glan don eangach leictreachais. Tá 61 tuirbín i gcéim 2 den fheirm ghaoithe a sholáthraíonn acmhainn 172MW tar éis gur cuireadh isteach iad.

Tá achar thart ar 2,400 heicteár i suíomh an tionscadail agus d'úsáid Bord na Móna roimhe seo é le móin a bhaint le breosla a sholáthar do mhóinstáisiún cumhachta Bhéal Átha Chomhraic, a stop ag oibriú in 2005. [Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach](#)



Osclaíonn Feirm Ghaoithe Neart na Gaoithe (NnG) a bunáit Oibríochtaí agus Chothabhála (O agus C) in Eyemouth, Berwickshire

Tá an acmhainn ag NnG 450MW d'fhuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, ar dóthain cumhachta é sin le cumhacht a sholáthar do thart ar 375,000 áit chónaithe in Albain – agus déanfaidh sé breis agus 400,000 tonna astaíochtaí CO₂ a sheach-chur gach bliain. Garspíoc shuntasach sa tionscadal seo is ea an bhunáit Oibríochtaí agus Chothabhála (O agus C) fad a oibrímid le chéile le cumhacht in-athnuaite ghlan a sholáthar do mhuintir na hAlban agus a chabhraímid leis an tír a spriocanna aeráide a bhaint amach.





Leictreachas Dícharbónaithe (ar lean)



Ceangail In-Athnuaite

Cheangail ESB Networks 23 tionscadal mór giniúna in-athnuaite in 2022 leis an Líonra ag a bhfuil acmhainn iomlán fuinnimh ghlais **688 MW**, a sháraigh acmhainn 573MW na bliana 2017, an bhliain ina raibh an acmhainn ba mhó go dtí seo. Is ionann an méadú agus méadú 15% ar ghiniúint in-athnuaite bliain ar bhliain, a mhéadaigh an MIC iomlán aníos go dtí beagán faoi bhun 5.4GW. Ceanglaíodh ceithre thionscadal stórála cadhnraí in 2022 freisin leis an líonra, a chuir **79MW** de stóráil bhreise fuinnimh i mbun feidhme. Tá **768.5MW** de stóráil fuinnimh ann faoi láthair sa líonra, (cuimsítear sna figiúirí acmhainn 292MW Chnoc an Turlaigh). Cuireadh stóráil fuinnimh cadhnraí chun feidhme i rith tréimhse aimsire fuaire agus i rith an chraobhchomórtais dhomhanda leis na buaiceanna a bhainistiú díreach i ndiaidh na gciceanna éirice.



Stóráil Fuinnimh Cadhnraí

Leanann ESB le hinfheistíochtaí móra a dhéanamh i bpiplíne de thionscadail teicneolaíochta cadhnraí ar scála eangaí a sholáthar ar aon dul lenár straitéis Neodrachta Fuinnimh faoin mbliain 2040. D'osclaíomar ionad mór cadhnraí in Iúil 2022 ag ár suíomh in Áth Fhada i gContae Chorcaí, a chuir 19MW (38MWh) de stóráil bhreise fuinnimh mhearghníomhaithe ar fáil chun cabhrú leis an eangach a chobhsú agus níos mó athnuaiteán a sholáthar i gcóras leictreachais na hÉireann.

Faoi mar a thugtar faoi deara inár n-imeacht ama, leanann an dara céim den tionscadal, Áth Fhada II, le dul chun cinn suntasach a dhéanamh. Nuair a chríochnófar í, soláthróidh an tionscadal, atá ar cheann de na cinn is mó san Eoraip, acmhainn 150MW (300MWh).

Anuas ar theicneolaíochtaí breise solúbtha, stórálfaidh na cadhnraí ardtoilte seo an farasbarr d'fhuinneamh in-athnuaite lena húsáid nuair is gá, agus tacóidh siad, agus amhlaidh á dhéanamh, le hÉirinn a spriocanna uaillmhianacha aeráide a bhaint amach faoin mbliain 2030.



Cúititheoir Sioncronach Ghob na Muine

Sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Éamon Ryan, T.D., cúititheoir sioncronach nua ESB i Samhain, an roth lústair is mó ar domhan ag Stáisiún Giniúna Ghob na Muine i gContae an Chláir. Seo Céim a hAon den Atlantach Glas @ Gob na Muine (Green Atlantic @ Moneypoint) – ár dtionscadal ilbhilliún euro le mol fuinnimh ghlais a dhéanamh den suíomh.





Bonneagar Athléimneach

Bonneagar athléimneach a sholáthar do chóras leictreachais iontaofa ísealcharbóin.



Straitéis Líonraí Neodracha ó thaobh Fuinnimh ESB

Leagtar amach sa Straitéis Líonraí Neodracha ó thaobh Fuinnimh ról ESB Networks i dtaobh sholáthar Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 an Rialtais a chumasú agus tacaíonn sí le dícharbónú an chórais leictreachais faoin mbliain 2040. Tá sí bunaithe ar ár ról chun an líonra dáileacháin leictreachais a chlaochlú a chumasóidh custaiméirí a n-ídiú fuinnimh a dhícharbónú, agus ar ár ról mar Úinéir Sócmhainne Tarchuir chun an clár uailmhianach tarchuir leictreachais a sholáthar.


[networks-for-net-zero-strategy-document.pdf](https://www.esb.ie/networks-for-net-zero-strategy-document.pdf)
([esbnetworks.ie](https://www.esb.ie))



Clár NNLC

Tionscadal ilbhliana é an Clár Líonraí Náisiúnta, Ceangail Áitiúla de chuid ESB a dhéanfaidh an bealach a chlaochlú a bhainistítear fuinneamh i líonra dáileacháin leictreachais na hÉireann. Cinnteoidh sé gur féidir leis an gcóras dáileacháin monatóireacht, tuar, agus bainistiú a dhéanamh ar chumhacht ar leibhéal áitiúil. Beidh custaiméirí agus pobail fud fad na tíre níos gníomhaí sa tírdhreach nua fuinnimh seo i dtaobh a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú agus a rialú. Má ghlacann gach duine páirt ghníomhach sa phróiseas, is féidir linn córas dáileacháin a fhorbairt atá sábháilte agus slán, a thabharfaidh margaí nua áitiúla isteach a fhreagraíonn ar riachtanais nua áitiúla agus réigiúnacha, agus a imríonn tionchar dearfach sa chomhrac in aghaidh athrú aeráide.

Soláthraíodh clár píolótach in 2022 chun tacú le ról luathghlacadóirí i margaí áitiúla. Seo an chéad uair a d'oibrigh ESB Networks le custaiméirí chun íoc as solúbthacht ar thaobh an éilimh ar leibhéal comhiomlánaithe an chustaiméara.



Méadair Chliste

Lean ESB Networks i rith 2022 le breis agus 2.4 milliún méadar leictreachais a ionadú i dtithe, feirmeacha, agus gnólaicteáí trí mhéadair chliste den chéad ghlúin eile chun tacú leis an aistriú chuig líonra leictreachais ísealcharbóin. Cuireadh 482,000 méadar cliste isteach in 2022, in ainneoin go raibh saincheist i gceist leis an slabhra soláthair domhanda i measc nach mór 400 suiteálaí fud fad na tíre. Bhain an clár garspíoc shuntasach amach i rith 2022 tar éis gur cuireadh 1 mhilliún méadar cliste isteach, agus críochnaíodh 1.1 milliún méadar a chur isteach faoi dheireadh na bliana.



 Bonneagar Athléimneach (ar lean)

Clár Feabhsaithe an Líonra

Tá uasghrádú á dhéanamh ag ESB Networks faoi láthair ar an líonra meánvoltais 10kV (MV) go dtí 20kV. Soláthraíonn seo roinnt buntáistí cosúil le ceithre huairé na hacmhainne ar an líonra MV agus laghdú ar chaillteanais. Tá ráta 20kV bainte amach anois ag thart ar 53% den líonra MV.

Tionscadal é an Clár Feabhsaithe Líonra ina mbaineann uasghrádú ar an líonra, idir cuailí agus sreanga agus fhostáisiúin agus ghalláin bheaga. Feabhsóidh an clár seo sábháilteacht, acmhainn, iontaofacht agus athléimneacht an líonra, a chiallaíonn go mbeidh líonra leictreachais níos láidre ann ar féidir leis seasamh in aghaidh dianaimsire, agus beidh níos lú bristeacha neamhbheartaithe agus fada ann dá bharr. Trí acmhainn an líonra a mhéadú, ciallaíonn sé gur féidir linn níos mó áiteanna cónaithe agus gnóilachtaí nua a cheangal agus a chinntiú go bhfuil an acmhainn ann lena chumasú téamh agus iompar a leictriú.



Ár líonra luchtaithe phoiblí FL a fheabhsú agus a fhairsingiú

[ecars \(esb.ie\)](#)

[ESB Energy d'Fheithiclí Leictreacha](#)

Leanann ESB lena líonra luchtaithe FL a fhairsingiú agus a fheabhsú ar fud na hÉireann agus an RA. Bhí 888 luchtaithe i mbun feidhme ag deireadh 2022 agus tá iontaofacht an líonra ag druidim le 99%. Tá 86,000 custaiméir ar fud na ag ESB ecars.

Custaiméirí Gluaisteán Leictreach iad thart ar 75% de na tiománaithe FL go léir in Éirinn. Coimisiúnaíodh 21 mol nua Luchtaithe Ardchumhachta (HPC) in PÉ agus tá céimeanna éagsúla tógála bainte amach ag 20 ceann eile. Tá na moil seo suite go príomha ar an mótarbhealach nó ar phríomhbhóithre agus soláthróidh siad raon 100km laistigh de shé nóiméad. Tháinig Gluaisteán Leictreacha in ionad an 20% den líonra luchtaithe ba lú a bhí ag feidhmiú in 2022 agus críochnófar ionadú an líonra iomláin, cúig mhol luchtaithe ardchumhachta a chur leis an líonra san áireamh, gníomh a thosófar i ráithe 1 2023.

Leanann ESB sa Ríocht Aontaithe lena bhonneagar luchtaithe thapa a thabhairt isteach in Birmingham, Coventry agus Londain, i gcomhoibriú le comhairlí cathrach agus gníomhaireachtaí iompair. Tá mar aidhm ag ár bpleananna breis agus 1,000 luchtaithe tapa a sholáthar i gceantair uirbeacha, a chumasaíonn leictriú flíteanna tacsaithe cathrach chomh maith leis an mbonneagar luchtaithe phoiblí a fheabhsú.



Giniúint Éigeandála ar Fuireachais

Leanann ESB ag tacú le slándáil soláthair na hÉireann trí thart ar ghiniúint leictreachais 200MW a sholáthar, ar leor sin le cumhacht a sholáthar do bhreis agus 40,000 áit chónaithe, a bheidh i mbun feidhme ag ár suíomh sa Phort Thuaidh i mBaile Átha Cliath níos déanaí in 2023.

Tá ról tábhachtach le glacadh ag acmhainn Giniúna ar Fuireachais le freastal ar an mbuaicéileamh náisiúnta, go háirithe nuair nach bhfuil an ghaoth ag séideadh.

Léirítear san fhíseán imeachta ama seo dul chun cinn an tionscadail go dtí seo. Tá na bunsráiteanna coinceíte doirte don chéad aonad agus tá na hoibreacha cruaithe ar bun ar na haonaid eile sula dtiocfaidh lastas trealaimh mórsála a bhfuil súil leis i láthair sna míonna amach anseo.






Custaiméirí Cumasaithe

Custaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht fuinnimh a bhaint amach.

Giniúint FV agus Micrighiniúint Gréine Electric Ireland

[Painéil Ghréine](#) | [Deontas FV Gréine](#) | [Siopa Electric Ireland](#)

Soláthraíonn seirbhís suiteála FV gréine Electric Ireland an bealach do chustaiméirí leictreachas glan a fhéinghiniúint chun cumhacht a sholáthar don iomaí gléas ina n-áiteanna cónaithe. Tar éis gur tugadh an scéim tacaíochta micrighiniúna isteach in 2022, ceannófar aon leictreachas barrachais a easpórtáiltear ar an eangach. Thacaigh Electric Ireland ag deireadh 2022 le thart ar 18,000 custaiméir micrighiniúna chun teacht a bheith acu ar an scéim micrighiniúna agus rinneadh fócaíochtaí le custaiméirí den chéad uair i mí na Nollag 2022.



SuperHomes Electric Ireland – Ionad ilfhreastail do d'iarfheistiú Fuinnimh Baile

[Ionad Ilfhreastail Iarfheistithe Baile - Superhomes Electric Ireland](#)

Seoladh 'Electric Ireland SuperHomes', comhfhiontar idir Electric Ireland agus Gníomhaireacht Tipperary Energy Agency, in 2021 agus é mar uailmhian úinéirí tí Éireannacha a threorú go mbeidh áiteanna cónaithe níos teo, níos compordaí agus níos tiosaí ar fhuinneamh acu agus tacú le spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na hÉireann 35,000 uasghrádú domhain fuinnimh baile a sholáthar faoin mbliain 2030, mar chuid den phlean náisiúnta le 500,000 áit chónaithe a iarfheistiú go dtí rátáil BER B2 nó níos fearr faoin mbliain 2030. Faomhadh Electric Ireland SuperHomes in 2022 mar chéad 'Ionad Ilfhreastail' na hÉireann d'iarfheistiú fuinnimh baile agus críochnaíodh breis agus 200 iarfheistiú domhain a sholáthair coigiltí fuinnimh breis agus 3GWh agus a sheachain 1,000 tonna CO₂ sa bhliain.



Sáraigh an Bhuaic (Beat the Peak)

Sheol ESB Networks, a d'oibrigh in 2022 mar chuid de shraith níos fairsinge tionscnamh faoi stiúir an CRF agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, trí chlár phiolótacha Sáraigh an Bhuaic a thacaigh le custaiméirí intíre agus tráchtála araon. Bhí mar aidhm ag na clár phiolótacha seo cabhrú le daoine aonair agus eagraíochtaí smacht a fháil ar a n-úsáid leictreachais trí éileamh ar leictreachas a aistriú go dtí lasmuigh de na buaicuaireanta.

Sáraigh an Bhuaic - Tráchtála Gníomhach:

Tionscnamh é seo ag a bhfuil dreasacht airgeadais le húsáideoirí incháilithe leictreachais tráchtála a spreagadh a n-éileamh ar leictreachas ag amanna ar leith i rith thréimhse gheimhreadh 2022, idir ráithe 4 2022 agus deireadh ráithe 1 2023, a laghdú. Tá tionchar á imirt ag an tionscnamh seo ar bhuaicéileamh leictreachais, agus cuirfear na ceachtanna a fhoghlaimítear i bhfeidhm i rith geimhrí amach anseo. www.Esbnetworks.ie/active

Sáraigh an Bhuaic - Tráchtála: Spreagann tionscnamh Ghealltanais Tráchtála 'Sáraigh an Bhuaic' rannpháirtíocht i measc aon eagraíochta tráchtála, leathstáit agus earnála poiblí atá toiliúil 'gealltanais' a thabhairt go ndéanfaid siad gníomhartha nó bearta ar leith lena n-éileamh leictreachais a laghdú ag buaic-amanna. www.Esbnetworks.ie/pledge

Sáraigh an Bhuaic - Baile: Tá an tionscnamh seo ar oscailt do gach custaiméir baile, gan aird ar a soláthraí leictreachais agus spreagann sé buaicéileamh a laghdú. Tugann sé an t-eolas agus na huirlisí do chustaiméirí chun smacht a fháil ar a leictreachas agus d'fhéadfaí cúiteamh a íoc le custaiméirí, fiú, as tacaíocht a thabhairt i rith amanna buaicimeachtaí. www.Esbnetworks.ie/pilot



RULET – Aistriú Fuinnimh faoi Stiúir na Tuaithe

Tionscadal é RULET laistigh de thionscadal SPIRE 2 atá dírithe ar an mbaol a laghdú nó a dhíothú go bhfágfar teaghlaigh ísealioncain ar lár san aistriú chuig córais fuinnimh ghlain, chliste chomhtháite. Tá sé faoi stiúir Ollscoil Uladh agus Fheidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann (NIHE), agus comhpháirtithe, NIE Networks, Energia/PowerNI, an déantúsóra teaschaidéal Grant i mBiorra, Contae Uíbh Fhailí, agus an fhorbróra rialtáin téimh chliste Climote, agus tá RULET dírithe ar na tairbhí iomlána a bhaint a chruthaíonn teicneolaíocht fuinnimh chliste atá ar fáil do na teaghlaigh is leochaílí i gcontaetha thiar Thuaisceart Éireann, ar láthair iad siúd ina n-úsáidtear go leor fuinneamh gaoithe.



Ár nDaoine

Tá infheistiú á dhéanamh ag ESB i mbonneagar agus i réitigh lena chur ar chumas daoine, gnólachtaí, agus pobal saol ísealcharbóin a mhaireachtáil

So Energy – Lá Idirnáisiúnta na mBan – Sáraigh an Claonadh (Break the Bias)



[Fuinneamh glas ar luach iontach gan stró | So Energy](#)

Rinne So Energy ceiliúradh in 2022 ar Lá Idirnáisiúnta na mBan trí shúil a chaitheamh ar an méid is féidir linn a dhéanamh leis an gclaonadh seo i leith ban ag obair sa Tionscal Fuinnimh a sháru. Cé go bhfuil gach saghas comhionannais i gceartlár chinnteoireacht na cuideachta agus gurb ionann an líon méadaitheach ban atá ag tosú ag obair leis an ngnóilacht agus bogadh sa treo ceart – tá níos mó le déanamh go fóill ar féidir linn go léir tabhairt faoi, le bheith ceanndána agus le bheith mar eiseamláir don chuid eile den tionscal.



Borradh ar líonta Printíseachtaí Mná

Tá traidisiún fada i ESB Networks ina ndéantar printíseachtaí ceirde ardchaighdeán a chur chun cinn agus a sholáthar. Déanaimid printíseachtaí a chur chun cinn trí idirchaidreamh le scoileanna, aonaigh ghairmeacha beatha agus na meáin shóisialta spriocdhírthe i rith ár bhfeachtas. Mar chuid de seo, lorgaíomar mná a spreagadh machnamh a dhéanamh ar phrintíseachtaí leictreacha, agus ba mhná 22 de na 92 printíseach nua inár bhfeachtas sa bhliain 2022.

Méadaíonn seo líon iomlán na bprintíseach mná faoi oiliúint aníos go 58. Tá seo tábhachtach inár dtionscal agus léirigh ESB Networks ceannaireacht sa limistéar seo. Tugann ESB Networks agus ESB céadtús áite do lucht saothair éagsúil a bheith ann ina gcuirtear na pobail san áireamh ar a bhfreastalaímid.



Oibriú Cliste – Tar éis Covid

Thosaigh ESB le hoifigí a oscailt arís go luath in 2022, an foirgneamh ceannoifige nua ag 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach san áireamh, agus aistríodh amach ó na socrúithe i rith phaindéim COVID-19 isteach i socrú hibrideach Oibríthe Chliste i gcás go leor oibríthe a bhí bunaithe in oifig.

Téarma é Oibriú Cliste de chuid ESB ar an mbealach a oibrímid ar an láthair, in oifigí agus go cianda, a chuireann leis an athrú ollmhór a tharlaíonn uair amháin gach glúin ar an domhan oibre a spreag COVID-19. Tá daoine á gcumasú ag ESB trí oibriú cliste tríd an neamhspleáchas, an tsolúbthacht agus na huirlisí digiteacha le straitéis ESB a sholáthar.

Leag ESB bunchloch dhaingean do shamhail hibrideach inbhuanaithe – bainfidh seo torthaí gnó níos fearr amach, tacóidh sí le spriocanna inbhuanaitheachta agus feabhsóidh sí folláine agus taitneamh á bhaint as na tairbhí i gcomhthráth a chruthaíonn cultúr ionchuimsitheach solúbtha oibríthe. Leanfaidh an eagraíocht in 2023 le Triail, Foghlaim, Oiriúnú agus Cur i bhFeidhm leis na bealaí oibre is fearr a thabhairt chun cinn níos mó.





Our People (ar lean)



An Bhearna Phá Inscne

D'fhoilsigh ESB a dara tuarascáil ar an mBearna Phá Inscne i mí na Nollag 2022. Tugann ESB tús áite do gach gné d'éagsúlacht lucht saothair ESB, inscne san áireamh, agus an bhearna phá inscne a laghdú agus is riachtanas gnó do ESB é.

- Ba é meánbhearna phá inscne ESB an 30 Meitheamh 2022 10.9%, ar feabhsú 0.7% é seo ar an mbliain 2021
- Nuair a fhágtar ragobair as an aireamh, laghdaítear an bhearna anuas go dtí 3.25%, ar feabhsú 1.25% é seo ar an mbliain 2021
- Is í an mheánbhearna phá inscne, gan ragobair a áireamh, -1.4% (tá an meánráta san uair beagán níos airde i measc ban)



Oibriú go Deonach i measc Fostaithe

Déanann fostaithe in ESB obair dheonach ar go leor bealaí, idir am a chaitheamh leis an gciste Fuinneamh do Ghlúnta (Energy For Generations) (EFG) agus Electric Aid (carthanas foirne ESB) a reáchtáil, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh a chistíonn ESB, agus imeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú. Anuas air sin, nuair a dhéanann fostaithe ESB breis agus 20 uair an chloig dá gcuid ama a oibriú go deonach i mbliain féilire, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar chiste EFG ESB ar dheontas €250 a íoc leis an eagraíocht charthanais sin, agus méadaítear seo go €500 i gcás tacú le dídeanaithe.


Tacaíonn ESB go gníomhach leis na cláir Am Léitheoireachta (Time to Read), Am Comhairimh (Time to Count) agus Scileanna ag an Obair, a reáchtálann Gnó sa Phobal, a bhfuil de chuspóir acu tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú i mbunscoileanna ar fud na hÉireann. D'oibrigh fostaithe ESB beagnach 600 uair an chloig go deonach in 2022 chun tacú leis na cláir seo ag ocht scoil.





Faoi Stiúir Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí

Sonraí agus teicneolaíocht a chur i ngníomh, fóntas atá faoi stiúir cúrsaí digiteacha a dhéanamh de ESB



Taraifí Cliste agus léargas ar úsáid fuinnimh Electric Ireland

[Aistrigh chuig ár bpraghasphlean leictreachais agus gáis is fearr | Electric Ireland](#)

D'fhorbair Electric Ireland réimse Taraifí Cliste ar a dtugtar Home Electric + lena chur ar chumas custaiméirí na tairbhí a bhaint a chruthaíonn méadair chliste a thabhairt isteach go náisiúnta. Is éard atá i gceist leis na taraifí cliste seo ná taraifí 24 uair an chloig, ina ghearrtar an ráta céanna a ghearrtar gach uair sa lá agus taraifí Am Úsáide, ina n-athraíonn na ráta idir Buacimanna, i rith an Lae, na hOíche agus ag amanna speisialta, cosúil leis an Deireadh Seachtaine agus uaireanta breisithe Oíche. Croíthairbhe a bhaineann lenár dtaraifí Ama Úsáide is ea go gceadaíonn siad do chustaiméirí úsáid a aistriú chuig amanna seachbhuaice agus tairbhe a bhaint as rátaí leictreachais níos ísle – a chabhraíonn le costais a bhainistiú agus a chruthaíonn tairbhe don chomhshaoil. Cuirtear ardanaillíocht ar fáil do gach plean Home Electric+ Electric Ireland. Is féidir le custaiméirí eolas mionsonraithe a léamh faoina n-úsáid leictreachais, cosúil le cathain a bhíonn ardéileamh acu ar leictreachas agus cén fearais a bhfuil an méid is mó leictreachais á úsáid acu agus bealaí a aimsiú le níos lú leictreachais a úsáid trí chomhairle phearsantaithe.




ESB Smart Energy Services – Mol Bainistíochta Fuinnimh

[Mol Bainistíochta Fuinnimh \(esb.ie\)](#)

Tá fuinneamh ar cheann de na costais is mó a bhíonn le hóc ag aon ghnólacht. Déanann Mol Bainistíochta Fuinnimh Sheirbhísí Fuinnimh Chliste ESB monatóireacht ar an úsáid fuinnimh agus uisce go léir i bhfoirgnimh chustaiméirí agus cuireann sé ar chumas fhoireann saíneolaithe ESB réitigh a fhorbairt le hé a rialú agus a laghdú, a chabhraíonn le coigiltí móra airgeadais agus astaíochtaí carbóin a bhaint amach. Is éard a bhaineann le tairiscint ár bpróisis:

- Tomhas - Tuiscint a fháil ar an úsáid fuinnimh a chuirimid i bhfeidhm a dhéanann córais a thomhas agus a rianú i bhfíor-am agus a thugann chun solais deiseanna coigilté fuinnimh amach anseo trí roinnt méadar a chur isteach ar fud áitreabh an chustaiméara.
- Monatóireacht agus Anailís - Cuirtear na tomhais seo ar fáil dár bhfoireann anailísithe fuinnimh thar an néal le heolas fíor-ama faoi cé mhéid fuinnimh atá á úsáid agus cé chomh héifeachtúil atá sé á úsáid. Is féidir leo córais a bharrfheabhsú i bhfíor-am le lochtanna nó aimhrialtachtaí a thabhairt chun solais chun coigeartuithe a dhéanamh ar an láthair.
- Cur i bhFeidhm - Soláthraímid léargas ar fhuinneamh bunaithe ar ár n-anailís saíneolaí agus ár saíneolas ar a mhacasamhail d'fhoirgnimh. Déanaimid feabhsúcháin fhéideartha fhadtéarmacha, tionscadail choigilté fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta a thabhairt chun solais le fuinneamh a laghdú.



Líonra um Theacht chun Cinn Fadtéarmach (LTE)

Fuair ESB Networks leithead banda le líonra príobháideach LTE (P-LTE) a fhorbairt, agus ba é seo an chéad uair a rinne fóntas san Eoraip an réiteach teicneolaíochta seo a thabhairt isteach. Cuirfear an P-LTE chun feidhme i gcaitheamh na chéad trí bliana eile amach romhainn agus tacóidh sé le nascacht bhreise lena chinntiú go n-oibrítear an bonneagar leictreachais go sábháilte agus go hiontaofa ar leibhéil tarchuir agus dáileacháin. Feidhmíonn P-LTE mar Phríomhchumasóir don aistriú chuig teicneolaíocht in-athnuaite atá faoi stiúir cúrsaí digiteacha agus teicneolaíochtaí in-athnuaite a cheanglófar amach anseo leis an líonra agus is féidir é a chur ar fáil freisin chun tacú le seirbhísí fóntais eile.




Léirshamhlú Fíor-Ama

Tá gliondar croí ar ESB dul i gcomhpháirt le Microsoft le Léirshamhlú Fíor-Ama (RTV) a chumasú inár ngnólacht Giniúna agus Trádála. Is é RTV sonraí a phróiseáil agus a fhoilsiú ar bhonn amhairc de réir mar a athraíonn agus a nuashonraíonn siad, i bhfíor-am.

[Conas atá ESB á chumasú ag Microsoft lena uailmhian Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoi 2040 a bhaint amach](#)

Úsáideann Giniúint agus Trádáil ESB uirlisí agus comhéadain éagsúla gach lá ar fud na hÉireann agus an RA le fuinneamh a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thrádáil ó naoi hidreastáisiún, 10 stáisiún theirmeacha agus 18 bhfeirm ghaoithe.





Láidir ó Thaobh Airgeadais

Leanúint leis an bhfeidhmíocht agus an neart airgeadais a bhaint amach a theastaíonn lenár gcuspóir a sholáthar.

Infheistíocht Chaipitil

Rinneadh thart ar 80% den infheistíocht chaipitil inár dhá ghnólacht líonraí ar aon dul le cláir chaipitil rialaithe, breis agus €130 milliún san áireamh ar mhéadair chliste a thabhairt isteach in PÉ. D'infheistigh ESB thart ar €179 milliún i nginiúint in-athnuaite nua agus i dtionscadail nua seirbhísí córas (cadhnraí san áireamh) anuas ar bhreis agus €20 milliún ina fhliú reatha giniúna le hiontaofacht an tsoláthair leictreachais a chinntiú do chustaiméirí i rith an aistrithe leanúnaigh go giniúint ísealcharbóin, go háirithe i rith an gheimhridh. Anuas air seo, réamhíocadh €287 milliún trí iasachtaí scairshealbhóra le tionscadail chomhfhiontair (ar bhain an tromlach díobh lenár n-infheistíocht leanúnach i ngaoth amach ón gcósta).


Caiteachas caipitiúil €1.4 billiún in 2022

Timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe a éascú agus tacú le borradh geilleagrach trí sholáthar sábháilte agus iontaofa leictreachais a sholáthar d'áiteanna cónaithe agus do ghnólachtaí

Tuairisciú ar Rialachán an AE maidir le Tacsanomaíocht

Arís eile, tá nochtuithe curtha san áireamh ag ESB sa Tuarascáil Bhliantúil faoi Rialachán an AE maidir le Tacsanomaíocht ar bhonn deonach, sula gceanglófar a leithéid a dhéanamh. Tá measúnú ailínithe tosaigh curtha i gcrích agus tá PTFanna ríofa ina sonraítear an chomhréir de láimhdeachas ESB, OpEx agus CapEx a bhaineann le gníomhaíochtaí atá Ailínithe le Tacsanomaíocht. Bunaithe ar an measúnú tosaigh seo, baineann thart ar 81% d'infheistíocht chaipitil ESB le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe de réir mar atáimid ag leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh i nginiúint in-athnuaite agus i bhfeabhsú líonraí leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann.

CapEx



- 81% Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta
- 1% Incháilithe do Thacsanomaíocht ach nílimid Ailínithe i dtaobh Tacsanomaíochta
- 18% Neamh-Incháilithe do Thacsanomaíocht





Láidir ó Thaobh Airgeadais (ar lean)

Rannchuidiú leis na Páirtithe Leasmhara agus leis an tSochaí

Is airde an leibhéal foriomlán brabús a tuilleadh in 2022 ná mar a raibh súil leis go mór mór mar thoradh ar na dálaí neamhghnácha margaidh mórdhíola a bhí ann agus ar theorainneacha struchtúir reatha mhargaidh a chuir cosc ar bhrabúis bhreise a dhéanamh sa ghnó Giniúna agus Trádála (GT) a chur ar aghaidh go custaiméirí. Sa chomhthéacs sin, beartaítear díbhinn i bhfad níos mó €327 milliún a íoc le stocshealbhóirí, a n-íoctar 97% di le Rialtas na hÉireann.

Ciste cruatain
€5 mhilliún bunaithe
€2.5 milliún chun tacú le pobail
Empowering and enriching the lives of individuals and communities through the corporate social responsibility programme

Toradh €327 milliún ar dhíbhinní íoctha le stocshealbhóirí don bhliain 2022
Íoctar 96.9% le Rialtas na hÉireann mar stocshealbhóir tromlaigh

Díbhinní dearbhaithe beagnach €1.5 billiún le 10 mbliana anuas

€245 milliún íoctha le hinfheisteoirí fiachais
Ús agus aisíocaíochtaí bliantúla

Breis agus €2.3 billiún ranníoctha le geilleagar na hÉireann

MOODY'S

A-

S&P Global
Ratings

A3

Rátáil Chreidmheasa Aonair

Leanann ESB de bheith láidir ó thaobh airgeadais de agus bhí glansócmhainní €4.8 billiún aige an 31 Nollaig 2022. Is tábhachtach, i dtimpeallacht luaineach agus éiginnte chistithe, gur thiomsaíomar 3 bhanna breise i rith 2022 agus go raibh seasamh láidir leachtachta breis agus €2.2 billiún bainte amach againn an 31 Nollaig 2022.

Bhí leibhéal measartha gearála 58% againn, i gcoibhneas le fónais eile, ag deireadh 2022 agus rátálacha creidmheasa aonair A- agus A3 agus rinneadh Standard and Poor agus Moody, faoi seach, a athdhearbhú arís i rith 2022.

A bhuíochas leis an staid airgeadais láidir seo, anuas ar phróifíl chobhsaí ghnó, go bhfuil ar chumas gan stró ag ESB aghaidh a thabhairt ar na dúshláin amach romhainn agus an uaimhian straitéiseach a sholáthar chun difríocht a dhéanamh, todhchaí níos gile a sholáthar agus neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2040.



Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

Cumasóir folláine sochaíche agus geilleagraí é an leictreachas. Bhí ESB i gceartlár aistriú geilleagrach na hÉireann trí leictirí agus ní mór dúinn bheith láidir agus inbhuanaithe i gcónaí le haistriú na hÉireann go sochaí ísealcharbóin a stiúradh.



Ní bhaineann Electric Ireland aon Bhrabús agus méadaíonn sé an ciste cruatain chun cabhrú le custaiméir leictreachais cónaithe

[Ní bhaineann Electric Ireland aon Bhrabús chun Cabhrú le Custaiméir Leictreachais Cónaithe](#)

[Tacaíocht Chiste Cruatain Custaiméirí Electric Ireland](#)

Ba bhliain an-dúshlánach 2022 ar chustaiméirí fuinnimh, go príomha mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna gáis idirnáisiúnta. Tuigean Electric Ireland go soiléir na brúnna atá ar chustaiméirí agus mar aitheantas ar na cúinsí eisceachtúla seo, rinne Electric Ireland an cinneadh gan aon bhrabús a bhaint óna ghnólacht leictreachais cónaithe agus gheobhaidh gach custaiméir creidmheas €50 ar a mbille leictreachais go luath in 2023.


Bhí Electric Ireland tiomanta i gcónaí i rith 2022 do thacú lenár gcustaiméirí a bhí thíos le deacracht airgeadais. Tá stair fhada agus bhródúil ag Electric Ireland de bheith ag obair le comhpháirtithe iontaofa, cosúil leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (an MABS), Naomh Uinseann de Pól agus Alone. Méadaíodh Ciste Cruatain Electric Ireland in 2022 faoi €2 milliún aníos go €5 milliún, chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil teacht acu siúd is mó i ngátar tacaíochta air i rith mhíonna an gheimhridh. Bhain ár gcomhpháirtithe iontaofa breis agus €2.2 milliún ón gCiste Cruatain, a úsáideadh chun tacú le beagnach 5,500 custaiméir.

Tá Electric Ireland tiomanta do chabhrú le haon duine dár gcustaiméirí atá thíos le deacracht airgeadais. Mar is gnách, spreagaimid aon chustaiméirí Electric Ireland a raibh deacracht acu a mbille fuinnimh a íoc teagmháil a dhéanamh linn agus oibreoidimid leo le plean soláimhsithe íocaíochta a chur i bhfeidhm.



Darkness into Light

Tá imeacht Darkness into Light de chuid Theach Pieta á urrú ag Electric Ireland ó 2013. Cabhraíonn an urraíocht seo chun tiomantas ESB do thionchar dearfach a imirt ar na pobail a bhfuil sé ag feidhmiú iontu a chomhlíonadh trí dhianfheachtas margaíochta agus caidrimh phoiblí, de bhrí go dtacaíonn sé le hiarrachtaí tiomsaithe airgid Pieta i rith Darkness into Light. In 2022, filladh ar an bhformáid réamhphaindéime agus bhailigh imeachtaí a reáchtáil pobail ar fud oileán na hÉireann breis agus €4.6 milliún agus ghlac breis is 140,000 duine páirt sa tsiúlóid 5 chiliméadar ag breacadh an lae Dé Sathairn, an 7 Bealtaine 2022. Is é Pieta ceann de na carthanais mheabhairshláinte is mó cáil in Éirinn agus tá teiripe á soláthar saor in aisce aige ar bhonn 24/7 dóibh siúd atá i mbun féindochair, atá ag déileáil le hidéú féindochrach nó atá faoi bhrón mar gheall ar fhéinmharú i bpobail ar fud na hÉireann.



Clár Athsholáthair Magnefix

Príomhchlár oibre PR5 is ea Clár Athsholáthair Magnefix faoina dtugann an Fhoireann Náisiúnta Soláthair Clár.

Is éard atá i gceist leis an gclár seo go ndéantar Fostáisiúin Aonaid atá scortha d'fheidhmiú a athchóiriú le creatlach, gaothairí, plátaí cumhdaigh agus sciatha inmheánacha a dhéantar as an nua agus a mbeartaítear lascthrealamh nua leictreach MV a lonnú iontu go léir. Imríonn na hathchóirithe seo tionchar ar lorg carbóin ESB Networks trí dhramhaíl a laghdú agus ábhar reatha a athchúrsáil, ar aon dul le cur chuige an gheilleagair chiorclaigh faoina dtugann ESB Networks.





Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta (ar lean)



Urraíocht Electric Ireland ar Pheil na mBan i dTuaisceart Éireann (TÉ) le Game Changers

Is urraitheoir le bród é Electric Ireland, i gcomhpháirt le Cumann Sacair na hÉireann (IFA), ar pheil na mban agus na gcailíní ag gach leibhéal i dTuaisceart Éireann agus tá obair á déanamh chun rannpháirtíocht a mhéadú, freastal ar chluichí agus clúdach sna meáin a mhéadú. Tá méadú 125% tagtha ar na himreoirí cláraithe agus leanann Electric Ireland le cabhrú le níos mó deiseanna a sholáthar do mhná chun an pheil a imirt i dTuaisceart Éireann trí thacú le Cumann Sacair na hÉireann le struchtúir nua shraithchomórtais, comórtais nua scoileanna agus for-rochtain mhéadaithe ag bunscoileanna. Tá seo anuas ar thacaíocht a deimhníodh in 2022 do Chlár Ceannairí Mhá Electric Ireland, atá ceaptha na scileanna a thabhairt do mhná tabhairt faoi ról cheannaireachta ina bpobail féin pheile.

[Electric Ireland Game Changers](#)

Ionchuimsiú agus Éagsúlacht

Tá plean cuimsitheach um chur i bhfeidhm ag ESB a bhuntacaíonn lena straitéis ionchuimsithe agus Éagsúlachta. I measc na bpríomhlimistéar ar ar díriodh in 2022, bhí:

- A chinntiú go mealltar tallann éagsúil mar chuid d'Fheachtas Earcaíochta Náisiúnta ESB, trí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus cleachtais earcaíochta agus comhpháirtíochtaí reatha agus nua a ghíaráil, cosúil le OpenDoors, ASiAM agus AHEAD.
- Forbairt bhreise ar Phleananna Gníomhaíochta Éagsúlachta do chlár phrintísigh theicneoir líonra agus chéimithe innealtóireachta. Tá fóirorthionchar á imirt ag na pleananna seo le déanaí agus bhí an líon ba mhó printísigh mhná (24%) ag tosú ag obair le ESB in iontógáil 2022.
- Ag cur leis an rath a bhí ar BeMe@ESB (líonra LADT+ ESB ina bhfuil breis agus 1,200 comhghuaillí oilte), tá acmhainní nua fostaí á mbunú anois ag an eagraíocht.

**Inclusion
& Diversity**



Feabhsú na Bithéagsúlachta

Plean Pailneora Uile-Éireann

Mar phríomh-chomhpháirtí le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP), tá triail phíolótach á baint ag ESB as bearta ag ár n-lonad Oiliúna Náisiúnta, córas trialach bainistíochta féir, gearrbhláthú agus fadbhláthú a dhéanamh i limistéir mhóinéir, crainn agus toir dhúchasacha a chur, comharthaíocht eolasach a thabhairt isteach agus gníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta a chur san áireamh sa churaclam oiliúna do phrintísigh ESB Networks.

Gnó don Bithéagsúlacht Éireann (Business for Biodiversity Ireland)

[Gnó don Bithéagsúlacht Éireann - Ardán náisiúnta gnó agus bithéagsúlachta](#)

Gné thábhachtach de chur chuige uileshochaí é gníomhaíocht chorparáideach a theastaíonn le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta. Is cuspóir an ardáin gach gnólacht a spreagadh clárú agus páirt a ghlacadh le cabhrú leis an dúlra a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú.

An Dúlra agus Fuinneamh

Tá gliondar croí ar ESB a bheith ag tacú le agus rannpháirteach sa chlár An Dúlra agus Fuinneamh, a chistíonn MaREI, Ionad Taighde Fuinnimh, Aeráide agus Mhuirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Fuinneamh Gaoithe Éireann agus cuibhreannas cuideachtaí fuinnimh in-athnuaite Éireannacha, ESB san áireamh. Forbróidh Nature+Energy bealaí nua chun luach an dúlra ar fheirmeacha gaoithe a chur san áireamh.



Caibidil 3

Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara

Réamhrá	27
Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara	28
Ábharthacht	30
Maitrís Ábharthachta	31
Maitrís Pháirtithe Leasmhara ESB Group	32



Caibidil 3

Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara

Ba thráth an-deacair i mbliana é ar ár gcustaiméirí fuinnimh, tráth inar imir an ghéarchéim fuinnimh dhomhanda atá ann faoi láthair tionchar ar gach teaghlach agus gnólacht ar fud na dtíortha ina n-oibrímid. Tá cor cinniúnach bainte amach againn chomh maith sa troid in aghaidh athrú aeráide, de réir mar a lorgáimid dlús a chur lenár n-uaimhianta agus ár ngníomh, faoi mar ar bhuntacaigh Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 Rialtas na hÉireann, a foilsíodh le déanaí, leis. Aithnímid nach féidir dul chun cinn a bhaint amach ach trí idirchaidreamh forleathan leanúnach lenár bpáirtithe leasmhara go léir.

Baineann ríthábhacht le hidirchaidreamh a dhéanamh lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara maidir le conas a mhúnláimid cruth thodhchaí ár ngnólachta agus an líonra leictreachais. Chabhraigh sé linn tionscnaimh nua a fhorbairt a théann chun sochair na bpobal agus an tionscail ar a bhfreastalaímid, anuas ar fheabhas agus barr feabhais a chur ar chinn reatha. Múnláíonn sé ár dtosaíochtaí pleanála gnó agus straitéiseacha agus cuireann sé eolas ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Cuireann idirchaidreamh leis an tionscal níos fairsinge dlús le nuálaíocht laistigh den earnáil ghnó agus fuinnimh trí fhoghlaim agus smaointe comhroinnte.

Táimid tiomanta in ESB do thabhairt faoinár ngníomhaíochtaí ar bhealach soiléir, oscailte agus trédhearcach. A mhéid agus a thugann ESB faoi aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta ar gá iad a nochtadh faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tugtar faoi na gníomhaíochtaí siúd ar bhealach trédhearcach agus a chomhlíonann ceanglais an Achta. Chláraigh ESB leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (an CCOP) agus tá sonraí faoinár ngníomhaíochtaí brústocaireachta ar fáil go poiblí trí chlár brústocaireachta an CCOP. Chláraigh ESB freisin le Clár Trédhearcachta an AE agus nochtann sé go bliantúil cén leasanna a bhfuiltear ag tabhairt fúthu le cén duine/eagras agus cén buiséid atá acu.

Lorgáimid, tríd is tríd, bheith ar aon dul leis na prionsabail tuairiscithe a leagtar amach i gcaighdeán an Tionscnaimh Tuairiscithe Dhomhanda sa bhealach a dhéanaimid idirchaidreamh le custaiméirí agus páirtithe leasmhara agus a thuairiscímid ar na hábhair dheirdh a sainaitníodh go bhfuil tábhacht ábhartha ag baint leo.

Prionsabail tuairiscithe chun ábhar tuairisce a shainmhíniú	Prionsabail tuairiscithe chun cáilíocht tuairisce a shainmhíniú
Ionchuimsitheacht Pháirtithe Leasmhara	Cruinneas
Comhthéacs Inbhuanaitheachta	Iarmhéid
Ábharthacht	Soiléireacht
Iomláine	Inchomparáideacht
	Iontaofacht
	Tráthúlacht



Ábharthacht Dhúbailte faoin Treoir ón AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD)

Coincheap í ábharthacht dhúbailte a sholáthraíonn critéir maidir le cinneadh a dhéanamh faoi cibé acu an gá nó nach gá ceist inbhuanaitheachta a chuimsiú i dtuarascáil inbhuanaitheachta gnóthais.

Is í ábharthacht dhúbailte aontú ar ábharthacht tionchair agus ábharthacht airgeadais. Sásaíonn ceist inbhuanaitheachta critéir ábharthacht dúbailte má tá sí ábhartha ó pheirspictíocht an tionchair nó ón bpeirspictíocht airgeadais nó ón dá pheirspictíocht.

Ní dhéanann measúnú ábharthachta maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta go ginearálta breithniú ach ar pheirspictíocht an tionchair.

Mar chuid d'ullmhú ESB don aistriú go tuairisciú atá ailínithe le CSRD, beartaímid tabhairt faoi chleachtadh ábharthachta dúbailte i rith 2023 ar ghníomhaíochtaí ár ngrúpa lenár sraith saincheisteanna ábharthachta a dheimhniú agus a chuíchóiriú, agus breithniú agus sainaithint á ndéanamh againn ar pheirspictíochtaí an tionchair agus an airgeadais araon.

Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara

Aithníonn ESB go bhfuil athrú mear ag teacht ar an timpeallacht ina n-oibrímid de bharr beartas agus rialáil nua, theacht chun cinn na teicneolaíochta agus riachtanais agus ionchais athraitheacha ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara.

Ciallaíonn seo go bhfuil ról an leictreachais ag athrú chomh maith, agus go bhfuil dúshlán agus deiseanna nua á gcruthú aige. Tuigimid gur cuireadh cúram orainn bheith freagrach as ról ríthábhachtach a ghlacadh i dtodhchaí fuinnimh na hÉireann, ach ní féidir linn seo a dhéanamh linn féin. Bainfidh ríthábhacht le comhoibriú lenár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara go léir lenár bhfís a bhaint amach i leith todhchaí ghlan leictreach le chéile agus spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach.

Cuid d'oibriú sa timpeallacht ilpháirtithe leasmhara seo is ea tosaíochtaí grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara a thuiscint agus cothromaíocht a bhaint amach ina leith agus a chinntiú i gcomhthráth go soláthraítear ár straitéis Neodrachta ó thaobh Fuinnimh, agus na gealltanais uile a bhaineann leis sin.

I measc ghrúpaí príomhpháirtithe leasmhara ESB, tá ár gcustaiméirí, fostaithe, scairshealbhóirí, rialtais, rialálaithe, comhpháirtithe gnó agus soláthraithe, pobail áitiúla, an saol acadúil, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí i gcoitinne.

Faighimid léargas sárluachmhar ar thosaíochtaí agus buarthaí ábhartha ár bpáirtithe leasmhara trí chur chuige ilghnéitheach ar leibhéal Grúpa agus aonad gnó araon.

Ar Leibhéal Grúpa

Taighde ar pháirtithe leasmhara gach trí bliana
Tá ESB Group tiomanta do thaighde domhain ar pháirtithe leasmhara a dhéanamh ar a laghad gach 3 bliana, le cur le rannpháirteachas leanúnach le páirtithe leasmhara agus le hé a chomhdhlúthú ar leibhéal aonad gnó agus trí chainéil idirchaidrimh eile.

Taighde poiblí gach ráithe
Tugtar faoi seo trí rianaire branda agus clú, anuas ar mhonatóireacht leanúnach ar na cainéil mheán sóisialta agus trínár mballraíocht de chomhaontais sheachtracha, cosúil le Gnó sa Phobal in Éirinn, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Comhlachais Tráchtála.

Tugtar achoimre ar fhairsinge na bpáirtithe leasmhara a ndéanaimid idirchaidreamh leo ar fud ESB Group inár Mairís Pháirtithe Leasmhara agus tugtar níos mó sonraí air sna tuarascálacha rannpháirteachais aonad gnó le páirtithe leasmhara faoi seach.

Ar Leibhéal Aonad Gnó

ESB Networks
Leagtar amach in “Creat Straitéiseach Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara” ESB Networks a straitéis mharthanach rannpháirteachais le plé oscailte agus leanúnach lena bpáirtithe leasmhara go léir a chumasú. Sainiathnítear sa chreat na páirtithe leasmhara agus na prionsabail go léir a threoraíonn rannpháirteachas, sa mhullach ar an modheolaíocht rannpháirteachais a bheartaítear agus na próisis rialachais agus rialaithe a bheartaítear. Pléitear an cur chuige, an próiseas agus an t-aschur gach bliain i gcáipéis phleanála agus i dtuarascáil ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

Déantar cur síos sa tuarascáil bhliantúil ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara an rannpháirteachas fairsing a bhí ag ESB Networks lena bpáirtithe leasmhara le bliain anuas. Is í a aidhm measúnú a dhéanamh ar conas a rinne ESB Networks soláthar in aghaidh na straitéise agus na ngníomhaíochtaí beartaithe rannpháirteachais don bhliain 2022 le torthaí láidre a sholáthar do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara.

Riachtanas bliantúil atá sa tuarascáil seo lena chur ar chumas an Choimisiúin um Rialáil Fónais (an CRF) measúnú agus scóráil a dhéanamh ar ESB Networks i dtaobh cháilíocht, chur i bhfeidhm, agus éifeachtacht a rannpháirteachais le páirtithe leasmhara sa bhliain roimhe sin.

[Tuarascáil ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara-2022](#)

Leagtar amach i gcáipéis an phlean straitéise an straitéis agus na pleananna beartaithe um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara don bhliain 2023, a thagann le fíis agus uailmhian ESB Networks chun an líonra leictreachais a sholáthar do thodhchaí leictreachais ghlain na hÉireann faoin mbliain 2030 agus leanfar le hí a mhúnlú trí rannpháirteachas agus comhoibriú leanúnach le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara.

[Plean Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara-2023](#)



Dul i gComhairle lenár bPáirtithe Leasmhara (ar lean)



NIE Networks Teoranta (NIE Networks Ltd)
Leagtar amach i dtréimhse reatha athbhreithnithe praghais rialála NIE Networks (RP6), pleananna soláthair seirbhíse don tréimhse 2017-2024, agus leanann sé ag tabhairt faoi go leor rannpháirteachais le páirtithe leasmhara lena chinntiú go nochtann páirtithe leasmhara a dtuairim. Cabhraíonn rannpháirteachas le páirtithe leasmhara le nuashonruithe a sholáthar ar fheidhmíocht agus aiseolas a bhailiú chun cabhrú le soláthar seirbhíse a mhúnlú agus a mhionathrú ach cabhraíonn sé freisin le pleanáil don todhchaí – atá ríthábhachtach de réir mar a fhorbraíonn NIE Networks a phlean gnó don tréimhse 2024-2030 (RP7).

[Infheistiú don Todhchaí: Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara ag Líonraí Leictreachais Thuaisceart Éireann](#)

Cás-Staidéar -

An Clár Líonra Náisiúnta, Ceangail Áitiúla – Painéal Comhairleach

Bunaíodh an Clár ‘Líonra Náisiúnta, Ceangail Áitiúla’ de chuid ESB Networks le hathruithe a thabhairt le chéile ar conas atá leictreachas á ghiniúint againn, agus conas atá sé á úsáid againn. Cuirfidh cur i bhfeidhm rathúil an chláir seo ar chumas na gcustaiméirí agus na bpobal leictreachais go léir ról gníomhach a ghlacadh i ngníomhú ar son na haeraíde, trí leictreachas in-athnuaite a úsáid nó a stóráil nuair atá sé ar fáil dóibh go háitiúil. Ní féidir an cuspóir seo a bhaint amach ach le tacaíocht agus comhoibriú dlúth ár bpáirtithe leasmhara. Bhunaigh an NNLC P comhairle chomhairleach in 2022 dá macasamhail d’eagraíochtaí agus comhlachtaí ionadaíocha pobail ó áiteanna ar fud na hÉireann chun cabhrú leis an aistear go sochaí atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh a threorú agus a stiúradh

Réitigh Chustaiméirí
Ba bhliain gan choinne do Réitigh Chustaiméirí é 2022 agus baineadh méaduithe substainteacha agus fíorluaineacht amach i bpraghsanna fuinnimh mórdhíola mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Ar an drochuair, ba ghá méaduithe praghais a chur i bhfeidhm ar gach custaiméir dá bharr seo. Lean Réitigh Chustaiméirí ag tacú le custaiméirí i rith an ama dhúshlánaigh seo trí phraghsanna a choimeád a ísle agus is féidir agus tacú leo a n-ídiú fuinnimh agus a mbillí fuinnimh a bhainistiú.

De réir mar a thit an ghéarchéim fuinnimh amach trí 2022, thug Réitigh Chustaiméirí faoi ghrúpaí fócais seachtainiúla ar an talamh le custaiméirí le tionchar na géarchéime a thuiscint i bpearsan agus lena fhiosrú conas is fearr a d’fhéadfaimis na héifeachtaí is measa dá cuid. De bhun na géarchéime

fuinnimh seo a bhí ag titim amach, sholáthair gnólachtaí soláthair ar fud Réitigh Chustaiméirí réimse tacaíochtaí chun cabhrú le custaiméirí leochaileacha agus leo siúd a bhí thíos le deacracht íoc as a mbillí fuinnimh.

Bunaíodh moil tacaíochta do chustaiméirí ar fud ár láithreáin ghréasáin soláthair lena chinntiú go bhfuil teacht ag custaiméirí ar an eolas, an treoir agus an tacaíocht riachtanach go léir chun cabhrú le billí agus ídiú fuinnimh a bhainistiú.

Tugtar sonraí breise ar ghníomhartha faoinar thug Réitigh Chustaiméirí le hathruithe dearfacha a dhéanamh laistigh dár ngnólacht le custaiméirí a spreagadh cabhrú tríd an ngéarchéim fuinnimh sa mhír ‘Ag Tacú lenár gCustaiméirí’ den tuarascáil seo.

Cur Chuige Rannpháirteachais
Oibríonn ESB i gceartlár gach pobail ar fud oileán na hÉireann agus tá láithreacht aige freisin sa Ríocht Aontaithe. Mar gheall go leabaítear sinn ar an mbealach seo, bímid nochta do agus déanaimid rannpháirteachais le réimse fairsing páirtithe leasmhara. Aithnímid, inár gcuspóir chun todhchaí níos gile a chruthú do na daoine ar a bhfreastalaímid, gur cumasóir folláine sochaíche agus geilleagraí agus bealach chomh fada le sochaí dhícharbónaithe é an leictreachas.

Tá ionchais, buarthaí agus suimeanna ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara i gceartlár sholáthar ár seirbhísí. Tosaítear an próiseas ar leibhéal aonad gnó agus leanann sé ar aghaidh go dtí tras-rannpháirteachas ar leibhéal Grúpa. Tugtar achoimre sa mhaitrís rannpháirteachais le páirtithe leasmhara thíos ar ár bpointí iolracha teagmhála le páirtithe leasmhara.

Ábharthacht

Tagraíonn ábharthacht do ghnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil ár ngnólacht a imríonn tionchar dearfach nó diúltach ar an domhan timpeall orainn. Sainaithnímid ag ESB saincheisteanna ábhartha faoin méid atá tábhachtach dár gcustaiméirí, ár bpáirtithe leasmhara agus ár ngnólachtaí, agus tábhacht na saincheiste don gheilleagar, an tsochaí agus an timpeallacht.

[Ábharthacht agus Páirtithe Leasmhara \(esb.ie\)](#)

Tá na príomh-shaincheisteanna seo a leanas sainaitheanta agus tá tús áite tugtha againn dóibh trínár bpróiseas measúnaithe ábharthachta

	Gáis cheaptha teasa a dhíothú ónár ngníomhaíochtaí agus brath ar bhreoslaí iontaise a laghdú Tá fuinneamh in-athnuaite á fhorbairt againn leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú agus neodracht ó thaobh fuinnimh a sholáthar faoin mbliain 2040. Leanaimid le hinfheistiú mór a dhéanamh i nginiúint in-athnuaite nua a fhorbairt, fuinneamh gaoithe agus gréine ar an gcladach agus amach ón gcósta san áireamh, agus méadóimid go mór an méid giniúint in-athnuaite a cheanglófar lenár líonraí leictreachais.	Aistriú ísealcharbóin na hÉireann a éascú, Astaíochtaí a Laghdú, Athnuaiteáin a Mhéadú,
	Leanúint de sholáthairtí iontaofa agus slána fuinnimh a sholáthar dár gcustaiméirí Déanfaimid infheistiú i mbonneagar le soláthairtí iontaofa agus slána leictreachais a choimeád. Tá seo riachtanach chun freastal ar ardleibhéil de ghiniúint in-athnuaite eatramhach ar an gcóras agus chun tacú le brath méadaithe ar leictreachas i measc na n-earnálacha go léir den tsochaí. Forbróimid líonraí níos cliste agus níos athléimní chun freastal ar leictriú an iompair agus an téimh a bheidh ríthábhachtach le hastaíochtaí a laghdú ar fud na sochaí. Déanfaimid infheistiú freisin i sócmhainní stórála agus i nginiúint saor ó charbón is féidir a dháileadh ar féidir leis dul san iomaíocht chun freastal ar an ngá atá le foinsí neamheatramhacha fuinnimh agus leanúnachas soláthair a chinntiú..	Slándáil an tsoláthair, iontaofacht an tsoláthair, infheistiú i mbonneagar iontaofa nua-aimseartha, líonra cliste agus solúbtha a fhorbairt,
	Diús a chur le leictriú na sochaí agus maireachtáil ísealcharbóin a chumasú Déanfaimid ár gcustaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht carbóin a bhaint amach. Léiríonn seo ár dtiomantas le fada don bhonneagar, na táirgí agus na seirbhísí is nuálaí a sholáthar chun cabhrú lenár gcustaiméirí maireachtáil níos éifeachtúla agus go hinbhuanaithe amach anseo.	Réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, Slabhra Soláthair, bainistíocht fuinnimh,
	Leanúint de sholáthairtí inacmhainne fuinnimh a chur ar fáil, custaiméirí leochaileacha a chosaint agus dul i ngleic le bochtaineacht bhreosla Tá ár mbranda miondíola in Éirinn – Electric Ireland – tiomanta don luach is fearr agus is féidir leis a sholáthar dár gcustaiméirí agus leanann sé le ceann de na rátaí caighdeánacha is ísle sa mhargadh a chur ar tairiscint. I measc na dtacaíochtaí chuir Electric Ireland i bhfeidhm do chustaiméirí ag a bhfuil dúshláin airgeadais pleananna solúbtha íocaíochta, saoirí íocaíochta agus méadair íoc mar a Úsáidtear (PAYG), anuas ar tharaifí méadair chliste agus an chomhairle is déanaí ar choigiltí fuinnimh a roinnt. Soláthraíonn Electric Ireland tacaíocht trína gcomhpháirtíochtaí seanhunaithe le heagraíochtaí cosúil leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (an MABS) agus Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVP), agus trí úsáid a bhaint as a Ciste Cruatain Custaiméirí €5 mhilliún.	Cabhrú le custaiméirí leochaileacha, inacmhainneacht fuinnimh,
	Oibriú i leith na gcaighdeán is airde cothroime, eitice agus trédhearcachta Tá ESB tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, ionracais gnó agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara ina ghníomhaíochtaí uile. Cloíonn foireann bainistíochta ESB go dian lenár gCód Eitice agus beartais ár nGrúpa, comhlíonann siad ar gach bealach ábhartha leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus foilsíonn siad na cáipéisí ábhartha go léir ar ár láithreán gréasáin ar mhaithe le trédhearcacht.	Daoine ardaithe a fhostú, bainistíocht riosca réamhghníomhach, eitice, iomláine agus luachanna, cearta daonna, feidhmíocht comhshaoil, feidhmiú mar chuideachta dhea-bhainistithe, idiú uisce, bithéagsúlacht, bainistíocht fuinnimh, dramhaíl, sláinte, sábháilteacht agus folláine.

Maitrís Pháirtithe Leasmhara ESB Group

Grúpáil pháirtithe leasmhara	Modh Rannpháirteachais	Ábhair Rannpháirteachais	Príomh-Shaincheisteanna a Thagann chun Solais
Ranna Rialtais (e.g. an RCAC), náisiúnta, áitiúla	Cruinnithe beartais, comhairliúcháin	Beartas fuinnimh, próisis chomhairliúcháin rialála	Beartas fuinnimh
Comhlachtaí Rialála Margaidh, Sonraí agus Trédhearcachta (e.g. an CRF, UR)	Athbhreithnithe praghais, cruinnithe rialta, cruinnithe cláir	Coinníollacha ceadúnais agus ceada a chomhlíonadh, athbhreithnithe praghais	Comhlíonadh pleanála, cláir oibre a sholáthar
Oibreoirí Líonraí (e.g. EirGrid, SONI)	Cruinnithe sceidealaithe, cruinnithe cláir	Ceangail eangaí, clár oibre, pleanáil, comhtháthú in-athnuaite	Fuinneamh in-athnuaite, slándáil an tsoláthair
Eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) tionscail (e.g. Eurelectric, EAI, IBEC)	Próisis chomhairliúcháin, cruinnithe eolais	Beartas fuinnimh náisiúnta agus AE, gníomhú ar son na haeráide agus beartas inbhuanaitheachta a fhorbairt, comhairliúcháin	Seasaimh beartais, gníomhú ar son na haeráide, slándáil an tsoláthair
NGOanna Inbhuanaitheachta/Neamhthionscail (e.g. BITCI agus TÉ, IIEA)	Cruinnithe sceidealaithe, grúpaí fócais, fóraim chomhaltaí, suirbhéanna	Cláir oibre, clár CSR	Laghdú astaíochtaí, freagracht chorparáideach, athnuaiteáin
Údaráis Comhshaoil (e.g. an SPNF, UW, an SEAI)	Plé leanúnach	Tuairisciú bliantúil, pleanáil, sábháilteacht	Caomhnú uisce, éifeachtúlacht fuinnimh, dramhaíl, bithéagsúlacht
Rialálaithe Comhshaoil agus Sábháilteachta (e.g. an GCC, an NIEA, an ÚSS, an ÚSB)	Ceadúnais, cigireachtaí, athbhreithnithe foirmiúla comhlíonta	Coinníollacha agus comhlíonadh ceadúnais, tuairisciú bliantúil, déileáil le sáruithe agus gearáin	Comhlíonadh dlíthiúil
Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochta (e.g. Coláistí, EPRI, VGB)	Fóraim thionscail, comhpháirtíochtaí, comhdhálacha, comhoibriú teicniúil, plé leanúnach	Teicneolaíocht, buíon scileanna, comhpháirtíochtaí taighde, imlonnú teicneolaíochta	Nuálaíocht theicniúil, cur isteach ar an margadh, éifeachtúlacht fuinnimh, neamhfháil ar scileanna
Gníomhaireachtaí Rátálacha	Cruinnithe sceidealaithe athbhreithnithe	Feidhmíocht gheilleagrach, Straitéis, Babhtaí cistithe, Clár borrtá	Rátáil, cumas chun fiachas a ardú ar rátaí iomaíocha, feidhmíocht airgeadais
Fostaithe, Grúpa Ceardchumann ESB	Cruinnithe foirne agus aghaidh ar aghaidh, suirbhéanna	Feidhmíocht gnó, timpeallacht shábháilte oibre, cleachtais chothroma fostaíochta agus trádála, inbhuanaitheacht	Rannpháirtíocht fostaithe, Aitheantas agus luaíocht, Forbairt
Custaiméirí (Baile, Tráchtála, Tionsclaíocha)	Na meáin shóisialta, ionaid teagmhála custaiméirí, suirbhéanna ar eispéireas custaiméirí, suirbhéanna ar bhranda agus ar rianú clú, taighde grúpa fócais ar dhearcadh custaiméirí	Praghas, géarchéim chostais maireachtála, leanúnachas agus cáilíocht an tsoláthair, eispéireas seirbhíse do chustaiméirí, eispéireas méadair chliste, glacadh le taraif ama úsáide, seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh, beartas dícheangail	Praghas fuinnimh, costas maireachtála, glacadh le taraif ama úsáide, méadair chliste a thabhairt isteach, beartas dícheangail, éifeachtúlacht fuinnimh, slándáil an tsoláthair
Soláthraithe	Próiseas tairisceana, cruinnithe athbhreithnithe conartha, réamh-chomhairliúcháin margaidh, Imeachtaí ‘Cas leis an gCeannaitheoir’	Téarmaí agus coinníollacha conarthacha, freagracht chorparáideach shóisialta, soláthar agus laghdú carbóin inbhuanaithe, Caighdeáin Fostaíochta Conraitheora, Cearta Daonna	Caighdeáin Fostaíochta Conraitheora a chomhlíonadh, Cearta Daonna, Soláthar inbhuanaithe, Slabhra soláthair, dramhaíl, bithéagsúlacht

Caibidil 4

Nochtadh ESG

Eolas faoi ESB	34
Léargas Ginearálta ar ESB Group	35
Nochtadh Comhshaoil	38
Nochtadh Sóisialta	60
Nochtadh Rialachais	82
Nochtadh Geilleagrach	85



Caibidil 4

Nochtadh ESG

Eolas faoi ESB

Bunaíodh ESB sa bhliain 1927 mar chomhlacht reachtúil faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. Tá sealúchas 96.9% ag Rialtas na hÉireann ar ESB agus tá sé faoi úinéireacht tromlaigh dá bharr. Is i seilbh iontaobhaithe Plean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe atá an 3.1% eile. Mar fhóntas láidir ilghnéitheach, tá ESB ag feidhmiú ar fud an mhargaidh leictreachais, ag giniúint, ag tarchur agus ag dáileadh, chun soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí sa bhreis ar ár gcuid líonraí a úsáid chun snáithín a sholáthar don earnáil teileachumarsáide. Is príomhfhóntas Éireannach é ESB ag a bhfuil bonn sócmhainne rialaithe de thart ar €12.0 billiún (ina gcuimsítear ESB Networks, €9.7 billiún agus Líonra NIE, €2.3 billiún), sciar 30% den ghiniúint sa mhargadh uile-oileáin agus sna gnólachtaí soláthair atá ag soláthar leictreachais agus gáis do bhreis is 2 mhilliún cuntas custaiméirí ar fud oileán na hÉireann agus na Breataine Móire. D'fhostaigh ESB Group 8,000 duine, ar an meán, i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Eolas faoin Tuarascáil seo

Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar straitéis ESB agus ar a thiomantas d'inbhuanaitheacht agus tugtar cuntas inti ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta comhshaoil agus shóisialta ESB do bhliain féilire 2022. Is é a sprioclucht beartaithe custaiméirí, infheisteoirí, anailísithe, an lucht déanta beartas, an pobal agus páirtithe leasmhara eile, atá laistigh agus lasmuigh de ESB Group agus tá sé dírithe ar na saincheisteanna inbhuanaitheachta a sainaithníodh mar iad siúd is ábhartha maidir leis na páirtithe leasmhara seo. Tá ár dtuairisciú teoraithe ag prionsabail na hábharthachta, na hionchuimsitheachta agus na freagrúlachta. Faoi threoir ón bhFoireann Ceannaireachta Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta (ESLT), ullmhaíodh an tuarascáil seo i gcomhréir le rogha Croíchaighdeáin GRI agus rinne DNV measúnú neamhspleách air in aghaidh na rogha seo. Cuirtear ráiteas ó DNV chuige sin san áireamh sna hAguisíní.

Cumhdaítear bliain fhioscach agus féilire 2022 sa tuarascáil seo. Baineann an tuarascáil seo leis na gníomhaíochtaí iomlána, ar bhonn gnáthscaire, de chuid ESB agus a fhochuideachtaí, NIE Networks san áireamh, dá dtagraítear anseo feasta mar ESB Group. Ní chuirtear sonraí faoi Chomhfhiontair san áireamh. Comhlíonann Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2022 ár dtiomantas do thuairisciú gach bliain ar ár bhfeidhmíocht Inbhuanaitheachta. Sa chás go mbaineann teorainneacha scóipe le gnéithe ábhartha sonracha an ghnólachta, sonraítear iad seo sna míreanna sonracha den tuarascáil. I gcás ceisteanna a bhaineann le Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2022, déan teagmháil, le do thoil, le sustainability@esb.ie nó brian.gray@esb.ie.

An Treoir ón AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD)

Is éard atá san CSRD agus sna Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Eorpacha (an ESRS), a chríochnófar in 2023 ná todhchaí an tuairiscithe inbhuanaitheachta feabhsaithe d'aonáin a oibríonn san AE. Tá de chuspóir againn sna míreanna nochta seo a leanas béim a leagan ar na beartais atá i bhfeidhm ag ESB faoi láthair le dul i ngleic le riachtanais ESRS agus cuntas a thabhairt ar an obair aistrithe atá á tosú againn le hiarracht a dhéanamh a chinntiú go ndéanann ár dtuairisciú dul chun cinn chun riachtanais an CSRD agus an ESRS a shásamh nuair a bhíonn siad dlite.

Léargas Ginearálta ar ESB Group

Forbraíonn, oibríonn agus trádálann ESB aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB. Is éard atá sa phunann ná breis agus 5GW de shócmhainní teirmeacha agus giniúna in-athnuaite ar fud PÉ, TÉ agus an BM.

Is é ár gcuspóir todhchaí níos gile a sholáthar agus tacú leis na custaiméirí agus na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu chun neodracht fuinnimh a bhaint amach.

Déanann ESB an líonra tarchuir agus dáileacháin in PÉ agus TÉ a thógáil, a bhainistiú agus a chothabháil, líonra ina bhfuil fad nach mór 240,000 ciliméadar.

Seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh a sholáthar do chustaiméirí in PÉ, TÉ agus sa BM.

Deighleog Ghnó	Réigiún Oibríochtaí	Scála Oibríochtaí	Ioncam	Fócas Straitéiseach	Meánlíonta Fostaithe
ESB Networks	PÉ	88 iosta, clós, stóras agus ceardlann feithiclí	€1,191m	Líonraí níos cliste agus níos athléimní a thógáil. Smacht a thabhairt don chustaiméir ar a bhfuinneamh. Ceangal athnuaiteán a éascú. Leictriú forleathan téimh agus iompair a chumasú. Tacú le micrighiniúint.	3,376
NIE Networks	TÉ	16 iosta, oifig, oifig ceantair, cheardlann agus stóras	€346m		1,316
Giniúint agus Trádáil	PÉ, TÉ, an BM	8 stáisiún theirmeacha, 8 stáisiún stórála hidrileictrí agus stórála caidéalaithe, 24 feirm ghaoithe	€3,302m	Punann ísealcharbóin a fhorbairt, a sholáthraíonn seirbhísí solúbthachta agus giniúint cúltaca chun tacú le leibhéil mhéadaithe de ghiniúint in-athnuaite agus chun leanúint de sholáthairtí slána leictreachais a sholáthar.	708
Réitigh Chustaiméirí	PÉ, TÉ, an BM	5 láthair oifige in PÉ, TÉ agus sa BM	€5,537m	Réitigh inbhuanaithe agus iomaíocha fuinnimh a sholáthar dár gcustaiméirí go léir.	850
Deighleoga Eile	PÉ, TÉ, an BM, an AE, an Meánoirthear, an Áise, an Afraic	41 oifig agus stóras ar fud PÉ, TÉ, an BM agus go hidirnáisiúnta	€375m	Réitigh fuinnimh ar thús cadhnaíochta a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. Nuálú don todhchaí.	1,946

Léargas Ginearálta ar ESB Group (ar lean)

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe ESB Networks Teoranta

Is é ESB Networks Oibritheoir Córais Dáileacháin (DSO) ceadúnaithe an chórais dáileacháin leictreachais i bPoblacht na hÉireann, agus tá sé freagrach as an líonra a thógáil, a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt agus freastal ar gach custaiméir leictreachais ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, tá an líonra tarchurtha i bPoblacht na hÉireann faoi úinéireacht ESB Networks, agus oibríonn sé i ndlúthchomhar leis an Oibritheoir Córais Tarchurtha (TSO), EirGrid.

Ba é 2022 an dara bliain de thréimhse 5 den Athbhreithniú ar Phraghas rialála (PR5) agus rinne ESB Networks dul chun cinn suntasach i ndáil leis na cláir cheadaithe infheistíochta agus cothabhála ainneoin tionchar COVID-19 i rith 2021. D'infheistigh ESB Networks €347 milliún in oibreacha treisithe (ualach), athsholáthar sócmhainní agus líonraí nua a thógáil in 2022 agus caitheamh €130 milliún ar an líonra atá ann cheana féin a chothabháil. Leanadh ar aghaidh leis an gClár Méadraithe Chliste a rolladh amach, Clár a raibh caiteachas luach €134 milliún luaithe leis in 2022.

Aithnítear i Straitéis Líonraí atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh de chuid ESB Networks gníomhú ar son na haeráide mar cheann de na dúshláin is tábhachtaí atá roimh ár nglúin agus, ar aon dul le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, sainaithnítear inti ról ESB Networks atá ríthábhachtach agus lárnach i dtaobh an t-aistriú chuig ísealcharbón a chumasú.

Tá custaiméirí i gceartlár na ngníomhaíochtaí go léir do ESB Networks, na 2.3 milliún custaiméir uile a úsáideann leictreachas, iad siúd a sholáthraíonn nó a ghineann leictreachas agus iad siúd a thagann ar an líonra chun seirbhísí cosúil le soláthraithe Teileachumarsáide a sholáthar san áireamh. Tá caidreamh le custaiméirí ag athrú de réir mar a bhogann Éire chun cinn ar an mbóthar i dtreo neodracht ó thaobh fuinnimh. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm in 2022 atá ceaptha custaiméirí a spreagadh agus a chumasú ar a n-aistir fuinnimh i dtreo neodracht ó thaobh fuinnimh.

Giniúint agus Trádáil

Tá an gnó GT freagrach as punann ESB de shócmhainní giniúna leictreachais faoi pháirtúinéireacht agus faoi lánúinéireacht a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tá punann trádála shuntasach sócmhainní fuinnimh faoi úinéireacht sócmhainní agus tríú páirtithe aige. Páirteach sa fhlít giniúna tá breis is 5GW de shócmhainní giniúna sa Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) agus an Bhreatain Mhór (an BM), lena n-áirítear beagnach 1GW de shócmhainní in-athnuaite. Tá 700MW breise á fhorbairt ag ESB faoi láthair a bhaineann le raon athnuaiteán/teicneolaíochtaí cumasaithe athnuaiteán. Trí bhéim láidir a leagan ar shábháilteacht, soláthraíonn GT luach ar na bealaí seo a leanas:

- Táirgí mórghíola agus trádáilte a sholáthar chun freastal ar riachtanais mhargaidh agus chustaiméirí
- Seirbhísí acmhainne agus córais a sholáthar chun tacú le heangach leictreachais láidir agus chun comhtháthú athnuaiteán a éascú
- Oibriú phunann ghiniúna ESB a bharrfheabhsú
- Sócmhainní fuinnimh nua a sholáthar chun tacú leis an aistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin
- Cúrsaí a phlé ar bhealach cuiditheach le pobail atá lonnaithe gar do thionscadail tógála agus do shócmhainní oibriúcháin

Northern Ireland Electricity Networks Ltd (NIE Networks)

Is é NIE Networks úinéir na líonraí tarchuir agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann, cuideachta atá freagrach as leictreachas a chur ar fáil do bhreis is 910,000 custaiméir, lena n-áirítear tithe, gnóthaí agus feirmeacha.

Tá NIE Networks faoi úinéireacht ESB ach oibrítear é mar eagraíocht neamhspleách ag a bhfuil a Bord agus a foirne bainistíochta féin agus déantar é a rialáil go leithligh tríd an Rialálaí Fónais do Thuaisceart Éireann.

Is é ár ról an bonneagar leictreachais a chothabháil agus a shíneadh ar fud Thuaisceart Éireann, custaiméirí a cheangal leis an líonra agus a chinntiú go bhfuil ár dtrealamh sábháilte agus iontaofa. Chomh maith leis sin, soláthraímid méadair leictreachais agus sonraí méadraithe do sholáthraithe agus oibreoirí margaidh.

Ní sholáthraíonn NIE Networks leictreachas. Faigheann custaiméirí a mbille leictreachais óna rogha soláthraí leictreachais, a bhfuil cúig cinn díobh ag feidhmiú faoi láthair i dTuaisceart Éireann.

Cuideachta rialaithe é NIE Networks agus déanann an Rialálaí Fónais do Thuaisceart Éireann maoirseacht ar na gníomhaíochtaí gnó. Tá ár bplean gnó chun ár seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí faofa ar feadh roinnt blianta amach romhainn agus tá an tréimhse reatha rialaithe praghsanna le leanúint go dtí 2024.

Tugaimid tús áite do thairbhí a sholáthar do gach duine dár gcustaiméirí agus léirítear seo sna seirbhísí tábhachtacha a sholáthraímid, an méid seo a leanas ina measc:

- Iontaofacht fheidhmíocht an líonra a chinntiú
- Sábháilteacht phoiblí an líonra a chothabháil
- An tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus
- Seirbhís do chustaiméirí agus sásamh custaiméirí a fheabhsú go leanúnach

Déanaimid infheistiú breis agus £100 milliún gach bliain sa bhonneagar tarchuir agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann a chothabháil agus a uasghrádú lena chinntiú go leanann bail shábháilte agus iontaofa a bheith air.

Tá NIE Networks tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus folláine ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí agus na gcustaiméirí ar fad ar a bhfreastalaímid a chosaint. Croíluch ár gcuideachta í sábháilteacht agus tá de chuspóir againn timpeallacht ina ndéantar díobháil ar bith a sholáthar. Déanaimid cultúr oscailte agus réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn agus aithníonn ár bhfostaithe go bhfuil gach duine freagrach as sábháilteacht.

Baineann tábhacht ar leith le gearradh cumhachta a réiteach go tapa dár gcustaiméirí agus, ar an ábhar sin, tá de chuspóir againn go gcuirfear cumhacht ar fáil arís faoin mbliain 2024 do 90% de chustaiméirí laistigh de 3 huaire an chloig agus do 100% de chustaiméirí laistigh de 18 n-uaire an chloig, gan teagmhais drochaimsire a áireamh.

Má tá custaiméirí thíos le gearradh cumhachta, is féidir leo an áis seiceála cumhachta (Powercheck) ar láithreán gréasáin NIE Networks a úsáid, a sholáthraíonn eolas fíor-ama faoi conas atá ár bhfoirne ag freagairt agus am measta le haghaidh athchóiriú.

Réitigh Chustaiméirí

Tugann Réitigh Chustaiméirí tairiscintí miondíola uile ESB le chéile i bPoblacht na hÉireann (PÉ), Tuaisceart Éireann (TÉ) agus an Bhreatain Mhór (an BM), Electric Ireland, ESB Energy, So Energy, Electric Ireland SuperHomes, ESB Smart Energy Services, Gluaisteáin Leictreacha ESB (ESB ecars) agus ESB Telecommunications san áireamh.

Is é Electric Ireland rannóg miondíola fuinnimh ESB in PÉ agus TÉ, a sholáthraíonn leictreachas, gás agus táirgí agus seirbhísí fuinnimh ar fud an oileáin. Tá breis agus 13.6 milliún cuntas custaiméara ag Electric Ireland i measc na ndeighleog margaidh uile, idir teaghlaigh intíre, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí móra tionsclaíocha agus tráchtála, arb ionann sin agus thart ar 41% den mhargadh leictreachais agus thart ar 18% den mhargadh gáis ar bhonn uile-oileáin. Tá Electric Ireland i mbun gnó ar bhealach atá inbhuanaithe agus atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus tá sé deimhnithe i leith chaighdeán ISO 14001. Oibríonn Electric Ireland ar bhonn gníomhach le custaiméirí chun cabhrú leo an inbhuanaitheacht ina dtithe agus a ngnólachtaí a fheabhsú trí úsáid éifeachtúil a bhaint as an bhfuinneamh atá á chur ar fáil dóibh.

D'iontráil ESB an gnó leictreachais cónaithe agus miondíola gáis sa BM in 2018 trí ESB Energy a bhunú. Rinne Réitigh Chustaiméirí a ghnólacht miondíola, ESB Energy, a fhairsingiú tríd an scairseilbh thromlaigh in So Energy, branda miondíola a chuireann fuinneamh 100% in-athnuaite ar tairiscint, a éadail. Tugann comhtháthú na ngnólachtaí seo scoth an dá cuideachta le chéile faoi bhranda So Energy, a sholáthraíonn thart ar 530,000 cuntas leictreachais agus gáis, ar an iomlán.

Comhfhiontar é Electric Ireland SuperHomes idir Superhomes Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, agus Electric Ireland, a bunaíodh in 2021 a bhfuil mar uailmhian aige úinéirí tí Éireannacha a threorú go mbeidh áiteanna cónaithe níos teo, níos compordaí agus níos tíosaí ar fhuinneamh acu agus tacú le spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide de chuid na hÉireann a bhaint amach trí thiomantas do 35,000 iarfheistiú ar áiteanna cónaithe a sholáthar faoin mbliain 2030.

Déanann ESB Smart Energy Services (SES), atá ag oibriú mar ESB Energy Business Solutions sa Ríocht Aontaithe, réitigh chomhtháite bhainistíochta fuinnimh a fhorbairt agus a sholáthar d'úsáideoirí móra fuinnimh sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Déanann SES réitigh shaincheaptha a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh,

Léargas Ginearálta ar ESB Group (ar lean)

leictriú an téimh, réitigh flít FLanna agus teicneolaíochtaí bainistíochta éilimh. Bainistíonn SES ESB bainistiú freisin ar sholáthar ár riachtanas gnó miondíola faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh. Freastalaíonn SES ESB ar riachtanais fuinnimh ár gcustaiméirí trí bheith mar a gcomhpháirtí iontaofa agus scoth ár gcumais a chur ar fáil le réitigh nuálacha agus faoi stiúir luacha a sholáthar do dhomhan ísealcharbóin.

Tógann agus oibríonn Gluaisteáin Leictreacha ESB (ESB ecars) agus tá úinéireacht aige ar Líonraí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha d'úsáid an phobail in Éirinn (PÉ), Tuaisceart Éireann (TÉ) agus an Bhreatain Mhór (an BM). Tá breis agus 2,000 pointe luchtaithe inár líonra luchtaithe phoiblí a raibh bonn custaiméirí 85,000 duine ag deireadh 2022. Fochuideachta Grhúpa ESB é ESB Telecommunications a bhainistíonn sócmhainní agus a sholáthraíonn seirbhísí isteach i margadh teileachumarsáide mórdhíola PÉ. Tá 370 túr tarchuir teileachumarsáide agus líonra snáthoptaice 2,000+ ciliméadar atá i lorg coise an líonra 110kV, den chuid is mó, i gceist leis na sócmhainní seo.

Innealtóireacht agus Mórtionscadail (EMP)

Soláthraíonn gnó EMP ionad innealtóireachta do ESB, cuireann sé tionscadail mhóra i gcrích in ESB Group, tá sé freagrach as punann Mhaoine agus Slándála ESB Group, agus soláthraíonn sé seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí eile do chliaint sheachtracha trí ESB International. Tá breis is 800 duine ag obair don ghnó i gcomhpháirt le réimsí gnó eile i ESB agus soláthraíonn siad seirbhísí innealtóireachta do chliaint sheachtracha sa bhaile agus ag leibhéal idirnáisiúnta.

Cuireann EMP an tIonad Sármhaitheasa Innealtóireachta ar fáil do ESB Group, innealtóireacht shibhialta, comhshaoil, in-athnuaite, innealtóireacht giniúna, agus innealtóireacht agus soláthar líonraí tarchuir agus dáileacháin san áireamh. Tá baint ag na feidhmeanna innealtóireachta seo i dtionscadal forbartha nua ó choincheap go dtí tógáil agus coimisiúnú. Tacaíonn siad chomh maith le hoibriú agus cothabháil sócmhainní reatha ar fud ESB Group, ESB International san áireamh.

Cairteacha lena Suibscríobhann an Eagraíocht



Rialachas / Geilleagrach

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009)
Cód Rialachais Chorporáidigh an RA (2012)
Iarscríbhinn Rialachais Chorporáidigh na hÉireann (2010)

Sóisialta

Cód Bettercoal (2015)
Cód Iompair um Íoc Pras (2014)
Cód Energy Engage (2014)
Cairt Diversity Mark, TÉ

Comhshaoil

Cairt Eangaí Inbhuanaithe E.DSO (2020)
Gealltanas Ísealcharbóin BITCI (2021)
Plean Pailneora Uile-Éireann (2021)
Feachtas Race to Zero na Náisiún Aontaithe (2021) NIE Networks

Príomhchomhlachais lena mbaineann an Eagraíocht

Glacann ESB le ról gníomhach in go leor comhlachas, ar leibhéal boird agus mar bhall gníomhach. Tá páirt lárnach ag glacadh le ról gníomhach sna comhlachais sheachtracha siúd maidir le forbairt príomhfhoirne, scileanna innealtóireachta a chur chun cinn, cur chuige coiteann a fhorbairt i leith beartas náisiúnta, éagsúlacht agus ionchuimsiú sa tsochaí a chur chun cinn anuas ar bheartais atá comhsheasmhach le cuspóirí náisiúnta aeráide.

- An Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas (AHEAD)
- Gnó sa Phobal (BITC), Éire
- Bettercoal
- Gnó sa Phobal, TÉ (Business in the Community NI)
- Líonraí CDP Éireann
- Comhlachas Tráchtála na hÉireann
- An Institiúid Chairte um Fhorbairt Ghairmiúil
- Comhlachas CHAdEMO
- An Chomhairle Ceannaireachta Corparáidí
- Cairt Éagsúlachta na hÉireann
- Oibreoirí Córais Dáileacháin Eorpacha
- Comhlachas Leictreachais na hÉireann
- An Institiúid Taighde ar Chumhacht Leictreachais (EPRI)

- An Comhlachas Líonraí Fuinnimh
- Tascfhórsa FLanna Energy UK
- Innealtóirí Éireann
- Eurelectric
- An Institiúid Innealtóireachta agus Teicneolaíochta
- An Institiúid Stiúrthóirí
- An Institiúid Seirbhíse do Chustaiméirí
- Cumann na Gaoithe Teoranta (IWEA)
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
- Institiúid Mhargaíochta na hÉireann
- An Chomhpháirtíocht Feithiclí Ísealcharbóin
- An Institiúid um Bainistíocht Sócmhainní (IAM)
- An Institiúid um Bainistíocht agus Measúnú Comhshaoil (IEMA)
- Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO)
- Cumann Tráchtála TÉ
- National Energy Action
- Open Charge Alliance
- Cumann Thionscal Mótar na hÉireann
- The Society of Motor Manufacturers & Traders (SMMT)
- Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann
- Fiadhúlra Uladh

Deimhniúcháin agus Caighdeáin Bhainistíochta

Aonad Gnó	Córais Bhainistíochta Dheimhnithe
ESB Group (Tras-BU)	Bainistíocht Fuinnimh ISO50001
Giniúint agus Trádáil	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001
	Bainistíocht Sócmhainní ISO55000
	Bainistíocht Cáilíochta ISO9001 (Gob na Muine)
ESB Networks Teoranta (DAC)	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001
	Bainistíocht Sócmhainní ISO55000

Aonad Gnó	Córais Bhainistíochta Dheimhnithe
NIE Networks Teoranta (NIE Networks Ltd)	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Sócmhainní ISO55001
	Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001
	Bainistíocht Cáilíochta ISO9001
Réitigh Chustaiméirí	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001
Innealtóireacht agus Mórtionscadail	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001
	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Cáilíochta ISO9001
Seirbhísí Fiontraíochta	Bainistíocht Comhshaoil ISO14001
	Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO45001

Nochtadh Comhshaoil

Astaíochtaí	39
An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht a Bhainistiú	45
An Bhithéagsúlacht	47
Bainistíocht Fuinnimh	51
Uisce	56
Eisiltigh agus Dramhaíl	58



an Treoir ón AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD)

Is éard atá san CSRD agus sna Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Eorpacha (an ESRS), a chríochnófar in 2023 ná todhchaí an tuairiscithe inbhuanaitheachta feabhsaithe d’aonáin a oibríonn san AE. Beidh baint ar leith ag an ESRS E1 um Athrú Aeráide do ESB, nuair a chuirtear uailmhian ár dtionscail agus ár n-uailmhian straitéiseach san áireamh.

Is é an príomhbheartas corparáideach faoi láthair ina leagtar amach cur chuige ESB i leith an comhshaol a chosaint agus bealach inbhuanaithe don todhchaí:

[Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ESB Group](#)

Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Réamhrá

Aithníonn ESB gurb é athrú aeráide an tosaíocht is mó d’Éirinn agus don domhan. Imríonn sé tionchar orainn go léir agus tá ról éigin le glacadh ag gach sraith den tsochaí sa bhealach a théitear i ngleic leis. Tá an t-athrú aeráide mar bhonn le héiginnteacht shuntasach ar fud an domhain, rud a thugann an deis dúinn an eagraíocht a oiriúnú chun déileáil le cuspóirí claochlaitheacha i dtreo domhan dícharbónaithe. Mar fhreagairt dó seo, tá straitéis ESB dírithe ar aistriú tapa chuig leictreachas ísealcharbóin. Chuir ESB deireadh le giniúint móna ag deireadh 2020 agus cuirfidh sé deireadh le giniúint guail faoin mbliain 2025. Is é sprioc ESB déine carbóin óna ghiniúint leictreachais a laghdú faoina leath faoi 2030 agus a chinntiú go bhfuil an t-aschur fuinneamh in-athnuaite cothrom le 63% de tháirgeadh fuinnimh iomlán ESB ag an dáta céanna. Ina dhiaidh sin, tá ESB tiomanta d’astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2040.

Áirítear lenár dtiomantas do neodracht ó thaobh fuinnimh astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, i.e. astaíochtaí scóip 1, 2 agus 3. Clúdaíonn Scóip 1 astaíochtaí díreacha ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú. Clúdaíonn Scóip 2 astaíochtaí indíreacha ó ghiniúint leictreachais cheannaithe, teasa nó gaile arna thomhailt ag an gcuideachta thuairiscithe agus caillteanais sa chóras náisiúnta dáileacháin agus tarchuir. Áirítear le Scóip 3 na hastaíochtaí indíreacha eile go léir a thiteann amach i slabhra breisluacha cuideachta. Déantar astaíochtaí uile scóip 1, 2 agus 3 de chuid ESB Group a mhonatóiriú, a thuairisciú agus a dhearbhu go neamhspleách. Anuas ar ár n-astaíochtaí a thuairisciú sa tuarascáil, nochtaimid feidhmíocht astaíochtaí tríd an ardán tuairiscithe CDP ar líne.

Baineann bunriachtanas le maoirseacht dhaingean chomhshaoil a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí le tionchair nó tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol de bharr ár n-oibríochtaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú, chomh maith leis an mbonn a chruthú le dul chun cinn i dtreo Neodrachta ó thaobh Fuinnimh. Cothaíonn ESB córais bhainistíochta comhshaoil ar fud an Ghrúpa. Déantar iniúchta seachtrach orthu seo i leith chaighdeán ISO 14001.

Nochtann ESB faisnéis comhshaoil agus inbhuanaitheachta ar bhonn bliantúil sa Tuarascáil Inbhuanaitheachta de réir chaighdeáin nohta an Tionscnaimh Tuairiscithe Dhomhanda (GRI). Dearbhaítear ailíniú le caighdeáin GRI ar bhonn neamhspleách. Foilseoimid ár bplean aistrithe Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 freisin i rith 2023 leis an treochlár a chur i láthair atá forbartha againn chun go mbainfidh astaíochtaí féin ESB neodracht ó thaobh fuinnimh de amach faoin mbliain 2040, anuas ar spriocanna idirmheánacha laghdaithe agus PTFanna lenár sprioc a fhíorú. Déanann feidhm an ghrúpa Sábháilteachta, Sláinte agus Comhshaoil maoirseacht ar Chaighdeáin Sábháilteachta, Sláinte agus Comhshaoil an Ghrúpa agus tugann siad faoi iniúchtaí rialta suímh ar na caighdeáin seo.

Cuireann grúpa traschuideachta bainisteoirí sinsearacha – an Fhoireann Ceannaireachta Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta – rialachas aeráide agus teorú foriomlán ar fáil d’fheabhsú agus do dhearbhu comhshaoil sa Ghrúpa. Déanann Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir an Bhoird faireachán freisin ar fheidhmíocht comhshaoil an Ghrúpa.

Astaíochtaí

Tá ESB tiomanta do cheannaireacht a ghlacadh in aire a thabhairt don timpeallacht ina n-oibríonn na gnólachtaí agus d'oibriú go hinbhuanaithe tríd an tionchar ar acmhainní an domhain a íoslaghdú. Tá mar aidhm ag ESB a thionchar a bhainistiú ar a thimpeallacht, d'ardleibhéal cosanta a sholáthar don timpeallacht nádúrtha agus dá astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus tacú i gcomhthráth le haistriú inbhuanaithe chuig geilleagar ísealcharbóin. Áirítear le coincheap aistrithe inbhuanaithe úsáideoirí leictreachais a chumasú, fuinneamh glan a sholáthar agus a lorg go bhfeabhsaíonn an t-aistriú pobail agus nach bhfágann sé aon duine ar lár.

Le tamall de bhlianta anuas, rinne ESB dul chun cinn suntasach ar fheidhmíocht a astaíochtaí giniúna leictreachais a fheabhsú. Tugadh teicneolaíochtaí nua cumasaithe ar an eangach in 2022, an chéad roth lústair ar domhan i nGob na Muine agus stóráil fuinnimh cadhnraí ar scála eangaí in Áth Fhada san áireamh, agus cumasóidh an dá cheann díobh níos mó athnuaiteáin eatramhacha a thabhairt isteach san eangach náisiúnta in Éirinn. Bhí astaíochtaí níos airde in 2021 mar thoradh ar easpa leanúnach acmhainn ghiniúna agus tháinig feabhsú beag air in 2022, in aghaidh na treochta anuas fadtéarmaí. In ainneoin an tionchair seo ar dhéine astaíochtaí in 2021 agus 2022, tá ESB go hiomlán tiomanta i gcónaí do laghdú 2030 ar dhéine carbóin ón sprioc ghiniúna leictreachais.

Maidir le hastaíochtaí Scóip 1, cé gur tháinig méadú ar astaíochtaí giniúna in 2021 agus gur tháinig laghdú imeallach orthu in 2022, leanaimid sa mheántearma ag díriú ar ár bpunann athnuaiteán a fhás. Leanann iarrachtaí oibríochtúla le feabhsúcháin mharthanacha a sholáthar ar astaíochtaí éalaitheacha agus ar astaíochtaí flít feithiclí. Áirítear le hastaíochtaí Scóip 2 do ESB leictreachas a úsáideadh i bhfoirgnimh agus cuirtear na caillteanais uile ar bhonneagar na heangaí leictreachais náisiúnta san áireamh ann seo freisin. Nochtann ESB a astaíochtaí Scóip 3 agus leanann sé ag díriú ar fheabhas a chur ar mheastacháin agus ar mhodheolaíochtaí maidir le catagóirí astaíochtaí Scóip 3 nach bhfuil á rialú go díreach ag ESB. Tuairiscítear fardail astaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3 trí Nochtadh um Athrú Aeráide an CDP agus trí Thuarascáil Inbhuanaitheachta bhliantúil ESB.

Córas AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, Fíorú agus Dearbhú Astaíochtaí

Bunchloch é an Córas AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) de chuid bheartas an AE le hathrú aeráide a chomhrac agus is príomhuirlis é le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go cost-éifeachtúil. Is é chéad mhargadh carbóin an domhain agus leanann sé de bheith ar an margadh is mó ar

domhan. Is í bliain bhunúil bhonnlíne ESB a roghnaíodh chun tuairisciú ar astaíochtaí CO₂ de bharr giniúint theirmeach 2005, an bhliain a thosaigh an tuairisciú foirmiúil do Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS).

Tuairiscíonn ESB ar astaíochtaí bunaithe ar mhodheolaíocht an Phróisis Gás Ceaptha Teasa (GCT). Déantar astaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3 a thuairisciú go bliantúil. Déantar sonraí faoi astaíochtaí gás ceaptha teasa a dheimhniú go neamhspleách. Deimhnítear astaíochtaí giniúna ESB a dheimhniú faoi choimirce Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS) agus seoltar chuig an Údarás um Chosaint Comhshaoil ábhartha iad gach bliain. Déantar an mhonatóireacht agus an tuairisciú ar CO₂ i gcomhréir le rialachán 601/2012 Choimisiún an AE agus deimhnítear iad trí fhíoraitheoir seachtrach creidiúnaithe, nach mór dó Rialachán an Choimisiúin 600/2012 a chomhlíonadh freisin.

Ní fhaigheann ESB aon liúntais saor in aisce faoin ETS an AE agus ceanglaítear orainn an méid riachtanach de liúntais carbóin a sholáthar lenár n-astaíochtaí giniúna teirmí ceadúnaithe gach bliain a chur san áireamh.

Déantar na hastaíochtaí eile uile faoi Scóip 1, 2 agus 3 a dheimhniú i leith ISO14064 mar chuid d'aighneacht bhliantúil ESB chuig an CDP. Nochtann ESB faisnéis comhshaoil agus inbhuanaitheachta ar bhonn bliantúil sa Tuarascáil Inbhuanaitheachta de réir chaighdeán an Tionscnaimh Tuairiscithe Dhomhanda (GRI). Dearbhaítear ailíniú le caighdeán GRI ar bhonn neamhspleách.

Praghas Carbóin

Is éard atá i bpraghsanna sainráite carbóin in Éirinn praghsanna ceada agus cánacha carbóin an chórais trádála astaíochtaí (ETS), arb ionann iad agus 55.7% (2021) den ghás ceaptha teasa (astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir CO₂ de réir an ECFE. Anuas air seo, thug Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rialtas na hÉireann isteach scáthphraghas carbóin agus cód caiteachais phoiblí le ranna rialtais a threorú i dtaobh breithmheas geilleagrach a dhéanamh ar thionscadail.

Nuair a bhíonn na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le breithmheas geilleagrach á ríomh, is tábhachtach astaíochtaí "breise" a bhaineann leis na tionscadail a bheartaítear a chur san áireamh.



Tá ESB Group ag fiosrú conas is fearr aghaidh a thabhairt ar ghlacadh le praghsáil carbóin isteach inár bpróisis phleanála gnó agus mheasúnaithe tionscadal.

Athrú Aeráide CSRD-ESRS E1

Is éard atá san CSRD agus sna Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Eorpacha (an ESRS), a chríochnófar in 2023 ná todhchaí an tuairiscithe inbhuanaitheachta feabhsaithe d'aonáin a oibríonn san AE. Beidh baint ar leith ag an ESRS E1 um Athrú Aeráide do ESB, nuair a chuirtear uaillmhian ár dtionscail agus ár n-uaillmhian straitéiseach san áireamh.

Is é an príomhbheartas corparáideach faoi láthair ina leagtar amach cur chuige ESB i leith an comhshaoil a chosaint agus bealach inbhuanaithe don todhchaí:

[Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ESB Group](#)


Achtaítear an beartas seo trínár straitéis corparáideach agus ár straitéisí soláthair aonad gnó

[Ár Straitéis \(esb.ie\)](#)

[Straitéis ESB Networks: Líonraí atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh\)](#)

[NIE Networks networks-for-Net-Zero](#)

Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.



Astaíochtaí (ar lean)

Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040

7

9

13

Baineann ríthábhacht leis na blianta amach romhainn le teorainn a chur ar thionchar an athraithe aeráide. Táimid ag maireachtáil cheana féin agus tionchar an téimh dhomhanda á imirt orainn, agus teagmhais adhaimsire agus tubaistí a bhaineann leis an aeráid ag titim amach níos minice i gcónaí ar fud na cruinne. Mar chuideachta cheannais fuinnimh atá spreagtha ag tiomantas láidir d'fhreastal ar an tsochaí, tá straitéis ESB ar aon dul leis an ngníomh práinneach a theastaíonn. Aithnímid gur príomhchumasóir é leictreachas glan chun todhchaí atá saor ó charbón a bhaint amach agus tá gealltanais tugtha againn go mbainfimid neodracht ó thaobh fuinnimh amach faoin mbliain 2040, deich mbliana roimh na spriocanna Rialtais atá ina gceangal dlí ar Éirinn, ar Thuaisceart Éireann agus ar an mBreatain Mhór.

Aithnímid ag ESB gur féidir linn a chur ar chumas na sochaí trínár ngníomhartha féin, astaíochtaí a laghdú i bhfad níos mó lasmuigh dár ngnó féin. Táimid ar thús cadhnaíochta an aistrithe dhomhanda seo agus is amhlaidh a leanfaimid, agus an gníomh práinneach á sholáthar againn a theastaíonn le teorainn a chur ar na rudaí a chuireann athrú aeráide chun cinn agus a spreagann é. Táimid ag oibriú ar fud ESB i dtreo ár sprice neodrachta ó thaobh fuinnimh trínár straitéis agus ár bpleananna gnó. Tá gach gné dár ngníomhaíochtaí gnó á scrúdú againn le foinse agus scála astaíochtaí a shainaithint chun gur féidir linn deireadh iomlán a chur le gáis cheaptha teasa (GCTanna) faoin mbliain 2040 i measc ár n-oibríochtaí. Chuige sin, foilseoimid tuarascáil ar an mBealach go Neodracht ó thaobh Fuinnimh in 2023, a shainaithneoidh conas a aistreoidh ESB go neodracht ó thaobh fuinnimh faoin mbliain 2040.

Leagtar amach i straitéis ESB 'Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040', an cuspóir chun athnuaiteáin a fhorbairt agus a cheangal leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040. Léirítear sa chuspóir seo tiomantas ESB do thacú leis an sprioc shocharaíoch astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh a bhaint amach trí leictreachas in-athnuaite a ghiniúint agus trína chumasú giniúint in-athnuaite a cheangal lenár líonraí leictreachais. Bainfimid méadú faoi

chúig amach ar ár bpunann ghiniúna in-athnuaite aníos go dtí 5,000MW faoin mbliain 2030, agus méadóidh ESB Networks agus NIE Networks an méid fuinneamh in-athnuaite a cheanglaítear lenár líonraí ó 6.2GW go > 15GW i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Acmhainn Shuiteáilte (MW) de réir Geografaíochta

Foinse Breosla agus Bliain	Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann	An Bhreatain Mhór
Gás			
2020	1,588	402	1,231
2021	1,588	402	1,231
2022	1,588	414	1,231
Gual			
2020	855	-	-
2021	855	-	-
2022	855	-	-
Móin			
2020	226	-	-
2021	-	-	-
2022	-	-	-
Ola			
2020	-	53	-
2021	-	53	-
2022	-	53	-
Gaoth (ar an gCladach agus Amach ón gCósta)			
2020	501	101	169
2021	501	101	169
2022	501	101	169
Hidreafhuinneamh ¹			
2020	512	-	-
2021	512	-	-
2022	512	-	-
Gréine			
2020	-	1	-
2021	-	1	-
2022	-	1	-

¹ a thugann le fios sa tábla nach bhfuil aon acmhainn curtha isteach sa gheografaíocht sin

1: Áirítear le hidreafhuinneamh acmhainn stórála caidéalaith.

2: Áirítear le hacmhainn bhreise 26MW de Stóráil Fuinnimh Cadhnraí in PÉ.

3: Cuirtear Acmhainn Ghiniúna ó Chomhfhiontair san áireamh bunaithe ar scairshealbhú comhréireach san aonán

Astaíochtaí GCT Scóip 1

Tuairiscítear astaíochtaí GCT Díreacha (Scóip 1) ar bhonn gnáthscaire do shócmhainní teirmeacha. Oibrítear na sócmhainní teirmeacha go léir faoi cheadúnas agus tá a n-astaíochtaí go léir faoi réir tomhais, deimhniú neamhspleách seachtrach agus tuairisciú leis an údarás ceadúnúcháin ábhartha gach bliain.

Astaíochtaí GCT Scóip 2

Tugann measúnóir neamhspleách tríú páirtí faoi dheimhniú ar astaíochtaí Scóip 2 trí úsáid a bhaint as Sonraíochtaí ISO 14064-3:2006 le Treoir maidir le Bailíochtú agus Fíorú Dearbhuithe Gás Ceaptha Teasa. Ríomhtar astaíochtaí Scóip 2 a bhaineann le cailteanais tarchuir agus dáileacháin líonraí leictreachais trí úsáid a bhaint as modh láthairbhunaithe. Baintear an ráta láthairbhunaithe ó ráta láithreach uile-Éireann PÉ de chuid an SEAI agus trí úsáid a bhaint as fachtóir DEFRA do TÉ. Úsáideann an ráta margaidh an t-ídiú uile-Oileáin agus iolraíonn sé é faoi fhachtóir féin Déine Carbóin ESB de bharr giniúna. Tugadh faoi athbhreithniú ar an modheolaíocht ríofa do Chaillteanas Tarchuir agus Dáileacháin Uile-Oileáin mar chuid de ríomhanna an fhardail astaíochtaí in 2023, ónar eascair athlua ar chaillteanais T agus D don bhliain 2021, 2020 agus 2019. Seo an t-aon athlua suntasach ar astaíochtaí don bhliain 2022 agus don bhliain roimhe sin.

Astaíochtaí GCT Scóip 3


Rinne ESB bailiú agus meas ar fhoinsí astaíochtaí Scóip 3 a shíneadh go céimnitheach chuig gach catagóir infheidhme Scóip 3. Meastar fardail astaíochtaí anois do Chatagóirí 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7 agus 11 trí úsáid a bhaint as meascán de mhodhanna ríofa a dtugtar cuntas orthu sa Treoir maidir le Prótacal GCT Scóip 3. Tá obair ar bun le modheolaíocht a fhorbairt le hastaíochtaí Chatagóir 7 Scóip 3 a mheas a bhaineann le hoibriú as baile, a eascraíonn as an bpaindéim agus as Straitéis Oibrithe Chliste ESB. Tá de chuspóir againn tuairisciú ar an ngné seo de Chatagóir 7 maidir le gníomhaíocht 2023.

Glan-Bun-Aschur

Ní nochtann ESB glan-bhun-aschur de réir foinse fuinnimh agus córas rialála in MWh. Mar gheall ar chineál na struchtúr margaidh uile-oileáin, meastar go bhfuil nochtadh den chineál seo íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála de ar leibhéal ina bhféadfadh sé léargas agus buntáiste suntasach tráchtála a sholáthar d'iomaitheoirí. Tuairiscítear ionchur fuinnimh chuig an bpróiseas giniúna teirmí sa mhír bhainistíochta fuinnimh, mar a cheanglaítear sa reachtaíocht in Éirinn.

Astaíochtaí (ar lean)

Slabhra Luacha Astaíochtaí



● Astaíochtaí Díreacha (Scóip 1)
● Astaíochtaí Indíreacha (Scóip 2 agus 3)

Astaíochtaí (ar lean)

Tábla Feidhmíochta Astaíochtaí

Astaíochtaí GCT Scóip 1 (tonna CO₂e) ó ghiniúint theirmeach

	2022	2021	2020	Bonnlíne (2005)
Éire	4,690,064	5,411,950	3,570,952	14,630,000
Tuaisceart Éireann	761,594	709,846	682,857	
An Bhreatain Mhór	1,782,903	1,729,453	886,543	

Astaíochtaí GCT Scóip 1, 2 agus 3 (tonna CO₂e) ó Oibríochtaí Gnó

	2022	2021	2020	Bonnlíne (2015)
Scóip 1				38,596
Fuinneamh Áitribh - Teirmeach	549	679	666	
Iompar Feithiclí	14,650	14,700	1,5029	
Astaíochtaí Gásacha ((SF ₆), PFC)	8,855	8,868	7,846	
Iomlán Scóip 1	7,258,615	7,875,496	5,163,893	
Scóip 2 (Láthairbhunaithe)				
Caillteanais Líonra (SEM, T agus D)	776,371	613,880	729,122	
Fuinneamh Áitribh - Leictreachas	7,164	5,979	7,238	
Iomlán Scóip 2	783,535	619,859	736,360	
Scóip 3				
Earraí agus Seirbhísí arna gCeannach (Cat. 1)	727	525	555	
Earraí Caipitil (Cat. 2)	265,912	208,931	189,936	
Breosla agus Fuinneamh (Cat. 3)	1,579,873	1,730,044	1,079,390	
Iompar agus Dáileachán (Cat. 4)	1,937	1,937	1,937	
Dramhaíl (Cat. 5)	666	517	535	
Taisteal Gnó (Cat. 6)	6,278	3,862	4,340	
Comaitéireacht Fostaithe (Cat. 7)	2,198	2,029	2,063	
Táirgí a Díoladh a Úsáid (Cat. 11)	1,784,940	1,380,000	1,071,265	
Iomlán Scóip 3	3,642,531	3,327,845	2,350,022	
Astaíochtaí Iomlána GCT (tonna CO₂e) CO₂	11,684,681	11,823,200	8,250,275	

Astaíochtaí Eile (tonnaí)

	2022	2021	2020	Bonnlíne (2006)
NO _x	3,909	3,954	2,882	21,585
SO _x	838	1,196	157	25,400
Deannach	37	126	50	1,127
Déine Carbóin ó Ghiniúint	419gCO ₂ e/kWh	439.51gCO ₂ e/kWh	375gCO ₂ e/kWh	670gCO ₂ e/kWh (2005)

Fonótaí leis an Tábla:

- 1 Tá na hastaíochtaí Giniúna go léir faoi réir fíorú faoi ETS an AE agus tuairiscítear iad le gníomhaireachtaí náisiúnta comhshaoil gach bliain.
- 2 Úsáidtear heicseafluairíd sulfair (SF₆) i gcuid mhór de shócmhainní an lascthrealaimh ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin. Úsáidtear é mar gheall ar a shaintréithe a dhéanann insliú an-ard ar leictreachas, a éascaíonn oibriú éifeachtúil agus sábháilte a bhaint as an lascthrealamh. Úsáideadh thart ar 166kg de (SF₆) i ESB Networks agus 222kg de (SF₆) do NIE Networks mar gheall ar lochtanna ar threalamh.
- 3 Téitear i ngleic sa tábla astaíochtaí le Caighdeáin GRI 305-1, 305-2, 305-3, 305-4, 305-5, 305-7, EU5
- 4 Foinse GWP - Fachtóirí Tiontaithe IPCC AR5
- 5 Rinne ESB tuairisciú ar dhéine CO₂ 419gCO₂e/kWh don bhliain 2022
- 6 Tugadh faoi athbhreithniú ar an modheolaíocht ríofa do Chaillteanas Tarchuir agus Dáileacháin Uile-Oileáin mar chuid de ríomhanna an fhardail astaíochtaí in 2023, ónar eascair athlua ar chaillteanais T agus D don bhliain 2021, 2020 agus 2019

Astaíochtaí (ar lean)

Dearcadh Amach Anseo



Mar phríomhfhóntas fuinnimh na hÉireann, tá próifíl chobhsaí ghnó ag ESB agus cuirtear breis agus 50% den tuilleamh (EBITDA) agus de shócmhainní i gcuntas ag líonraí rialaithe leictreachais ar oileán na hÉireann faoi chreataí rialála bunaithe agus trédhearcacha. Leanann ESB de bheith láidir ó thaobh airgeadais de agus bhí glansócmhainní €4.8 billiún aige an 31 Nollaig 2022. Is tábhachtach, i dtimpeallacht luaineach agus éiginnte chistithe, gur thiomsaíomar 3 bhanna breise i rith 2022 agus go raibh seasamh láidir leachtachta breis agus €2.2 billiún bainte amach againn an 31 Nollaig 2022. Bhí leibhéal measartha gearála 58% againn, i gcoibhneas le fóntais eile, ag deireadh 2022 agus rátálacha creidmheasa A- agus A3 agus rinneadh Standard agus Poor agus Moody, faoi seach, a athdhearbhú arís i rith 2022. A bhuíochas leis an staid airgeadais láidir seo, anuas ar phróifíl chobhsaí ghnó, go bhfuil ar chumas gan stró ag ESB aghaidh a thabhairt ar na dúshláin amach romhainn agus an uailmhian straitéiseach a sholáthar chun difríocht a dhéanamh, todhchaí níos gile a sholáthar agus neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2040.

I measc na dtosaíochtaí don bhliain 2022 agus ina dhiaidh sin i gcás na bpríomhaonad gnó, tá:

Giniúint agus Trádáil

Oibríonn GT a ghnó agus díriú ar thionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, agus é mar chuspóir acu giniúint in-athnuaite a mhéadú go mór agus déine carbóin fhoriomlán a chruthaíonn giniúint leictreachais a laghdú. Tá ESB tiomanta d'aistriú slán agus inacmhainne amach ó ghual agus móin a úsáid do ghiniúint cumhachta tar éis gur dúnadh a n-ionaid mhóna in 2020. Is ísle an t-aschur CO₂ ó ionaid ghiniúna GT ná aschur 2005 (dáta tagartha) faoi thart ar 51%, agus tháinig laghdú 37% go 419g CO₂/kWh ar dhéine carbóin na giniúna. Leanfaidh GT leis an bpunann theirmeach a thabhairt chun cinn agus a oiriúnú trí 190MW de thuirbíní gáis a sholáthar chomh fada lena gcríoch substainteach in 2023, trí chomhaontú a chur i gcrích le hoibreoir an chórais le saolré oibríochtúil sócmhainní reatha a shíneadh ag teacht chun cinn tríd an acmhainn dóite hidrigine in ionad Carrington a thabhairt chun cinn.



Cumasóidh an comhdhlúthadán Sioncronach agus an roth lústair ag Gob na Muine leibhéil níos airde d'athnuaiteáin a cheangal leis an eangach leictreachais trí rialáil níos fearr ar voltas a sholáthar.

Méadóidh GT an líon deiseanna infheistíochta i nginiúint ísealcharbóin, fuinneamh gréine, stórála agus gaoithe amach ón gcósta san áireamh trí chomhpháirtíocht leanúnach le Parkwind le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta Oirialla agus Cheann Chlochair a fhorbairt agus roghanna JV a fhiosrú lena cheadú a phunann forbartha gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt. Tá píblíne dheiseanna de bhreis ar 8GW forbartha ag ESB i measc fuinneamh gréine, gaoithe ar an gcladach agus amach ón gcósta. Beartaíonn GT i rith 2023 an phíblíne reatha a thabhairt chun cinn trí cheantanna timthrialla forbartha agus acmhainne.

ESB Networks

Is iad na príomhchuspóirí straitéiseacha do ghnó ESB Networks faoi straitéis leasaithe ESB Group athnuaiteáin a cheangal leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú faoin mbliain 2040 agus bonneagar athléimneach a sholáthar do chóras leictreachais iontaofa ísealcharbóin. Chuige seo, díreofar ag dáta deiridh an 31 Nollaig ar thionscadail RESS-1 (Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite) a sholáthar mar phríomhthús áite don bhliain 2023. Tá idir 600 agus 800 MW de thionscadail ghiniúna in-athnuaite ar na bacáin faoi láthair lena bhfuinnmhiú roimh dheireadh na bliana 2023. Tá an líon cruinn tionscadail chustaiméara faoi réir ardmhéid

d'éiginnteacht faoi stiúir custaiméirí de bharr saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra soláthair custaiméirí, cosúil leis an méadú domhanda ar chostas painéil ghréine.

Tá réimse táirgí agus seirbhísí nua á dtabhairt isteach ag ESB Networks a chuirfidh ar chumas ár gcustaiméirí éirí níos solúbtha. Tabharfaidh seirbhísí nua, cosúil le cláir eolais fuinnimh pobail, fógraí fuinnimh in-athnuaite pearsanta nó áitiúla, nó cláir eolais fuinnimh in-athnuaite do ghnólachtaí, eolas cruinn fíor-ama agus tuartha dár gcustaiméirí faoina bhfuinneamh. Is féidir an t-eolas seo a chur in iúl go díreach dá ngléasanna cliste, dá soláthraí leictreachais, nó do chustaiméirí iad féin ar a nguthán cliste, a dtáibléad, nó a ríomhaire.

Chun tacú lenár gcustaiméirí go léir ar a n-aistear go neodracht ó thaobh fuinnimh, dearfaimid ár gcoincheap 'Tógáil Uair Amháin do 2040' ('Build Once for 2040'), le hinfeistíocht straitéiseach optamach a sholáthar. Le hacmhainn leordhóthanach a sholáthar chun giniúint in-athnuaite a cheangal ar gach leibhéal voltais, beartaímid moil in-athnuaite a fhorbairt mar chuid dár gcoincheap 'Tógáil Uair Amháin do 2040'. Fostáisiúin 110/38 kV agus 110/MV a bheidh i moil in-athnuaite ina gceanglófar braislí de ghiniúint in-athnuaite. Ba cheart go ligfeadh seo níos mó micrighiniúna, mionghiniúna agus giniúna ar scála beag a cheangal leis an gcóras dáileacháin. Beidh breithniú le déanamh ar athruithe ar bheartas luchtaithe ceangail i

gcomhar le moil in-athnuaite a fhorbairt. Tá solúbthacht á cumasú ag ESB Networks tríd an Líonra Náisiúnta, an Clár Ceangal Áitiúil (NN, LC) agus cuirfidimid córais i bhfeidhm chun spriocanna solúbthachta an chórais a chomhlíonadh a leagtar amach in CAP23 don bhliain 2025 agus 2030.

Tacaíonn cláir soláthair tarchuir agus ghaolmhara oibre le ESB Networks le treochlár 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú' de chuid EirGrid a sholáthar chun spriocanna a bhaint amach atá i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais. Cuimsítear sa chlár comhtháite oibre a mhéid le 350 tionscadal aonair tarchuir, óna dteastóidh infheistíocht an-suntasach le todhchaí ísealcharbóin, neamhspleáchas fuinnimh agus slándáil an tsoláthair a sholáthar. De réir mar a dhéanfaidh EirGrid an plean seo a fhorbairt níos mó, freagróidh ESB Networks le lúfaireacht do chúinsí athraitheacha agus déanfaidh siad an tsolúbthacht seo a chomhtháthú isteach inár n-eagraíocht agus ár soláthar acmhainní.

NIE Networks

Tugtar cuntas i bPlean Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta NIE Networks ar ghealltanais chun a lorg coise gnó a laghdú, thart ar 14% dá bhflíit beag a leictriú agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú chomh maith le láithreacha i mBéal Feirste a chomhdhlúthú. Ball iad NIE Networks d'fheachtas 'Race to Zero' na Náisiún Aontaithe agus gheall siad laghdú 50% a bhaint amach ar astaíochtaí Scoip 1 (gan SF₆) a áireamh) agus Scoip 2 (cailteanais san áireamh) ó leibhéil bhonnlíne 2019 faoin mbliain 2030. An tAcht um Athrú Aeráide (Tuaisceart Éireann), 2022 – Tháinig an tAcht um Athrú Aeráide (Tuaisceart Éireann), 2022 i bhfeidhm an 6 Meitheamh. Leagtar amach ann Sprioc Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2050 (seachas i gcás meatáin), laghdú 48% faoin mbliain 2030 (ó leibhéil 1990). Ullmhóidh an DAERA (le cabhair ó gach Roinn in TÉ) le Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide (thosaigh an comhairliúchán 16 seachtaine in Aibreán 2023 agus tá sé le foilsiú ag deireadh na Nollag 2023) agus cuirfear le chéile é gach cúig bliana ar aon dul le Buiséad Carbóin. Leagfar na chéad trí Bhuiséad Carbóin amach faoi Nollaig 2023 agus áireofar leo na gníomhartha leis na spriocanna GCT a bhaint amach (is é a bheidh sa chéad tréimhse 2023-2027). Foráiltear san Acht do Choimisinéir Aeráide Thuaisceart Éireann, Ciste um Aistriú Cóir do Thalmhaíocht Pleananna Earnála, Coimisiún um Aistriú Chóir a bhunú agus beidh ceanglas ann ar Chomhlachtaí Poiblí tuairisciú a dhéanamh ar a ndul chun cinn.

Astaíochtaí (ar lean)



Flít feithiclí a leictriú ag NIE Networks

Déanfaidh NIE Networks an fhorbairt atá á déanamh acu ar aighneacht um Rialú Praghsanna RP7 a thabhairt chun cinn chun freastal ar riachtanais shochoaíocha, chustaiméirí agus ghnó agus déanfaidh siad idirchaidreamh ar phríomhchinnntí agus ar phríomhphróisis bheartais a theastaíonn le haghaidh Rialú Praghsanna RP7: anuas ar chur le Straitéis Fuinnimh Amach Anseo TÉ a chur i bhfeidhm. Beartaítear go soláthróidh na pleananna atá ar na bacáin ag NIE Networks don chéad rialú praghsanna eile tionchar claochlaitheach a sholáthar do chustaiméirí. Beidh ról i bhfad níos mó ag an leictreachas, agus ag brath ar leictreachas, sa tsochaí ó thodhchaí neodracht ó thaobh carbóin, agus is príomhriachtanas é an gá a bhfuil coinne leis a bheidh le téamh agus iompar a leictriú go mear. Teastóidh forbairt shuntasach ar acmhainn agus ar iontaofacht an líonra reatha leis an athrú seo a chumasú, anuas ar fhorbairt bhreise, le hacmhainn leordhóthanach a chinntiú don mheascán athnuaiteán a thiocfaidh chun solais a bheidh ag éirí níos éagsúla i gcónaí.

Bhain NIE Networks creidiúnú ar leibhéal platanaim amach do Shuirbhé Tagarmharcála Comhshaoil Thuaisceart Éireann don séú bliain i ndiaidh a chéile in 2022. Tá mar aidhm ag an Suirbhé an clár comhshaoil a bhrú chun tosaigh trí na heagraíochtaí siúd a aithint agus a luaíocht a bhronnadh orthu a bhfuil a gceanglais dhlíthiúla á sárú acu chun feabhas a chur ar a dtionchair chomhshaoil agus bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar a n-acmhainní.

Gheall NIE Networks Teoranta do sprioc eolaíocht bhunaithe a leagan chun astaíochtaí a laghdú faoi 50%, caillteanais líonraí san áireamh faoin mbliain 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2019, agus neodracht ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2050 nó roimhe sin.

Réitigh Chustaiméirí

Rinne Réitigh Chustaiméirí iarracht i rith 2022 le custaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht fuinnimh a bhaint amach trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Sheol Electric Ireland sraith pleananna taraife méadair chliste 'Home Electric+' chun cabhrú le custaiméirí níos mó a fhoghlaim faoina n-ídiú fuinnimh, a n-úsáid fhoriomlán leictreachais a laghdú agus a mbillí a laghdú trí leictreachas níos saoire a fháil ag amanna éagsúla an lae.
- SuperHomes Electric Ireland, a bhain deimhniúchán amach mar chéad 'Ionad Ilfhreastail' na hÉireann a thugann aire do na príomhchéimeanna uile d'iarfheistiú fuinnimh baile, ó dheardh iarfheistithe go críochnú tionscadail agus cistiú deontais an SEAI a íoc.
- Leanann Gluaisteáin Leictreacha ESB le hiontaofacht a líonra luchtaithe phoiblí FL a fhairsingiú agus a fheabhsú, agus tháinig méadú air aníos go dtí breis agus 2,000 pointe luchtaithe ar fud ár líonraí in PÉ, TÉ agus sa BM.

Tá páirt lárnach ag Réitigh Chustaiméirí chun cabhrú le ESB aghaidh a thabhairt ar straitéis trí chustaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach. Déanann sé é seo trí na príomhchuspóirí seo a leanas:

- Tús áite a thabhairt i gcónaí do chustaiméirí - tá gach rud a dhéanaimid spreagtha ag tuisceant dhomhain ar chustaiméirí agus ag léargas ar na rudaí is mó a theastaíonn uathu le neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach.
- Neodracht ó thaobh fuinnimh a chumasú trínár dtáirgí agus ár dtograí - Tacaímid lenár gcustaiméirí ar a n-aistear leictreach, agus tá táirgí agus tograí sothuigthe á gcur ina dtreo agus tá siad á ndreasú neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach.
- Athrú iompraíochta a spreagadh trínár bpunann bhrandaí a bhfuil iontaoibh astu. Soláthraímid ceannaireacht i bhfuinneamh, léirímid dár gcustaiméirí an todhchaí trínár gcláir bhranda agus mhargaíochta, spreagaimid iad stíl mhaireachtála leictreach a chothú.
- Tacú lenár gcustaiméirí trí thacú le beartais agus rialáil - Déanaimid an rud ceart trínár gcustaiméirí, ár bpobal, agus ár dtimpeallacht, agus tacaímid le beartais agus rialáil a chuireann ar ár gcumas go léir neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach agus cinntímid nach bhfágтар aon duine ar lár.

Cás-Staidéar Teicniúil

Comhdhlúthadán sioncronach agus roth lústair Ghob na Muine

Meaisín is ea comhdhlúthadán sioncronach a úsáidtear le cobhsaíocht na heangaí leictreachais náisiúnta a bhainistiú. Is é a chuspóir gan fuinneamh meicniúil a thiontú ina fhuinneamh leictreach, ach a cheadú dó freagairt do agus dul in oiriúint do dhálaí ar an eangach leictreachais lena chinntiú go leantar le cobhsaíocht a bhaint amach. Déanann sé é seo trí chumhacht imoibríoch a sholáthar do rialú voltais, dóthain táimhe a sholáthar chun tacú le minicíocht agus cumhacht ghearrchiorcaid a sholáthar do láidreacht an chórais.

Cuireann cumas rialaithe cumhachta imoibríoch an mheaisín rialú voltais níos fearr ar fáil. Is féidir seo a bhaint amach trí chumhacht imoibríoch a ghiniúint nó a ionsú go leanúnach agus pointe socraithe sonrach voltais bainte amach. Tá réimse cumhachta imoibríche idir +260 MVar agus -111 MVar ag an gcomhdhlúthadán sioncronach agus an roth lústair a cuireadh isteach ag Gob na Muine. Baintear táimhe, riamh anall san eangach leictreachais ó ghnáthghineadóirí rothlacha. Tá an táimhe seo bunriachtanach don eangach leictreachais mar gheall go gceadaíonn sé freagairt thapa ghearrthéarmach do theipeanna ar chórais. Ní sholáthraíonn teicneolaíochtaí eile aisioncronacha, cosúil le turibíní gaoithe agus cadhnraí, an táimhe seo. Mar gheall go ndearnadh stáisiún chumhachta thraidisiúnta a dhíchoimisiúnú agus go dteastaíonn treá in-athnuaite a mhéadú níos mó, tá comhdhlúthadán shioncronacha le glacadh le príomhról in oibriú na heangaí leictreachais.

Déanann an roth lústair a chur le comhdhlúthadán sioncronach táimhe an chórais trí chéile a mhéadú go mór. Tá rothlóir mór roth lústair sa chomhdhlúthadán sioncronach ag Gob na Muine atá ceangailte leis an bhfearsaid. Rothlaíonn an mhais throm seo ar a bhfuil

meáchan breis agus 130 tonna i gcás faoi dhálaí folúis le caillteanais de bharr frithchuimilte a laghdú. Gníomhaíonn an mhais rothlach mar chobhsaitheoir fisiciúil agus cúitíonn sé go huathoibríoch d'athruithe tobanna gearrthéarmacha ar chórais. Is féidir leis an gcomhdhlúthadán sioncronach agus an roth lústair táimhe 4,000MW a sholáthar, is é an chéad cheann dá shaghas in Éirinn agus is é an roth lústair is mó a cuireadh isteach ar domhan faoi láthair.

Príomhghné eile í cumhacht gearrchiorcaid atá bainteach i gcobhsú na heangaí. Táirgeann stáisiún chumhachta mhóra atá iontaisebhunaithe leibhéil i bhfad níos airde de chumhacht gearrchiorcaid ná mar a tháirgeann an ghiniúint in-athnuaite a ghineann a mhacasamhail d'aschur cumhachta. Táthar le deireadh a chur de réir a chéile le stáisiún chumhachta iontaisebhunaithe agus is féidir cumhacht gearrchiorcaid a ghiniúint ansin trí chomhdhlúthadán shioncronacha.

I measc na dtairbhí eile a bhaineann leis an teicneolaíocht siúd a úsáid ná tionchar carbóin laghdaithe oibríochtaí tarchuir agus na costais bhaic laghdaithe. Baintear an dá rud amach trína cheadú níos mó athnuaiteán a thabhairt isteach.

Mar gheall go bhfuil Éire leis an scair leictreachais ó athnuaiteán a mhéadú go dtí 80 faoin gcéad faoin mbliain 2030, tá a shuíomh ag Gob na Muine á chlaochlú ag ESB ina mhol fuinnimh ghlaís leis an tionscadal An tAtlantach Glas @ Gob na Muine. Tá ESB céim amháin níos giorra dá straitéis Neodracht a ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 a bhaint amach tar éis gur coimisiúnaíodh comhdhlúthadán sioncronach Ghob na Muine agus gur cuireadh an roth lústair is mó ar domhan isteach.

Taobh istigh d'fhoirgneamh an Chúititheora Shioncronaigh ag Gob na Muine



An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht a Bhainistiú

Mar fhóntas mór Éireannach ag a bhfuil láithreach shuntasach sa mhargadh uile-Oileáin (Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann), agus láithreach atá ag fás i margadh fuinnimh na Breataine Móire, tá díriú straitéiseach agus ESB ar athrú aeráide agus ar chaillteanas bithéagsúlachta mar an dá shaincheist is mó atá roimh an daonnacht inniu. Tá baint lárnach ag tiomantas do cheannaireacht i dtaobh astaíochtaí carbóin a laghdú agus tacú le leictriú an téimh agus an iompair i leith straitéis ESB. Tugann an gnólacht gealltanas i straitéis 'Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040' de chuid ESB, a foilsíodh go luath in 2022, d'astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2040. Chuireamar ár bhfeidhmíocht astaíochtaí in iúl don CDP ó 2009 agus bhaineamar scór B amach, ar leibhéal bainistíochta, inár gCeistneoir ar Athrú Aeráide 2022. Ghlac ESB páirt i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí in 2021.

Cuimsítear in inbhuanaitheacht, sa chiall is iomláine atá aici, tabhairt faoi oibríochtaí gnó go freagrach agus aire á tabhairt don tionchar ar an gcomhshaol. Leagtar amach i mbeartais ESB, an Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheacht agus an Beartas um Chearta Daonna san áireamh na prionsabail ardleibhéil chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna seo ar fud na heagraíochta. Oibrítear Córais Bhainistíochta Comhshaoil ar fud an Ghrúpa. Tuairiscíonn ESB ar a fheidhmíocht CSR gach bliain, nochtadh iomlán ar astaíochtaí carbóin díreacha agus indíreacha san áireamh.

Tuairiscíonn ESB ar riosca aeráide go saorálach faoin Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (an TCFD) agus áiríodh leis freisin nochtadh ina Thuarascáil Bhliantúil (leathanaigh 109-116) faoi Rialachán Tacsanomaíochta an AE, [Tuarascáil Bhliantúil ESB 2022](#).

Bunaíodh tionscadal CSR, ar ar tugadh an Clár um Chumasú Claochlaithe Inbhuanaitheachta (Clár STEP) chun tacú le tuairisciú agus rialachas níos fearr chun riachtanais níos mó rialála AE, infheisteoirí, agus pháirtithe leasmhara i rith na bliana. Is iad cuspóir agus bunspríocanna inghnóthaithe Chlár STEP sárfeidhmíocht Comhshaoil agus Shóisialta a chumasú trí na rudaí seo a leanas:

- Maoirseacht agus freagracht shóisialta a shuíomh i gceartlár ról gach duine in ESB trí rannpháirtíocht, forbairt ceannaireachta agus tacaíochtaí breise.
- Creat tuairiscithe níos fearr (caighdeáin, córais, próisis, eagrú, acmhainní, agus rialachas) agus cumarsáid sheachtrach a bhunú le trédhearcacht agus cuntasacht a sholáthar.



Athrú Aeráide ESRS E1

Tugtar cuntas sna beartais atá nasctha thíos ar conas a lorgaíonn ESB dul i ngleic le bainistíocht ar a thionchair ábhartha ar athrú aeráide, anuas ar rioscaí agus deiseanna ábhartha gaolmhara. Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaitníodh.

Beartais a bhaineann le hAthrú Aeráide:

[Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ESB Group](#)

[Beartas um Chearta Daonna ESB](#)

[Cód Eitice ESB](#)

Córais Bhainistíochta Comhshaoil

Mar aitheantas gur féidir lenár ngníomhaíochtaí gnó tionchair chomhshaoil a imirt, lorgaíonn ESB ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhealach a sholáthraíonn ardleibhéal cosanta dár dtimpeallacht nádúrtha agus cuireann siad leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus tugann siad tacaíocht i gcomhthráth d'fhorbairt gheilleagrach. Mar gheall ar chineál ár ngníomhaíochtaí, táimid faoi réir chaighdeáin dhiana reachtaíochta agus rialála comhshaoil trí cheadúnais agus ceadanna comhshaoil, mar shampla, a eisíonn údaráis Rialála ábhartha, gníomhaíochtaí ceadúnaithe iad oibríochtaí ár stáisiúin ghiniúna Teirmí, agus ní mór dúinn gach gné dá gCeadúnais Astaíochtaí Tionsclaíocha gaolmhara a chomhlíonadh. Déantar measúnú ar ghníomhaíochtaí neamhcheadúnaithe i rith próisis phleanála agus i rith coinníollacha ina dhiaidh sin, nuair a mheasann an t-údarás phleanála gur riachtanach.

Déanaimid dícheall sármhaitheas a bhaint amach inár n-iarrachtaí uile chun na dlíthe infheidhme agus na ceanglais rialála go léir a chomhlíonadh. Oibrímid trí chórais bhainistíochta a dheimhnítear go seachtrach ar aon dul le caighdeán ISO 14001:2015 ar fud ESB Group chun seo a bhaint amach. Lorgaímid deiseanna chun glacadh le dea-chleachtas, cosúil le cairt eangáil inbhuanaithe E.DSO agus Plean Uile-Éireann um Pailneoirí. Táimid tiomanta do ghlacadh lenár bpáirt mar ghnólacht freagrach trí chaighdeán atá ard a dhóthain de bhainistíocht comhshaoil a bhaint amach agus trí inbhuanaitheacht a leabú inár ngníomhaíochtaí go léir.

Leagtar an bhéim ar fhreagracht as bainistíocht comhshaoil in ESB ar fud na cuideachta ón mBord tríd an bPríomhfheidhmeannach, go dtí an bhainistíocht shinsearach go léir agus, ar a uain sin, chuig gach bainisteoir, maoirseoir, ceann foirne agus ball foirne. Tá Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir an Bhoird freagrach as maoirseacht ar straitéis, beartas agus comhlíonadh na cuideachta i gceisteanna sábháilteachta, sláinte agus comhshaoil agus as comhairle a chur ar an mBord i leith ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil. Tá an Fhoireann Stiúthóirí Feidhmiúcháin

(EDT) freagrach, i ndeireadh na dála, as inbhuanaitheacht a leabú agus as bainistíocht éifeachtach comhshaoil a chur i bhfeidhm laistigh dá limistéir freagrachta. Tá bainisteoirí tiomnaithe Comhshaoil i ngach aonad gnó laistigh de ESB a thuairiscíonn le bainisteoir sinsearach an aonaid gnó ábhartha agus a choimeádann an Bord, i ndeireadh na dála, ar an eolas ar gach ceist a bhaineann leis an gcomhshaol.

Teastaíonn modhanna daingne agus freagrúla ó ESB Group chun aon chasaoidí a láimhseáil a d'fhéadfadh teacht chun solais i measc an phobail i gcoitinne nó ó aon pháirtí leasmhar eile sochaíoch, bíodh gearáin ghinearálta nó gearáin de chineál comhshaoil i gceist leo. Tuairiscítear Teagmhais Chomhshaoil a thiteann amach faoi mar is gá leis na húdaráis cheadúnúcháin, mar shampla, trí Eden leis an GCC. Catagóirítear teagmhais ar aon dul le stádas tionchair, tromchúise agus géaraithe ar aon dul le riachtanais na gníomhaireachta comhshaoil áitiúla.

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Údarás poiblí é ESB chun críocha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2014-2018 ('Rialachán AIE'). Faoi na Rialachán AIE, tá baill den phobal i dteideal rochtain a iarraidh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá á coimeád ag nó ar son ESB nó ESB Networks DAC. Ní féidir ach faisnéis faoin gcomhshaol a iarraidh faoi na Rialachán AIE. Tugtar sainmhíniú fairsing ar an téarma seo sna Rialachán AIE agus baineann an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil agus an Ard-Chúirt tuiscint fairsing as, áfach.

Údaráis phoiblí ar leith faoi na Rialachán AIE iad ESB agus ESB Networks DAC agus tá faisnéis faoi conas iarraidh a dhéanamh ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ar ESB nó ESB Networks DAC ar fáil ag na naisc seo a leanas le láithreán gréasáin na cuideachta [Cosaint Sonraí agus AIE \(esb.ie\)](#) agus www.esbnetworks.ie/environmental-information-requests.

An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht a Bhainistiú (ar lean)

Staitisticí faoi na Rialacháin AIE

	ESB 2022	ESB Networks DAC 2022	ESB 2021	ESB Networks DAC 2021	ESB 2020	ESB Networks DAC 2020
Iarrataí nua ar AIE	19	11	21	9	18	6
Iarrataí tugtha anonn ón mbliain féilire roimhe sin	4	0	0	1	1	0
Iarrataí i gcomparáid leis an gcéad bhliain féilire eile	3	0	4	1	0	1
Iarrataí a Deonaíodh/a Deonaíodh go Páirteach	15	5	11	2	11	3
Iarrataí a Diúltaíodh	4	4	4	3	6	1
Iarrataí a Aistríodh	0	0	0	4	0	0
Iarrataí a Aistarraingíodh	1	0	2	0	2	1
Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach	1	1	7	4	6	1
Iarrataí a rinneadh a achomharc leis an OCEI	2	1	4	1	4	1

Feidhmíocht Comhshaoil

Fíneálacha agus smachtbhannaí móra neamhairgeadaíochta ar neamhchomhlíonadh dlíthe agus/nó rialacháin comhshaoil i dtaobh:

	2022	2021	2020
(i) Luach iomlán airgeadaíochta fíneálacha móra	€1,000 ¹	0	0
(ii) Líon iomlán smachtbhannaí neamhairgeadaíochta	0	0	0
(iii) Cásanna a tugadh trí mheicníochtaí réitigh díospóidí	0	0	0

* GRI 307-1(a)

Nótaí leis an Tábla:
1. D'eisigh an GCC imeachtaí in aghaidh ESB Networks DAC in Iúil 2020. Áiríodh leis na himeachtaí seo sé chion ar leith a líomhnaigh gur theip ar shileadh (SF₆) a dheisiú gan moill mhíchui san fhostaísiún sa Cheathrú Dhóite Theas, Contae an Chláir. Tugadh an cheist roimh an gCúirt Dúiche an 30 Meitheamh 2022. D'iontráil ESB Networks DAC pléadáil chiontach maidir le ceann amháin de na cionta agus d'aistarraing an GCC na cúig chion eile. Chuir an Chúirt Dúiche an phléadáil chiontach i dtaifead agus gearradh fíneáil €1,000.

Ráiteas Feidhmíochta Comhshaoil

Anuas ar na smachtbhannaí a luaitear thuas, ba mhaith linn trácht a dhéanamh ar an méid seo a leanas (GRI307-1(b)):

Iascaigh ESB

Oibríonn ESB roinnt stáisiúin ghiniúna hidrileictrí ar an tSionainn, an Éirne, an Laoi, an Life agus córais abhann na Cláidí agus Chroithlí agus tugann sé faoi obair fhorleathan forbartha agus caomhnaithe iascaigh mar phríomhúinéir iascaigh. Oibríonn ESB trí ghorlann chaomhnaithe bradán ar dhobharcheantair na Sionainne, na hÉirne agus na Laoi le stoic a chaomhnú.

Thit dhá imeacht amach ag an ngorlann bhradán sa Pháirtín inar maraíodh iasc i rith na bliana agus caitheann foireann Caomhnaithe Iascaigh ESB leis na teagmhais seo go tromchúiseach. Thit géarimeacht básmhaireachta éisc amach an 30 Aibreán 2022 inar thángthas ar beagnach 100,000

gealóg chéadbheathaithe (bradáin óga) agus iad marbh, as stoc iomlán 120,000. Deimhníodh tar éis anailís tréidlia a dhéanamh ar na básanna gur dhóchúla gurbh é blás algach laistigh den soláthar uisce a glacadh ó Abhainn na Sionainne ba chúis leis an imeacht seo.

Thit an dara himeacht básmhaireachta amach an 4 Samhain 2022, nuair a thángthas ar 78 bradán fásta baineann agus iad marbh in aon umar amháin mar gheall ar dhíothacht ocsaigine. Tar éis do Salmo Salar imscrúdú neamhspleách tríú páirtí a dhéanamh, tosaíodh oibreacha sibhialta le soláthar cúltaca éigeandála ocsaigine a sholáthar do na humair éisc taobh leis an abhainn.



Oibreacha sibhialta soláthair cúltaca éigeandála ocsaigine ar siúl ag Gorrann an Pháirtín

An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht a Bhainistiú (ar lean)

ESB Networks

Cuireann ESB Networks Tuarascáil Feidhmíochta Comhshaoil Bhliantúil le chéile gach bliain. Áireofar le roinnt de bhuaicphointí thuarascáil 2022:

- Lean ESB Networks le deimhniúchán seachtrach a choimeád dá EMS i leith Chaighdeán idirnáisiúnta ISO 14001 in 2022, agus baineadh athdheimhniúchán amach i Samhain 2022.
- Tháinig laghdú breise ar astaíochtaí carbóin a bhaineann le flíit agus trealamh ESB, Gás (SF₆), agus Foirgnimh.
- Lean ESB Networks le breis agus 2.4 milliún méadar leictreachais a ionadú i dtithe, feirmeacha, agus gnólachtaí le mhéadair chliste den chéad ghlúin eile chun tacú leis an aistriú chuig líonra leictreachais ísealcharbóin. Ba phríomhbhliain é 2022 don tionscadal, de réir mar a sháraíomar 1 mhilliún méadar cliste a bheith curtha isteach againn. Faoi dheireadh 2022, bhí 1.1 milliún méadar cliste curtha isteach, in ainneoin saincheistanna maidir leis an slabhra soláthair domhanda. Cuirtear seo i gcomparáid le 622,000 méadar a bheith curtha isteach ag deireadh 2021.
- Críochnaíodh Tionscadal Dhaingean Uí Chúis, agus leanann ESB Networks leis an méid a foghlaimíodh ó agus an léargas ó Thionscadal Dhaingean Uí Chúis a roinnt le cuideachtaí eile fónais fuinnimh, an lucht déanta beartas, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara ar spéis leo go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Rinneadh na sonraí a gineadh mar chuid den tionscadal a lua gan ainm chomh maith agus tá siad ar fáil d'eagraíochtaí a dhéanann taighde ar mhaithe le cuspóirí taighde agus anailíse amach anseo.
- D'eisigh an GCC imeachtaí in aghaidh ESB Networks DAC in Iúil 2020. Áiríodh leis na himeachtaí seo sé chion ar leith a líomhnaigh gur theip ar shileadh (SF₆) a dheisiú gan moill mhíchúil san fhostáisiún sa Cheathrú Dhóite Theas, Contae an Chláir. Tugadh an cheist roimh an gCúirt Dúiche an 30 Meitheamh 2022. D'iontráil ESB Networks DAC pléadail chiontach maidir le ceann amháin de na cionta agus d'aistarraing an GCC na cúig chion eile. Chuir an Chúirt Dúiche an phléadail chiontach i dtaifead agus gearradh fíneáil €1,000. Rinneadh an trealamh a shil san fhostáisiún a athsholáthar in 2019.

Cairt E.DSO

Ghlac ESB Networks agus NIE Networks araon le Cairt Eangaí Inbhuanaithe an Eintitis Eorpaigh d'Oibreoirí Córas Dáileacháin (E.DSO) mar léiriú intinne maidir lena dtiomantas d'inbhuanaitheacht i dtaobh athrú aeráide, a lorg carbóin a laghdú agus tionchair níos fairsinge chomhshaoil agus shochoíocha a laghdú.

Gearáin Chomhshaoil

Leagtar amach ar láithreán gréasáin ESB (www.esb.ie), cainéil éagsúla le tuairisciú go díreach leis na príomhghnólachtaí a dhéileálann le custaiméir in ESB Group, le ESB Networks Teoranta agus Electric Ireland, agus déantar amhlaidh ar láithreán gréasáin NIE Networks Teoranta freisin (www.nienetworks.co.uk). Buntacaíonn cairt chustaiméirí, cód cleachtais agus nós imeachta um láimhseáil gearán, ina luaitear na hionchais feidhmíochta shoiléire go poiblí iontu uile, anuas ar oibleagáid rialála tuairisciú a dhéanamh faoi chúinsí áirithe, leis an bpróiseas do gach ceann de na haonaid ghnó seo a dhéileálann leis an bpobal. Baineann na cainéil ghearán seo go príomha le gearáin ghinearálta ghnó nó chustaiméirí, ach déantar gach gearán a chur faoi bhráid na gcodanna cuí den gnólacht atá freagrach as réiteach, áfach.

ESB Networks Teoranta

Tá cairt chustaiméirí ina dtugtar cuntas ar 12 ráthaíocht i dtaobh na seirbhíse dáileacháin do chustaiméirí ag ESB Networks. Gníomhaíonn Ionad Cúraim Custaiméirí chomh maith mar an chéad phointe teagmhála <https://www.esbnetworks.ie/help-centre..>

NIE Networks

Tá mar aidhm ag NIE seirbhís den chéad scoth agus luach ar airgead a sholáthar dá gcustaiméirí go léir. Is féidir teacht ar a chairt chustaiméirí, a chód cleachtais agus a líne chabhrach cúraim custaiméirí trí láithreán gréasáin na cuideachta, www.nienetworks.co.uk

I measc na mbealaí eile le gearáin chomhshaoil a chlárú, tá tuairisciú le húdaráis áitiúla agus Rialálaithe Comhshaoil do stáisiúin cheadúnaithe ghiniúna.

Bithéagsúlacht



Áirítear leis an téarma "bithéagsúlacht", go bunúsach, gach rud beo ar domhan. Glacann bithéagsúlacht le ról ríthábhachtach i bhfeidhm an éiceachórais. Anuas ar a gcumas leanúnach seirbhísí éiceachórais a sholáthar, cuireann bithéagsúlacht aer glan, uisce, bia, breosla, cógais, caitheamh aimsire, pailniú, torthúlacht ithreach, rialáil aeráide agus maolú ó theagmhais adhaimsire ar fáil don daonra daonna. Tá meath ag teacht ar an mbithéagsúlacht go domhanda agus in ainneoin feasacht mhéadaithe shóisialta agus iarrachtaí níos mó polaitiúla le stad a chur lena caillteanas, leanann gníomhaíochtaí an duine ag bagairt ar an mbithéagsúlacht, róshaothrú ar speicis fhiáine agus talamh a thiontú ina húsáid talmhaíochta agus thionsclaíoch san áireamh. Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí ESB ná giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar leictreachais. Tá freagracht ar ESB Group astu seo a bhainistiú ar bhealach a sholáthraíonn ardleibhéal cosanta don timpeallacht nádúrtha agus a chuireann le forbairt inbhuanaithe an gheilleagair.

Príomhgné de chur chuige ESB Group i leith bainistíocht comhshaoil is ea gníomhaíochtaí a bhainistiú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an mbithéagsúlacht. Soláthraíonn struchtúr Chórais Bhainistíochta Comhshaoil ESB an mheicníocht trína ndéantar na húdruithe riachtanach reachtúla áitiúla, na nósanna imeachta oibriúcháin agus na bearta agus na cláir feabhsúcháin a fhorbairt agus a chothabháil.



Bithéagsúlacht agus Éiceachórais ESRS E4

Tugtar cuntas sna beartais atá nasctha thíos ar conas a lorgaíonn ESB dul i ngleic le bainistíocht ar a thionchair ábhartha ar athrú aeráide, anuas ar rioscaí agus deiseanna ábhartha gaolmhara. Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Beartais a bhaineann le Bithéagsúlacht agus Éiceachórais:

[Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ESB Group](#)

Tionchair Oibríochtúla ar Bithéagsúlacht a Bhainistiú

D'fhorbair ESB Group Beartas Bithéagsúlachta a bhuntacaíonn le Ráiteas Beartais um Bainistíocht agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil ESB Group. Is í an aidhm a luaitear leis an mbeartas an comhthéacs a leagan amach ina ndéanfaidh ESB iarracht a ghníomhaíochtaí a bhainistiú lena sheachaint tionchar suntasach a imirt ar ghnáthóga, speicis nó gnéithe eile den oidhreacht náisiúnta agus, sa chás gurb indéanta, feabhas a chur ar bhithéagsúlacht. Anuas air sin, tá Caighdeán Grúpa a bhaineann le Bithéagsúlacht i bhfeidhm, ina bhfuil 24 beart discréideach lena chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí ESB a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe maidir le bithéagsúlacht. Leagtar amach sa chaighdeán comhshaoil seo na riachtanais le tionchair fhéideartha ar bhithéagsúlacht a shainaithint agus é ina aidhm na tionchair seo a sheachaint nó a mhaolú agus, sa chás gurb indéanta, obair le feabhas a chur ar bhithéagsúlacht.

Cuimsítear sa líonra suíomhanna cosanta i bPoblacht na hÉireann iad siúd atá ainmnithe faoi reachtaíocht an AE, is é sin, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPÁ), anuas orthu siúd atá ainmnithe faoi reachtaíocht náisiúnta, is é sin, Limistéir Oidhreacht Nádúrtha (NHA) ainmnithe. Lean SACanna agus SPAanna i dTuaisceart Éireann lena stádas cosanta a choimeád faoin reachtaíocht náisiúnta mar chuid d'aistarraingt an RA ón AE. Limistéir Leasa Eolaíochta Speisialta (ASSI) iad suíomhanna eile atá ainmnithe faoi reachtaíocht náisiúnta i dTuaisceart Éireann.

Déantar na gníomhaíochtaí uile oibríochtúla agus cothabhála a bheartaítear a scagadh ag luathchéim céim lena dheimhniú cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (EIA), Measúnacht Chuí (AA), Measúnú ar an Tionchar ar an Éiceolaíocht (EcIA) nó Cead Pleanála.

Breithnítear tionchair bhithéagsúlachta i ngach limistéar ina bhfuil sócmhainní reatha nó ina mbeartaítear sócmhainní nua atá gar do shuíomhanna ainmnithe (faoi mar a leagtar amach i reachtaíocht náisiúnta, réigiúnach nó an AE), anuas ar ghnéithe eile neamhainmnithe leasa éiceolaíochta.

Go comhfhreagrach, cuirtear teoracha agus modhanna sonracha oibre i bhfeidhm lena chinntiú go gcosnaítear

Bithéagsúlacht (ar lean)

bithéagsúlacht ina gcuimsítear na gnáthóga agus na speicis go léir taobh istigh agus lasmuigh de láithreáin ainmnithe, i rith agus i ndiaidh na n-oibreacha siúd. Fostaíonn ESB Group roinnt foirne speisialtóra comhshaoil, éiceolaithe gairmiúla san áireamh, agus oibríonn sé creat sainchomhairleoirí a bhaineann le héiceolaíocht talún, fionnuisce agus mhuirí. Tá baint ag foireann éiceolaíochta ESB, atá bunaithe in Innealtóireacht agus Mórthionscadail, i rith céimeanna uile tionscadal, idir indéantacht/dícheall cuí/céim roghnaithe láithreáin, trí chéim an dearaidh, tógáil agus oibriú forbartha. Soláthraíonn siad ceardlanna spriocdhírthe oiliúna agus feasachta ar bithéagsúlacht freisin dá gcomhghleacaithe in ESB agus soláthraíonn siad tacaíocht chomhairleach maidir le ceisteanna sonracha ó limistéir ar fud ESB Group.

Ag Bogadh chun Cinn maidir le Bithéagsúlacht

Tá pleananna á gcur chun cinn ag ESB trí 2022 i dtaobh tacú le cur chuige 'Dearfach Dúlra' ('Nature Positive') i leith a oibríochtaí agus a tionscadal. Lean ESB lena athbheithniú ar bithéagsúlacht a thabhairt chun cinn ag gach gabháltas ábhartha, agus é mar aidhm an méid gnéithe éiceolaíochta atá ag suíomhanna Sócmhainne ESB a shainaithint agus a chainníochtú agus moltaí spriocdhírthe a bhaineann go sonracha le suíomh a fhorbairt ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht, sa chás gurb indéanta. D'fhreastail an fhoireann ar an gComhdháil Náisiúnta Bhithéagsúlachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meitheamh, agus tá aighneacht déanta ag ESB ó shin leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an RTRÁO) i dtaobh an chomhairliúcháin phoiblí ar an dréachtleagan den 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (NBAP). Rinne ESB an t-idirchaidreamh a bhaineann go sonracha le bithéagsúlacht a bhreisiú le príomhpháirtithe i bhfóntais eile agus san earnáil chomhshaoil níos fairsinge. Mar thoradh air seo, roghnaíodh ESB i Samhain bheith mar rannpháirtí

ceannais i gclár píolótach an Ardáin Bithéagsúlachta Gnó don Bhithéagsúlacht, a chuirfidh forbairt a Chleachtais Pobail chun cinn i rith 2023.

Tá an t-aistriú chuig geilleagar Éireannach atá dearfach i dtaobh dúlra á thabhairt chun cinn ag Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann (Business for Biodiversity Ireland), ina bhfeabhsaíonn gníomhaíochtaí gnó córais nádúrtha agus ina n-íoslaghdaíonn siad an tionchar, trí acmhainn fuinnimh agus nuálaíochta gnólachtaí Éireannacha a shaothrú. Tionscnamh é nach bhfuil aon chleamhnú nó clár polaitiúil aige seachas cur le fóirú Fhís na hÉireann don Bhithéagsúlacht: *'Déantar luach a léiriú ar an mbithéagsúlacht in Éirinn faoin mbliain 2050 agus déantar í a athchóiriú agus a úsáid go hinbhuanaithe, agus déantar seirbhísí éiceachórais a chothabháil, déantar pláinéad folláin a chothú agus soláthraítear tairbhí atá bunriachtanach do gach duine.'* Tá an tArdán ilpháirtí leasmhair á bhunú trí úsáid a bhaint as síolchistiú, a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an DAFM) ar fáil i rith tréimhse trí bliana. Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (an INSB) agus Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) ag tacú le forbairt an Ardáin.

Príomhchuspóir soláthair é an tionscnamh sa Dréacht-4ú NBAP, agus tá ESB ag tnúth le hidirchaidreamh cuiditheach a dhéanamh leis na rannpháirtithe eile sa chlár píolótach ó limistéir ar fud earnáil ghnó na hÉireann.

Tuigean ESB gur síníodh Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Mhontréal i mí na Nollag 2022 ag comhdháil Bhithéagsúlachta COP15 na Náisiún Aontaithe i Montréal. Tá spriocanna agus cuspóirí sa chreat seo a dhíríonn ar an dúlra a chosaint agus a athchóiriú, lena chinntiú go mbaintear úsáid inbhuanaithe as agus mar infheistíochtaí spreagtha do gheilleagar domhanda glasa. Áirítear leis an gcomhaontú seo roinnt príomhspriocanna domhanda, 30% d'éiceachórais a athchóiriú a rinneadh a dhíghrádú go domhanda (ar talamh agus ar mhuir) faoin mbliain 2030, 30% de limistéir (limistéir thalún, uisce intíre, agus chósta agus mhuirí) a chaomhnú agus a bhainistiú faoin mbliain 2030 agus dul i ngleic le hathrú aeráide trí réitigh dhúlraibhuanaithe. Díríonn toradh suntasach an chomhaontaithe ar fheabhas a chur ar ghníomh gnó i leith bithéagsúlachta, ina mbeidh ar chuideachtaí móra agus institiúidí airgeadais monatóireacht, measúnú agus nochtadh a dhéanamh go rialta ar rioscaí, brath agus tionchair ar bithéagsúlacht anuas ar eolas a sholáthar do thomhaltóirí le hídú inbhuanaithe a chur chun cinn.

Lasmuigh de láithreáin ainmnithe, deantar agus pleanáiltear forbairtí agus gníomhaíochtaí ESB lena sheachaint tionchar a imirt ar an mbithéagsúlacht, ar aon dul leis an mBeartas Bithéagsúlachta agus Caighdeán Grúpa thuasluaite. Sa chás go bhféadfaí tionchair a imirt ar an mbithéagsúlacht, tugtar faoi bhearta le tionchair a sheachaint agus a laghdú. Mar shampla, leantar le faisnéis a thabhairt d'fhoireann agus conraitheoirí ESB faoin tionchar diúltach féideartha a d'fhéadfadh leathadh speiceas ionrach, cosúil le Glúineach Bhiorach, feabhrán capaill, balsam Himiléach, gunnaire agus róslabhras, a imirt. Nuair is eol go bhfuil na speicis siúd ag fás i ngar do shócmhainní ESB, lorgaítear comhairle ó éiceolaithe agus nuair is gá, fostaítear sainchonraitheoirí le haon fhíniú a bhainistiú agus a rialú le cosc a chur ar leathadh nó ar dhul i bhfeidhm breise ar an mbonneagar.



Bithéagsúlacht (ar lean)

Oibriú i Limistéar Ardluacha Bithéagsúlachta

Níl tromlach mór shócmhainní ESB Group suite laistigh de shuíomhanna ainmnithe. Leagtar amach sa tábla thíos an méid measta atá sócmhainní éagsúla ESB Group laistigh de shuíomhanna ainmnithe i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Áirítear le samplaí de na saghsanna seo de shuíomhanna SPAanna, SACanna, NHAanna (Poblacht na hÉireann amháin) agus ASSlanna (TÉ amháin).

Poblacht na hÉireann:

	Iomlán	Laistigh de SAC	Laistigh de SPA	Laistigh de NHA
Tailte faoi úinéireacht ESB/Léas Urthrá	80 km ²	21 km ²	40 km ²	2 km ²
Caibinéid agus Pliontaí MV (10kV agus 20kV)	274,450	2,583	1,975	109
Stáisiúin Ardvoltais (38kV, 110kV, 220kV agus 400kV)	808	1	14	1
Línte Lasnairde idir 38kV agus 400kV (ciliméadar)	12,703 km	301 km	188 km	42 km
Cábla idir 38kV agus 400kV (ciliméadar)	2,165 km	31 km	80 km	4 km

Tuaisceart Éireann:

	Iomlán	Laistigh de SAC	Laistigh de SPA	Laistigh de ASSI
Tailte faoi úinéireacht NIE (Bunachar Talún) / Léas Urthrá	0	0	0	0
Caibinéid agus Pliontaí MV (idir 6.6kV agus 33kV)	n/a	4	4	12
Stáisiúin Ardvoltais (110kV agus 275kV)	0	0	0	0
Línte Lasnairde idir 110kV agus 275kV (ciliméadar)	2,200km	1.6km	4.15km	7.1km

Tá tromlach na talún faoi rialú ESB atá suite laistigh de shuíomhanna ainmnithe i bPoblacht na hÉireann bainteach leis an réadmhaoin hidreachumhachta faoi seach agus lena ndobharcheantair ghaolmhara réamhtheachta. Tá ESB Networks freagrach freisin as mórchuid sócmhainní laistigh de shuíomhanna ainmnithe, cosúil le fostáisiúin, línte lasnairde agus cáblaí faoin talamh. Tugtar aon fhorluí ar na sócmhainní seo le suíomhanna ainmnithe le fios ar chórais léarscáilithe inmheánacha ESB Networks.

Rinneadh forálacha na Treorach maidir le Gnáthóga a chomhtháthú i bPoblacht na hÉireann isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú). I gcomhréir leis an reachtaíocht thuasluaite, nuair a bheartaítear tionscadail nó gníomhaíochtaí, tugann ESB faoi Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (AA) chun measúnú a dhéanamh, agus aird ar an eolas eolaíochta is fearr agus ar na cuspóirí caomhnaithe faoi seach do shuíomhanna ábhartha Eorpacha, más dóchúil go n-imreoidh oibreacha nó gníomhaíochtaí a

bheartaítear, ar bhonn aonair nó i dteannta le pleananna nó tionscadail eile tionchair mhóra ar shuíomhanna Eorpacha. I gcomhthéacs tionscadail bonneagair leictreachais in Éirinn, baintear an díolúine d'fhorbairtí a dtugtar díolúine dóibh de ghnáth ó riachtanais phleanála nuair a cheanglaítear AA a dhéanamh faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú). Dá réir, deimhneoidh an Scagadh le haghaidh AA, sna cásanna siúd, cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn cead pleanála ó thionscadal nó ó ghníomhaíocht. Leis an Scagadh siúd agus aon mheasúnuithe eile a éascú, baineann ESB leas as saineolas a sainfhoirne inmheánaí agus a shainchomhairleoirí creata sheachtraigh.

Tá thart ar 3,500 ciliméadar de líne lasnairde 11kV (nó faoina bhun) i suíomhanna cosanta oidhreachta nádúrtha. Tá na suíomhanna uile seo léarscáilithe ar a chórais. Déanann NIE Networks idirchaidreamh leis an NIEA go rialta leis an toiliú riachtanach a fháil agus le haontú ar na próisis riachtanacha lena gcloífear ar na suíomhanna uile siúd lena chinntiú go ndéantar a ngnéithe a chosaint agus go seachnaítear míbhainistíocht.

San áit a dteastaíonn maolú nó nuair a chuirtear coinníollacha pleanála i bhfeidhm, cloítear leo seo agus déantar monatóireacht orthu lena chinntiú go n-imrítear tionchar íosta orthu fad a dhéantar obair. Leanann ESB le measúnú a dhéanamh ar thionchar a oibríochtaí i gcomhréir lena oibleagáidí. Nuair is gá, iniúchtar tionscadail agus gníomhaíochtaí forbartha le héifeachtacht phróisis bhithéagsúlachta a chinntiú.

Cás-Staidéar

Gníomh leanúnach pailneoirí ag Ionad Oiliúna ESB Networks, Port Laoise

Mar phríomhpháirtí leasmhar de chuid an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP), gheall ESB do na deiseanna a thapú chun bainistíocht bhreise a dhéanamh ar thírdhreacha a thacaíonn le pailneoirí atá laistigh dá phunann réadmhaoine, nuair a thagann seo le riachtanais sábháilteachta, oibríochtaí gnó agus bhainistíochta réadmhaoine. Leanann ESB le heolas faoi shuíomhanna sócmhainne a chur le chéile agus é ina chuspóir codanna de shuíomhanna a shainaithint atá oiriúnach do thacú le pailneoirí, trí ghníomhartha éagsúla cosúil le mionathruithe ar chórais ghearrtha féir nó gnáthóga nua a chruthú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ag Ionad Oiliúna ESB Networks i bPort Laoise, ina bhfuil roinnt limistéar den suíomh 14 heicteár (a bhainfí go rialta riamh anall) anois faoi réir córais mhóinéir ghearrbhláthaithe agus fadbhláthaithe araon. Tá an dealramh air go raibh ag éirí leis láithreach, agus bhí báinseach éagsúil bhláthanna fiáine le tabhairt faoi deara sa chéad séasúr fáis, dhá speiceas de mhagairlín ina measc. Pléadh an phraiticiúlacht a bhaineann leis na córais bhainte le foireann ESB Networks atá freagrach as bearradh féir agus tírdhreachú, agus tá na ceachtanna a foghlaimíodh le tabhairt le chéile agus le húsáid chun eolas a chur ar fáil dá dtabhairt isteach níos fairsinge ag suíomhanna eile ESB. Cuireadh comharthaíocht eolasach a baineadh ó láithreán gréasáin an Phlean Pailneora in airde ar fud an tsuímh, agus baineadh triail i socrúchán mic léinn samhraidh as cóid mhearfhreagartha a úsáid do chomharthaíocht amach anseo le léitheoirí a thabhairt chomh fada le hacmhainní ábhartha ar líne. Leanfar le córais bhainte a thacaíonn le pailneoirí i rith 2023 agus ina dhiaidh sin, agus déanfar gníomhartha breise cosúil le machnamh ar bhleibíní agus ar chrainn a chur.



Bithéagsúlacht (ar lean)

Cás-Staidéar

Lochán na hÓmaí

Is gá an fásra a ghearradh dhá uair sa bhliain ar líne lasnairde 110kV na hÓmaí-an tSratha Báin leis na crainn a choimeád ag fad sábháilte amach ón líne. Rinne úinéir talún áitiúil teagmháil le NIE Networks trí Fhiadhúlra Uladh (Ulster Wildlife) agus moladh 'lochán' nádúrtha a chruthú ar a thalamh phortaigh faoi stráice den líne. Déantar seo go fairsing ar fud na hEorpa agus léiríonn staidéir go dtagann méadú suntasach ar an mbithéagsúlacht sna limistéir siúd. Bainfidh NIE Networks sochair ó choigiltí ama agus costais ar phatrólú agus gearradh amach anseo, agus cruthófar an iomaí tairbhe bhithéagsúlachta, déanfar níos lú díobhála ar bhonn leanúnach don ghnáthóg reatha, cruthófar gnáthóg nua ar féidir léi fothain a chur ar fáil, deiseanna beathaithe agus póraithe ina measc, agus méadóidh seo éagsúlacht agus flúirse na speiceas, déanfaidh sé caonach móna a athghiniúint san uisce bodhar, bainfidh sé crainn neamhdhúchasacha agus méadóidh sé gabháil carbóin de réir mar a thagann athghiniúint ar an talamh phortaigh. Tar éis go ndéanfar an gearradh sceidealaithe 2 bhliain agus i rith gearradh pleanáilte cumhachta ar an líne, rinneadh na crainn ghearrtha, na bunáin a bhí fós ann agus an dromchla uachtarach a bhaint síos go dtí an tsraith 'tille oighrí' agus rinneadh é a charnadh timpeall ar na taobhanna le 'lochán' 175 x 15 x 1m ar méid a chruthú - líontar an limistéar seo ansin go nádúrtha le huisce báistí. Bailíodh na bolláin mhóra le chéile ar thángthas orthu le hoileán a chruthú le cosaint a sholáthar ó chreachadóirí fad a fhásfaidh an fásra mórthimpeall.



Roimh



I rith



I ndiaidh

Cás-Staidéar

Oibreacha Athchóirithe Thalamh Phortaigh RSPB

Ranníoc NIE Networks £8,000 le tionscadal athchóirithe talamh phortaigh an RSPB, go dtabharfaidh RSPB TÉ faoi chéim réamh-indéantachta ar an méid a bheidh i gceist leis an gcéad chéim le tionscadal bailíochtaithe Cód Tailte Portaigh a fhorbairt. Cuimsítear ann sin:

- An réimse suíomhanna féideartha a thabhairt le chéile agus a thuiscint
- Feasacht foirne a mhúscailt ar phróiseas an Chóid Tailte Portaigh
- Seasamh/saincheisteanna dlíthiúla a fhiosrú i dtaobh suíomhanna sonracha a úsáid
- Plé tosaigh le comhpháirtithe féideartha, do shuíomhanna lasmuigh d'eastát an RSPB
- Pleanáil tosaigh acmhainní (foireann agus buiséad) leis an tionscadal a fhorbairt.

Teastóidh ón obair go ndéanfar oibrithe taithíocha agus oilte a imlonnú le staid reatha tailte portaigh i dTuaisceart Éireann a dheimhniú, foireann suirbhéireachta tuaithe agus sainfhoireann tacaíochta Dlí san áireamh le hathbhreithniú a dhéanamh ar aon dlíthe gaolmhara/oibleagáidí gníomhais/cearta tríú páirtí.

Thug an RSPB cistiú meaitseála comhionann le tabhartas NIE Networks, a cheadaigh don tionscadal tosú i Ráithe a hAon 2022. Táthar ag súil leis go gcuirfidh an obair go mór le RSPB TÉ chun tailte portaigh faoi bhagairt Thuaisceart Éireann a chosaint agus a fheabhsú.



Bithéagsúlacht (ar lean)

Cás-Staidéar

Feirm Ghréine Thigh Mochua Thuaidh

Comhfhiontar le Bord na Móna é tionscadal Fheirm Ghréine Thigh Mochua Thuaidh Tigh Mochua Thuaidh. Is éard atá ann ná feirm ghréine 70 meigeavata a thógáil ar phortach ardaithe réitithe i dTigh Mochua, Contae Chill Dara. Sainaithníodh roinnt príomhghabhdóirí éiceolaíochta ag an suíomh mar chuid den Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol, dhá speiceas féileacáin san áireamh nach dtagtar go minic orthu - fritileán réisc (Euphydryas aurinia) agus léimneoir beag (Thymelicus sylvestris). Speicis faoi chosaint dlíthiúil Eorpach é an fritileán réisc atá liostaithe in Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga, agus is speiceas féileacáin é léimneoir beag a dtagtar go rí-annamh air agus is ag Tigh Mochua Thuaidh atá an t-aon daonra póraithe in Éirinn a bhfuiltear eolach air. Le haon tionchair fhéideartha ar an speiceas féileacáin seo nach dtagtar go minic air a íoslaghdu agus a sheachaint, ullmhaíodh Plean Bainistíochta mionsonraithe Lepidoptera don suíomh i gcomhairle le Butterfly Conservation Ireland (BCI). Tá sa Phlean seo bearta a bhaineann go sonrach leis an suíomh leis an speiceas seo féileacáin a chosaint: monatóireacht dhian éiceolaíochta a dhéanamh ar an speiceas féileacáin roimh an tógáil agus tar éis na tógála, criosanna maolánacha éiceolaíochta cosanta a úsáid ó láithreacha inarb eol go bhfuil labhra féileacáin iontu agus ó limistéir a bheadh ina ngnáthóg oiriúnach, agus Éiceolaí Tionscadail tiomnaithe a sholáthar a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na mbeart seo ar an láthair i rith tógála. Cuimsítear sa Phlean chomh maith scrobarnach a bhainistiú ar an suíomh le gnáthóg níos oiriúnaí a sholáthar don speiceas seo. Glanfar scrobarnach i gcomhairle le BCI, a ndearnadh teagmháil rialta leo roimh agus i rith thógáil na feirme gréine. Cinnteoidh cur i bhfeidhm na mbeart seo a dtugtar cuntas orthu sa Phlean go dtugtar an leibhéal is airde de chosaint don speiceas seo féileacáin nach dtagtar go minic orthu.



Bainistíocht Fuinnimh



Baintear éifeachtúlacht fuinnimh amach i measc fostaithe trínár ndíriú ar chaomhnú fuinnimh laistigh dár n-oibríochtaí agus conas is féidir le hathrú iompraíochta cur le héifeachtúlachtaí fuinnimh i bhfuinneamh foirgnimh, ídiú breosla feithiclí agus ualaí eile fuinnimh oibríochtúil, a gcuireann gach ceann díobh le huaillmhian níos fairsinge Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 de chuid ESB. I rith 2022, lean ESB leis an gcóras bainistíochta fuinnimh trasghnó a chur i bhfeidhm, a fhorbairt agus a leabú, a chumhdaigh oibriú fhuinneamh ár bhfoirgneamh agus ár bhflít ar fud oibríochtaí ESB Group in PÉ. Cuireadh ídiú bliantúil thart ar 70,000 GWh i gcuntas in 2021. D'éirigh linn athdheimhniúchán i leith ISO50001:2018 a bhaint amach tar éis iniúchta i Samhain/Nollaig 2022 a rinne ár n-iniúcháirí, NQA. Tabharfar cúig shuíomh bhreise faoi scóip an chórais bainistíochta fuinnimh i rith 2023, mar iarracht le haimsiú bainistíochta struchtúraí fuinnimh a fhairsingiú agus feabhsúcháin bhreise ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhéanamh.

Úsáidfear an Córas Bainistíochta Fuinnimh le coigiltí breise a bhaint amach in aghaidh na spriocanna méadaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh 51% agus dearbhlaghduithe 51% ar astaíochtaí carbóin don bhliain 2030. Osclaíodh ár gceanncheathrú úrscothach nua, F27, i rith 2022 lena háitiú i ráithe 2. Críochnaíodh tionscadail bhreise iarfheistithe dhomhain ar dhá cheann de na láithreacha is mó de chuid ESB Networks, Fionnghlas agus Baile na Lobhar, agus soláthraíodh clár forleathan uasghrádaithe ar shoilsiú LED. Rinne píblíne de thionscadail iarfheistithe foirgnimh a fhorbairt, a sholáthrófar in 2023 agus ina dhiaidh sin, dul chun cinn suntasach freisin.

Mar iarracht le dícharbónú ár bhflít feithiclí a thabhairt chun cinn, tá tástáil leanúnach á déanamh ag ESB Networks ar an margadh i dtaobh fáil ar leictreachas agus teicneolaíochtaí eile astaíochtaí níos ísle. Tugadh veain nua meánmhéide 100% leictreach isteach sa fhflít in 2022 agus beartaíonn ESB Networks, faoi Athbhreithniú Pragsanna PR5 go dtí 2025, a mhéid le 200 de na feithiclí siúd a sholáthar.



Bainistíocht Fuinnimh (ar lean)



D'oibrigh Flít agus Trealamh ESB Networks go dlúth freisin le húsáideoirí deiridh oibríochtúla laistigh den ghnólacht le feistiú inmheánach saincheaptha éadrom a dhearadh le huirlisí agus páirteanna breise a stóráil chomh maith le dréimire a stóráiltear go himmheánach, le héifeachtúlacht feithiclí a chur chun cinn agus le raon feithiclí a fheabhsú.

Mar chuideachta tráchtála leathstáit, tá ESB tiomanta freisin do thacú le spriocanna earnála poiblí 2030 na hÉireann agus a bheith ina eiseamláir i dtaobh a soláthair. Faoin reachtaíocht (IR 426/2014), ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí agus tráchtála leathstáit Éireannacha feabhsú 50% a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh agus dearbhlaghú 51% a bhaint amach ar na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le fuinneamh oibríochtúil faoin mbliain 2030. Tuairiscítear sonraí a tuairiscíodh in aghaidh IR 426/2014 i riaráistí bliana in aghaidh 2 spriocdháta rialála bhliantúla i leith fuinneamh méadraithe agus fuinneamh neamh-mhéadraithe. Sholáthair ESB Group feabhsú 50.2% ón mbonnlíne in aghaidh na sprice éifeachtúlachta fuinnimh go dtí deireadh 2021. Tosóimid ag tuairisciú ar ghné astaíochtaí na reachtaíochta seo tar éis go dtabharfar uirlis nua tuairiscithe ar líne an SEAI, a bhfuil súil leis in 2024.

Ionchur Fuinnimh Oibríochtúil

Giniúint Theirmeach de réir Foinse Fuinnimh (GWh) *

	2022 (GWh)	2021 (GWh)	2020 (GWh)
Gual	6,561	7,824	2,186
Gás Nádúrtha	22,268	22,628	17,427
Ola	1,638	2,167	468
Móin	-	-	1,720

* Tuairiscítear sonraí faoi ionchur breosla giniúna teirmí don bhliain reatha.

Fuinneamh Oibríochtúil (Bunchoibhéis Fuinnimh (PEE) de réir kWh) **

	2022 (kWh PEE)	2021 (kWh PEE)	2020 (kWh PEE)
Leictreachas	40,097,292	38,215,335	41,314,003
Teirmeach	2,674,878	2,202,356	2,502,817
Iompar	47,448,251	51,906,413	53,710,105

Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI)

	2022	2021	2020
kWh/FTE Fostaí	15,149	15,467	16,442
% feabhsaithe in aghaidh na bonnlíne fuinnimh	50.2%	49.2%	45.9%

** Tuairiscítear Ídiú Fuinnimh Oibríochtúil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) faoi rialacháin éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí (IR 426/2014).

Bainistíocht Fuinnimh (ar lean)

Cás-Staidéar

Ceanncheathrú ESB F27 – Deartha le bheith Tíosach ar Fhuinneamh

Léiríonn athfhorbairt cheanncheathrú ESB ar Shráid Mhic Liam tiomantas na cuideachta do thodhchaí ísealcharbóin, tar éis gur dearadh Foirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) BER A3, a bhain sármhaitheas amach i dtaobh BREEAM ina bhfuil meascán de theicneolaíochtaí inbhuanaithe nua agus a bhfuil cruthúnas leo.

Cuirtear cóiríocht oifige ar fáil in F27 do 1,373 ball foirne ina bhfuil 21,628m cearnach ar 9 n-urlár agus áirítear leis carrchlós comhroinnte íoslaigh le 109 spás gluasteáin, 12 phointe luchtaithe feithiclí leictreacha (FL), 216 spás raca rothair agus 8 bpointe luchtaithe leictirigh, áiseanna feistis foirne agus taisceadáin. Cuirtear cóiríocht ar fáil d'aonaid ghnó ESB i gcomharsanachtaí plean oscailte, taisceadáin, seomraí cruinnithe, spásanna comhoibrithe, limistéir tionscadail, seomraí cuachta, seomraí moil, spásanna ar leithligh agus cistinéid san áireamh.

Tá an foirgneamh éifeachtúil ó thaobh dearaidh de agus tá an achoimre dhearaidh dírithe ar éileamh ar fhuinneamh a íoslaghdú. Baineadh seo amach tríd na rudaí seo a leanas a chuimsiú i ndearadh na creatlaí, tógáil agus oibriú an fhoirgnimh agus seirbhísí gaolmhara meicniúla agus leictreacha

- Tá rialú gréine ar an ngloiniú bunaithe ar threoshuíomh, scáthú gréine ingearach san áireamh
- Úsáideadh Slaig Fóirnéise Soinneáin Ghránaithe Mheilte (GGBS) sa bhunsraith agus sa struchtúr le tionchar CO₂ a laghdú
- Cuireadh tarra coincréite imlíne nochta laistigh den limistéar oifige plean oscailte leis an méid solais i rith lae a lonraíonn isteach a mhéadú
- Déantar monatóireacht ar CO₂ agus ar rialú aerála nádúrtha leis an saorfhuarú a uasmhéadú tríd an gCóras Bainistíochta Foirgnimh

- Eascraíonn fuinneamh gaothráin thart ar 85% níos lú as córas aerála hibrídeach ina gcuimsítear teicnící nua soláthair aeir úir
- Laghdaíonn teicnící nua soláthair aeir do sheomraí cruinnithe an úsáid fuinnimh go suntasach
- Laghdaíonn gaothráin chornaí singil fuinneamh an ghaothráin agus an fuinneamh corpraithe
- Baineann an úsáid fuinnimh téimh nach mór úsáid ar bith amach agus cuirtear ar fáil é nach mór go hiomlán ó theas aisghafa
- Soláthraítear 100% den uisce te baile ó theas aisghafa
- Cuirtear fuarú saor in aisce ar fáil ó chóras lúb talún 4.8km
- Stóráilann ábhar athraithe ardchéime póiteinseal saor fuaraithe
- Laghdaíonn córas fuaraithe saor ó ghliocól dramhaíl agus feabhsaíonn sé éifeachtúlacht
- Aeráil cistine faoi rialú éilimh le haisghabháil teasa
- Feabhsaíonn monatóireacht ghníomhach VOC cáilíocht an aeir agus déanann sé monatóireacht uirthi
- Rialuithe cinn scríbe a ardú le feidhmíocht fuinnimh a bharrfheabhsú
- Painéil fhótavoltacha ghréine atá gléasta ar an díon
- Soilsíú agus córas rialaithe atá tíosach ar fhuinneamh
- Bearta caomhnaithe uisce, tobar screamhuisce, bailiú báistí agus fualáin gan uisce san áireamh
- Bithéagsúlacht, gairdíní tírdhreachaithe dín agus coirceoga san áireamh

Is é an toradh ná foirgneamh ísealfhuinnimh a sholáthraíonn timpeallacht oibre chompordach agus a chinntíonn ídiú íosta fuinnimh freisin. Tá monatóireacht á déanamh ar an gcóras bainistíochta foirgnimh agus is iad na riachtanais reatha téimh agus fuaraithe 7.0 agus 4.5kWh/méadar cearnach/bl. faoi seach, cuirtear seo i gcomparáid leis an ngnáthídiú téimh tionscail 80kWh/méadar cearnach/bl. Tá an dearadh don chóras fuaraithe seo bunaithe ar 18W/méadar cearnach i gcomparáid leis an ngnáthídiú tionscail 60-100W/méadar cearnach



Bainistíocht Fuinnimh (ar lean)

Cás-Staidéar

Athchóiriú Dargan

Thug NIE Networks i rith 2022 faoi oibreacha forleathana athchóirithe foirgnimh ar a nlosta in Dargan i mBéal Feirste le héifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú.

Bhain an foirgneamh 1100m² Rátáil D-80 amach ina Dheimhniú Fuinnimh Foirgnimh (EPC) i dtosach, cosúil le foirgnimh den aois agus den tógáil chéanna. I ndiaidh an uasghrádaithe ar insliú agus fuinneoga agus díon a athsholáthar, bhain an foirgneamh Rátáil EPC B-28 amach, arb ionann sin agus áis nuathógtha.

- Áirítear leis an obair a rinneadh:
- Díon nua le painéil FV
 - Fuinneoga agus doirse nua seachtracha
 - Cumhdra inslithe seachtrach nua
 - Athruithe ar leagan amach inmheánach urlár na talún, méid an tseomra comhdhála a mhéadú san áireamh
 - Cistin nua níos mó ar an gcéad urlár
 - Saoráidí nua leithris ar fud an fhoirgnimh, cithfholcadh san áireamh
 - Athmhaisiú inmheánach, cairpéid nua agus troscán nua
 - Ardaitheoir paisinéirí a chur isteach
 - Aerchóiriú agus aeráil éighníomhach aeir úir a chur isteach ar fud na limistéar oifige



Cás-Staidéar

Tosaíonn NIE Networks lena bhflít a leictriú

Ba bhliain an-tábhachtach 2022 do NIE Networks agus dá bhflít feithiclí, ach go háirithe. Tar éis gur baineadh triail rathúil as an ngluaisteán iomlán leictreach, Renault ZOE, go déanach in 2020/go luath in 2021 agus sa mhullach ar an aiseolas an-dearfach a fuarthas ó fhostaithe, d'aistríomar 18 veain flít (5% dár bhflít) go veaineanna iomlána leictreacha.

Mar chuid de FLanna a thabhairt isteach sa fhlít, tá pointí luchtaithe baile (7.2kW) agus iosta (22kW) á soláthar agus á gcur isteach againn. Aisíoctar costais luchtaithe baile leis an bhfoireann.

Beidh ar a laghad 14% dár bhflít leictritithe faoi dheireadh 2024. Is í ár sprioc dheiridh go mbeidh breis agus 70% dár bhflít leictritithe faoin mbliain 2030.

Laghduithe Fuinnimh a sholáthar do Chustaiméirí

Tá páirt lárnach ag Réitigh Chustaiméirí chun cabhrú le ESB aghaidh a thabhairt ar straitéis le custaiméirí agus pobail a chumasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach. Déanann sé é seo trí tháirgí agus seirbhísí a chuireann custaiméirí ar an eolas ar úsáid fuinnimh agus a cheadaíonn dóibh cathain a úsáideann siad a bhfuinneamh a rialú agus a bharrfheabhsú.

Mar chuid de cheanglais na hÉireann faoin Treoir ón AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh le coigiltí fuinnimh a sholáthar, thacaigh Electric Ireland leis an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) a thabhairt isteach in 2014, faoinar fhorbair Soláthraithe Fuinnimh réitigh lena chur ar chumas custaiméirí feidhmíocht fuinnimh a n-áiteanna cónaithe agus a ngnólaigh a fheabhsú, agus costais airgeadais agus tionchair chomhshaoil araon á laghdú.

I ndiaidh gur éirigh linn Céim 1 a sholáthar, a chríochnaigh in 2021, leagtar amach i dTreoir nuashonraithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh spriocanna coigilte fuinnimh nuashonraithe agus fiú níos uailmhianaí amach don tréimhse 2022-2030. Leanaimid ag tacú leis an rialtas lena spriocanna 2030 a sholáthar agus táimid gníomhach i gcur i bhfeidhm na scéime nuashonraithe oibleagáide.

Thacaigh ESB Smart Energy Services, thar ceann Electric Ireland, le breis agus 1,000 Uasghrádú Fuinnimh Baile agus 100 tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh mórscála a sholáthar sa ghnó agus sa tionscal, a ranníoc infheistíocht breis agus €2.4 milliún agus ónar eascair coigiltí fuinnimh breis agus 39GWh.

Tá súil leis go gcuirfear go mór leis na gealltanais seo sna blianta amach anseo, agus é mar aidhm coigiltí fuinnimh breise de bhreis ar 80GWh/bliain ó 2023 a sholáthar.

Bainistíocht Fuinnimh (ar lean)

An Bealach go dtí 2030

Teastaíonn ón scéim EEOS go soláthraítear coigiltí fuinnimh go sonrach i measc trí chatagóir – Bochtaineacht Fuinnimh, Cónaithe agus Neamhchónaithe.

Soláthrófar coigiltí éifeachtúlachta fuinnimh go príomha sna hearnálacha Bochtaineachta Fuinnimh agus Cónaithe trí idirchaidreamh Electric Ireland Superhomes le húdaráis áitiúla agus go díreach le húinéirí tí príobháideacha trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe trí iarfheistiú domhain, custaiméirí a chumasú trí chompord agus costais laghdaithe fuinnimh a sholáthar, agus aistriú ó bhreoslaí iontaise go córais fuinnimh níos inbhuanaithe i gcomhthráth.

Bunaíodh Electric Ireland Superhomes, comhfhiontar idir Electric Ireland agus Superhomes de chuid Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, in 2021 agus rinne sé iarfheistiú in 200 teach in 2022 agus tá mar uailmhian aige 35,000 iarfheistiú, ar an iomlán, a sholáthar in Éirinn faoin mbliain 2030. Ar a bhunú go hiomlán, tacóidh an comhfhiontar seo le 13,000 post FTE san earnáil tógála agus iarfheistithe agus bainfidh sé coigiltí 167kt de CO₂ amach gach bliain.

Bainfidh ESB Smart Energy Services spriocanna coigilte fuinnimh amach san earnáil Neamhchónaithe trí oibriú le custaiméirí gnó le réitigh shaincheaptha a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, leictriú teasa, réitigh flít FLanna agus teicneolaíochtaí bainistíochta éilimh trína bheith mar a gcomhpháirtí iontaofa agus scoth ár gcumais a chur ar fáil le réitigh nuálacha agus faoi stiúir luacha a sholáthar do dhomhan ísealcharbóin.

[Ionad Ilfhreastail Iarfheistithe Baile - Superhomes Electric Ireland](#)

[Seirbhísí Fuinnimh Chliste \(esb.ie\)](#)

Cás-Staidéar

Todhchaí níos glaise a chruthú le ABP Food Group

Réitigh Gnó Fuinnimh Bia - ABP Food Group
Is é ABP an próiseálaí mairteola is mó in Éirinn agus sa RA, a oibríonn le breis agus 35,000 feirmeoir agus a fhostaíonn breis agus 11,000 duine in 46 ionad déantúsaíochta timpeall na hEorpa. Ba é an chéad chuideachta bhia ar ar bhronn an tIonataobhas Carbóin deimhniúchán trí huaire as a chéile agus ba é ball bunaidh Origin Green - clár inbhuanaitheachta bia agus dí na hÉireann - tá ABP Food Group dírithe ar dhea-chleachtas comhshaoil. Mar sin, nuair a theastaigh ó ABP cumas giniúna in-athnuaite a fhorbairt agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, rinne siad teagmháil le ESB Energy Business Solutions.

An Dúshlán - ar nós gach déantúsóir bia agus dí, braitheann próiseáil feola ar fháil a bheith ar chuisniú seasmhach agus ar sholáthar iontaofa uisce the - agus teastaíonn go leor fuinnimh ón dá rud sin. Theastaigh ó ABP úsáid fuinnimh a laghdú agus astaíochtaí carbóin a ísliú ag dhá cheann dá ionaid Éireannacha, chun tacú lena aistear go dtí neodracht charbóin.

An Réiteach - I ndiaidh anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar an úsáid fuinnimh ag gach ionad, d'oibrigh ESB Energy i gcomhar le ABP leis na réitigh a dhearadh. Anuas ar shaineolas ESB ar fhuinneamh domhanda, bhí ABP in ann fáil a bheith acu chomh maith ar chiste dícharbónaithe €75m ESB. Cuireann an cistiú seo sé ar chumas ABP glacadh leis an teicneolaíocht is déanaí gan aon infheistíocht roimh ré a dhéanamh. Déanann coigiltí fuinnimh costais a sheach-chur, a chabhraíonn le ABP a straitéis inbhuanaitheachta, níos mó a dhéanamh le níos lú, a fhíorú.

An Teicneolaíocht - forbraíodh córas aisghabhála teasa dramhaíola agus stórála teirmí ag ionad ABP na Cathrach, a cheadaigh don ionad teas a aisghabháil a ghin an córas cuisnithe agus costais fuinnimh a laghdú go suntasach.

Rinneadh athchóiriú iomlán fuinnimh ó bhonn ar ionad ABP i gCluain Eois ón gcoire a dhóigh breoslaí iontaise agus ón gcóras cuisnithe a ghineann téamh substainteach dramhaíola. Soláthraíonn teaschaidéil foinse talún formhór an uisce the, agus déanann gabháil teasa agus teicneolaíochtaí stórála teirmí teas dramhaíola a athchúrsáil ón bpróiseas cuisnithe. Éascaíonn córas monatóireachta fuinnimh agus carbóin barrfheabhsú leanúnach trealamh agus coigiltí costais.

Na Torthaí:

- Laghdú tuartha 66% ar úsáid fuinnimh
- Laghdú 80% ar astaíochtaí carbóin sa bhliain tuartha, comhionann le 1,700 tonna gach bliain
- Laghdaíonn leictriú an téimh brath ar bhreosla iontaise go suntasach



Uisce

Is é an t-éileamh is suntasaí de chuid ESB ar uisce ná uisce fuaraithe a sholáthar don phróiseas gaile i nginiúint tuirbín gaile, díshulfarú gáis múcháin agus hiodráitiú aoil dhóite do ghiniúint cumhachta teirmí.

Acmhainn nádúrtha é uisce agus ceanglaíonn ceadúnas astaíochtaí tionsclaíocha (stáisiúin ghiniúna) orainn bealaí a shainaithint le húsáid uisce a laghdú sa chás gur féidir. Is féidir uisce a úsáidtear i dtionscal a bhaint ó screamhuisce, aibhneacha agus lochanna (uisce dromchla), inbhir (uisce farraige) nó is féidir é a bhaint ó sholáthairtí uisce poiblí (uisce inólta), a athchúrsáiltear ó phróisis na saoráide nó a bhaintear ó uisce báistí.

Aistarraingítear uisce fuaraithe go ginearálta ó fhoinse abhann nó inbhearach agus úsáidtear é sa phróiseas fuaraithe agus scaoiltear ansin go sábháilte é leis an bhfoinse faoi choinníollacha rialaithe agus ceadúnaithe. Anuas ar uisce fuaraithe a bhaint, tá ionad cóireála uisce ag gach ionad a dhéanann an t-uisce a bhaineann na mianraí ón uisce ar mhaithe le gail fhíorghlan a sholáthar don tuirbín.

Ídítear méideanna níos lú uisce inár n-oifigí agus ár n-iostaí. Mar gheall go bhfuil ár n-oibríochtaí go príomha i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an RA, ní oibrímid oibríochtaí suntasacha ídithe uisce in aon láithreacha a mheastar atá faoi strus uisce faoi láthair. Faoi mar atá i gceist lenár n-acmhainní nádúrtha uile, tá ESB tiomanta do bheith ina thomhaltóir freagrach uisce trínár gcleachtais bhainistíochta agus chaomhnaithe.



Acmhainní Uisce agus Muirí an AE (CSRD) – ESRS E3

Is éard atá san CSRD agus sna Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Eorpacha (an ESRS), a chríochnófar in 2023 ná todhchaí an tuairiscithe inbhuanaitheachta feabhsaithe d'aonáin a oibríonn san AE. Beidh baint ar leith ag an ESRS E3 um Uisce agus acmhainní Muirí do ESB, nuair a chuirtear uaillmhian ár dtionscail agus ár n-uaillmhian fáis san áireamh i leith giniúint gaoithe amach ón gcósta.

Is é an príomhbheartas corparáideach faoi láthair ina leagtar amach cur chuige ESB i leith an comhshaol a chosaint agus bealach inbhuanaithe don todhchaí:

[Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ESB Group](#)

Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Ídiú agus Caomhnú Uisce

Maoschlár 2022

Foinse Uisce m³	Uisce Inólta			Uisce Fuaraithe			Uisce Athchúrsáilte		
	2022	2021	2020	2022	2021	2020	2022	2021	2020
Aistarraingt	3,339,945	2,097,016	1,349,995	329,608,563	329,406,472	286,763,352	0	0	0
Scaoileadh	3,339,945	2,097,016	1,349,995	329,608,563	329,406,472	286,763,352	0	0	0
Athchúrsáilte	0	0	0	0	0	0	0*	117,896	192,843

Uisce Inólta
An t-uisce a sholáthair an t-údarás áitiúil trí bhonneagar an líonra uisce, a ídítear agus a scaoiltear. Úsáidtear an t-uisce seo i gcásanna áirithe freisin do ghiniúint gaile ag tuirbíní gaile i stáisiúin tuirbín gáis comh-thimthrialla.

Uisce Fuaraithe
Uisce a asbhaintear ó fhoinse abhann nó inbhearach d'fhuarú. Déantar uisce fuaraithe a scagadh agus a chaidéalú tríd an timthriall fuaraithe, déantar monatóireacht air i dtaobh teochta agus pH agus tugtar ar ais é chuig a fhoinse bhunúil asbhainte faoi dhálaí agus paraiméadair rialaithe a leagtar amach i gceadúnas comhshaoil an stáisiúin giniúna.

Uisce Athchúrsáilte
* D'eascair scor athchúrsála uisce i nGob na Muine in 2022 as creimeadh píboibre is cúis leis an uisce athchúrsáilte.

Leantar leis an éileamh ar uisce, uisce inólta agus fuaraithe araon, a chur chun cinn go príomha ag fáil ar ghineadóir agus ag éileamh ar an margadh. Bhí úsáid uisce fuaraithe sách cobhsaí bliain ar bhliain, ó 2021 go 2022. Tháinig méadú ar ídiú uisce inólta, ar an iomlán, a chuir scor d'athchúrsáil uisce i nGob na Muine chun cinn, mar gheall ar chreimeadh píboibre.

Osclaíodh foirgneamh nua ceannoifige ESB, F27, d'áitíocht i mBealtaine 2022. Baineann a chur chuige 'éifeachtúlacht trí dhearadh' chomh maith céanna le héileamh ar uisce mar a bhaineann sé le húsáid fuinnimh. I rith 2022, b'ionann meánídiú uisce in F27 agus 13.5 lítear an duine/lá, i gcomparáid le meánleibhéil ídithe an fhoirgnimh oifige 50 lítear an duine/lá. Baintear é seo amach go príomha trí ghléasanna ísealsreafa, bailiú báistí, agus fualáin gan uisce.

Titeann caomhnú uisce, tionscadail bhrathadóireachta sceite agus athchúrsála uisce amach ar fud an ghnólachta, ag an stáisiún cumhachta nó ar leibhéal láithreach.

Uisce (ar lean)

Monatóireacht Uisce

Is ionann uisce stoirme agus uisce báistí a ritheann chun srutha ó dhíonta agus ó limistéir eile neamhphróisis saoráide, e.g. carrchlóis, agus ní bheadh aon truailliú ann go ginearálta. Is gnách go scaoiltear uisce stoirme isteach i ndobharlach áitiúil (dobharlach abhann nó inbhearach) i ndiaidh foirm bhunúsach chóireála. Ar aon dul le riachtanais cheadúnais, bainistimid uisce stoirme lena chinntiú nach scaoiltear aon substaintí nó ábhair thruaillithe isteach sa timpeallacht. Bailítear uisce dromchla ó shaoráidí trí dhraenacha éagsúla ar an láthair sula sreabhfaidh sé trí idircheapóirí Aicme 1 agus scaoilfear isteach é chuig pointí faofa astaithe.

Is gnách go ndéantar monatóireacht ar uisce fuaraithe a scaoileadh i leith leibhéil pH agus ardú teochta. Luaitear i bparaiméadair cheadúnais an difreálach uasta a cheadaítear idir teocht iontógála uisce agus teocht an scaoilte. Tugann ESB faoi thástáil fhorleathan ar bhonn intí agus go seachtrach ag saotharlanna deimhnithe ar ár n-aibhneacha, inár lochanna, inbhir, uisce dromchla, screamhuisce pointí scaoilte. Tugann gach stáisiún faoi chlár tástála bliantúil do na huiscí seo de réir Ceadúnas Astaíochtaí Tionsclaíocha gach láithreach. Tuairiscítear an tástáil go léir tríd an Tuarascáil Bhliantúil ar Astaíochtaí chuig an údarás reachtúil agus cuirtear aon sárúithe nó Luachanna Teorann Astaíochtaí in iúl don GCC (nó an ghníomhaireacht eile ábhartha comhshaoil) agus, ag brath ar a thionchar comhshaoil, d'fhéadfaí é a chur in iúl don Údarás Áitiúil.

Rinne ESB iarracht chomhbheartaithe ar feadh go leor blianta leis na tionchair a íoslaghdú ar an gcomhshaol ónár oibríochtaí, dramhaíl san áireamh. Mar gheall ar an díriú ar limistéar na bainistíochta dramhaíola, baineadh amach comhlíonadh níos fearr na reachtaíochta, bainistíocht níos fearr ar dhramhaíl trí chlár feabhsaithe leanúnaigh, scaradh níos fearr ar dhramhaíl, rialuithe níos fearr a chur i bhfeidhm ar sruthanna dramhaíola guaisí a láimhseáil agus leibhéil níos airde d'athúsáid agus d'athchúrsáil, sruthanna nua athúsáide táirgí dramhaíola a shainaithint.

Lorg Uisce ESB



Uisce Inólta

An t-uisce inólta iomlán a aistarraingíodh in

2022: 3,339,945m³

An t-uisce inólta iomlán a scaoileadh in

2022: 3,339,945m³



Uisce Fuaraithe

An t-uisce fuaraithe iomlán a aistarraingíodh in

2022: 329,608,563m³

An t-uisce fuaraithe iomlán a scaoileadh in

2022: 329,608,563m³



Uisce Athchúrsáilte

An t-uisce athchúrsáilte iomlán a aistarraingíodh in

2022: 0m³

An t-uisce athchúrsáilte iomlán a scaoileadh in

2022: 0m³



Eisiltigh agus Dramhaíl

Tá baint lárnach ag tiomantas agus baint na foirne i scaradh cuí, laghdú dramhaíola agus athúsáid níos fearr lenár bhfeidhmíocht bainistíochta dramhaíola atá ag dul i bhfeabhas, agus tá an bhaint chéanna ag comhpháirtíocht láidir le soláthraithe seirbhíse conartha creata dramhaíola reatha.

Tá mar chuspóir ag leibhéal níos fearr maoirseachta agus dearbhaithe ar mhodhanna diúscartha atá comhlíontach i dtaobh an dlí de a bheith á n-úsáid ag conraitheoirí dramhaíola a chinntiú go ndéantar na leibhéil is airde agus is féidir de dhramhaíl a choimeád amach ó líonadh talún agus go láimhseáiltear na sruthanna dramhaíola go léir go cuí agus go comhlíontach.

Déanann gach Aonad Gnó ESB taifid ar bhainistiú dramhaíola a bhailiú agus a choimeád. Úsáidtear an t-eolas seo chomh maith mar bhonn leis na hastaíochtaí CO₂ a mheas a bhaineann le bainistíocht agus diúscairt dramhaíola.



Truailliú ESRS E2, CSRD an AE

Is éard atá san CSRD agus sna Caighdeáin Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Eorpacha (an ESRS), a chríochnófar in 2023 ná todhchaí an tuairiscithe inbhuanaitheachta feabhsaithe d'aonáin a oibríonn san AE. Beidh impleachtaí féideartha ag ESRS E2 ar Thruailliú do ESB, nuair a chuirtear uaillmhian ár dtionscail agus ár n-uaillmhian straitéiseach san áireamh.

Is é an príomhbheartas corparáideach faoi láthair ina leagtar amach cur chuige ESB i leith an comhshaol a chosaint agus bealach inbhuanaithe don todhchaí:

[Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta ESB Group](#)

Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Iomláin Dramhaíola de réir Modh Diúscartha

Modh Diúscartha	Saghas Dramhaíola Guaisí (Tonnaí) 2022	Saghas Dramhaíola Neamhghuaisí (Tonnaí) 2022	Iomlán 2022	Tonnaí Iomlána 2021	Tonnaí Iomlána 2020	Tonnaí Iomlána 2019
Athúsáid 2019	0	834	834	335	1,711	569
* Athchúrsáil, Loscadh agus Aisghabháil, fuinneamh aisghabhála san áireamh	4,959	7,406	12,365	11,143	10,472	13,896
Múiríníú	0	41	41	22	44	63
Líonadh Talún	393	121	514	351	119	502
Déanann an eagraíocht é a dhiúscairt go díreach nó déantar é a dheimhniú go díreach murach sin (Luaithreach)	0	168,789	168,789	92,993	89,638	81,526
Iomláin	5,351	177,191	182,543	104,843	101,019	96,493

Nótaí le sonraí faoi Dhiúscairt Dramhaíola a chuirtear ar fáil:

- Tugadh le fios nár táirgeadh dramhaíl ar bith do na catagóirí seo a leanas de mhodh diúscartha (instealladh domhain tobair), stóráil ar an láthair, réamhshocraithe eagraíochta an chonraitheora diúscartha dramhaíola)
- Eolas a sholáthair an conraitheoir diúscartha dramhaíola ar mhaithe le méideanna agus catagóirí dramhaíola a chur le chéile
- Déantar an dramhaíl ghuaiseach go léir a shainaithnítear sa tábla thuas a láimhseáil agus a bhainistiú ag conraitheoirí faofa agus ceadúnaithe bainistíochta dramhaíola guaisí, iompar na n-ábhar uile dramhaíola guaisí san áireamh
- Baineann dramhaíl a dhéantar a dhiúscairt go díreach le luaithreach a dhiúscairt ó Ghob na Muine (gual)

Tráchtaireacht ar Fheidhmíocht Dramhaíola

I ndiaidh níos mó ná 5 bliana a chaitheamh den chuid is mó ag oibriú go cianda mar gheall ar COVID-19, gan teacht rialta ar oifigí agus ar fhoirgnimh, d'athoscail ESB na foirgnimh go léir don fhoireann i mBealtaine 2022, ach ba í samhail oibrithe hibridigh an bealach nua oibre, áfach. I dtaobh dramhaíl oifige, d'imir an filleadh seo ar an oifig tionchar foriomlán ar leibhéil dramhaíola a gineadh sa ghnólacht. Déantar sonraí 2019 a choimeád sa tábla dramhaíola le comparáid a sholáthar roimh Covid-19 do gach modh diúscartha dramhaíola, agus é á thabhairt faoi deara go bhfuil baint dhíreach ag táirgeadh luaithrigh le dálaí ar an margadh leictreachais agus reáchtáil an ionaid giniúna guail ag Gob na Muine.

ESB Networks

Tá roinnt creatchonarthaí náisiúnta ag ESB Networks le dramhaíl a bhailiú agus a phróiseáil a eascraíonn as a oibríochtaí, agus bailítear dramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach araon ó thart ar 140 láthair ar fud na tíre.

Cuireadh córas rianaithe dramhaíola i bhfeidhm laistigh de ESB Networks ar feadh roinnt blianta le monatóireacht a dhéanamh ar an dramhaíl a ghin an eagraíocht. Baineann dramhaíl tógála agus scartála (D agus S), ithir agus spallaí san áireamh le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus cothabhála. Ní chuimsítear dramhaíl ó oibreacha caipitil, D agus S san áireamh, sna hiomláin dramhaíola a thuairiscítear.

Tá méadú 9.76% i gcomparáid le 2021 tagtha ar an dramhaíl fhoriomlán a ghin an t-aonad gnó in 2022. Tugtar faoi deara gur tháinig an t-ábhar uile a tugadh chun líonadh talún ón sruth Dramhaíola Ginearálta (neamhghuaiseach). Rinneadh na sruthanna uile eile dramhaíola a athchúrsáil, a athúsáid nó a loscadh. Láimhseáiltear dramhaíl bhunda agus idircheapóra mar dhramhaíl ghuaiseach.

NIE Networks

Déanann roinnt conraitheoirí dramhaíola dramhaíl a thagann chun solais laistigh de Leictreachas Thuaisceart Éireann (NIE) a bhainistiú. Bailíodh dramhaíl ó 16 shaoráid NIE ar fud Thuaisceart Éireann. Baineann dramhaíl Tógála agus Scartála (D agus S), ithir agus spallaí san áireamh le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus cothabhála. Ní chuimsítear

dramhaíl ó oibreacha caipitil, D agus S san áireamh, sna hiomláin dramhaíola a thuairiscítear. Bhí méid na dramhaíola a gineadh in 2022 comhionann leis an mbliain 2021, agus lean an ráta athchúrsála/athúsáide freisin gan athrú ag 97%.

Giniúint agus Trádáil

Tá roinnt creatchonarthaí á n-oibriú ag Giniúint agus Trádáil (GT) ESB le dramhaíl a bhailiú agus a phróiseáil a eascraíonn as a oibríochtaí, agus bailítear dramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach. Cuireann na conraitheoirí ceaptha sonraisc miondealaithe míosúla ar fáil ar a sainaithnítear an tsaoiré ar ar freastalaíodh agus an saghas dramhaíola. Anuas air sin, ullmhaíonn stáisiúin Theirmeacha PÉ, a oibríonn faoi Cheadúnas Astaíochtaí Tionsclaíocha (IEL), clár dramhaíola gach bliain lena ionchuimsiú ina dTuarascáil Chomhshaoil Bhliantúil (AER) atá le cur faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC). Cuireadh méadú ar na hiomláin fhoriomlána dramhaíola don bhliain 2022 a bhaineann le hoibreacha scartála agus cóirithe, agus tháinig feabhas ar an ráta foriomlán athchúrsála/athúsáide ó 78% in 2021 go 83% in 2022.

Seirbhísí Fiontraíochta, Electric Ireland, Innealtóireacht agus Mórtionscadail

Baineann dramhaíl a ghintear sna haonaid ghnó seo go mór mór le háitreabh oifige, Cearnóg Swift, One, Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath (One Dublin Airport Central) agus Eastát Cheannoifig ESB san áireamh. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2022 ar na rátaí atreo ó líonadh talún a fheabhsú agus ar mhéideanna fhoriomlána dramhaíola a laghdú.

Doirteadh agus Freagairt do Dhoirteadh

Giniúint agus Trádáil

Tá oibreacha cláreagraithe á sceidealú agus á ndéanamh leis an bhféidearthacht a laghdú go scaoilfear truailléain le huisce dromchla agus screamhuisce, tástálacha coinneála a dhéanamh san áireamh, de réir an sceidil tástála bunda agus tabhairt faoi dheisiúcháin ar bhundáil lochtacha, faoi mar a theastaíonn. Tuairiscítear teagmhais a thiteann amach, faoi mar is gá, leis na húdaráis cheadúnúcháin, mar shampla, trí Eden leis an GCC.

Eisiltigh agus Dramhaíl (ar lean)

Cáblaí Sreabhánlíonta

ESB Networks

Cosúil le go leor fónais idirnáisiúnta, cuireann ESB Networks cáblaí faoin talamh isteach i láithreacha uirbeacha nach indéanta línte lasnairde a thógáil iontu. Cuireadh cáblaí sreabhánlíonta (FFCanna) isteach ar chórais dáileacháin agus tarchuir ESB Networks idir 1950 agus 1989. Beartaíonn ESB Networks gach cábla sreabhánlíonta a athsholáthar faoin mbliain 2035. Tugtar tús áite d'athsholáthar bunaithe ar riosca comhshaoil don chiorcad atá i gceist. Agus na dúshláin chomhshaoil ó n-aithint a bhaineann le FFCanna a oibriú agus a chothabháil, thosaigh ESB Networks le clár athsholáthair cáblaí sreabhánlíonta in 2005.

Go dtí seo, rinneadh 20% de na FFCanna a athsholáthar, a bhain an fhoinsé de 40% den iarsceitheadh cáblaí sreabhánlíonta ón gcóras. Tá thart ar 176 ciliméadar de FFCanna ann faoi láthair ar na Líonraí Leictreachais Tarchuir agus Dáileacháin i bPoblacht na hÉireann. Tá roinnt tionscadail ghníomhacha cháblaí sreabhánlíonta ag céim thógála agus tá tionscadail eile ag céim roghnaithe bealaigh. I rith 2022, sceith 4,917 lítear de shreabhán inslithe cábla ó líonra Cáblaí Ardvoltais ESB (28 lítear in aghaidh an chiliméadair). Laghdú 1,364 lítear é seo ar fhigiúr sceite sreabháin 2021 6,281 lítear.

Ba é seo a leanas an miondealú ar an sceitheadh sreabháin:

- Líonra Cáblaí 220 kV = 957 lítear
- Líonra Cáblaí 110 kV = 1,990 lítear
- Líonra Cáblaí 38 kV = 1,970 lítear

Leag Caighdeán Cuideachta “Bainistíocht Cáblaí Sreabhánlíonta” Líonra ESB sprioc amach i leith cuspóir méid uasta sceite ó cháblaí 5,000 lítear sa bhliain in 2022. Tá prótacail theagmhais FFC i bhfeidhm ag ESB Networks ó 2019 a dhéileálann le sceitheadh stairiúil agus reatha FFC leis na hÚdaráis Áitiúla ábhartha. Cinntíonn na prótacail go dtugtar fógra do na hÚdaráis ábhartha go léir ar theagmhais de réir mar a thagann siad aníos agus coimeádtar cothrom le dáta iad le freagairt do theagmhais. Déantar cumarsáid rialta le hÚdaráis Áitiúla ábhartha lena chinntiú go gcomhoibrítear go dlúth maidir le ceadúnais oscailte bóithre, léarscáileanna draenála agus gnéithe eile a bhaineann lenár n-obair i láthair sceite ó cháblaí, measúnú comhshaoil, agus deisiú.

Tá sonraí faoi sceitheadh ó cháblaí sreabhánlíonta a deisíodh ar fáil ar láithreán gréasáin ESB Networks [Deisiú Cáblaí Sreabhánlíonta ESB Networks](#).

Cás-Staidéar

Athsholáthar FFC 38kV Shráid San Proinsias/ Watling

Rinne ESB Networks idirchaidreamh le húdaráis áitiúla ar ár gclár athsholáthair PR5 agus d'iarr siad ar réamhfhógra d'aon oibreacha sráide nó tionscadail ghlasbhealaigh a bheartaítear ina bhféadfaimis a bheith in ann costais a ranníoc leis an tionscadal dá bhféadfaí freastal ar ard-ductú. Chuir roinn bóithre CCBÁC in iúl do ESB Networks in 2021 go mbeadh oibreacha sráid pleanáilte ar Shráid San Proinsias. Shainaithníomar go raibh Sráid San Proinsias/Watling ciorcad 38kV FFC, cé nach bhfuil sé ar ár liosta tionscadail athsholáthair PR5, ag síneadh feadh limistéar na hoibre a bheartaítear.

D'fhaofa an CRF liúntas ard-ductaithe in PR5 le deis cosúil leis seo a thapú. I ndiaidh bealach ard-ductaithe inmharthana a dheimhniú, chuir ESB Networks ductú isteach in 2022 feadh Shráid San Proinsias roimh oibreacha sráide CCBÁC.

Rinneamar athbhreithniú ansin ar an stráice eile de FFC ó Shráid Thomáis níos faide ó thuaidh i dtreo fhostáisiún 38 kV Shráid Watling. Rinneamar idirchaidreamh breise le roinn bóithre CCBÁC agus d'aontaíomar le ceadúnais oscailte bóithre le hard-ductú breise a chumasú leis an stráice iomlán FFC a athsholáthar a chumasú. D'éirigh linn go déanach in 2022 an ciorcad athsholáthair inslithe plaisteach nua (XLPE) a fhuinnmhiú ónar eascair gur baineadh 850 méadar de FFC ón líonra.



NIE Networks

Cosúil le go leor fónais idirnáisiúnta, cuireann NIE Networks cáblaí faoin talamh isteach i láithreacha uirbeacha nach indéanta línte lasnairde a thógáil iontu.

Cuireadh cáblaí sreabhánlíonta (FFCanna) isteach ar chórais dáileacháin agus tarchuir NIE Networks agus le 50 bliain nó níos faide anuas agus, le himeacht ama, is féidir le meath a bhaineann le haois titim amach ag ailt agus ag deirí cábla, agus ní chomh minic céanna nuair a thagann briseadh síos ar an truaill sheachtrach, óna n-eascaíonn sceitheadh sreabháin a dhéanann an talamh máguaird a éilliú.

Tá cáblaí sreabhánlíonta ar cheann de na sócmhainní is fearr a bhfuil ag éirí leo ar ár líonra, ach i gcás díobháil tríú páirtí nó meatha a bhaineann le haois, is féidir le sreabhán sceitheadh as an gcábla agus isteach sa timpeallacht máguaird agus cruthaíonn sin truailliú.

Thug bainistiú cúramach ar ár gcáblaí sreabhánlíonta agus monatóireacht ar a bhfeidhmíocht le fios gur gá fad 9.2km de FFCanna a athsholáthar idir 2025-31. Déanfaimid rianaire sárfhluaracarbóin (PFT) a instealladh go réamhghníomhach freisin sna FFCanna eile go léir lena chabhrú teacht ar láthair an sceite go tapa, agus an sceitheadh a dheisiú, ar an ábhar sin. Tagtar ar an PFT seo i rith suirbhéireacht siúil nó tiomána faoi bhráid ar bhealach an chábla trí threalamh braite an-íogair a úsáid. Déantar anailís ansin ar shamplaí aeir lena thabhairt le fios na limistéir ar dhóchúil go raibh siad thíos le sceitheadh. Laghdaíonn seo freisin atochailt agus, ar an ábhar sin, an costas agus an tionchar ar an gcomhshaoil, a úsáidtear i modhanna traidisiúnta láithreach sceite.

I rith 2022, sceith 3,980 lítear de shreabhán inslithe cábla ó líonra Cáblaí Ardvoltais NIE Networks (0.69% den acmhainn fhoriomlán). Laghdú 1,515 lítear é seo ar fhigiúr sceite sreabháin 2021 5,495 lítear.

Cás-Staidéar

Oiliúint ar Dhoirteadh Ola i rith 2022 do gach Seaimpín Comhshaoil agus Tiarna Talún, agus ar fud na cuideachta

Chun cabhrú lenár bPlean Gnó Comhshaoil a chomhlíonadh, thugamar faoi oiliúint ar fud na cuideachta a chur ar an bhfoireann go léir ar dhoirteadh ola – cuireadh seo ar fáil sa chás go dtiocfaidís ar aon rud ar an láthair nó ag a n-iosta a bheadh le glanadh. Cuireadh an oiliúint seo ar Sheaimpíní Comhshaoil agus Tiarnaí Talún i bpearsan ag seisiúin oiliúna comhshaoil shaincheaptha in Earrach 2022, agus forbraíodh agus eisíodh cur i láthair agus físeán oiliúna ansin ar fud na cuideachta a thug cuntas ar an méid atá i bpaca doirte, conas ba cheart é a úsáid, agus an fiosrú leantach a theastaíonn tar éis doirte – rinne breis agus 1,000 fostaí an oiliúint ar líne seo agus bhí an t-aiseolas a fuarthas dearfach – úsáideadh cheana féin an oiliúint seo san obair.

Nochtadh Sóisialta

Ár nDaoine	61
Éagsúlacht agus Ionchuimsiú	66
Ceartha Daonna	69
Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine	72
Rannpháirtíocht sa Phobal	75
Teacht custaiméirí ar sholáthar glan, slán agus inacmhainne fuinnimh	79

Réamhrá

Ó bhliain a bhunaithe, 1927, tá tiomantas ESB don tsochaí a thabhairt chun cinn agus todhchaí níos gile a sholáthar do na custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid ar cheann de na tréithe is mó atá ag an eagraíocht. Léirítear an bhraistint láidir cuspóra seo inár dtiomantas leanúnach agus buan do dhéileáil leis na dúshláin is suntasaí atá le sárú ag an tsochaí, saol daoine a fheabhsú agus deiseanna nua a chruthú do dhaoine agus do phobail ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Táimid Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh. Le beagnach 100 bliain anuas, tá tairbhe bainte againn as ár gcumas agus acmhainní chun solas agus fuinneamh a chur ar fáil do phobail in Éirinn agus mórthimpeall an domhain, chun cabhrú le saol daoine a athrú agus tacú le dul chun cinn agus le hathrú sóisialta agus geilleagrach.

Tá stair bhródúil ag ESB d'fhreastal ar chustaiméirí leictreachais trí sholáthar agus nuálaíocht agus lorg sé i gcónaí leictreachas a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. Tuigimid an tionchar suntasach a d'imir méaduithe praghais le 18 mí anuas agus cinnteoidimid go gcuirtear an tionchar ar chustaiméirí san áireamh i gcónaí. Táimid tiomanta do chinntiú go dtacaítear le custaiméirí leochaileacha i rith amanna dúshlánacha. Buntacaíonn beartais cosúil le gan custaiméir a dhéanann idirchaidreamh linn a dhícheangal riamh, téarmaí creidmheasa a shíneadh, an léargas fuinnimh is fearr a sholáthar sa mhargadh do chustaiméirí méadraithe chliste, agus Ciste Cruatain ar a bhfuil luach iomlán €5 mhilliún anois lenár dtiomantas do chustaiméirí agus leanfaimid le bealaí a lorg leis an tacaíocht sin a bhreisiú.



Caighdeáin Shóisialta agus Rialachais an CSRD

Is dóchúil go ndéanfaidh caighdeáin nua an AE um nochtadh Rialachais agus Sóisialta nochtadh atá ag teacht chun cinn faoi chreat an CSRD méadú suntasach ar fhairsinge agus ar dhoimhneacht an tuairiscithe a chur chun cinn ar shaincheisteanna ríthábhachtacha cosúil le rialachas agus riosca, iompar gnó, anuas ar saincheisteanna sóisialta a bhaineann lenár lucht saothair féin, oibrithe inár slabhra soláthair agus ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara sochaíocha níos fairsinge.

Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Áirítear leis na Beartais Reatha a mb'fhéidir go mbeidh breithniú le déanaí athuair orthu mar chuid dár nAnailís ar Bhearnaí faoin CSRD:

[Beartas Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise](#)

[Beartas Sceithireachta agus Nochta Chosanta](#)

[Cód Eitice ESB - Ár gCód](#)

[Beartas um Chearta Daonna ESB](#)

Ár nDaoine



Sinéad Kilkelly, Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Forbairt Daoine agus Eagraíochta

Réamhrá

Bunchloch straitéis ESB - Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 is ea a chinntiú go bhfuil an acmhainn daoine againn lenár gcuspóirí straitéiseacha a sholáthar le cultúr láidir ionchuimsitheach agus atá bunaithe ar luachanna.

Tá cuspóir ríthábhachtach ag ESB nach soláthrófar ach trínár ndaoine. Bunchloch faoin rath a leanfaidh a bheith orainn, ar an ábhar sin, is ea an gealltanais a thugamar dár bhfostaithe chun gur féidir linn daoine a choimeád, an eagraíocht fás agus daoine nua a mhealladh chun oibriú linn. Bliain athraithe, dúshlán, agus deiseanna a bhí in 2022. Is eol dúinn go bhfuil tionchar leanúnach costas maireachtála na géarchéime fuinnimh an-deacair ar ár gcustaiméirí agus ar na pobail ar a bhfreastalaímid. Leagann seo a bhrú féin ar ár ndaoine, go háirithe iad siúd ag an túslíne. Tá stair fhada againn in ESB d'aire a thabhairt do na daoine a n-imrímid tionchar orthu.

De réir mar a chuireamar COVID-19 dinn níos luaithe in 2022, d'fháiltíomar roimh ár samhail oibre hibridí ar thugamar Oibriú Cliste uirthi. Ba éard a bhí i gceist le hOibriú Cliste do ESB ná aistriú chuig oibriú solúbtha iontaoibhbhunaithe a bhaineann an sochar is mó as ár gcomhoibriú i bpearsan agus fíorúil, ár dteicneolaíocht agus ár spás oifige athchóirithe. Leanaimid lenár mbealaí oibre le chéile a thriail, a fhoghlaim, agus a oiriúnú a n-éiríonn leo don ghnólacht, don fhoireann, agus dár ndaoine.

Sheolamar feachtas earcaíochta náisiúnta i mBealtaine 2022 le breis agus 1,000 duine a earcú isteach in ESB go ceann 3 bliana. Tá earcú á dhéanamh againn i measc an iomaí disciplín agus is mian linn tallann éagsúil a mhealladh isteach in ESB. Trí chultúr ionchuimsitheach atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí a chruthú agus ina mbraitheann daoine ó gach cúlra agus de gach inscne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad ceangailte le cuspóir, feabhsóimid go mór ár gcumas nuálú agus comhoibriú a dhéanamh agus na réitigh a theastaíonn uainn a aimsiú. D'earcaíomar 552 duine nua agus ba é an ráta athraithe fostaithe in 2022 3.1%. Tá cultúr ár n-eagraíochta bunaithe ar ár gceithre luach – Lách, Tiomanta, Cróga agus Iontaofa. Tá sé bunriachtanach go mbaintear na ceithre luach seo amach chun go mbeidh eagraíocht fhíor-ionchuimsitheach againn.

D'fhoilsíomar ár dara tuarascáil ar an mbearna phá inscne i mí na Nollag 2022. Cé gur údar spreagtha a thabhairt faoi deara go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh lenár mbearna phá inscne a laghdú, is eol dúinn go bhfuil níos mó le déanamh againn.

Thosaigh mé ag obair le ESB i mBealtaine 2022 agus cuspóir agus luachanna na cuideachta á mo mhealladh. Tráth dúshlánach ach an-spreagúil é seo le bheith ag oibriú in ESB de réir mar a lorgaímid cuideachta saor ó charbón a dhéanamh dinn agus dul chun cinn a dhéanamh ar ár bhfreagracht shóisialta.

Sinead Kilkelly
Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Forbairt Daoine agus Eagraíochta



Ár nDaoine (ar lean)

An Straitéis Daoine ag ESB

Ráiteas na Straitéise Daoine

An cultúr agus an cumas a chumasú a theastaíonn d'fheidhmíocht mharthanach, inar féidir le gach duine difríocht a dhéanamh do neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2040.

Tá ocht bpríomhspríoc straitéiseacha ann a bhuntacaíonn le Straitéis Daoine ESB, an méid seo a leanas ina measc:



ESRS S1 Ár Lucht Saothair Féin

Tugtar cuntas sna beartais atá nasctha thíos ar conas a lorgaíonn ESB dul i ngleic le bainistíocht ar a thionchair ábhartha ar a lucht saothair féin, anuas ar rioscaí agus deiseanna ábhartha gaolmhara. Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Beartais a bhaineann lenár Lucht Saothair Féin:

[Beartas Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaíse](#)

[Beartas Sceithireachta agus Nochta Chosanta](#)

[Cód Eitice ESB - Ár gCód](#)

[Beartas um Chearta Daonna ESB](#)

[An Tuarascáil ar an mBearna Phá Inscne 2022](#)

Ár Lucht Saothair

Sheolamar feachtas earcaíochta náisiúnta i mBealtaine 2022 le breis agus 1,000 duine a earcú isteach in ESB go ceann 3 bliana lena chinntiú go bhfuil an acmhainn againn a theastaíonn le haghaidh a thabhairt ar ár Straitéis Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoi 2040.

I measc phríomhchainéil earcaíochta ESB, tá:

- An Clár Earcaíochta Céimithe
- An Clár Printíseach do Phrintíseachtaí Teicneoir Líonra ESB Networks agus an Clár Printíseachta Giniúna agus Trádála
- Tá tairseach ghairmeacha beatha ESB ar láithreán gréasáin ESB; [Gairmeacha Beatha ESB](#)

Seo a leanas an miondealú mionsonraithe ar ár lucht saothair ag deireadh 2022:

	2022	2021	2020
Líon na bhFostaithe	8,373	7,870	7,938
Mná	2,182	1,968	26%
Mná (leibhéal bainistíochta)	127	73	30%
Lánaimseartha	7,994	6,139	94%
Fostaí faoi Mhíchumas ¹	278	236	3%
Conradh Buan	8,264	5,903	92%
Conradh Sealadach	254	630	8%
Ceardaíocht Oilte agus Ghinearálta	2,680	2,125	40%
Neamhcheardaíocht agus Ginearálta	5,867	4,407	60%
Baill Bhoird Bhaineanna	5	4	25%
Stiúrthóirí Oibrithe Tofa	4 ²	4	4
Foireann Conraitheora Tríú Páirtí ag oibriú thar ceann an ghnólachta ³	3,982	5,323	2,800

Foireann de réir Réigiúin

Poblacht na hÉireann	6,475	6,219	81%
Tuaisceart Éireann	1,344	1,200	16%
An Eoraip	234	38	2%
An Meánoirthear	155	194	0.01%
An Áise	145	2	0.02%
An Afraic	37	11	0.01%
Náisiúntachtaí a Fhostáítear	50	58	47

Nótaí:

1. Sásaíonn ESB an sprioc Fostaíochta 3% do Dhaoine faoi mhíchumas faoi mar a leagtar amach san Acht um Míchumas, 2005.
2. In 2022, toghadh beirt mhná ina Stiúrthóirí Oibrithe Tofa agus glactaidh siad leis an ról i Márta 2023.
3. Ní bhailítear líonta an lucht saothair conraitheoirí do gach conradh Aonair. Léirítear sna líonta conraitheoirí rialta a oibríonn thar ceann ár ngnólachtaí líonraí ar thionscadail tógála agus chóirithe, anuas ar sholáthraithe seirbhíse saoráide.
4. Tá 177 ball foirne ó BM san áireamh san Eoraip.
5. Buan (92% d'Fhostaithe Fireanna agus 91% d'Fhostaithe Baineanna).
6. Sealadach (8% d'Fhostaithe Fireanna agus 8% d'Fhostaithe Baineanna).

Ár nDaoine (ar lean)

Ár nGealltanais do Dhaoine ag ESB

Tá ár gcuspóir ag ESB soiléir, agus tá gealltanais déanta againn todhchaí níos gile a sholáthar trí chomhghníomhartha ár ndaoine go léir. Creidimid i dtimpeallacht dhearfach agus sholúbtha a chruthú ina mbraitheann gach duine sábháilte, cumasaithe agus ina bhfuil fíorpháirt acu. Tá Ár nGealltanais do Dhaoine bunaithe go daingean ar ár luachanna - comhbháich, misniúil, tiomanta agus iontaofa.

Agus sinn ag aithint cé chomh tábhachtach atá ár ndaoine, lorgáimid go mór a thuiscint conas atá daoine ag mothú faoin saol in ESB trí idirchaidreamh dhá bhealach, grúpaí fócais agus suirbhéanna Ár nGlór (Our Voice) a thabhairt d'fhostaithe. Cabhraíonn seo le heolas a sholáthar don bhealach is féidir linn eispéireas fostaithe a fheabhsú agus Ár nGealltanais do Dhaoine a shásamh.

Cuireann ESB pacáiste iomaíoch luaíochta ar fáil sa mhullach ar shochair agus tacaíochtaí fostaithe, sláinte, folláine agus tionscnaimh éagsúlachta, tacaíochtaí teaghlaigh agus socruithe oibre solúbtha san áireamh. Cuireann ESB na hacmhainní ar fáil d'fhostaithe a theastaíonn uathu chun go bhfeidhmíonn siad ar an mbealach is fearr, agus oibríonn siad le daoine a thugann cúram agus tacaíocht dóibh ar a n-aistear fostaí le ESB chun gur féidir leo bheith faoi bhláth. Tá ESB tiomanta do dhul chun cinn a dhéanamh i ngairm bheatha sa mhullach ar thacaíochtaí a thabhairt d'fhorbairt leanúnach. Is mór againn ag ESB na saincheisteanna is spéis lenár bhfostaithe, agus soláthraímid ranníocaíocht chomhionann do na tionscnaimh charthanacha siúd.

Fostóir comhdheiseanna é ESB. Comhlíonann ESB an reachtaíocht chomhionannais fostaíochta go léir a fhorálann do phá cothrom dá mhacasamhail d'obair, atá mar an gcéanna le nó cosúil le hobair atá ar an luach céanna. Léiríonn ESB meas ar an gceart comhlachais atá ag gach fostaí agus bheith ina mball de Cheardchumann. Aithníonn ESB agus tugann sé faoi chómhargáil leis na Ceardchumainn chreidiúnaithe laistigh den eagraíocht, agus trí Cheardchumainn ESB Group.

Tá ESB tiomanta do dhul chun cinn a dhéanamh i ngairm bheatha sa mhullach ar thacaíochtaí a thabhairt d'fhorbairt leanúnach. Tá teacht ag na fostaithe go léir in ESB ar phróiseas bainistíochta feidhmíochta bliantúil agus ar phróiseas ina leagtar spriocanna amach agus ar phróiseas forbartha gairm bheatha agus foghlama, a chuirtear chun feidhme ar fud an ghnólachta.

Saoire Thuismitheoireachta

Is féidir Saoire Thuismitheoireachta (áirítear leis: Saoire Mháithreachais, Saoire Atharthachta, Saoire Uchtaíoch, Saoire Chúramóra agus Saoire Thuismitheoireachta) a fháil a luaith a cuieadh bliain iomlán seirbhíse ar fáil.

	NIE Networks		ESB Group PÉ	
	Fir	Mná	Fir	Mná
Líon iomlán na bhfostaithe a bhí i dteideal saoire thuismitheoireachta, de réir inscne.	932	217	4,522	1,630
Líon iomlán na bhfostaithe a ghlac saoire thuismitheoireachta, de réir inscne.	26	25	373	282
Líon iomlán na bhfostaithe a d'fhill ar an obair sa tréimhse thuairiscithe tar éis gur tháinig deireadh le saoire thuismitheoireachta, de réir inscne.	12	25	366	278
Líon iomlán na bhfostaithe a d'fhill ar an obair tar éis gur tháinig deireadh le saoire thuismitheoireachta a bhí fostaithe go fóill 12 mhí tar éis gur fhill siad ar an obair, de réir inscne.	9	22	366	278
Rátaí fillte ar an obair agus rátaí coinneála fostaithe a ghlac saoire thuismitheoireachta, de réir inscne.	100%	100%	98%	99%

Infheistíocht inár ndaoine ag ESB



Tugtar chun solais i Straitéis Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 de chuid ESB an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil an acmhainn ag daoine lenár gcuspóirí straitéiseacha a sholáthar le cultúr láidir ionchuimsitheach agus atá bunaithe ar luachanna. Tuigean ESB go mbraitheann ár gcumas agus an rath atá orainn mar eagraíocht ar ár ndaoine. Infheistímid i bhforbairt daoine agus tacaímid leo trína n-aistear gairm bheatha a luaith a thosaíonn daoine ag oibriú le ESB.

An tAcadamh Cóitseála agus Meantóireachta ag ESB

Eispéireas cumhachtach agus dearfach forbartha iad ár gCláir Chóitseála agus Mheantóireachta ag ESB a chuireann ar chumas ár ndaoine a gcumas a bhaint amach agus an méid a chuireann siad le rath ESB a uasmhéadú. Sholáthraíomar idirghabháil cóitseála agus meantóireachta a thacaíonn le bainisteoirí, agus foirne, cuspóirí gnó a ailíniú i leith cuspóirí foirne agus aonair. I gcomhthráth leis seo, lorgaíonn Cóitseáil agus Meantóireacht tacú le ceithre chumas bhunúsacha Straitéis 2040 ESB a thagraíonn do ról rithábhachtach ár ndaoine i dtaobh cuspóir agus straitéis ESB a sholáthar, cumas ceannaireachta a chur chun cinn atá spreagúil, oiriúnaitheach, ionbháúil, agus fiosrach. Cuireann seo eispéireas iontach daoine chun cinn, ar a uain sin, a léirítear sa ghealltanais a thugaimid do dhaoine agus i dtimpeallacht a spreagann cruthaitheacht, fuinneamh, feidhmíocht, agus tiomantas. Tacaíonn an tAcadamh leis an méid seo a leanas:

- 98 Cóitseálaí Inmheánach agus Seachtrach
- 225 Meantóir Inmheánach

Sholáthair an tAcadamh Cóitseála agus Meantóireachta ag ESB an idirghabháil forbartha seo a leanas in 2022:

- Soláthraíodh 1,411 uair an chloig oiliúna Cóitseála agus Meantóireachta in 2022
- Soláthraíodh 100% den Oiliúint ar Líne
- 351 Sannachán Cóitseála agus Meantóireachta
- Soláthraíodh 95% den Chóitseáil agus Meantóireacht ar Líne

Ár nDaoine (ar lean)

Conairí Foghlama i dTosca Rath

Rinneamar cultúr foghlama ar gach leibhéal sa chuideachta a leabú níos mó i rith 2022 trí ardán nua ar líne, ‘Conairí Foghlama i dTosca Rath’ (‘Learning Paths in Success Factors’) a thabhairt isteach le tacú le forbairt leanúnach cumais agus le cur chuige foghlama leanúnaí. Leanamar ag díriú ar chumas ceannaireachta a fhorbairt idir bainisteoirí céaduaire agus feidhmeannaigh shinsearacha, atá spreagúil, oiriúnaitheach, ionchuimsitheach, agus ionbháúil.

Áirítear le clár foghlama ESB foghlaim uilefhostaí faoi phríomhghnéithe beartais agus cultúir, cosúil le Cibearshlándáil agus Ár gCód, (cód eitic ghnó ESB). Treoraíonn ár gCód sinn go léir san iompar a mbíonn súil leis go gcuirimid ar bun agus ar an mbealach a oibrímid, ar aon dul lenár luachanna. Áirítear leis na cláir oiliúna a dtugtar achoimre orthu thíos ionductúcháin, ionductúcháin céimithe agus cláir Réamhscoir.

Foghlaim agus Forbairt Fostaí a soláthraíodh in 2022

Limistéar Fócais Oiliúna	Beartas agus Rialachas	Scileanna Cumhachta	Scileanna Digiteacha	Forbairt Bainistíochta	Ceadúnais Foghlama Nasctha	Iomlán
Samplaí ar chláir oiliúna a soláthraíodh	Cód Eitice, Beartas Ionchuimsithe agus Éagsúlachta, Beartas Ceart Daonna ESB RGCS	Scileanna Boga, i.e. Tionchar a Imirt, Idirbheartaíocht, Cuir i Láthair a Sholáthar, Óráidíocht	Excel Digiteach, PowerBi, MS Teams, Bainistíocht	Scileanna Ceannaireachta, Neartú na Foirniúlachta, Forbairt Bainistíochta	Rochtain ar chúrsaí ar líne atá ar fáil i dtimpeallacht sholúbtha	
		Phoiblí, Ullmhú Réamhscoir, Tacú leis an Aistriú chuig Tuistiú, Athoiliúint, Uasoiliúint do ról nua	Sonraí, Cibearshlándáil			
Líon Fostaithe ar ar cuireadh oiliúint	375	606	7,091	150	404	8,626

áirítear leis ionductúcháin, ionductúcháin céimithe agus Cláir réamhscoir

Oiliúint Theicniúil

Is é Ionad Oiliúna Náisiúnta ESB Networks (NTC) i bPort Laoise bunchloch an tsoláthair oiliúna dár ngnólacht Líonraí i bPoblacht na hÉireann. Is í ár bhfís nuálú leanúnach a dhéanamh i dtreo todhchaí leictreach ghlan i dteannta lenár gcustaiméirí a bheidh i gceartlár an chlaochlaithe i dtreo todhchaí fuinnimh ísealcharbóin. Is í ár n-uaillmhian an líonra dáileacháin leictreachais a thógáil, a chothabháil, a oibriú, agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí, inniu agus amárach. Chun seo a bhaint amach, braithimid ar fhostaithe atá inniúil, cumasach agus spreagtha ó thaobh cúrsaí teicniúla de chun an líonra leictreachais a chothabháil, a neartú agus a fhorbairt le haghaidh a thabhairt ar ár bhfís.

Soláthraíodh na cláir oiliúna seo a leanas i rith 2022 ag an ION:

	Cúrsaí Oiliúna Reachtúla			Cúrsaí Oiliúna Cuideachta		
	Líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu	Líon na laethanta oiliúna	% a soláthraíodh ar líne	Líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu	Líon na laethanta oiliúna	% a soláthraíodh ar líne
Printísigh	173	362	5%	329	4,662	34%
Teicneoirí Líonra	4,902	1,221	15%	1,397	10,057	41%
Méadrú Cliste	5	1	80%	300	911	5%
Maoirseoirí	116	179	28%	206	435	37%
Oifigigh Innealtóireachta	109	166	23%	153	334	18%



Téarma é Oibriú Cliste de chuid ESB ar an mbealach a oibrímid ar an láthair, in oifigí agus go cianda, a chuireann leis an athrú ollmhór a tharlaíonn uair amháin gach glúin ar an domhan oibre a spreag COVID-19. Tá daoine á gcumasú ag ESB trí Oibriú Cliste tríd an neamhspleáchas, an tsolúbthacht agus na huirlisí digiteacha lenár gcuspóir - Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040.

Cuireadh bunchlocha daingne i bhfeidhm d'Oibriú Cliste le ionchur agus tacaíocht ó limistéir ar fud na heagraíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2022 ar 'Ár mBliain Foghlama' ('Our Learning Year') agus cuireadh go leor d'Oibriú Cliste chun feidhme. Dúshlán oiriúnaitheach é ina

leanaimid le hiontaoibh a bheith againn as a chéile agus lena chéile a chumasú tabhairt faoinár gcur chuige athuair agus é a oiriúnú trí nósanna hibrídeacha a chur i bhfeidhm inár saol oibre laethúil, trí úsáid a bhaint as uirlisí agus teicneolaíocht dhigiteach chun tacú lenár gceangail agus ár gcomhoibriú. Thug 92% d'fhreagróirí le fios i suirbhé a rinneadh le déanaí ar fhostaithe go raibh eispéireas dearfach Oibrithe Chliste ag fostaithe. Aithníodh ESB go seachtrach mar cheannairí smaointe ar oibriú hibrídeach agus chuir siad cruinnithe faisnéise iomadúla ar bun go seachtrach i measc tionscail agus eagraíochtaí éagsúla maidir le hOibriú Cliste. Mar thoradh ar ár n-obair sa spás seo, ba Chraobhiomaitheoir CIPD sinn in 2022 sa chatagóir 'Oibriú Solúbtha agus Hibrídeach'.

Díríonn cur chuige ESB ar oibriú hibrídeach ar fhoirne a bheith ag aontú le “Cairteacha Foirne” maidir le conas is fearr oibriú le chéile chun freastal ar riachtanais an ghnólachta agus na foirne. Is éard a bhaineann leis seo, de ghnáth, ná laethanta ina dtagann fostaithe oifighbunaithe isteach chuig an oifig chun oibriú le chéile.

Ár nDaoine (ar lean)

Cás-Staidéar

NIE Networks agus Saotharlann Fuinnimh Inbhuanaithe Ollscoil na Banríona

Osclaíodh Saotharlann Fuinnimh Inbhuanaithe nua NIE Networks an 9 Nol. 2022 go hoifigiúil ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a léirigh tús comhpháirtíocht 10 mbliana le nuálaíochtaí fuinnimh agus tallann na todhchaí a aimsiú.

Infheistíocht mhór don chuideachta í an tsaotharlann ag Foirgneamh Ashby sa Sruthán Milis a úsáidfear le hoideachas a chur ar mhic léinn ar conas a chuirfidh leictreachas an t-aistriú chun cinn i dtreo bonneagar fuinnimh inbhuanaithe agus conas a sholáthróidh sin todhchaí saor ó charbón, ar deireadh thiar.

Cuireann sé eispéireas ceannródaíoch múinteoireachta agus taighde ar fáil agus cuireadh trealamh isteach sa tsaotharlann ina gcuimsítear an speictream iomlán fuinnimh leictirigh, idir giniúint inbhuanaithe cosúil le fuinneamh gaoithe agus gréine, agus fostáisiúin dhigiteacha agus cibearbhonneagar náisiúnta

athléimneach. Príomhlimistéar oibre laistigh den tsaotharlann a bheidh i dtaighde agus forbairt do thionscadail nuálaíochta leictirí.

Dúirt Derek Hynes, Stiúrthóir Bainistíochta NIE Networks: “Tá gliondar croí orainn an chéad Saotharlann Fuinnimh Inbhuanaithe riamh de chuid NIE Networks a oscailt go hoifigiúil agus ceiliúradh a dhéanamh ar thús le deich mbliana ríthábhachtacha de chomhoibriú lenár gcomhghleacaithe ag Ollscoil na Banríona.” “Déanfar aistriú mór sna chéad deich mbliana i nglacadh le hathnuaiteáin, leictriú teasa agus iompair agus teicneolaíochtaí cliste a chur chun feidhme ar an líonra leictreachais. Tá an tsaotharlann trealamh den chéad scoth agus baintear leas inti as scoth an tsaoil acadúil agus as ár saineolaithe innealtóireachta leictirí féin le tairbhe a sholáthar dár n-innealtóirí leictreacha a mhúineadh amach anseo.”



Fad a leanaimid lenár n-aistear Oibrithe Chliste a thabhairt chun cinn agus le hionad oibre na todhchaí a dhearadh, ní mór dúinn an bealach a oibrímid a athbhreithniú ag teacht chun cinn a athdhearadh go leanúnach chun an freastal is fearr a dhéanamh ar ár ndaoine. Iarrfaidh seo orainn éisteacht le agus tús áite a thabhairt do bhuarthaí ár ndaoine agus leanúint de chainéil thiomnaithe chumarsáide a chur ar fáil dár bhfoirne leis an méid a bhfuil ag éirí go maith leis agus leis na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú a roinnt.

Tá bunchlocha daingne leagtha againn do shamhail hibrideach inbhuanaithe – creidimid go mbainfidh seo torthaí gnó níos fearr amach, go dtacóidh sí le spriocanna inbhuanaitheachta agus go gceadóidh sé dúinn aire a thabhairt dár bhfolláine agus taitneamh á bhaint i gcomhthráth as na tairbhí a chruthaíonn cultúr ionchuimsitheach solúbtha oibrithe.

Leanfaimid in 2023 le Triail, Foghlaim, Oiriúnú agus Cur i bhFeidhm leis na bealaí oibre is fearr a fhorbairt níos mó.

Leantar ag díriú ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hoibriú hibrideach a bhainistiú le tionchar dearfach a imirt ar éagsúlacht lucht saothair ESB de réir mar a fháiltíonn ESB roimh oibriú sa domhan hibrideach nua.

Cód Eitice ESB

Cloíonn ár mbaill bhoird agus ár bhfoireann ag ESB lenár gCód, ina dtugtar cuntas ar ár gcur chuige i leith iompar gnó freagrach. Is é an príomhrud ar a mbunaítear ár gcód go ndéanfaidh gach duine iarracht a ndualgais a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin is airde iomláine, dílseachta, chothroime agus rúndachta agus go gcloífid le gach ceanglas dlí agus rialála. Spreagann Cód Eitice ESB fostaithe ar an gcéad dul síos aon sárú amhrasta eiticiúil a thabhairt le fios dá mBainisteoir Líne, faoi mar a dhéanfaí le haon bhuaire eile i gcaitheamh a ndualgas. De rogha air sin, chuir ESB Líne Chabhrach Rúnda/Áis Gréasáin ar fáil is féidir leis an bhfoireann a úsáid le héagóir amhrasta a thuairisciú. Oibrítear an Líne Chabhrach seo 24 uair an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain. Cuireann an Líne Chabhrach bealach sábháilte, rúnda agus, más gá, gan ainm ar fáil don fhoireann le héagóir a thabhairt le fios a mb'fhéidir nach mbraitheadh compordach ina mhalairt de chás chun é a thabhairt le fios dá mBainisteoir líne.

[Cód Eitice ESB - Ár gCód](#)

Ballraíocht de Cheardchumann agus Caidreamh Tionsclaíoch

Léiríonn ESB meas ar an gceart comhlachais atá ag gach fostaí agus bheith ina mball de Cheardchumann. Aithníonn ESB agus tugann sé faoi chómhargáil le roinnt Ceardchumann chreidiúnaithe (Ceardchumann ESB Group).

Roghnaigh thart ar 60% d'fhostaithe ballraíocht a ghlacadh de cheardchumann. Tacaíonn ESB le saoirse comhlachais do gach fostaí.

Faoi na hoibleagáidí a dtugtar cuntas orthu i Riachtanais 3ú Páirtí ESB do sholáthraithe, ceanglaítear ar gach aonán conraitheoireachta saoirse comhlachais a cheadú dá bhfoireann. Déantar monatóireacht air seo mar chuid de na hiniúchtaí ar Chaighdeáin Fostaíochta Conraitheora (CES) faoina dtugtar i measc na gconarthaí móra gach bliain. Go bunúsach, ba cheart go mbeadh saoirse comhlachais ag 100% den fhoireann conartha, má tá a bhfostóir ag cloí le Riachtanais 3ú Páirtí ESB.

Ionchuimsiú agus Éagsúlacht



Tá ESB tiomanta do lucht saothair atá ag éirí níos éagsúla agus cultúr ionchuimsitheach láidir bunaithe ar luachanna a thógáil agus a chothú, áit a ndéanann daoine idirchaidreamh, a mbíonn siad faoi bhláth agus a bhraitheann siad go bhfuil siad ceangailte le cuspóir ESB agus lena chéile. Tugann ESB tús áite do gach gné d'éagsúlacht lucht saothair ESB a mhéadú agus is riachtanas gnó do ESB é. I ndiaidh go ndearnadh Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta ESB a athnuachan níos luaithe in 2022, leagadh spriocanna sonracha éagsúlachta síos den chéad uair, ag tosú le hinscne, an áit a bhfuil na sonraí is fearr ar fáil. Tá ESB tiomanta freisin do sprioc na hearnála poiblí go mbeidh fostaíthe faoi mhíchumas i gceist le 6% faoin mbliain 2024.

Rinneadh athbhreithniú in 2022 ar Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta ESB, a forbraíodh in 2020, lena chinntiú go raibh sí ar aon dul le straitéis ESB – Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh – Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040. Luaitear an tábhacht a bhaineann le cultúr láidir ionchuimsitheach agus atá bunaithe ar luachanna sa straitéis Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040. Tugtar cuntas inár Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta ar ráiteas, sainmhíniú agus cuspóirí a shainítear go soiléir lena dtacaíonn plan um chur i bhfeidhm cuimsitheach. Is eol dúinn go n-eascaíonn nuálaíocht, rannpháirtíocht, cruthaitheacht agus comhoibriú níos fearr as éagsúlacht, agus is gnéithe ríthábhachtacha iad de réir mar a oibrímid le chéile le difríocht a dhéanamh agus gníomhú ar son na haeraíde a sholáthar trí leictreachas glan.

Tá ár Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta dírithe ar ár Luachanna – Lách – Tiomanta – Iontaofa agus tagann sí go mór leis an gclár athraithe cultúir atá ar bun ag ESB.

Ráiteas

Cothaímid ár n-éagsúlacht, ár n-uathúlacht agus ár n-indibhidiúlacht chun go ndéanaimid difríocht níos mó le chéile.

Sainmhíniú

Baineann difríochtaí, iad siúd a fheictear agus nach bhfeictear ina measc, le héagsúlacht.

Is éard a bhaineann le hionchuimsiú ná timpeallacht a chruthú ina léirítear luach ar dhaoine, ina mbraitheann siad go bhfuil luach orthu, agus inar féidir leo a lánchumas a bhaint amach agus cur leis..

Cuspóir

Lucht saothair atá ag éirí níos éagsúla agus cultúr níos lúfaire ionchuimsithe agus muintearais a thógáil agus a chothú, chun gur féidir linn difríocht a dhéanamh le chéile agus todhchaí níos gile atá neodrach ó thaobh fuinnimh a sholáthar do chách.

Colúin Straitéiseacha


D'eascair treo a shainaithnítear go soiléir i dtaobh Straitéis Ionchuimsithe agus Éagsúlachta ESB chomh maith le réasúnaíocht ghnó ar leith don aird a thugann ESB ar ionchuimsiú agus Éagsúlacht a thagann le ceithre cholún straitéiseacha.

Soláthraítear cláir agus imeachtaí Ionchuimsithe agus Éagsúlachta ESB ar líne nó ar bhonn hibrídeach, a leanann le rannpháirtíocht mhéadaithe a chumasú i limistéir ar fud na heagraíochta. D'fhreastail breis agus 1,000 fostaí ar chlár agus imeachtaí a bhain le hionchuimsiú agus Éagsúlacht in 2022.



Príomhghné de na cláir Cheannaireachta Straitéisí agus Bhainisteoirí Nuacheaptha go léir iad Ionchuimsiú agus Éagsúlacht, agus tugann seo tacaíocht bhreise dár n-iarracht le móiminteam a mhéadú chun cultúr ionchuimsitheach láidir atá bunaithe ar luachanna a bhaint amach.

Cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus Ionchuimsiú agus Éagsúlacht a leabú mar riachtanas gnó agus tá an Clár Athraithe Cultúir 'An Bealach a Oibrímid' (TWWW) atá ar bun faoi láthair á ghíaráil ag ESB.



Gach Glór – Grúpaí Acmhainne Fostaithe

Ag cur le rath agus tionchar BeMe@ESB – Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+ ESB, a bunaíodh in 2016, tá roinnt Grúpaí Acmhainne Fostaithe breise á mbunú in 2023. Is é cuspóir agus tairbhí ár nGrúpaí Acmhainne Fostaithe tuiscint níos fearr a fháil ar dhúshláin agus ar eispéiris ár lucht saothair atá ag éirí níos éagsúla. Is í an aidhm ná cur le hionadaíocht agus le hinfheictheacht, timpeallachtaí oibre níos ionchuimsithí a chruthú. Áirítear le tairbhí breise Eispéireas Daoine (PX) níos fearr, rannpháirtíocht agus meanma níos fearr, nuálaíocht agus éagsúlacht smaointe níos fearr, meallacht níos mó, coinneáil agus tallann éagsúil agus príomhchumas a thabhairt chun cinn.

Tar éis sraith Grúpaí Fócais, thugamar tús áite do Ghrúpaí Acmhainne Fostaithe uile-ESB a bhunú i limistéir na hInrochtaineachta, na hIlchineálachta Cultúrtha agus na hEitneachta, agus na hInscne.



Ionchuimsiú agus Éagsúlacht (ar lean)

Tuarascáil ar Bhearna Phá Inscne ESB



Tugann ESB tús áite do gach gné d'éagsúlacht lucht saothair ESB, inscne san áireamh, a mhéadú agus an bhearna phá inscne a laghdú agus is riachtanas gnó do ESB é. Ó foilsíodh ár gcéad Tuarascáil ar Bhearna Phá Inscne go deonach in 2021, chaitheamar am ar an léargas a anailísiú a tháinig chun solais ó na sonraí agus ó bhearta breise a chur i bhfeidhm le hionadaíocht inscne a fheabhsú agus an bhearna phá inscne a laghdú. Cuimsítear i bplean straitéiseach Ionchuimsithe agus Éagsúlachta ESB réimse fairsing tionscnamh chun dul i ngleic lenár mbearna phá inscne – cosúil le cumas ceannaireachta ionchuimsithí, oiliúint agus forbairt, bainistíocht tallainne agus beartais agus nósanna imeachta earcaíochta.

Tá feabhas tugtha faoi deara ar bhearna phá 2022 ó 2021. Leanann anailís air seo lena thaispeánt gurb é is mó is cúis leis an mbearna phá ná rannpháirtíocht i bhfad níos lú i measc ban i ról cheardaíochta agus innealtóireachta, ar minic go mbíonn sceidil oibre i gceist leo a mheallann pá agus liúntais a bhaineann go sonrach le ról, chomh maith le líon níos mó fear i ról cheannaireachta sinsearaí i measc na ndisciplíní go léir.

- I dtaobh cothromaíocht inscne a mhéadú agus dul i ngleic lenár mbearna phá inscne, táimid ag díriú ar dhá phríomhlimistéar:
- Rannpháirtíocht bhan a mhéadú ar leibhéil cheannaireachta
 - An líon ban a fhás in STEM – i ról innealtóireachta agus cheardaíochta

Is féidir teacht ar na sonraí iomlána in [An Tuarascáil ar an mBearna Phá Inscne 2022](#) de chuid ESB

Leagtar amach sa tábla thíos an bhearna phá inscne i measc réimse méadrachta faoi mar a cheanglaítear san Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Baineann na sonraí a dtugtar cuntas orthu thíos le Fostaithe PÉ agus bunaítear iad ar an tréimhse 12 mhí go dtí an 30 Meitheamh 2022. Sa chás go léirítear an toradh mar uimhir mhóide, tá ráta níos airde i measc fear. Léiríonn na torthaí a thaispeántar mar uimhir lúide go bhfuil an ráta i measc ban níos airde.

Critéir thuairiscithe	Ragobair san áireamh	Ragobair as an áireamh
Gach fostaí - ar an meán	10.9%	3.3%
Gach fostaí - airmheánach	11.5%	-1.4%
Fostaithe páirtaimseartha - ar an meán	10.2%	11.0%
Fostaithe páirtaimseartha - airmheánach	11.1%	6.3%
Fostaithe sealadacha - ar an meán	-0.2%	-3.1%
Fostaithe sealadacha - airmheánach	-2.7%	-15.0%
Difríocht sa mheánphá bónais a fuair fostaithe fireanna agus bainearna	-2.2%	
Difríocht sa mheánphá bónais a fuair fostaithe fireanna agus bainearna	-1.7%	
Difríocht sa chéatadán fostaithe fireanna agus bainearna ar íocadh bónais leo	58% - Mná 47% - Fir	
Difríocht sa chéatadán fostaithe fireanna agus bainearna a fuair sochair chomhchineáil	N/B	

Comhréir na bhfostaithe fireanna agus bainearna sna bandaí pá sa cheathairíl íseal, láir íochtaraigh, láir uachtaraigh agus uachtarach (liúntais rólsonracha ragoibre agus ról san áireamh)

CEATHAIRÍL 1	CEATHAIRÍL 2	CEATHAIRÍL 3	CEATHAIRÍL 4
35% - Mná	27% - Mná	25% - Mná	20% - Mná
65% - Fir	73% - Fir	75% - Fir	80% - Fir

Comhréir na bhfostaithe fireanna agus bainearna sna bandaí pá sa cheathairíl íseal, láir íochtaraigh, láir uachtaraigh agus uachtarach (liúntais rólsonracha ragoibre agus ról as an áireamh)

CEATHAIRÍL 1	CEATHAIRÍL 2	CEATHAIRÍL 3	CEATHAIRÍL 4
31% - Mná	21% - Mná	29% - Mná	26% - Mná
69% - Fir	79% - Fir	71% - Fir	74% - Fir

Is é an meán an meánphointe do gach fostaí bainearna agus fireann agus is é an t-airmheánach an lárphointe.

- Nótaí
- Leanann anailís ar na sonraí seo lena thaispeánt gurb é is mó is cúis leis an mbearna phá inscne uilefhostaí ná rannpháirtíocht i bhfad níos lú i measc ban i ról cheardaíochta agus innealtóireachta, ar minic go mbíonn sceidil oibre i gceist leo a mheallann pá agus liúntais a bhaineann go sonrach le ról, chomh maith le líon níos mó fear i ról cheannaireachta sinsearaí. Léirítear seo sa chaoi go laghdaítear an mheánbhearna phá inscne go suntasach nuair a fhágtar ragobair as an áireamh.
 - Déanann na líonta céatadáin beagán níos airde de mhná sa dá cheathairíl phá is airde ná fir an mheánbhearna phá inscne (gan liúntais agus ragobair a áireamh) a oscailt.
 - Is é is cúis leis an mbearna phá inscne i gcás foireann pháirtaimseartha ná go bhfuil ról pháirtaimseartha ag fir atá ar leibhéil atá níos airde go comhréireach. Tá na líonta beag, áfach, agus níl ag fir ach níos lú ná 10% de na ról pháirtaimseartha. Tá ról pháirtaimseartha i limistéir an phróisis gnó den chuid is mó, cosúil leis an ionad glaonna.
 - Mínítear an bhearna phá inscne fostaithe sealadacha sa chás gur printísiigh, fochéimithe agus mic léinn 71% de na fostaithe sealadacha fireanna, i gcomparáid le 57% i gcás ban. Nuair a fhágtar liúntais ragoibre agus a bhaineann go sonrach le ról as an áireamh, méadaítear an ráta san uair níos airde do mhná níos mó.
 - Léiríonn na meánríomhanna agus na ríomhanna airmheánacha araon gur thuill mná bónais a bhí beagán ní b'airde ná fir.
 - Tá céatadán níos airde de mhná i ról dá n-íoctar bónais i gcomparáid le fir.
 - Ní dhéanann ESB íocaíochtaí sochair comhchineáil.
 - Nuair a dhéantar sonraí a choigeartú le ragobair a fhágáil as an áireamh, déanann an chomhréir bhan sna ceathairleanna uachtaracha léiriú níos mó ar an gcothromaíocht inscne atá in ESB faoi láthair.

An Clár um Aistrithe Rathúla Tuistithe a Bhainistiú



Príomhchlár straitéiseach é seo, atá i bhfeidhm ó 2015 chun tacú le fostaithe trí aistrithe tuistithe, arb é sin ceann de na príomhthráthanna is mó tábhacht i saolré fostaithe, agus soláthraítear modúil i measc na bpríomhluchtanna uile. Clár fianaisebhunaithe cóitseála a bhuaigh gradam é Clár um Aistrithe Rathúla Tuistithe a Bhainistiú ESB a chumasaíonn athrú marthanach sistéamach. Leanann an clár seo ag teacht chun cinn chun tacú le tuismitheoirí, pé rud a bhíonn i gceist lena n-aistear go tuismíocht agus chun dul i ngleic le heispéiris agus dúshlán tuismitheoirí oibre. Tá baint mhór ag rath an chláir seo le modúl sonrach chun Bainisteoirí Líne a sholáthar, ar príomhlucht tionchair eispéireas fostaithe iad, a bhfuil na huirlisí, na hacmhainní agus an t-eolas acu chun tacú le tuismitheoirí. Tá an modúl seo ar fáil freisin do Chóitseálaithe, an Pobal Acmhainní Daonna agus an Fhoireann Tacaíochta.

- Is iad na 5 mhodúl:
- Ionchais Iontacha (Great Expectations) – dóibh siúd atá ag dul ar Shaoire Mháithreachais/Uchtaíoch
 - Filleadh Muinéineach (Confident Comebacks) – dóibh siúd atá ag filleadh ó Shaoire Mháithreachais/Uchtaíoch
 - Fachtóir an Athar (Father Factor) – d'Aithreacha agus d'Fhir a bheidh ina nAithreacha
 - Faoi Rath go hInbhuanaíthe (Thriving Sustainably) – do na daoine siúd a bhfuil leanaí idir 1-5 bliana acu
 - Straitéisí Ratha do Bhainisteoirí Líne, Comhpháirtithe Gnó Acmhainní Daonna agus Foireann Tacaíochta.

Ionchuimsiú agus Éagsúlacht (ar lean)

Clár Tacaíochta Meanapáis



Tosaíodh an Clár Tacaíochta Meanapáis le himeacht dar teideal "Let's talk Menopause" le Catherine O'Keefe, bunaitheoir Wellness Warrior. Cuireann Clár Tacaíochta Meanapáis ESB feasacht, eolas agus tacaíocht do gach duine go díreach nó go hindíreach a ndéanann comharthaí meanapáis difear dóibh. Cibé acu más é an ball foirne féin, gaol leo nó duine ar an bhfoireann atá i gceist – beidh duine a bhfuil aithne againn orthu thíos leis an meanapás. Tuigean ESB go bhfuil sé tábhachtach go nglacaimid uile leis an am le tuiscint níos fearr a fháil air agus le plé a dhéanamh ar an méid is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú linn féin/lena chéile ár gcosa a thabhairt linn trí athrú mór saoil.

Imeacht gairmeacha beatha 'Ag Tógáil na Todhchaí' AHEAD de chuid ESB do dhaoine faoi Mhíchumas

Chas Oifigeach Rochtana ESB agus Bainisteoir an Chúrsa Oiliúna do Dhaoine faoi Mhíchumas, anuas ar bhaill dár bhFoireann um Thallann a Fháil, le cuardaitheoirí poist, agus roinneadh eolas maidir le Clár Cúrsa Oiliúna ESB agus fógraíodh feachtas Earcaíochta 2022 do 1,000 post.

Leanadh le Clár Cúrsa Oiliúna ESB do Dhaoine faoi Mhíchumas, i gcomhar le Clár Toiliúil Ábalta agus Meantóireacht (WAM) AHEAD i rith 2022.



Leanann Clár Cúrsa Oiliúna 2022 le gach duine de na rannpháirtithe a ionduchtú ar an gclár agus le tacaíocht a thabhairt dóibh i dtimpeallacht oibre hibrídeach. Oibríonn oiliúnaithe i measc aonaid ghnó éagsúla agus tacaíonn bainisteoirí líne, meantóirí, Bainisteoir Clár Cúrsa Oiliúna ESB agus AHEAD, comhpháirtí seachtrach earcaíochta ESB, leo. Chabhraigh AHEAD chomh maith le leideanna luachmhara agus leasaithe ionduchtaithe do thimpeallacht oibre hibrídeach agus d'oiliúint feasachta ar mhíchumas. Clár idir sé agus naoi mí é i gClár Cúrsa Oiliúna ESB, a sholáthraíonn oiliúint agus taithí oibre i dtimpeallacht nua-aimseartha ghnó. Cuireann sé deiseanna ar fáil d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil, a théann chun sochair rannpháirtithe nuair a chuireann siad isteach ar dheiseanna fostaíochta amach anseo.

Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM

B'eagraíocht óstála ESB arís eile in 2022 do Chlár Intéirneachta Múinteoir STEM (STINT) agus rinne sé triúr intéirneach a óstáil i measc ESB Networks, Innealtóireacht agus Mórthionscadail, agus Nuálaíocht. Cuireann an clár uathúil seo taithí thumthach foghlama STEM ar fáil i measc an tsaoil acadúil agus an tionscail, áit a bhfaigheann múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile STEM amach anseo taithí ar intéirneachtaí íoctha 12 sheachtain i ról STEM in ESB agus in eagraíochtaí teicneolaíochta eile. Soláthraíonn an clár seo an deis foghlaim nuálach a spreagadh trí eolas, inniúlachtaí agus tuiscint mhúinteoirí STEM amach anseo a dhóimhniú ar éagsúlacht ról STEM, an phíblíne STEM a thógáil agus, i ndeireadh na dála, an líon ban a mhéadú a ghlacann páirt in ábhair STEM agus dul i ngleic le hionadaíocht cothromaíochta inscne i ról STEM.

I rith a socrúcháin le ESB, tá deis freisin ag gach duine de na hintéirneigh léargas agus tuiscint níos fairsinge ar ról ESB a fháil le Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040 a bhaint amach, anuas ar ár ról mar fhostóir agus soláthraí seirbhíse. I rith a n-intéirneachta 12 sheachtain, beidh an deis ag rannpháirtithe chomh maith tabhairt faoi thús eolais agus léargas ginearálta a fháil ar limistéir cosúil le hionchuimsiú agus Éagsúlacht, Freagracht Shóisialta Chorporáideach, Bleaist Eolaíochta (Science Blast), Clár Printíseachta ESB Networks, Tionscnaimh Sláinte agus Folláine agus rudaí eile.

Le cur níos mó leis na ról a sannadh dóibh, tugann tús eolais ar ghnéithe níos fairsinge eile de thaithí fostaí agus cuairteanna suímh ar cheann de Hidristáisiúin ESB agus Ionad Oiliúna Náisiúnta ESB Networks fíorchúnamh leis an éagsúlacht ról atá ar fáil ag ESB a thabhairt chun beochta.

[Clár Intéirneachta Múinteoirí STEM](#)



**STEM Teacher
Internship Programme**
A DUBLIN CITY UNIVERSITY INITIATIVE TO
INSPIRE INNOVATIVE LEARNING

Ceartha Daonna



Ár dTiomantas

Eagraíocht é ESB ag a bhfuil cultúr agus leagáid láidir faoi stiúir luachanna de bheith ag oibriú go dlúth leis na pobail ina n-oibríonn sé. Lorgaíonn ESB le honóir a léiriú do phrionsabail na gcearta daonna a aithnítear go hidirnáisiúnta, fiú nuair a chuireann seo cruachásanna deacra agus a thagann in adharca a chéile i láthair, amanna. Tá mar aidhm ag ESB a chinntiú nach bhfuil sé comhpháirteach ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, i mí-úsáid cearta daonna agus beidh sé trédhearcach i dtuairisciú ar fheidhmíocht cearta daonna.

Geallann ESB do mheas a léiriú ar chearta daonna agus do bhearta a chur i bhfeidhm agus a threisiú ina shlabhra soláthair, oibríochtaí, agus sna pobail agus sna láithreacha ina n-oibríonn ESB lena chinntiú nach bhfuil mí-úsáid cearta daonna ag titim amach. Tacaíonn réimse beartas, ina gcuimsítear limistéir fócais laistigh de chearta daonna, cearta fostaí, neamh-idirdhealú, ionchuimsiú agus éagsúlacht agus sclábhaíocht nua-aimseartha san áireamh, leis an ngealltanas seo.

Anuas air sin, iarrtar i gCód Eitice Fostaithe ESB (“Ár gCód”) ar na fostaithe go léir oibriú go cothrom agus meas a léiriú ar na cearta daonna go léir.

Tá ESB tiomanta do chinntiú go gcosnaítear cearta daonna bunúsacha a aithnítear go huilíoch agus go léirítear meas orthu laistigh dá limistéar tionchair agus do chinntiú go dtugtar faoi oibríochtaí ESB ar bhealach nach sáraíonn na cearta siúd agus a chomhlíonann dlíthe infheidhme agus Prionsabail Threoracha na NA maidir le Ceartha Daonna agus Gnó.



ESRS S1 Ár Lucht Saothair Féin, S2 Oibrithe sa Slabhra Breisluacha

Tugtar cuntas sna beartais atá nasctha thíos ar conas a lorgaíonn ESB dul i ngleic le bainistíocht ar a thionchair ábhartha ar a lucht saothair féin agus ar na hoibrithe inár slabhra breisluacha, anuas ar rioscaí agus deiseanna ábhartha gaolmhara.

Beartaímid tabhairt i rith 2023 faoi anailís ar bhearnaí in aghaidh CSRD agus na gcaighdeán ESRS faoi seach. Múnlóidh torthaí an mheasúnaithe seo ár nochtadh amach anseo agus rachaidh siad i ngleic le haon bhearnaí beartais a sainaithníodh.

Beartais a bhaineann le ESRS S1 agus S2:

[Beartas Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise](#)

[Beartas Sceithireachta agus Nochta Chosanta](#)

[Cód Eitice ESB - Ár gCód](#)

[Beartas um Chearta Daonna ESB](#)

[Beartas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha ESB](#)

[Eolas ar Riachtanais Soláthraí Fála](#)

[An Tuarascáil ar an mBearna Phá Inscne 2022](#)

Mheasúnaigh ESB a limistéir ghnó agus a láithreacha le saincheisteanna féideartha cearta daonna agus rioscaí agus bearta coisctheacha a shainaithint, laistigh den Ghrúpa agus in eagraíochtaí eile a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí. Déantar measúnú ESB ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionannais (a chreideann sé a bhaineann lena fheidhmeanna) agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na saincheisteanna siúd i gcomhlíonadh le Alt 42(s) den Acht um Chomhionannas, 2014, a fhoilsiú go leithligh ar láithreán gréasáin ESB.



Ceartha Daonna a Chosaint (Sclábhaíocht Nua-Aimseartha san áireamh)

Glacann ESB cur chuige neamhfhulaingthe i leith cearta daonna agus sclábhaíocht nua-aimseartha agus tá sé tiomanta do ghníomhú go heiticiúil agus le hionracas ina ndéileálacha agus a gcaidreamh gnó uile agus do chórais agus rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú nach bhfuil mí-úsáid as cearta daonna ag titim amach áit ar bith ina ghnólacht féin nó in aon cheann dá shlabhraí soláthair.

Mar eagraíocht a oibríonn sa Ríocht Aontaithe, tacaíonn ESB go hiomlán le haidhmeanna Acht um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha, 2015 an RA (Modern Slavery Act, 2015). Le cosc a chur ar ghníomhartha sclábhaíochta agus gáinneála ar dhaoine ó thitim amach laistigh dá ghnólacht agus dá shlabhraí soláthair, chuaigh ESB i mbun roinnt beart, glacadh le Beartas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha san áireamh, a fhoilsítear ar láithreán gréasáin ESB [Beartas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha ESB](#).

Ullmhaíonn ESB ráiteas bliantúil, faoi mar a cheanglaítear in Acht um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha, 2015 an RA, ina dtugtar cuntas ar na gníomhartha a rinneadh i rith na bliana (2022) le cosc a chur ar ghníomhartha sclábhaíochta nua-aimseartha ó thitim amach laistigh dá shlabhraí soláthair:

[Ráiteas ESB ar Sclábhaíocht Nua-Aimseartha a Chosc](#)

Tá tuilleadh sonraí le fáil ar ár ngníomhartha slabhra soláthair faoinar tugadh i rith 2022 sa mhír Slabhra Soláthair den tuarascáil seo ar leathanach 88.

Ceartha Daonna (ar lean)

Measúnú Riosca Ceart Daonna

Tugtar cuntas sa tábla thíos ar limistéir thionchair ceart daonna agus ar ár ndul chun cinn ina n-aghaidh. Tuairisceoidh ESB go rialta ar na bearta seo ina Thuarascáil Bhliantúil agus a Thuarascálacha Inbhuanaitheachta Bliantúla.

Foilsítear an measúnú seo i gcomhlíonadh oibleagáidí ESB faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Saincheist Limistéar Tionchair Ceart Daonna	Gníomh Beartas, Próiseas, Cur Chuige a Glacadh	Nuashonrú Dul chun Cinn in 2022
Saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais a imríonn tionchar ar fhostaithe ESB (agus a fhochuideachtaí, ESB Networks DAC san áireamh)	Tá réimse fairsing beartas i bhfeidhm, an méid seo a leanas ina measc: ▪ Beartas um Chearta Daonna ESB Group ▪ Beartas um Éagsúlacht Chultúrtha ▪ Beartas Soláthair an Ghrúpa ▪ Cairt Eangaí Inbhuanaithe EDSO ▪ Cód Cleachtais Ccomhdheiseanna agus Éagsúlachta ESB ▪ Beartas Sláinte agus Sábháilteachta ▪ Beartas Bainistíochta agus Inbhuanaitheachta Comhshaoil ▪ Beartas Sceithireachta agus Nochta Chosanta ▪ Cód Eitice Fhostaithe ESB (Ár gCód) ▪ An Bealach a Oibrímid (The Way We Work) ▪ Beartas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha ▪ Beartas Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise ▪ Saoirse Comhlachais agus Cómhargáil ▪ Cláir leanúnacha oiliúna agus feasachta a bhaineann leis na beartais thuas	▪ Beartas comhdhlúite um Chearta Daonna ESB Group a fhoilsiú ▪ Lorgaítear dearcthaí fostaithe trí shuirbhéanna rialta ‘Ár nGlór’ ▪ Nochtadh GRI Saoirse Comhlachais ▪ An Dara Tuarascáil ar an mBearna Phá foilsithe in 2022 ▪ Rannpháirtíocht i ngrúpa oibre náisiúnta um Ghnó agus Cearta Daonna ▪ Rinneadh idirchaidreamh le Transparency International maidir le hInnéacs Ionracais Náisiúnta na hÉireann 2022 ▪ Sonraí faoi nochtadh cosanta mar a thuairiscítear i dtuarascáil bhliantúil ESB
Saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais i gcuideachtaí comhfhiontair	▪ Treoirlínte do chomhfhiontair arna nglacadh ▪ Glactar le Creat Rialachais do gach comhfhiontar a chruthaítear	▪ Tá na socruithe rialachais seo á n-oibriú
Saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais a dhéanann difear dár gconraitheoirí	▪ Cuirtear forálacha conarthacha san áireamh inár gcomhaontuithe uile conraitheoirí a cheanglaíonn ar na conraitheoirí uile caighdeáin ar leith a chomhlíonadh a bhaineann le dlíthe fostaíochta, eitic, breabaireacht agus caimiléireacht, frithsclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine, smachtbhannaí agus ceisteanna gaolmhara ▪ Iniúchtaí conraitheora a dhéanann tríú páirtí neamhspleách	▪ Rinneadh 74 iniúchadh in 2022 ar Chaighdeáin Fostaíochta Conraitheora ▪ Cumhdaítear gach conradh le soláthar saothair i bPoblacht na hÉireann

Ceartha Daonna (ar lean)

Saincheist Limistéar Tionchair Ceart Daonna	Gníomh Beartas, Próiseas, Cur Chuige a Glacadh	Nuashonrú Dul chun Cinn in 2022
Saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais a thagann chun solais inár línte soláthair	▪ Glacadh le Cairt Soláthraithe ESB, ina leagtar amach na caighdeáin is gá do gach soláthraí a bhaint amach ▪ Áirítear le conarthaí soláthraí forálacha conarthacha a cheanglaíonn ar na soláthraithe uile (gníomhairí san áireamh) caighdeáin ar leith a chomhlíonadh a bhaineann le dlíthe fostaíochta, eitic, breabaireacht agus caimiléireacht, frithsclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine, smachtbhannaí agus ceisteanna gaolmhara ▪ Scagadh agus seirbhís iniúchta a sholáthar ▪ Seasamh airgeadais soláthraithe a sheiceáil gach bliain ▪ Ball de Bettercoal	▪ Tá conarthaí i bhfeidhm anois le 3ú páirtithe do scagadh riosca i slabhra soláthair ESB agus iniúchtaí ar an láthair dá dhroim sin, nuair a thugtar le fios ▪ Faoi chreat-chomhaontú a bronnadh in 2021 ar Institiúid Chaighdeán na Breataine (BSI), eisíodh ceistneoirí do 188 de phríomhsholáthraithe ESB a lorg eolas ar réimse limistéar a bhaineann le Freagracht Shóisialta Chorporáideach, cleachtais Chearta Daonna Cuideachta, bearta a ndeachthas ina mbun le cosc a chur ar Dhúshaothrú Leanaí agus ar Shaothar Éigeantach, Pá agus Sochair, cleachtais DhisCIPLíneacha agus Chomhshaoil ▪ D'fhreagair 128 soláthraí na ceistneoirí seo agus sainaithníodh go bhfuil rátáil ard riosca ag 26 de na soláthraithe seo, agus sainaithníodh go bhfuil ardriosca i leith 3 sholáthraí bunaithe ar an measúnú seo ▪ Tá réimse gníomhartha, iniúchtaí ar an láthair san áireamh, ina gcuimsítear soláthraithe ar theip orthu an ceistneoir a fhreagairt agus d'fhreagróirí a bhfuil rátáil ard riosca acu á dtabhairt chun cinn faoi láthair ▪ Lean ESB le hidirchaidreamh a dhéanamh lenár soláthraithe móra guail lena chinntiú go dtuigeann siad tiomantas ESB don Eagraíocht Bettercoal agus Cód Bettercoal, tiomantas ESB san áireamh d'uirlisí Bettercoal ina phróisis díchill chuí agus feabhsaithe leanúnaigh san áireamh chun gual a sholáthar. Déantar iniúchadh ar mhianaigh in aghaidh na bprionsabal i gCód Bettercoal. Cuimsítear i leagan reatha (2.0) Chód Bettercoal Prionsabail Threoracha na NA maidir le Gnó agus Ceartha an Duine agus ionstraimí na NA agus an ILO maidir le ceartha daoine dúchasacha ▪ Chinntíomar go raibh na fortháirgeoirí agus na soláthraithe go léir ar an eolas ar agus cláraithe le Cáipéis Riachtanais 3ú Páirtí ESB, ina mbunaítear oibleagáidí soiléire conarthacha i leith chur chuige neamhfhulaingthe ESB i leith Sclábhaíocht Nua-Aimseartha inár Slabhraí Soláthair ▪ Rannpháirtí gníomhach é ESB i nGrúpa Oibre Bettercoal sa Cholóim ag a bhfuil trí phríomhlimistéar fócais: Plé, Uisce agus Aistriú Cóir a fhorbairt ▪ Leanamar le hoiliúint shaincheaptha a sholáthar d'Fhoireann Soláthair ESB maidir le Rioscaí Sclábhaíochta Nua-Aimseartha agus chríochnaigh 13 bhall den fhoireann Clár Cleachtóra na hInstitiúid Cairte Ceannaigh agus Soláthair (CIPS) freisin, lena n-áirítear oiliúint ar shaincheisteanna gaolmhara CSR agus Freagracht Shóisialta Chorporáideach, agus ▪ Shann an Tionscadal Nochta Carbóin (CDP) rátáil cheannaireachta A- do ESB i dtaobh Rannpháirteachais le Soláthraithe in 2022

Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine

Léargas Ginearálta

Tá Bord, bainistíocht agus fostaithe ESB tiomanta do shláinte agus sábháilteacht fostaithe, chustaiméirí, chonraitheoirí agus na ndaoine ar a bhfreastalaíonn ESB a chosaint. Tugtar tús áite i gcónaí dá sábháilteacht i ngníomhartha agus gníomhaíochtaí gnó. Creideann ESB gur féidir gach próiseas oibríochtúil a dhearadh agus a oibriú ar bhealach sábháilte. Treoraíonn an creideamh seo an cur chuige i leith sábháilteachta i measc na ngníomhaíochtaí gnó uile agus neartaíonn ceannaireacht láidir agus infheicthe ar fud ESB é. Tá freagracht fhoriomlán ar an bPríomhfheidhmeannach

as sláinte, sábháilteacht agus folláine in ESB a bhainistiú. Leagtar amach i [Ráiteas Sábháilteachta ESB Group](#) an beartas foriomlán agus na socruithe ginearálta i dtaobh sláinte, sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe go léir a chinntiú. Roinntear freagracht fheidhmiúil leis an mbainistíocht shinsearach go léir agus, ar a uain sin, le gach bainisteoir, maoirseoir, ceann foirne agus fostaí. Tacaíonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir leis an monatóireacht agus an rialáil a dhéanann an Bord ar shláinte, sábháilteacht agus folláine.

Feidhmíocht Sábháilteachta in 2022

Úsáideann ESB na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) seo a leanas le feidhmíocht sábháilteachta a rianú.

1. Tuairisciú ar Eiseamláirí: Is ionann Eiseamláir (Good Catch) agus fostaí nó conraitheoir a dhéanann idirghabháil nuair a thugann siad gníomh baolach nó dáil bhaolach faoi deara. Cabhraíonn seo le cosc a chur ar theagmhas sábháilteachta tarlú. Tuairiscíodh 7,923 Eiseamláir ar fud na heagraíochta i rith 2022.

2. Dúnadh imscrúdaithe P1: Is ionann teagmhas P1 agus teagmhas a bhféadfadh daoine a bheith thíos le gortuithe a athraíonn an saol dá mbarr. Déanann ESB gach teagmhas agus neasteagmhas a chatagóiriú agus díriú ar leith ar ardteagmhais fhéideartha a bhféadfadh torthaí níos tromchúisí a bheith mar chúis leo. Déantar imscrúdú cuimsitheach ar gach teagmhas P1. Tuairiscíonn PTF dhúnadh imscrúdaithe P1 ar imscrúduithe a chríochnú go tráthúil. Sáraíodh an sprioc PTF seo ag deireadh 2022 agus 84% den ráta dúnta sa mhí, ar an meán, á mbaint amach.

3. Gníomh P1 a dhúnadh: Nuair a imscrúdaítear teagmhas P1, is minic go n-eascaíonn gníomhartha ceartaitheacha as na torthaí. Déanann an PTF seo críochnú an uile ghnímh go tráthúil a rianú a bhaineann le teagmhais P1. Sáraíodh sprioc dhúnta ghníomh P1 in 2022, agus 84% den ráta dúnta sa mhí, ar an meán, á bhaint amach.

4. Gníomhaíochtaí ceannaireachta na Bainistíochta Sinsearaí: Bítear ag súil leis go léiríonn gach Bainisteoir Sinsearach in ESB a gceannaireacht sábháilteachta trí thabhairt faoi ghníomhaíochtaí ceannaireachta gach mí. Rianaíonn an PTF seo críochnú na ngníomhaíochtaí seo. Ní raibh an sprioc á baint amach ag ESB (74%) sa chéad chuid den bhliain Rinneadh an PTF a fhairsingiú agus a athnuachan le rannpháirtíocht agus ceannaireacht a fheabhsú agus léirítear san fheidhmíocht níos fearr 83% sa dara leath den bhliain é seo. Ar an iomlán, ní raibh an sprioc á baint amach ag an meánfeidhmíocht (77%) i leith an ráta críochnaithe don bhliain

5. Iniúchadh ar dhúnadh neamhchomhréireachta: Tá ESB deimhnithe i leith Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) a chreidiúnaítear go seachtrach. Rianaítear neamhchomhréiteacht a bhaineann le hiniúchtaí seachtracha ar na SMSanna seo i leith críochnú in am. Leanann an líon neamhchomhréireacht mhór agus mhion de bheith an-íseal. Dúnadh na ngníomhartha go léir in am.


Gortuithe is Cúis le hAm Caillte

Ba é an líon Gortuithe is Cúis le hAm Caillte (LTIanna) in 2022 61, i gcomparáid le 69 in 2021 agus 57 in 2020. Bhí tromlach na ngortuithe seo íseal ó thaobh tromchúise agus tháinig biseach iomlán ar na páirtithe díobháilaithe agus d'fhill siad ar an obair go tapa. Ba iad na cúiseanna ba choitianta le LTIanna sleamhnú agus tuislí, agus feachtas staide trí chéile. Díobhálacha ceirde iad LTIanna a mbíonn duine as láthair ar feadh lá amháin, ar a laghad, ón obair, gan an lá a áireamh a tharla an gortú.


Ardteagmhais Fhéideartha (P1)

Cuireadh 167 teagmhas P1 i dtaifead in 2022. Tugadh méadú ar theagmhais P1 faoi deara in 2022 i gcomparáid leis na blianta 2018 go 2021. Bhí líon níos lú Gortuithe is Cúis le hAm Caillte in ESB in 2022 (3) i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin (4 in 2021 agus 11 in 2020). Is iad gléasra leictreach, trealamh agus línte lasnairde a chruthaíonn na rioscaí is mó sábháilteachta de bharr theagmhais P1. Bíonn earráid dhaonna ina cúis chomh maith le go leor teagmhas.

Fíor 1 Gortuithe is Cúis le hAm Caillte 2018-2022



Fíor 2 Teagmhais P1 2018-2022



Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine (ar lean)

Príomhstaitisticí Sábháilteachta

	2022	2021	2020	2019	2018
Foireann a Maraíodh	0	0	1	0	0
Conraitheoirí a Maraíodh	0	0	1	0	0
Gortuithe Foirne is Cúis le hAm Caillte (LTI)	30	40	57	50	41
Ráta LTI Foirne (in aghaidh gach 100,000 uair)	0.27	0.33	0.19	0.40	0.33
Gortuithe Conraitheoirí is Cúis le hAm Caillte	31	29	33	17	24
P1 (Ardteagmhais Tromchúise Fhéideartha)	167	135	142	102	138
Ráta Asláithreachta (meánlaethanta/foireann)	7.6	6.79	6.23	8.39	8.01
Laethanta caillte mar gheall ar dhíobháil cheirde	748	976	1,010	1,416	1,080
Básanna Poiblí de bharr leictreachais (taobh an chustaiméara den mhéadar)	1	0	0	0	0
Básanna Poiblí de bharr leictreachais (taobh an líonra den mhéadar)	0	0	0	0	0
Teagmhais Sábháilteacht ar an Líonra (Teagmhais Sábháilteachta Poiblí san áireamh)	2,368	2,512	2,106	2,232	2,015

Sábháilteacht Phoiblí

Lean ESB Networks i rith 2022 lena Straitéis Sábháilteachta Poiblí (2021-2025) a chur i bhfeidhm. Cuireann an straitéis seo le hiarstraitéisí agus tugtar creachtur chuige córais bainistíochta i leith sábháilteacht phoiblí isteach inti. Leanann an straitéis ag díriú ar rannpháirtíocht agus comhoibriú le príomhghrúpaí i mbaol a shainaithnítear, an earnáil feirmeoireachta, an tionscal tógála, seirbhísí éigeandála san áireamh chomh maith leis an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas ar an ngá atá le bheith sábháilte i gcónaí agus fanacht amach ón líonra leictreachais trí chainéil éagsúla mheán. Oibríodh seirbhís freagartha éigeandála ESB Networks 24/7/365 i leith na gcaighdeán is airde le sábháilteacht phoiblí a chinntiú. Críochnaíodh iniúchadh neamhspleách 2022 ar Chlár Bainistíochta Sábháilteachta Poiblí ESB Networks thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Fónais (an CRF) i ráithe 4 agus cuireadh neamhchomhréireacht ar bith Chatagóir 1 nó Chatagóir 2 i dtaifead. Chuir ESB fáilte roimh an bhfíorú neamhspleách seo ar Straitéis Sábháilteachta Poiblí ESB Networks agus ar an gclár bainistíochta gaolmhar.

Níor maraíodh aon duine in 2022 de mhuintir an phobail de bharr an líonra leictreachais atá á chothabháil ag ESB Networks, faoi mar a bhí i gceist le cúig bliana anuas. Ach tharla dhá theagmhas teagmhála leis an líonra ag baill den phobal ónar eascair turraing leictreach agus cóireáil ospidéil. Gortaíodh ball den phobal go marfach i dTuaisceart Éireann nuair a rinne siad teagmháil leis an líonra leictreachais lasnairde atá á chothabháil ag NIE Networks.

Slán Sábháilte

Is é Slán Sábháilte (Safe and Sound) clár claochlaithe cultúir sábháilteachta agus folláine ESB. Ó seoladh é in 2018 i nGiniúint agus Trádáil ESB Networks, bhain sé rath nach beag amach i dtaobh an cultúir ag ESB a thabhairt chun cinn. Chabhraigh an clár le sábháilteacht agus folláine a shuíomh i gceartlár gach ruda atá á dhéanamh. Tá sé bunaithe ar chroíluchanna ESB, aire a thabhairt dár sábháilteacht agus dár bhfolláine féin agus é sin dá gcomhghleacaithe, a bheith cróga i dtaobh labhairt amach nuair a fheicimid rud éigin baolach, iontaobh a bheith ag fostaithe, comhpháirtithe ar conradh agus custaiméirí asainn a bheith sábháilte gach lá agus a bheith tiomanta de bheith inár gceannairí sábháilteachta, sláinte agus folláine agus i bhfreagracht comhshaoil. Dhírigh Slán Sábháilte in 2022 ar an gclár a fhairsingiú i measc aonaid ghnó uile ESB, ceannaireacht dhearfach sábháilteachta agus folláine a chruthú agus prionsabail 'Slán Sábháilte' a chur i bhfeidhm i láithreacha oifige chomh maith le timpeallachtaí oibre túslíne. Is iad na prionsabail seo:



- Caithfidh ceannaireacht a bheith bunaithe ar 'Cén Fáth?',
- Is iad Daoine an Réiteach,
- Cur le Láidreachtaí Daoine, agus
- Caitheamh le Daoine mar Dhaoine Muinteartha.

Díríodh go láidir freisin ar idirchaidreamh dearfach sábháilteachta a dhéanamh le comhpháirtithe conraitheora ESB, agus an bhéim ar chultúr dearfach sábháilteachta agus folláine meabhraí do chách a oibríonn in ESB. Déanfaidh na foirne nua Slán Sábháilte a bunaíodh in 2022 aithris ar agus cur leis an modheolaíocht rathúil a forbraíodh le linn aistear Slán Sábháilte go dtí seo.

Sláinte agus Sábháilteacht Córais Bhainistíochta



Tá córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm i ngach aonad gnó ESB, a ndéantar go leor díobh a fhíorú go seachtrach i leith caighdeán Idirnáisiúnta ISO 45001 nó a chomhionann. Déantar cur síos sna córais bhainistíochta sábháilteachta (SMS) atá bunaithe ar an gcreat foirmiúil laistigh de gach eagraíocht/aonad gnó, atá ceaptha na gnéithe éagsúla de shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a bhainistiú. Tá dualgas ar na cuideachtaí go léir, ESB san áireamh, sláinte agus sábháilteacht a fhoirne go léir a bhainistiú, eolas a bheith acu ar na rioscaí sa ghnólacht agus dul i mbun gnímh ansin le hiad a rialú. Áirítear le príomhghnéithe SMS éifeachtach:

- Beartas agus tiomantas
- Pleanáil do theagmhas agus drochshláinte a chosc
- Cur i bhfeidhm agus oibriú, freagrachtaí, nósanna imeachta agus acmhainní san áireamh
- Feidhmíocht a thomhas
- Feidhmíocht a iniúchadh agus a athbhreithniú

Lean ESB le príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta agus sláinte agus iad siúd nach raibh an fheidhmíocht á sásamh acu a thabhairt chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Eiseamláirí, Comhráite Ceannaireachta, Imscrúdú P1, Gníomh P1 a dhúnadh agus neamhchomhréireacht Iniúchta iad seo. Lean ESB le dul chun cinn a dhéanamh i rith 2022 ar a fheidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú trí phríomhthionscadail feabhsúcháin a sholáthar ar fud an ghnólachta.

Cé go mbraithfidh riachtanais ar leith oiliúna gach duine aonair ar a róil agus freagrachtaí agus ar na rioscaí dá nochtar, cuirtear an oiliúint seo a leanas éigeantach sláinte agus sábháilteachta ceirde ar fhoireann agus conraitheoirí uile ESB a oibríonn thar ceann ESB. Ionduchtúchán Sábháilteacht, Stáisiún Oibre AFT (don phearsanra deascbhunaithe), Láimhsiú, faoi mar a chinntear de réir Measúnú Riosca. Oiliúint, faoi mar a theastaíonn, le tabhairt faoi thascanna nó róil ar leith go sábháilte. Cuirtear san áireamh san oiliúint go léir S agus S leibhéil éagsúla freagrachta, chumais, scileanna teanga, litearthachta agus riosca.

Measúnú Riosca

Leanann ESB ag díriú ar rioscaí a laghdú sa ghnólacht is cúis le teagmhais dhíobhálacha. Leantar le pleananna feabhsúcháin, tionscadail, cláir oiliúna agus iniúchta, agus díriú ar chosc a chur ar ghortuithe, a chur ar bun. Is é Measúnú Riosca an bonn faoina sainaithnítear agus faoina mbainistítear guaiseacha a d'fhéadfadh tarlú i rith na hoibre. Cuirtear na rioscaí sláinte agus sábháilteachta Fiontraíochta seo a leanas in iúl don Bhord agus bainistítear iad trí roinnt clár: leictreachas, tiomáint, oibriú ar airde, earraí ag titim ó airde, ualach a láimhseáil, uirlisí, gléasra agus trealamh, fuinnimh eile ghuaiseacha, guaiseacha fisiciúla, ceimiceacha agus bitheolaíocha, dóiteán agus pléascadh, sleamhnú, tuislí agus titim, oibriú aonair, strus agus suíomhanna tríú páirtí. Cuireadh tús le moltaí an Athbhreithnithe ar fud na cuideachta ar Shábháilteacht ó Dhóiteán a chur i bhfeidhm i rith na bliana. Déantar Feidhmíocht Sábháilteachta, Sláinte agus Timpeallachta a bhainistiú trí phróiseas Príomhtháscaire Feidhmíochta, agus tuairiscítear air go seachtainiúil ar fud na heagraíochta i dtaobh gortuithe, teagmhas, oiliúna, measúnuithe riosca, iniúchtaí, imscrúduithe agus gníomhartha ceartaitheacha. Spreagtar na fostaithe agus na conraitheoirí uile buarthaí sábháilteachta a thuairisciú, idirghabháil a dhéanamh nuair a thugann siad iompar baolach faoi deara agus stopadh ag oibriú nuair a thugtar dálaí baolacha faoi deara. Sainítear i gcórais Bhainistíochta Sábháilteachta ar fud an ghnólachta na gníomhartha agus na próisis ar leith a theastaíonn agus tuairiscítear teagmhais ar deireadh trí chóras SHIELD EHS ar líne ESB. Tá a bheith lách ar cheann de chroíluchanna ESB agus tugaimid ár dtús áite is mó dó san obair go léir, ar deireadh thiar, is é sin, go ndéanann na fostaithe agus na conraitheoirí go léir obair an lae go sábháilte agus go bhfillteann siad go sábháilte abhaile chuig a ndaoine muinteartha.

Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine (ar lean)

Sláinte agus Folláine

Tá ESB tiomanta do thacú go réamhghníomhach lena fhostaithe sláinte agus folláine mhaith a chothú. Cabhraíonn foireann Sláinte agus Folláine ESB le fostaith a lánchumas a bhaint amach san ionad oibre trí sheirbhísí sláinte agus folláine réamhghníomhacha, coisctheacha agus luath-idirghabhála a sholáthar. Cuireann sé eolas agus comhairle ar fáil d'fhostaithe chun cabhrú leo stíl mhaireachtála shláintiúil a chruthú agus a chothú. Cuireann an clár tacaíocht éifeachtach ar fáil nuair a bhíonn fostaith thíos le drochshláinte agus dúshlán eile sa saol pearsanta trí sheirbhís leighis sláinte cheirde, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP), seirbhís comhairleoireachta neamhspleách agus réimse bearta tacaíochta eile. Cuireadh cur chun cinn na sláinte, bunaithe ar fhéilire de limistéir mhíosúla dhírthe, ar siúl trí imeachtaí ar líne, imeachtaí i bpearsan, bullaitín mósúil sláinte agus folláine, agus seimineáir ghréasáin rialta ar mheabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil.

Paindéim COVID-19 – Freagairt ESB

Lean ESB lena rialuithe COVID-19 a chur ar siúl, cruinnithe rialta a Fhoirne Tacaíochta Freagartha don Phaindéim (PRST) agus a Fhoirne Bainistíochta Géarchéime (CMT) san áireamh go dtí Aibreán 2022. Ó shin i leith, tá an chuma air go bhfuil na rialuithe reatha ar vacsaíniú agus ar aonrú nuair a bhíonn comharthaí ar dhuine nó nuair a bhaintear toradh dearfach tástála amach éifeachtach i dtaobh COVID-19 agus a éifeachtaí ar oibríochtaí gnó ESB agus ar fholláine a fhostaithe a bhainistiú. Leanann ESB le monatóireacht a dhéanamh ar an gcás seo le sláinte agus folláine a fhostaithe, a chonraitheoirí, a chustaiméirí agus an phobail a chosaint anuas ar sheirbhísí bunriachtanacha a chothabháil.

Rinneadh príomhthionscnaimh agus príomhchláir a chur i bhfeidhm nó a chur ar bun go leanúnach in 2022

Ar an Iomlán	- Lean aonaid ghnó ESB lena ndeimhniúchán SMS i leith ISO 45001 nó a chomhionann a choimeád - Lean ESB le dul chun cinn a dhéanamh i rith 2022 ar a fheidhmíocht sábháilteachta a fheabhsú trí phríomhthionscadail feabhsúcháin a sholáthar - Déantar príomhrioscaí agus a mbainistíocht a athbhreithniú agus a thuairisciú go ráithiúil do Bhainisteoir Riosca an Ghrúpa agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
ESB Networks	- Leanann an fhoireann Inniúlachta agus Dearbhaithe leis na limistéir agus na gníomhaíochtaí oibre a fhairsingiú atá cumhdaithe ag an gclár dearbhaithe - Ghlac ESB Networks le 'Tosca Daonna' ('Human Factors') mar an téama Sábháilteachta i rith 2022 agus baineadh rannpháirtíocht agus freagairt an-dearfach amach i leith téamaí mósúla - Leanann an Clár Claochlaithe Cultúir 'Slán Sábháilte' ag dul i dtreise - Tá cláir agus tionscnaimh Sábháilteachta ar Bhóithre agus Sábháilteachta Poiblí ar an mbóthar ceart agus cuireadh ábhar spreagúil ar fáil do ghrúpaí agus páirtithe leasmhara i mbaol - Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar gach gné de phaindéim Covid-19 mar a bhaineann siad le soláthraí seirbhíse bunriachtanach
NIE Networks	Rinneadh clár claochlaithe cultúr sábháilteachta ar fud na cuideachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ar a dtugtar 'Níos Sábháilte le Chéile' ('Safer Together'), a neartaíodh trí cheannaireacht láidir agus infheicthe agus trí shraith feabhsúcháin sábháilteachta. Beidh céim a dó den chlár céanna á hiontráil aige anois de réir mar a leanann NIE Networks lena aistear chomh fada le díobháil ar bith a dhéanamh
Giniúint agus Trádáil (GT) agus Réitigh Chustaiméirí (CS)	- Bunaíodh fóram seaimpíní Sláinte agus Folláine in GT - Seachtain sláinte agus folláine i bpearsan críochnaithe in CS - Críochnaíodh céim a haon den fheachtas sábháilteachta iompraíochta in GT - Tá cultúr dearfach taifeadta iompair sábháilteachta á fhorbairt - Tá úsáid iomlán á baint anois ag 10 láthair as an gCóras Oibre Sábháilte (SSoW) - Anailís riosca guaise agus phléascaigh ar an gcóras hidrigine i nGob na Muine - Cuireadh athbhreithniú ar ghuais phróisis ar bun i gCnoc an Turlaigh agus in Ard na Croise - Cuireadh ceardlanna sábháilteachta leictrí ar bun ar fud na láithreacha
Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP)	- Díríodh go mór ar ról Slán Sábháilte in EMP don bhliain 2022 - I measc na n-imeachtaí i rith Sheachtain na Sábháilteachta bhí seimineár gréasáin Cód Cleachtais, Comhdháil ar an bPróiseas Dearaidh do Mhaoirseoirí Tionscadail, agus seimineáir ghréasáin faoi "Folláine Geimhridh", "Gearrshéisiúin Aclaíochta" agus "Tiomáint Shábháilte" - Forbraíodh scileanna sábháilteachta i dteicneolaíochtaí nua, fuinneamh amach ón gcósta agus stóráil fuinnimh - D'éirigh linn i rith 2022 marc KeepWell an IBEC a choimeád
Sláinte agus Folláine	- Cuireadh oiliúint ar garchabhair mheabhairshláinte ar thart ar 240 fostaí ESB agus cuireadh ar fáil í i 60 láthair. Cuireadh oiliúint ar 3% d'fhostaithe i ngarchabhair mheabhairshláinte - Leantar le clár bainistíochta struis ESB a sholáthar ar fud ESB agus tacaíonn seimineáir ghréasáin mhíosúla eolais ESB leis - Lean na seimineáir ghréasáin folláine mhíosúla le hábhar ardchaighdeán a sholáthar ar réimse fairsing ábhair folláine - Forbraíodh mol nua sláinte agus folláine ar líne, a dhéanann níos fusa é ar fhostaithe teacht ar eolas faoi ghníomhaíochtaí um chur chun cinn na sláinte, sláinte cheirde, cúnaimh fostaí agus seirbhísí comhairleoireachta rúnda - Críochnaíodh 32 dúshlán folláine fostaí, ar an iomlán, trí úsáid a bhaint as aip shláinte agus folláine ESB

Rannpháirtíocht sa Phobal

Cuspóir Sóisialta in ESB



Príomhghné de straitéis inbhuanaitheachta ESB is ea dul chun cinn a dhéanamh maidir le freagracht shóisialta. Ciallaíonn seo a chinntiú go n-imríonn ESB tionchar dearfach ar gach duine a ndéanann sé idirchaidreamh leo – fostaithe, soláthraithe, custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid. Ó bunaíodh é in 1927, thacaigh ESB le pobail agus clár a chuireann barr feabhais ar chreatlach gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann, agus chabhraigh sé le solas agus le fuinneamh a sholáthar do na daoine ar a bhfreastalaíonn sé, a cheadaíonn do dhaoine aonair agus do phobail a gcumas a chomhlíonadh.

An Cogadh san Úcráin

Leanann an cogadh san Úcráin le tionchar millteanach a imirt ar an oiread sin daoine. Lorg ESB i gcaitheamh na bliana le tacaíocht a sholáthar dóibh siúd ar imríodh tionchar orthu, san Úcráin agus go háitiúil inár bpobail araon. I measc na samplaí den tacaíocht a tugadh, tá:

- Chuir Electric Aid (Electric Aid) (an carthanas atá cistithe ag fostaithe ESB, comhghleacaithe ar scor agus ESB) achainí éigeandála ar bun. Sholáthair an fhreagairt dhochreidte €100,000 agus sholáthair ESB suim chomhionann. Lean Electric Aid ag coimeád cothrom le dáta leis na héilimh dhaonnúla san Úcráin i rith 2022, a chinntíonn gur scaipeadh na cistí seo go héifeachtach.
- Bhronn ESB tabhartas speisialta €100,000 ar an gCiste Fuinneamh do Ghlúnta do thionscnaimh chun tacú le dídeanaithe a bhí ag teacht go hÉirinn in 2022. Úsáideadh seo chun tacú le scéimeanna ar fud oileán na hÉireann, a bhaineann le réamhfhosáíocht, sláinte agus folláine agus bacainní roimh oideachas i measc dídeanaithe in Éirinn a bhaint.
- D'fhógair earcaíocht ESB poist ar láithreán gréasáin JobsIreland a dhírigh ar dhídeanaithe agus tá roinnt dídeanaithe ag oibriú anois in ESB.

- Ghníomhaigh ESB mar óstach do chomhdháil na Comhairle um Inimircigh in Éirinn i lár na Bealtaine do dhídeanaithe na hÚcráine.
- Bronnadh trí lá saoire bliantúla ar fhostaithe ESB a chuir lóistín ar fáil do theaghlach dhídeanaithe, a cheadaigh dóibh tacú lena n-aistriú go saol in Éirinn.
- Síneadh an cistiú a bhí ar fáil faoi chlár tacaíochta oibríthe go deonach ESB lena cheadú d'fhostaithe iarratas a dhéanamh ar €500 chun tacú le hoibriú go deonach nó le tiomsú airgid do dhídeanaithe.

An Ciste 'Fuinneamh do Ghlúnta' (EFG)

Is é EFG ciste tabhartais shóisialta ESB a thacaíonn le réimse fairsing tionscadal i measc na bpobal go léir ar a bhfreastalaítear i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, agus tá buiséad bliantúil a mhéid le €1 mhilliún aige. Bhí ceithre bhabhta cistithe ag an gCiste in 2022, agus d'eascair gur thacaigh EFG le 66 tionscadal ar fud oileán na hÉireann. Tá an ciste dírithe faoi láthair ar thrí théama - easpa dídine a chomhrac, cosc a chur ar fhéinmharú, agus teacht a chumasú ar oideachas ar Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM).

Áirítear le cistiú ESB comhpháirtíochtaí speisialta le:

- An tionscnamh Kinia for the TechSpace, a chuireann le cumas eagraíochtaí óige clár oideachais chruthaitheacha STEM a chur ar bun.
- An tionscnamh Ar an eolas ar a Scileanna Saoil do Scoileanna (Aware for their Life Skills for Schools), le feachtas ar mheabhairshláinte a chur chun cinn i meánscoileanna ar fud na hÉireann. Chistigh EFG 782 clár Scileanna Saoil do Scoileanna agus oiliúint a chur ar 92 oiliúnóir i gcaitheamh tréimhse trí bliana, ónar eascair beagnach 16,000 mac léinn a bheith rannpháirteach iontu. Anuas air sin, cuireann an ciste cistiú ar fáil a bhfuil géarghá leis um Nollaig do réimse fairsing carthanais, an tIonad Lae Caipisíneach, Brú Phádraig, Luimneach, Dinnéir Phingine Chorcaí (Cork Penny Dinners), Focus Ireland agus an ISPCC san áireamh.

Comhpháirtíocht ESB le Kinia

Clár oideachais teicneolaíochta cruthaitheach é TechSpace 2022 atá á bhainistiú ag Kinia, carthanas agus fiontar sóisialta neamhbhrabúis atá dírithe ar an oideachas. Thacaigh ESB le fás an chláir seo a spreagann daoine óga a bpaisean agus a gcumas a shaothrú trí úsáid chruthaitheach a bhaint as an teicneolaíocht. Tugadh TechTour isteach in 2022 ag Pointí Ceangail Leathanbhanda (BCP) Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann ar fud na hÉireann. Bhí meascán d'imeachtaí oiliúna i bpearsan agus ar líne ar fud seacht gcontae (Gaillimh, Tiobraid Árann, an Cabhán, an Mhí, an Longfort, Cill Mhantáin, agus Uíbh Fhailí) i gceist le TechTour VCP a thug tús eolais do rannpháirtithe ar go leor scileanna a bhaineann le STEM, cosúil le scannánaíocht mhóibíleach, podchraoladh, códú, ciorcadra agus róbataic. Ceiliúradh ar obair chruthaitheach dhaoine óga atá san imeacht bliantúil Oideachasóirí Cruthaitheacha TechFest. Sheol Kinia ag imeacht na bliana seo i Samhain 2022 réimse micridhintiúir a aithníonn forbairt ghairmiúil agus oiliúint scileanna oideachasóirí in TechSpace agus sa líonra níos fairsinge. Áiríodh leis seo micridhintiúir d'fhoghlaím chruthaitheach STEM-bhunaithe a forbraíodh le tacaíocht ón ESB.

Oibriú go Deonach i measc Fostaithe

Déanann fostaithe in ESB obair dheonach ar go leor bealaí, idir am a chaitheamh leis an gciste Fuinneamh do Ghlúnta (Energy For Generations) (EFG) agus Electric Aid (carthanas foirne ESB) a réachtáil, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh a chistíonn ESB, agus imeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú. Anuas air sin, nuair a dhéanann fostaithe ESB breis agus 20 uair an chloig dá gcuid ama a oibriú go deonach, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar chiste EFG ESB ar dheontas €250 a íoc leis an eagraíocht sin, agus méadaítear seo go €500 i gcás tacú le dídeanaithe. Tacaíonn ESB go gníomhach leis na clár Am Léitheoireachta (Time to Read), Am Comhairimh (Time to Count) agus Scileanna ag an Obair, a réachtálann Gnó sa Phobal, a bhfuil de chuspóir acu tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú i mbunscoileanna ar fud na hÉireann. D'oibrigh fostaithe ESB beagnach 600 uair an chloig go deonach in 2022 chun tacú leis na clár seo ag ocht scoil.



Róisín NíChiaráin, Kinia ag imeacht Educator.



ESB agus Scoil Náisiúnta Mhuire, Fionnradharc, ghlac 25 oibrí deonach ar fud na heagraíochta páirt in Am Léitheoireachta i 3 scoil i mBaile Átha Cliath i rith na scoilbhliana 2021-22, agus rinneadh léitheoireacht le 39 leanbh, ar an iomlán.

Rannpháirtíocht sa Phobal (ar lean)

Urraíocht

Déanann ESB Group bainistiú ar phunann ghníomhach urraíochta, an méid seo a leanas ina measc:

- Tacú le scileanna don 21ú haois a fhorbairt i measc daoine óga trí Bleaist Eolaíochta ESB agus an clár Idir Chamáin agus Chearnaic (Quavers to Quadratics)
- Tacú leis na healaíona trí chomhpháirtíochtaí
- Tacadóir agus urraitheoir bródúil é ESB le himeacht tiomsaithe airgid bliantúil Darkness into Light de chuid Pieta House
- Oideachas ar cheisteanna ceartais shóisialta a spreagadh trí thacú le Clár Forbartha Óige Naomh Unseann de Pól
- Daoine óga a chur chun cinn sa spórt trí Chraobhchomórtais Mhionúr CLG Uile-Éireann Electric Ireland agus trí na Craobhchomórtais Ardoideachais
- Rannpháirtíocht ban sa pheil a chur chun cinn trí urraíocht a dhéanamh ar Pheil na mBan i dTuaisceart Éireann.

Imríonn cláir cosúil le ceardlanna Bleaist Eolaíochta ESB agus Giniúint Amárach (Generation Tomorrow) STEAM, tionchar dearfach ar na mílte scoláire bunscoile i bpobail ar fud na hÉireann.

Bleaist Eolaíochta ESB

Cuireann Bleaist Eolaíochta ESB, a sholáthraíonn Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) ar chumas leanaí bunscoile, ó Rang 3 go Rang 6, chun oibriú as lámh a chéile mar rang le himscrúdú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann le ceist shimplí is ábhar spéise dóibh, sula gcuireann siad a dtorthaí i láthair ag ceann amháin de thrí imeacht taispeána i mBaile Átha Cliath, Luimneach, nó Béal Feirste. Níor éirigh leis na himeachtaí taispeána a chur ar siúl in 2022 mar gheall ar thionchar leanúnach COVID-19, ach fuarthas 440 aighneacht scoile agus ghlac breis agus 11,000 leanbh páirt in Bleaist Eolaíochta ESB fhíorúil. Breithiúna, breis agus 40 duine ó ESB san áireamh, ag tacú le moltóireacht sa rang nó fhíorúil, agus cuireadh buaicphointí Bhleaist Eolaíochta ESB ar siúl i scoileanna do thuismitheoirí agus don phobal scoile níos fairsinge. Níor cuireadh ceann de laethanta an imeachta ar siúl ach sna Gaelscoileanna/scoileanna Gaeilge agus tugtar faoi na tionscadail agus an mholtóireacht as Gaeilge. Thug Seó Bóthair Bhleaist Eolaíochta ESB cuairt ar 15 scoil ar fud na hÉireann i rith Aibreán 2022, i bhfeithicil leictreach ESB.

Idir Chamáin agus Chearnaic

Clár nuálach oideachais STEM é Idir Camáin agus Chearnaic a fhiosraíonn conas atá domhain an cheoil agus na heolaíochta fite fuaite ina chéile trí shraith ceardlann teagmhálach. Cuirtear an clár ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta, Scoileanna Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tugann sé eolaíocht an cheoil isteach i seomraí ranga ó Rang 3 go 6. Cuireann turgnamhaíocht agus súgradh eolas ar fáil do gach ceann de na ceithre cheardlann Idir Chamáin agus Chearnaic a dhíríonn ar Fhuaim a Chloisteáil, Fuaim a Fheiceáil, Fuaim a Bhraistint agus Fuaim a Chruthú. Dhírigh tacaíocht ESB in 2022 ar an gclár a sholáthar i measc scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) agus scoileanna Gaeltachta.



ESB ag Tacú leis na hEalaíona

Tá ESB ag tacú leis na healaíona in Éirinn le fada an lá agus aithníonn sé an príomhról a ghlacann ealaíontóirí ní hamháin i bhforbairtí sóisialta agus geilleagracha a chur i dtaifead agus a thuiscint, ach freisin i bpobail a spreagadh agus nuálaíocht agus cruthaitheacht a mhúscailt. Tacaíonn ESB le roinnt eagraíochtaí ealaíon agus thacaigh sé le cúig thionscadal ealaíona aeráide in 2022 trí Chiste Ealaíon do Thodhchaí Níos Gile ESB. Scéim €250,000 atá cistithe ag deontóir é Ciste Ealaíon do Thodhchaí Níos Gile ESB a seoladh in 2021 agus atá ar oscailt d'ealaíontóirí ó gach foirm ealaíne a oibríonn le heagraíochtaí maidir le hinbhuanaitheacht, athrú aeráide agus aistriú fuinnimh. Roghnaigh painéal neamhspleách measúnaithe cúig thionscadal ó áiteanna ar fud na hÉireann le haghaidh cistiú.

Darkness into Light

In 2009, thug 400 duine aghaidh ar aistear tionscnaimh 5km Darkness into Light le cistí a thiomsú do Pieta i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Lean an ghluaiseacht ag fás ó imeacht beag, agus tá thart ar 200,000 rannpháirtí anois ann ag breis agus 200 ionad timpeall an domhain a ghlacann páirt in Darkness into Light gach bliain.

Thacaigh Electric Ireland le Darkness into Light ón mbliain 2013, agus oibríonn sé le Pieta le dóchas a sholáthar do chustaiméirí, an fhoireann agus do phobail ar fud na hÉireann ar imir féinmharú tionchar orthu. Mar phríomhsholáthraí fuinnimh na hÉireann, tuigean Electric Ireland an tábhacht a bhaineann le solas a chur ar fáil d'áiteanna cónaithe agus do phobail timpeall na tíre. Is urraitheoir bródúil Darkness into Light sinn agus tá súil againn gur féidir linn cabhrú leo siúd inár bpobail atá thíos le féinmharú agus féindochar, tríd an gcomhpháirtíocht fhadtéarmach seo le Pieta, chun a gcéad céimeanna ón éadóchas isteach sa dóchas a chur díobh. Fírléiriú é Darkness Into Light ar conas atáimid níos suairce le chéile, agus imeacht é ina dtagann daoine le chéile chun tacaíocht agus dlúthpháirtíocht a thabhairt dóibh siúd ar imir féinmharú tionchar orthu.

Bhí gliondar croí orainn in 2022 filleadh ar ár siúlóidí i bpearsan i ndiaidh na srianta in 2020 agus 2021 agus ghlac líon níos mó ná 140,000 duine in Éirinn páirt ann agus thacaigh feachtas daingean margaíochta agus meán leis a chabhraigh linn €4.6 milliún a thiomsú don tseirbhís thar a bheith tábhachtach seo.

[Darkness Into Light 2022 | Electric Ireland](#)



Rannpháirtíocht sa Phobal (ar lean)



Cumann Naomh Uinseann de Pól don Óige

Príomh-chomhpháirtithe le Cumann Naomh Uinseann de Pól don Óige agus príomhurrathoirí dá gClár Forbartha Óige de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól a bhí in Electric Ireland ó 2013. Cuireann an clár forbartha an deis ar fáil do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomh sóisialta agus spreagann sé forbairt phearsanta agus shóisialta. Forbraíodh an clár lena úsáid i scoileanna nó i ngrúpaí óige agus ghlac beagnach 20,000 scoláire meánscoile ón 4ú agus an 5ú bliain páirt ó tosaíodh ár gcomhpháirtíocht. Nuair a chláraítear sa chlár, tugtar an deis do na scoláirí foghlaim faoi cheartas sóisialta, agus an fáth go dteastaíonn sé agus tugtar an deis dóibh páirt a ghlacadh i dtionscadail gnímh shóisialta ina bpobail.

[Cumann Naomh Uinseann de Pól don Óige | Electric Ireland](#)

Sraithchomórtais agus Craobhchomórtais Ardoideachais Electric Ireland

Bhí Electric Ireland ina urraitheoir teidil ar Chraobhchomórtais Sigerson CLG, Fitzgibbon agus Ardoideachais (HEC) ó 2017. Glacann 7,000 imreoir ó bhreis agus 50 ollscoil agus institiúid páirt gach bliain i dtiomantas fadmarthanach Electric Ireland don óige in CLG agus trí chur le hurraíocht ar na Craobhchomórtais Mhionúr, agus iad ag dul san iomaíocht do Choirn Sigerson agus Fitzgibbon, anuas ar Shraithchomórtais agus Craobhchomórtais Ardoideachais eile.

[HEC - na Craobhchomórtais Ardoideachais 2023 | Electric Ireland](#)

Craobhchomórtais Mhionúr CLG

B'urrathoir bródúil Electric Ireland ar na Craobhchomórtais Iománaíochta agus Pheile Mionúr Uile-Éireann CLG ó 2012. Tar éis gur oibrigh siad le foirne mionúr le himeacht na mblianta, tuigean Electric Ireland go maith gach rud a bhaineann le foirne mionúr a bheith ag imirt. I gcaitheamh chomhpháirtíocht Electric Ireland, rinneadh an méid atá i gceist le páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtais Mhionúr CLG a athshainiú faoin ardán feachtais "This Is Major", agus tugadh ardú céime don dearcadh i leith agus an tuiscint ar na Craobhchomórtais Mhionúr. Chuaigh Electric Ireland i gcomhpháirt leis an CLG ó 2017 le Gradam Réalta Mionúr CLG Electric Ireland a bhunú a aithníonn na 15 imirt aonair is fearr ar fud na gCraobhchomórtais Mionúr sa pheil agus san iománaíocht anuas ar Pheileadóir agus Iománaí Mionúir na bliana.

[Mionúir CLG 2022 | Electric Ireland](#)



Urraíocht Electric Ireland ar Pheil na mBan i dTuaisceart Éireann le Game Changers ó 2017

Is urraitheoir le bród é Electric Ireland, i gcomhpháirt le Cumann Sacair na hÉireann (IFA), ar pheil na mban agus na gcailíní ag gach leibhéal i dTuaisceart Éireann agus tá obair á déanamh chun rannpháirtíocht a mhéadú, freastal ar chluichí agus clúdach sna meáin a mhéadú. Tá méadú 125% tagtha ar na himreoirí cláraithe agus leanann Electric Ireland le cabhrú le níos mó deiseanna a sholáthar do mhná chun an pheil a imirt i dTuaisceart Éireann trí thacú le Cumann Sacair na hÉireann le struchtúir nua shraithchomórtais, comórtais nua scoileanna agus for-rochtain mhéadaithe ag bunscoileanna. Anuas ar thacaíocht a dheimhniú in 2022 do Chlár Ceannairí Mná Electric Ireland, atá ceaptha na scileanna a thabhairt do mhná tabhairt faoi ról cheannaireachta ina bpobail féin pheile.

[Game Changers Electric Ireland](#)



Rannpháirtíocht sa Phobal (ar lean)

Tacaíocht Pobail

Rinne ESB infheistiú €2.5 milliún i rith 2022 trína chláir shóisialta atá dírithe ar thacaíocht pobail.

	2022 €	2021 €	2020 €	2019 €
Fuinneamh do Ghlúnta *	1,082,500	1,242,390	1,251,309	986,078
Oibriú go Deonach i measc Fostaithe	11,000	12,250	9,750	25,000
Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe	1,000,000	1,000,000	1,000,000	1,000,000
Electric Aid	275,000	275,000	275,000	275,000
Éigeandáil na hÚcráine	100,000			
Faigh Vacsaín UNICEF		105,000	-	-

* Anuas ar an méid thuas, tugann ESB tacaíocht airgeadais d'fhostaithe a thugann faoi ghníomhaíochtaí oibrithe go deonach agus sna cláir oibrithe go deonach Gnó sa Phobal ("Am Léitheoireachta" agus "Am Comhairimh").

Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe

Tá fochuideachtaí feirmeacha gaoithe ESB ag feidhmiú in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór, agus soláthraíonn Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe €1 mhilliún dá chuid do phobail atá gar do láithreáin feirmeacha gaoithe chun bonneagar agus seirbhísí áitiúla a fhorbairt chun todhchaí níos gile a chinntiú do chónaitheoirí na bpobal tuaithe in aice láimhe.

Bhunaigh ESB Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe, a léiríonn ár n-intinn agus ár dtiomantas do chinntiú go bhfuil tairbhí soiléire agus marthanacha sna pobail atá mórthimpeall ár bhfeirmeacha gaoithe. Cabhraíonn na cistí seo le pobail freisin ina n-oibrímid ár bhfeirmeacha gaoithe a bheith níos inbhuanaithe, trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh agus do ghníomhaíochtaí dearfacha áitiúla.



Tuairiscítear sonraí cistithe maidir le Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe bliain i riaráistí don bhliain 2022, mar gheall ar uainiú an tuairiscithe. Tacaíodh le 191 Tionscadal i rith 2021, trí na 16 chiste atá i gCiste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe.

Thacaigh na cistí in 2021 le trí limistéar fócais fhairsinge:

Cistiú Éigeandála – Mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, sholáthair Ciste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe foinse ríthábhachtach de chistiú sna pobail ar freastalaíodh orthu i rith na paindéime, agus lean sin ar aghaidh isteach in 2021.

Áiseanna Taobh Amuigh - Cuireann spásanna caitheamh aimsire taobh amuigh go mór le folláine shóisialta chomh maith le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte, agus aithníodh seo go mór i rith shrianta na paindéime agus rinne grúpaí pobail níos mó iarratas nuair a thosaíomar le gnólaigh a athoscailt in 2021 inar iarradh ar chistiú trí Chiste Pobail na bhFeirmeacha Gaoithe lena spásanna reatha a fhairsingiú agus a fheabhsú.

Éifeachtúlacht Fuinnimh - Tá móiminteam i bpobail ar fud na hÉireann atá ag fás chun éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a chothú ina n-áiteanna cónaithe agus ina bhfoirgnimh phobail taobh le tionscadail ghiniúna fuinnimh phobalbhunaithe.



Tacaíocht Pobail Idirnáisiúnta

Comhpháirtí bródúil corparáideach é ESB le Electric Aid, carthanas a bhunaigh fostaithe ESB in 1987. Tacaíonn 2,070 fostaí fónaimh agus ar scor inniu le Electric Aid, agus soláthraíonn ESB tabhartais chomhionanna ar chóimheas 2:3 i leith teorainn €275,000 gach bliain. Chistigh Electric Aid 76 tionscadal in 31 tír in 2022 ar luach iomlán €875,000, agus chuaigh gach tionscadal i ngleic go díreach le Sprioc amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tá cóip de Thuarascáil Bhliantúil Electric Aid ar fáil ó láithreán gréasáin Electric Aid – www.electricaid.ie.

Thosaigh Electric Aid comhpháirtíocht nua speisialta in 2022 le SeeBeyondBorders, eagraíocht forbartha Éireannach atá dírithe ar thacú le hoideachas ionchuimsitheach do leanaí sa Chambóid. Tá tacaíocht oideachais teicneolaíochta á cistiú ag Electric Aid ag roinnt scoileanna sa Chambóid.



Teacht custaiméirí ar sholáthar glan, slán agus inacmhainne leictreachais



Todhchaí atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh a Sholáthar

Caithfidh agus ní foláir do leictreachas glan glacadh le príomhról sa chóras fuinnimh a dhícharbónú agus i mbrath ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte a laghdú. Sheolamar ár straitéis nua i ráithe 1, Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040. Leagtar sprioc faoi cheangal ama ann seo do ESB le neodracht ó thaobh fuinnimh a bhaint amach ar chúrsa atá ailínithe leis an sprioc 1.5°C i gComhaontú Pháras. Ag oibriú le comhpháirtithe tionscail, rinneamar dul chun cinn suntasach i rith 2022.

Tá teacht 100% againn ar fud oileán na hÉireann ar sholáthar leictreachais. Is ionann seo agus níos mó ná 13.6 milliún ceangal a bheith déanta trí ESB Networks agus NIE Networks.

Ceangail leis an Líonra

Poblacht na hÉireann	2022	2021	2020
Cónaithe	2,179,008	2,146,913	2,123,093
Gnólachtaí Beaga	186,638	186,415	185,599
Gnólachtaí Meánmhéide (suíomhanna Soilsithe Phoiblí san áireamh)	111,744	122,934	120,085
Úsáideoir Mór Fuinnimh (ceangailte leis an gcóras dáileacháin)	1,993	1,961	1,932
Ceangailte leis an gCóras Tarchuir	30	22	20
Tarchur ceangailte le giniúint leabaithe	106	94	89
Ceangail Nua	38,924	29,000	28,500

Tuaisceart Éireann	2022	2021	2020
Ceangail Iomlána Chustaiméirí	912,838	900,000	890,003
Cónaithe	92.5%	92.6%	92.6%
Tráchtáil agus Tionsclaíoch	7.5%	7.4%	7.4%

Nótaí: GRI EU3 - Líon na gCustaiméirí Cónaithe, Tionsclaíocha agus Institiúide

Tacú lenár gCustaiméirí le hardchostas Fuinnimh

Tá stair bhródúil ag ESB d'fhreastal ar chustaiméirí leictreachais trí sholáthar agus nuálaíocht agus lorg sé i gcónaí leictreachas a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. Tuigean ESB an tionchar suntasach atá á imirt ag na méaduithe praghais le 18 mí anuas agus cinnteoidimid go gcuirtear an tionchar ar chustaiméirí san áireamh i gcónaí.

I rith 2022 agus de réir mar a méadaíodh costas na géarchéime fuinnimh, sholáthair ár ngnólachtaí soláthair ar fud Réitigh Chustaiméirí réimse tacaíochtaí chun cabhrú le custaiméirí leochaileacha agus leo siúd a bhí thíos le deacracht íoc as a mbillí fuinnimh. Déanann Electric Ireland

idirchaidreamh le gach custaiméir cónaithe ar aon dul leis an gCód Rannpháirtíochta Fuinnimh Tionscail deonach. Anuas ar an gcinneadh a dhéanamh gan brabús a bhaint in 2022 ó chustaiméirí cónaithe agus creidmheas €50 a sholáthar do gach cuntas custaiméara go luath in 2023, i measc na dtacaíochtaí a soláthraíodh ónár gCiste Cruatain trí Phleananna Íocaíochta, scéimeanna Buiséad Teaghlaigh, moratóirí dícheangail, deontais éifeachtúlachta fuinnimh agus an réimse tacaíochtaí rialtais a chur i bhfeidhm a fógraíodh i gcaitheamh 2022.

D'fhógair Electric Ireland i mí na Nollag 2022 nach raibh siad chun brabús a bhaint óna ghnólacht leictreachais cónaithe. Íocfar creidmheas €50 le gach custaiméir leictreachais cónaithe Electric Ireland agus méadófar Ciste Cruatain Electric Ireland faoi €2 mhilliún aníos go €5 mhilliún.

Dúirt Pat Fenlon, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Electric Ireland: *“Ba bhliain an-dúshlánach 2022 ar chustaiméirí fuinnimh, go príomha mar thoradh ar mhéaduithe ar phraghsanna gáis idirnáisiúnta. Tuigimid go soiléir na brúnna atá ar chustaiméirí an Geimhreadh seo agus, mar aitheantas ar na cúinsí eisceachtúla seo, níl Electric Ireland chun aon bhrabús a bhaint óna ghnólacht leictreachais cónaithe. Is féidir le custaiméirí cónaithe Electric Ireland súil a bheith le creidmheas €50 a fháil san Athbhliain.”*

Bhunaíomar moil tacaíochta do chustaiméirí ar fud ár láithreáin ghréasáin soláthair lena chinntiú go bhfuil teacht ag custaiméirí ar an eolas, an treoir agus an tacaíocht riachtanach go léir chun cabhrú le billí agus ídiú fuinnimh a bhainistiú.

[Electric Ireland Cónaithe - Mol Tacaíochta - Cabhair agus Tacaíocht dár gCustaiméirí | Electric Ireland](#)



[Gnó Electric Ireland - Mol Tacaíochta Gnó - Cabhair agus Tacaíocht dár gCustaiméirí | Electric Ireland](#)

[Electric Ireland Thuaisceart Éireann - Mol Tacaíochta Custaiméirí | Fuinneamh don Bhaile | Cabhair Electric Ireland TÉ](#)

[So Energy - Tacaíocht do Chustaiméirí \(so.energy\)](#)

Ciste Cruatain Electric Ireland

Bhí Electric Ireland tiomanta i gcónaí i rith 2022 do thacú lenár gcustaiméirí a bhí thíos le deacracht airgeadais. Tá stair fhada agus bhródúil ag Electric Ireland de bheith ag obair le comhpháirtithe ar a léirítear meas, cosúil leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (an MABS), Cumann Naomh Uinseann de Pól agus Alone. Méadaíodh Ciste Cruatain Electric Ireland in 2022 faoi €2 mhilliún aníos go €5 mhilliún, chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil teacht acu siúd is mó i ngátar tacaíochta air i rith mhíonna an gheimhridh. Bhain ár gcomhpháirtithe iontaofa breis agus €2.2 milliún ón gCiste Cruatain, a úsáideadh chun tacú le beagnach 5,500 custaiméir.



Teacht custaiméirí ar sholáthar glan, slán agus inacmhainne leictreachais (ar lean)

Custaiméirí Leochaileacha

Tá Electric Ireland tiomanta do thacaíocht a sholáthar dár gcustaiméirí leochaileacha a bhfuil riachtanais speisialta acu nuair atá leanúnachas soláthair fuinnimh ríthábhachtach. Thug Electric Ireland in 2022 faoi fheachtas forleathan cumarsáide le cuireadh a thabhairt do chustaiméirí chun eolas a chur ar fáil do Electric Ireland dá mba chustaiméir leochaileach iad nó duine muinteartha leo, bhí gliondar croí orainn leis an bhfreagairt don fheachtas agus táimid bródúil anois gur chláraíomar thart ar 24,000 custaiméir mar chustaiméirí leochaileacha, ar eolas é sin a chabhróidh linn an freastal is fearr a dhéanamh ar an ngrúpa custaiméirí seo.

[Aire a thabhairt dár gcustaiméirí leochaileacha | Electric Ireland](#)

Scéim Buiséad Teaghlaigh

Oibríonn Electric Ireland le custaiméirí atá thíos le Bochtaineacht Bhreosla a chláraíonn leis an Scéim Buiséad Teaghlaigh, nó le Méadar Réamhíocaíochta Réitigh Tionscail mar bhealach lena mbillí fuinnimh a íoc agus lascaine 5% a chur i bhfeidhm freisin. In 2022, d'éascaigh Electric Ireland 1,614 aistriú go Méadar Réamhíocaíochta Réitigh Tionscail.

Pleananna Íocaíochta

Spreag Electric Ireland ár gcustaiméirí go gníomhach a bhí thíos le deacracht lena mbillí fuinnimh a íoc chun teagmháil a dhéanamh chun ceann den roinnt roghanna íocaíochta solúbtha a fháil atá ar fáil, táirge Equaliser san áireamh, a chuireann ar chumas custaiméirí a gcostais fuinnimh a leathadh in íocaíochtaí cothroma i rith na bliana nó chun saoire íocaíochta a ghlacadh trí aontú le plean chun a mbillí a íoc thar aon mhí dhéag seachas dhá mhí dhéag. Bhunaigh Electric Ireland breis agus 55,000 plean tráthchoda in 2022 chun cabhrú le custaiméirí a gcostais fuinnimh a bhainistiú.

Tacaíochtaí Rialtais

Cuireadh roinnt cinntí Rialtais i bhfeidhm i rith 2022 chun cabhrú le tacú le custaiméirí leis an méid a chaitheann siad ar fhuinneamh. D'fhreagair ár ngnólachtaí soláthair le lúfaireacht agus le luas leis na tacaíochtaí seo a chur i bhfeidhm. Gearradh muirear CBL níos ísle in Éirinn, a chuir sraith tráthchodanna Creidmheasanna Rialtais €200 do shochar gach custaiméara cónaithe in Aibreán agus i Samhain agus bhí dhá thráthchuid bhreise le hóc in Eanáir agus Márta 2023 agus cuireadh eolas ar fáil ar conas a d'fhéadfadh gnólachtaí teacht ar an Scéim Tacaíochta Fuinnimh Gnó Shealadach.

Tacaíodh sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann le híocaíocht a riar go díreach le cuntais nó trí dhearbháin £400 nó £600 ag brath ar an láthair tríd an Scéim Tacaíochta Billí Fuinnimh agus an Scéim Íocaíochta Breosla Mhalartaigh. De bhreis air sin, chuir soláthraithe an Scéim Ráthaíochta Praghas Fuinnimh i bhfeidhm a laghdaíonn an méid a ghearrtar ar chustaiméirí in aghaidh an aonaid leictreachais.

Moratóir ar dhícheangail

Thacaigh Electric Ireland le moratóir dícheangail do gach custaiméir cónaithe – tá an moratóir seo i bhfeidhm ó Dheireadh Fómhair 2022 agus beidh sé ar siúl go dtí deireadh Mhárta 2023.

Figiúirí dícheangail don bhliain 2022 (roimh an moratóir)	
Leictreachas Cónaithe	827
Gás Cónaithe	162
Leictreachas Tráchtála	34

Mar shínitheoir leis an gCód Rannpháirtíochta Fuinnimh (Energy Engage Code), tá Electric Ireland tiomanta d'idirchaidreamh a dhéanamh le gach custaiméir cónaithe ar aon dul leis an gcód deonach.

Soláthraí den Rogha Dheiridh

D'iarr an Coimisiún um Rialáil Fónais (an CRF) ar Electric Ireland in 2022 trí huaire ar leith chun tabhairt faoi ról tábhachtach an tSoláthraí den Rogha Dheiridh le haistriú saoráideach thart ar 55,000 custaiméir a éascú ar fhág a soláthraithe an margadh. Rinne Electric Ireland na custaiméirí seo a ionduchtú go héifeachtúil agus rinne sé cumarsáid éifeachtúil leo lena dhearbhu dóibh nach mbeadh aon chur isteach ar sholáthar custaiméirí leictreachais.

Cabhrú le custaiméirí le feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh

Cuireann Electric Ireland réimse eolais agus cúnamh ar fáil do chustaiméirí i dtaobh teacht ar thacaíochtaí rialtais d'fheabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh ina n-áiteanna cónaithe agus ina ngnólachtaí.

[Éifeachtúlacht | Cabhair Electric Ireland](#)

[Deontais Fuinnimh an SEAI | Tacaíocht Gnó | Gnó Electric Ireland](#)

Gearáin ó Chustaiméirí

Tá Réitigh Chustaiméirí tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar. Geallann a seirbhís caitheamh le gach custaiméir le cúirtéis agus le meas, agus triail a bhaint as agus tuiscint shoiléir a fháil ar riachtanais chustaiméirí agus gníomhú a thapúla agus is féidir. Tá caighdeán seirbhíse Electric Ireland bunaithe ar chúig Chód Custaiméara: An Cód Cleachtais um Billeáil agus Dícheangal Custaiméirí, an Cód Cleachtais um Chustaiméirí Leochaileacha, an Cód Cleachtais um Láimhseáil Gearán, an Cód Cleachtais um Margaíocht agus Clárú, an Cód Cleachtais um Méadrú Íoc Mar a Úsáidtear. Oibríonn So Energy cód cleachtais gearán – atá go hiomlán inrochtana ag an láithreán gréasáin a liostaítear thíos.

Cuireann Gluaisteáin Leictreacha ESB réimse modhanna teagmhála ar fáil trí ionaid teagmhála thiomnaithe in Éirinn agus sa RA.

[Eolas Teagmhála Custaiméirí Cónaithe | Electric Ireland PÉ](#)

[Déan Teagmháil Linn | Gnó Electric Ireland](#)

[Déan Teagmháil Linn - Electric Ireland TÉ](#)

[Nós Imeachta chun Gearáin a Dhéanamh | So Energy](#)

[Gluaisteáin Leictreacha ESB PÉ/TÉ Déan Teagmháil Linn \(esb.ie\)](#)

[Ionad Cabhrach Ghluaisteáin Leictreacha ESB an RA \(esbenergy.co.uk\)](#)


Infheistiú le Difríocht a Dhéanamh

D'oibrigh ESB, agus margadh suaite agus luaineach i gceist in 2022, chun tacú le custaiméirí ar imir praghsanna fuinnimh a bhí ag dul in airde tionchar orthu trí phríomhbhonneagar fuinnimh a sholáthar, barr feabhais a chur ar shlándáil fuinnimh agus dlús a chur leis an aistriú go todhchaí iontaofa, inacmhainne, neodrach ó thaobh fuinnimh.



Teacht custaiméirí ar sholáthar glan, slán agus inacmhainne leictreachais (ar lean)

An Clár Náisiúnta Méadar Cliste (Poblacht na hÉireann)



Bhunaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (an CRF) an Clár Náisiúnta Méadraithe Chliste agus is é an plean soláthair chun méadair leictreachais a thabhairt isteach ar fud na hÉireann. Leagadh an cúram ar ESB Networks tabhairt isteach an chlár a sholáthar, a bhfuil uasghrádú ar mhéadair leictreachais uile na hÉireann go méadair chliste i gceist leis. Leanadh ar aghaidh leis an gClár Méadraithe Chliste a rolladh amach, Clár a raibh caiteachas luach €134 milliún luaite leis in 2022.

Tá clár uasghrádaithe méadar cliste na hÉireann mar chuid den Phlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tacóidh méadair chliste le haistriú na hÉireann go todhchaí ísealcharbóin trí eangacha cliste a chumasú, agus trí thacú le leictriú an téimh agus an iompair, giniúint in-athnuaite agus micrighiniúint áitiúil. Thosaigh cuideachtaí soláthair leictreachais le táirgí agus seirbhísí nua cliste a chur ar tairiscint, chuireann ar do chumas cuid de d’ídiú a aistriú go hamanna an lae nuair a ghearrtar táille níos saoire ar leictreachas.

Sháraigh an Tionscadal Méadraithe Chliste an chéim inar cuireadh 1 mhilliún méadar isteach in 2022 agus tá breis agus 40,000 méadar cliste sa mhí á gceangal anois aige.

Fad an Tarchuir agus an Dáileacháin Os Cionn Talún agus Faoin Talamh (EU4)

Ceanglaíonn breis agus 233,000 ciliméadar de líonra leictreachais tomhaltóirí leictreachais le foinsí giniúna ar fud an oileáin, tá céatadán níos mó de ghiniúint leictreachais iomlán á sholáthar ag athnuaiteáin. Tá sprioc náisiúnta ann le 80% den leictreachas a bhaint ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2030 agus tá leictreachas ar chúrsa soiléir dícharbónaithe agus soláthraíonn an líonra an bonneagar bunriachtanach le rochtain a sholáthar ar ghineadóirí agus ar thomhaltóirí.

Líonra Dáileacháin Phoblacht na hÉireann	2022 (km)	2021 (km)	2020 (km)
OHL LV (< 10 kV)	40,942	40,357	39,942
OHL MV (10 kV, 20 kV, 38 kV, 110 kV)	90,686	92,309	92,086
Faoin Talamh LV (< 10 kV)	15,323	14,802	14,276
Faoin Talamh MV (10 kV, 20 kV, 38 kV, 110 kV)	12,139	194,740	11,628

Tuaisceart Éireann (fad i gciliméadair)			
Dáileadh	47,000 (34% faoin talamh)	47,000 (34% faoin talamh)	47,000 (34% faoin talamh)
Tarchur	2,300 (5% faoin talamh)	2,200 (5% faoin talamh)	2,200 (5% faoin talamh)

Cur Isteach ar Sholáthar

Baineann ríthábhacht lena chinntiú go bhfuil teacht ag ár gcustaiméirí ar sholáthar iontaofa agus ardchaighdeán leictreachais. De réir mar dhéanann tabhairt isteach an leictirthe dul chun cinn, méadófar brath custaiméirí ar sholáthar gan chur isteach. Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar ár líonra gach bliain lena chinntiú gur féidir linn leanúint le seirbhís iontaofa a sholáthar dár gcustaiméirí leictreachais go léir. Is ionann Cur Isteach ar Chustaiméirí (PB) agus an méid cur isteach a mhaireann níos faide ná trí nóiméad a mbíonn custaiméir leictreachais thíos leo, ar an meán, gach bliain, agus is ionann Nóiméid Chustaiméara a Cailleadh (CML) agus an fad a chaitheann custaiméir, ar an meán, gan soláthar gach bliain.

Nóiméid Chustaiméara a Cailleadh

	2022	2021	2020
ESB Networks	184	182	95
NIE Networks	76	80	75

Nótaí:
Meánfhad an chuir isteach (pleanáilte agus lochtanna) ar gach custaiméir i rith na bliana.
Áirítear le figiúirí ESB Networks eolas ar chur isteach pleanáilte agus de bharr lochta.
Eolas ar lochtanna atá i bhfigiúirí NIE Networks.

Nochtadh Rialachais

Ráiteas Rialachais	83
Frithbhreabaireacht, Frithchaimiléireacht agus Calaois	83
Nochtadh Cosanta	84
Caingne dlí i ngeall ar iompar frithiomaíoch, cleachtais in aghaidh trustaí, agus mhonaplachta	84
Príobháideachas Custaiméirí	84

Ráiteas Rialachais

Cuireann rialachas corparáideach maith an bhunchloch ar fáil le haghaidh pleanáil straitéiseach fheasach níos fearr agus cinnteoireacht níos fearr, a chuireann, ar deireadh, le luach fadtéarmach a chruthú. Leanann ESB Board ag croídhíriú ar rialachas corparáideach, go háirithe nuair a chuirtear an luaineacht san áireamh atá sa timpeallacht sheachtrach faoi láthair ina bhfuilimid ag oibriú. Neartaíonn sé an chuntasacht as maoirseacht acmhainní agus tá dian-iniúchadh mar thréith de a leagann béim leanúnach ar fheidhmíocht a fheabhsú.

Ní tharlaíonn rialachas corparáideach maith de thimpiste. Comhlíonann ESB an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (Cód an Stáit). Comhlíonann ESB freisin Cód an RA agus larscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann (larscríbhinn na hÉireann) chomh maith ar bhonn deonach (sa mhéid is infheidhme go réasúnta, nuair a chuirtear san áireamh gur corparáid reachtúil é ESB a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú). Ar an mbealach seo, cloíonn ESB, de réir mar is infheidhme, le caighdeáin rialachais cuideachta a liostaítear agus le mínithe ar aon eisceachtaí a leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil 2020 (an tábla ar leathanach 138). Chuir ESB bearta cuí i bhfeidhm le Cód an Stáit a chomhlíonadh, ina leagtar amach an creat rialachais a bhunaigh an Rialtas maidir le riachtanais mhaoirseachta agus tuairiscithe chomhlachtaí Stáit, bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta, na trédhearcachta, na macántachta agus ar dhíriú ar rath inbhuanaithe na heagraíochta san fhadtéarma. Tá próiseas daingean i bhfeidhm ag ESB lena chinntiú go gcomhlíontar Cód an Stáit agus déantar tuarascáil

ar an gcomhlíonadh siúd gach bliain leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá an Bord sásta gur chomhlíon ESB riachtanais Chód an Stáit agus eisítear tuarascáil gach bliain don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an tAire), a dheimhníonn an comhlíonadh siúd.

Tá an Bord sásta go bhfuil bearta oiriúnacha curtha i gcrích chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhochuideachtaí Éireannacha ESB le ceanglais infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014.

Mar chomhlacht reachtúil, níl ESB faoi réir na gceanglas nochta atá forordaithe i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (nochtadh na faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe), 2017. É sin ráite, nochtann ESB, ar bhonn deonach, ar aon dul le dea-chleachtas, faisnéis neamhairgeadais áirithe tríd an tuarascáil inbhuanaitheachta seo agus mar a luaitear ar leathanach 6 de Thuarascáil Bhliantúil 2022.

[esb-ethics-code---the-way-we-work-2022.pdf](#)



Tá glactha ag ESB le cód eitice, ar a dtugtar "Ár gCód", ina sonraítear a chur chuige maidir le hiompar gnó freagrach agus eiticiúil, a bhfuil luachanna ESB ag tacú leis. Is é an príomhrud ar a mbunaítear Ár gCód gur féidir le fostaithe an freastal is fearr ar ESB trí chloí leis na caighdeáin is airde iomláine, dílseachta, chothroime agus rúndachta agus go gclóifimid le gach ceanglas dlí agus rialála. Ceanglaítear ar gach ball foirne a dheimhniú gach bliain go bhfuil Ár gCód léite acu. Tá a Chód Cleachtais féin ag an mBord ina dtugtar gealltanais maidir leis na caighdeáin iompair agus eitice gnó is airde tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Grúpa a threorú go héifeachtach
- caitheamh go measúil le daoine
- cúrsaí a phlé ar bhealach oscailte agus ionraic lenár gcustaiméirí, pobail agus páirtithe leasmhara
- faisnéis a úsáid go cúramach Bítear ag súil go dtabharfaidh Comhaltaí Boird ceannaireacht le dea-shampla agus go mbeidh an obair á treorú ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí.

Tá Cód Iompair ár mBoird le fáil ar láithreán gréasáin ESB [Cód Iompair an Bhoird](#). Chomh maith leis sin, tá Comhaltaí Boird airdeallach ar a gcuid oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. I rith 2022, leanadh ar aghaidh le béim a leagan ar fheidhmíocht agus ar thuairisciú inbhuanaitheachta agus Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG). Tá clár tiomanta ESG bunaithe againn a n-áirítear ann ullmhúcháin le haghaidh ceanglais nua faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) an AE a thabhairt chun cinn. Thug an Bord faoi oiliúint shonrach i rith 2022 maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú, astaíochtaí carbóin a thomhas agus dea-chleachtas inbhuanaitheachta. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag tuairisciú ar bhonn deonach faoi Rialachán maidir le Tacsanomaíocht an AE agus an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD). Leanfaidh an Bord le béim a leagan ar thuairisciú ESG i rith 2023.

Frithbhreabaireacht, Frithchaimiléireacht agus Frithchalaois

Tá Beartas mionsonraithe Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise i bhfeidhm ag ESB, ina dtugtar cuntas ar na caighdeáin iompair a mbíonn súil leis go gcuireann an fhoireann ar bun sa bhealach a oibríonn siad agus le rialuithe a chur chun cinn le breabaireacht, caimiléireacht agus calaois a chosc, a dhíspreagadh agus a bhrath. Tá an beartas ar fáil ar láithreán gréasáin ESB Beartas Frithbhreabaireachta, [Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise](#). Glacann ESB cur chuige neamhfhulaingthe i leith breabaireachta, caimiléireachta agus calaoise.

Ar aon dul lena Théarmaí Tagartha, déanann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird athbhreithniú agus measúnú freisin ar thuairiscí faoi theagmhais chalaoise agus iarrachta ar chalaois i rith na bliana anuas ar na próisis atá i bhfeidhm le riosca calaoise a bhainistiú. D'fhaomh an Coiste na Beartais nuashonraithe Frithbhreabaireachta, Frithchaimiléireachta agus Frithchalaoise agus Sceithireachta agus Nochta Chosanta freisin in 2022.

Rinne tríú páirtí líomhain éagóra in aghaidh ceathrar fostaithe le ESB i rith 2022. Thug ESB na líomhaintí le fios don Gharda Síochána agus tá imscrúdú ag an nGarda Síochána is ar bun. Tuairiscítear teagmhais nó iarrachtaí ar theagmhais don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn ráithiúil.

Níor tuairiscíodh aon teagmhais eile chaimiléireachta amach nó níor cuireadh deireadh le conarthaí de bharr caimiléireachta i measc fostaithe nó conraitheoirí i rith 2022 (GRI 205-3).

Nochtadh Cosanta

Ceanglaítear in Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú ag Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, ar ESB tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le tuarascálacha a chuirtear faoina bhráid faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, sa bhliain roimhe sin, agus na cainéil inmheánacha agus sheachtracha atá i bhfeidhm chun a leithéid de thuarascálacha a dhéanamh a dheimhniú.

De réir an cheanglais seo, deimhníonn ESB an méid seo a leanas:

(a) tá cainéil tuairiscithe inmheánacha leagtha amach aige ina Bheartas Grúpa maidir le Sceithireacht agus Nochtadh Cosanta, a n-áirítear ann líne tuairiscithe rúnda atá á bainistiú ag tríú páirtí seachtrach; agus

(b) rinneadh 2 nochtadh chosanta le ESB in 2022.

Imscrúdaíodh ceann de na ceisteanna a tuairiscíodh agus níor measadh gur thit aon éagóir amach. Tá an ní eile á imscrúdú de réir bheartais infheidhme ESB Group.

Caingne dlí i ngeall ar iompar frithiomaíoch, cleachtais in aghaidh trustaí, agus mhonaplachta

Tá beartas i bhfeidhm ag ESB lena gcumhdaítear ceanglais Dlí Iomaíochta, a cuireadh in iúl don fhoireann trínár láithreán inlín. Níl aon rud le tuairisciú ag ESB i dtaobh caingne dlí maidir le hiompar frithiomaíoch nó sáruithe ar an reachtaíocht fhrithiomaíoch nó in aghaidh trustaí agus mhonaplachta ina sainaitnítear ESB mar rannpháirtí a bhí ar feitheamh nó a críochnaíodh i rith 2022 (GRI206-1).

Príobháideachas Custaiméirí

Leanann bagairtí cibearshlándála ag teacht chun cinn ar luas an-tapa go domhanda. Braitheann na húsáideoirí uile leictreachais ar ESB mar sheirbhís bhunriachtanach le leictreachas slán agus iontaoifa a sholáthar, agus tá freagracht ar gach duine, bíodh fostaí nó conraitheoir iontu, i dteannta a chéile agus ar bhonn aonair, lena chinntiú go bhfuil córais, gléasanna agus sonraí ESB slán chun go gcosnaímid príomhshócmhainní na cuideachta, eolas custaiméirí, ár mbranda agus ár gclú. Is é ról an Phríomhoifigigh Faisnéise (POF) réitigh theicneolaíochta den chéad scoth a mhúnlú a chumasáíonn fás agus éifeachtúlachtaí gnó agus maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar chibearshlándáil. Áirítear leis seo claochlú ESB Group a stiúradh ó pheirspictíocht TF, dhigiteach agus anailísíochta.

Mar príomhfhóntas poiblí, bailíonn agus próiseálann ESB méideanna móra sonraí faoina chustaiméirí, a fhostaithe agus a réimse comhpháirtithe gnó eile. Meastar gur sonraí go leor den eolas seo a shainaithníonn nó a bhaineann le daoine aonair, ar a dtugtar Sonraí Pearsanta freisin. Tá ESB faoi réir ceanglais dhlíthiúla éagsúla a chosnaíonn cearta ábhair shonraí.

Measann ESB gur príomhluach ina straitéis chustaiméirlárnach é Sonraí Pearsanta a láimhseáil go freagrach. Anuas ar a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, léiríonn ESB meas ar chearta agus ar shaoirse ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus ar dhaoine eile a bhfuil iontaoibh acu ionainn lena Sonraí Pearsanta. Tugann ESB céadtús áite do phríobháideachas agus slándáil an eolais seo a chosaint. Baineann an beartas chomh maith le gach córas faisnéise a úsáideann ESB, gach ceangaltas san áireamh ina bhfuil leas rialaithe ag ESB, pé áit a bhfuil sin lonnaithe agus ar pé cuspóir dá n-úsáidtear é, agus cibé acu má dhéanann ESB nó próiseálaí seachtrach thar a cheann é a oibriú.

Caithfear gach sárú ar shonraí pearsanta iarbhír a thuairisciú láithreach i gcomhréir le próiseas bainistíochta sáraithe ar shonraí ESB, áit a bhfuil siad faoi réir imscrúdú agus athbhreithniú ar aon dul le struchtúir rialachais na heagraíochta, tuairisciú le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird san áireamh.

Gearáin a bhfuil bunús leo a bhaineann le sáruithe ar phríobháideachas custaiméara agus caillteanais sonraí custaiméara

GRI 418-1		2022	2021	2020	2019	2018
I	Gearáin a fuarthas ó pháirtithe seachtracha agus ar luaigh an eagraíocht údar leo	2	5	2	4	0
II	Gearáin ó chomhlachtaí rialála	0	2	2	3	0
III	Líon iomlán sceite, goidte, nó caillteanais sonraí custaiméara	41	38	15	24	26

Nochtadh Geilleagrach

Réamhrá

Ba bhliain ar leith an bhliain 2022 i margaí domhanda fuinnimh. Tá praghsanna arda agus fórluaineacha mórdhíola tugtha faoi deara againn de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin. D'imir seo tionchar suntasach ar bhrabúsacht fhoriomlán ESB, agus thuilleamar lamhálacha breise inár ngnólacht Giniúna agus Trádála (GT) ar mhó iad ná na caillteanais a raibh ár ngnólacht Réitigh Chustaiméirí thíos leo.

Chuir na dálaí seo dúshlán mór roimh ár ngnólachtaí a bhí ag plé leis an margadh, áfach, i dtaobh riosca a bhainistiú i rith na tréimhse éiginnteachta sin. Léirigh sé an tairbhe a chruthaíonn próisis agus córais dhaingne dhea-bhainistithe a bheith ag ESB chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Léiríodh in 2022 chomh maith an tairbhe a chruthaíonn sé go ndéantar ESB a chistiú go maith agus go bhfuil sé láidir ó thaobh airgeadais chun freastal ar riachtanais shubstainteacha chistithe ghearrthearmaigh (go háirithe i bhfoirm comhthaobhacht airgid thirim i dtaobh seasaimh tráchtearraí a thrádáiltear ar an malartán) agus lena cheadú dúinn leanúint ag infheistiú ar scála i mbonneagar fuinnimh ísealcharbóin in Éirinn agus sa RA. Tháinig roinnt saincheisteanna níos fairsinge maicreacnamaíocha, cosúil le leibhéil arda bhoilscithe, rátaí méadaithe úis agus cur isteach ar an slabhra soláthair chun solais freisin in 2022. D'imir na tosca seo tionchar ar ngnólachtaí giniúna agus líonraí leictreachais ach go háirithe. Leanaimid le monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar na saincheisteanna seo.

Tá méadú €168 milliún tagtha ar bhrabús oibriúcháin roimh earraí eisceachtúla i gcomparáid le 2021 go príomha mar gheall ar an tionchar a d'imir praghsanna mórdhíola níos airde inár ngnólacht GT in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór (an BM) araon. Rinne leibhéil níos ísle de bhrabúsacht inár ngnólachtaí líonraí é seo a sheach-chur mar gheall ar athruithe ar an taraif rialaithe líonra, caillteanais shuntasacha a raibh gnólacht soláthair ESB thíos leo sa BM anuas ar ghluaiseachtaí in airgeadra eachtrach, gluaiseachtaí i soláthar sócmhainní scoir, costais oibriúcháin níos airde agus muirear dímhéasa níos airde.

Is airde an leibhéal foriomlán brabús a tuilleadh in 2022 ná mar a raibh súil leis go mór mór mar thoradh ar na dálaí neamhghnácha margaidh mórdhíola a bhí ann agus ar theorainneacha struchtúir reatha mhargaidh a chuir cosc ar bhrabús bhreise a dhéanamh sa ghnó Giniúna agus Trádála (GT) a chur ar aghaidh go custaiméirí. Sa chomhthéacs sin, beartaítear díbhinn i bhfad níos mó €327 milliún a íoc le stocshealbhóirí, a n-íoctar 97% di le Rialtas na hÉireann. Cuirimid fáilte freisin i bprionsabal roimh bhearta a thabhairt isteach ag an AE agus ag Rialtais na hÉireann agus an RA le teorainn a chur ar na hioncaim atá á dtuilleamh ag gineadóirí sna hamanna eisceachtúla seo. Is tábhachtach go gcumasaíonn struchtúir mhargaidh agus bearta beartais inmharthanacht na hinfheistíochta agus na hinacmhainneachta do chustaiméirí.

Achoimre ar Fheidhmíocht Airgeadais 5 Bliana

Brabús Oibriúcháin roimh earraí eisceachtúla¹

2022	€847m
2021	€679m
2020	€616m
2019	€682m
2018	€455m

Caiteachas Caipitiúil²

2022	€1,395m
2021	€1,223m
2020	€1,115m
2019	€1,242m
2018	€1,165m

EBITDA roimh earraí eisceachtúla

2022	€1,675m
2021	€1,493m
2020	€1,358m
2019	€1,432m
2018	€1,175m

Glanfhiachas³

2022	€6,786m
2021	€4,946m
2020	€5,120m
2019	€5,239m
2018	€4,915m

1. Roimh na hearraí eisceachtúla seo a leanas: 2022: Beannú Nearth na Gaoithe (€91 milliún). 2021: Brabús ar dhíolacháin sócmhainní (iompú bearnaithe san áireamh) €152 milliún, beannú Nearth na Gaoithe (€154 milliún), beannú dea-thola agus soláthar conartha dhochraidigh So Energy (€61 milliún). 2020: Muirear bearnaithe (€188 milliún) agus Forálacha Scoir Sócmhainní méadaithe (€59 milliún). 2019: Costais scarúna agus ghaolmhara. (€60 milliún) agus muirear bearnaithe (€34 milliún). 2018: Muirear bearnaithe (€140 milliún).

2. Tá ranníocaíochtaí custaiméara do cheangail leis an líonra (ar aon dul le 'Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí' IFRS 15) san áireamh i gcaiteachas caipitiúil 2018-2022.

3. Áirítear dlíteanais léasa le glanfhiachas 2019-2022 a aithnítear i gcomhréir le 'Léasanna' IFRS 16. 2022: €129 milliún, 2021: €120 milliún, 2020: €125 milliún, 2019: €132 milliún. Ní áirítear leis sciar ESB den fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí i gcomhfhiontair agus sna comhlaigh a gcuirtear a ngnáthscair i gcuntas dóibh. Ní áirítear leis freisin airgead tirim faoi shrian (2022: €754 milliún).



Feidhmíocht Airgeadais 2022



Paul Stapleton, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

Léirítear inár bhfeidhmíocht don bhliain 2022 an dul chun cinn seo a leanas inár bpríomhaonaid ghnó:

- Tháinig laghdú €202 milliún i gcomparáid le 2021 ar bhrabús oibriúcháin ESB Networks go príomha mar gheall ar a laghdú ar ioncam ó tharaifí rialaithe anuas ar chostais oibriúcháin níos airde chun tacú le PR5 a sholáthar agus costais dímhéasa níos airde mar gheall ar mhéadú ar an mbonn sócmhainne. Lean gnólachtaí ESB Networks agus NIE Networks le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar a gcláir chaipitil agus chothabhála rialaithe ar aon dul lena rialuithe praghais lena gcomhaontaítear.

- Tháinig méadú €590 milliún ar bhrabús oibriúcháin GT i gcomparáid le 2021 go príomha mar thoradh ar phraghsanna margaidh mórdhíola a bheith ag dul chun sochair shócmhainní teirmeacha agus in-athnuaite ESB in Éirinn agus sa BM. Lean GT lena phunann athnuaiteán a fhorbairt, go mór mór trí infheistíocht leanúnach i dtionscadail ar an gcladach agus amach ón gcósta araon in Éirinn agus sa BM. Chuir gnólacht GT chomh maith go mór le slándáil leictreachais an tsoláthair in Éirinn a chothabháil i rith 2022. Bhí beartas fáilithe GT tábhachtach i dtaobh nochtadh do na gluaiseachtaí móra agus luaineacha a bhainistiú i bpraghsanna mórdhíola.
- Faoi mar a bhí i gceist in 2021, rinne ár ngnólacht Réitigh Chustaiméirí caillteanas in 2022. Rinne gnólacht miondíola ESB sa BM caillteanas in 2022 tar éis gur chuir an Rialtas caidhp praghais i bhfeidhm sa BM anuas ar chostais fuinnimh mórdhíola a méadaíodh go mór agus cuimsíodh So Energy isteach sna torthaí ar feadh bliain iomlán den chéad uair in 2022 tar éis go ndearnadh é a éadail i Lúnasa 2021. B'ísle brabúis oibriúcháin Electric Ireland (atá mar chuid de Réitigh Chustaiméirí) ná 2021 mar gheall go príomha ar lamhálacha laghdaithe fuinnimh. Luaitear i bhforálacha rialála in Éirinn nach féidir brabúis bhreise inár ngnólacht GT a úsáid le costais bhreise a sheach-chur a thabhaigh Electric Ireland, ach táimid tiomanta i gcónaí do thacú le custaiméirí i rith na tréimhse seo géarchéime fuinnimh. Cé go raibh ar Electric Ireland roinnt méaduithe praghais a ghearradh ar chustaiméirí in 2022, ar an drochuair, d'fhógair Electric Ireland creidmheas €50 i mí na Nollag do gach custaiméir leictreachais cónaithe i bPoblacht na hÉireann, a ndéantar soláthar dó i ráitis airgeadais 2022.

Airgeadas Glas

Déanann gníomhaíochtaí agus cur chuige Chisteán ESB i leith ár ngealltanais straitéisigh maidir le Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoi 2040, buntacaíocht a thabhairt do ESB agus a chur ar a chumas aghaidh a thabhairt ar a straitéis trí na réitigh is fearr chistithe agus bhainistíochta riosca a sholáthar agus seasamh láidir airgeadais ESB a chothú.

Tá Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh €1.4 billiún atá bainteach le hInbhuanaitheacht i bhfeidhm le grúpa 13 bhanc idirnáisiúnta. Leanfaidh an tsaoráid seo de bheith i bhfeidhm faoi láthair go Feabhra 2027. Tá costas na saoráide leachtachta ar fuireachas seo nasctha go díreach le spriocanna dícharbónaithe atá ar aon dul le straitéis ESB a sholáthar. Rinneadh aontú in 2022 ar Shaoráid Chreidmheasa Imrothlaigh bhreise £750 milliún agus leanfaidh sí i bhfeidhm faoi láthair go Nollaig 2023. Tarraingíodh £200 milliún den tSaoráid Chreidmheasa Imrothlaigh €1.4 billiún atá bainteach le hInbhuanaitheacht anuas an 31 Nollaig 2022, a fhágann thart ar €2.0 billiún de shaoráidí a bheith le tarraingt anuas go fóill an 31 Nollaig 2022.

D'éirigh le ESB banna glas ráta sheasta 1.0% €500 milliún a thiomsú in Eanáir 2022, a bhainfidh aibíocht amach in Iúil 2034. Seo an dara banna glas a d'eisigh ESB laistigh de thrí bliana, i ndiaidh gur eisíodh chéad bhanna glas poiblí corparáideach na hÉireann in 2019. Déanann na glanfáltais ón idirbheart a leithdháileadh ar thionscadail ghlasa incháilithe airgeadais, cosúil le fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus a dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh. Cheannaigh infheisteoirí ar fud na hEorpa a bhfuil dintíúir láidre SRI (Infheistíocht atá Freagrach go Sóisialta) acu an banna, agus fuarthas orduithe ar luach breis agus €2 bhilliún, a léiríonn an mhuinín i gclár infheistíochta ESB.


Is féidir teacht ar Chreat Banna Ghlais agus ar Thuarascálacha Banna Ghlais ESB anseo: [Maoiniú Glas](#)

D'éirigh le ESB agus NIE Networks dhá bhanna breise a eisiúint i Samhain. Thiomsaigh ESB banna ráta sheasta 4.0% €550 milliún, a bhainfidh aibíocht amach i mBealtaine 2032. Leithdháilfear na glanfáltais ón idirbheart go príomha ar infheistíocht mhór ESB ina bhonn sócmhainne rialaithe. D'eisigh NIE Networks banna ráta sheasta 5.875% £350 milliún i mí na Nollag 2032 agus úsáidfear na fáltais le hinfeistíocht bhreise a dhéanamh ina bhonn sócmhainne rialaithe. Mheall an dá idirbheart éileamh mór ó infheisteoirí san Eoraip agus sa RA, agus díródh go príomha ar dhul chun cinn ESB ar a Straitéis Neodrachta ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040.

Infheistiú don Todhchaí

Leanann ESB ag infheistiú ar leibhéil níos airde ná mar a rinneadh riamh i mbonneagar fuinnimh agus caitheadh caiteachas caipitiúil €1.4 billiún in 2022. Rinneadh thart ar 80% den infheistíocht seo inár dhá ghnólacht líonraí ar aon dul le cláir chaipitil rialaithe, breis agus €130 milliún san áireamh ar mhéadair chliste a thabhairt isteach in PÉ. D'infheistigh ESB thart ar €179 milliún i nginiúint in-athnuaite nua agus i dtionscadail nua seirbhísí córas (cadhnraí san áireamh) anuas ar bhreis agus €20 milliún ina fhliú reatha giniúna le hiontaofacht an tsoláthair leictreachais a chinntiú do chustaiméirí i rith an aistrithe leanúnaigh go giniúint ísealcharbóin, go háirithe i rith an gheimhridh. Anuas air seo, réamhiocadh €287 milliún trí iasachtaí scairshealbhóra le tionscadail chomhfhiontair (ar bhain an tromlach díobh lenár n-infheistíocht leanúnach i ngaoth amach ón gcósta).

Caiteachas Caipitiúil - € milliún



Tuairisciú ar Rialachán an AE maidir le Tacsanomaíocht

Arís eile, tá nochtuithe curtha san áireamh ag ESB sa Tuarascáil Bhliantúil faoi Rialachán an AE maidir le Tacsanomaíocht ar bhonn deonach, sula gceanglófar a leithéid a dhéanamh. Tá measúnú ailínithe tosaigh curtha i gcrích agus tá PTFanna ríofa ina sonraítear an chomhréir de láimhdeachas ESB, OpEx agus CapEx a bhaineann le gníomhaíochtaí atá Ailínithe le Tacsanomaíocht. Bunaithe ar an measúnú tosaigh seo, baineann thart ar 81% d'infheistíocht chaipitil ESB le gníomhaíochtaí Tacsanomaíocht-Ailínithe de réir mar atáimid ag leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh i nginiúint in-athnuaite agus i bhfeabhsú líonraí leictreachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Féach leathanaigh 109-117 de Thuarascáil Bhliantúil 2022 ESB chun teacht ar an nochtadh iomlán faoi Rialachán Tacsanomaíochta an AE.

Ár mBrabúis a Usáid ar Bhealach Inbhuanaithe

Caiteachas caipitiúil €1.4 billiún in 2022

Timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe a éascú agus tacú le borradh geilleagrach trí sholáthar sábháilte agus iontaofa leictreachais a sholáthar d'áiteanna cónaithe agus do ghnólaigh



Tionchair Gheilleagracha Indíreacha

Dírítear infheistíochtaí sa phunann ghiniúna ar infheistíocht a luathú i bhfuinneamh in-athnuaite le déine carbóin na punainne giniúna a laghdú agus tacú leis an aistriú go fuinneamh iontaofa, inacmhainne, ísealcharbóin. Dhírigh infheistíochtaí i ngnó na líonraí i bPoblacht na hÉireann ar bhonneagar nua líonra a neartú agus a thógáil le ceangal athnuaiteán agus éagsúlú an leictirthe a éascú, agus infheistíocht shuntasach á gealladh i gcomhthráth don líonra reatha a chothabháil. Dhírigh NIE Networks ar a bplean infheistíochta líonra a sholáthar faoi RP6 le hiontaofacht an tsoláthair a bhaint amach agus sábháilteacht an líonra a chinntiú do chustaiméirí, chomh maith le hinfeistíocht leanúnach le níos mó giniúint in-athnuaite a cheangal agus athsholáthar méadair chustaiméara a éascú.

Tá píblíne tionscadail mhóra ghiniúna á cur chun cinn ag ESB le Straitéis ESB 'Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040



>Córais stórála cadhnra >300 MW i gCorcaigh agus Baile Átha Cliath

190 MW de ghás á ghiniúint go solúbtha ag trí láthair i mBaile Átha Cliath

- Forbairtí gaoithe ar an gcladach agus amach ón gcósta lenár gcomhpháirtithe iontaofa, an méid seo a leanas ina measc:
- Feirm Ghaoithe Amach ón gCósta 1,080 MW Inch Cape
 - Feirm Ghaoithe Amach ón gCósta 448 MW Neart na Gaoithe
 - Feirm Ghaoithe 83 MW Abhainn Eidhneach 2

Comhchánacha foriomlána PÉ agus an RA a íocadh 950 milliún

Cánacha a iompraíodh €340m
Cánacha a bailíodh €610m

Cánacha an RA a íocadh €224 milliún

Cánacha PÉ a íocadh €726 milliún



PÉ

Cánacha a íocadh	€726m
Cánacha a iompraíodh	€270m
Cánacha a bailíodh	€456m

Roinnte idir

Cánacha a iompraíodh	€270m
Brabúis a tuilleadh - Cáin Chorporáide	€111m
Daoine a fostaíodh -	€43m
ÁSPC Fostóra	€3m
An Comhshaol - Cáin Leictreachais	€113m
Pobail áitiúla - Rátaí	

agus

Cánacha a bailíodh	€456m
CBL ar dhíolacháin agus ar cheannach earraí/seirbhísí	€238m
Daoine a fostaíodh - ÍMAT, ÁSPC agus MSU Fostai	€162m
An Comhshaol - Cáin Charbóin	€16m
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí	€40m

Nóta:
Tá ESB ag feidhmiú freisin i ndlínsí taobh amuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe ach tá na brabúis agus na cánacha a bhaineann leis na dlínsí sin neamhbhartha. Is éard atá i gceist le hualach cánach an cháin atá iompartha ag ESB as a chuid brabús féin agus is éard atá i gceist le cánacha a bailíodh ná cánacha atá cairtithe do dhaoine eile nó cánacha atá siarchoinnithe ó íocaíochtaí le daoine eile agus íochta leis na húdaráis ioncaim.

An RA

Cánacha a íocadh	€224m
Cánacha a iompraíodh	€70m
Cánacha a bailíodh	€154m

Roinnte idir

Cánacha a iompraíodh	€70m
Brabúis a tuilleadh - Cáin Chorporáide	(€7m)
Daoine a fostaíodh -	€12m
Árachas Náisiúnta Fostóirí	€39m
An Comhshaol - Tobhach Athraithe Aeráide	€26m
Pobail áitiúla - Rátaí	

agus

Cánacha a bailíodh	€154m
CBL ar dhíolacháin agus ar cheannach earraí/seirbhísí	€117m
Daoine a fostaíodh - ÍMAT Fostai, Árachas Náisiúnta	€26m
An Comhshaol - Tobhach Athraithe Aeráide	€10m
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí	€1m

Ciste cruatain €5 mhilliún bunaithe

€2.5 milliún chun tacú le pobail

Daoine aonair agus pobail a chumasú agus a shabhairiú tríd an gclár freagrachta sóisialta corparáidí



Toradh €327 milliún ar dhíbhinní íochta le stocshealbhóirí don bhliain 2022

Íoctar 96.9% le Rialtas na hÉireann mar stocshealbhóir tromlaigh

Díbhinní dearbhaithe beagnach €1.5 billiún le 10 mbliana anuas 10 years

€245 milliún íochta le hinfheisteoirí fiachais

Ús agus aisíocaíochtaí bliantúla

Breis agus €2.3 billiún ranníochta le geilleagar na hÉireann

Oibleagáidí Pinsin (GRI 201-3)

Oibríonn an Grúpa roinnt Scéimeanna Pinsin don fhoireann i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Ríocht Aontaithe (an RA). Cuirtear sonraí iomlána ar fáil i Nóta 24 le Ráitis Airgeadais ESB 2022 faoi oibleagáidí pinsin ESB Group ar leathanaigh 247-253.

Scéimeanna pinsin i bPoblacht na hÉireann

Oibríonn an Grúpa dhá scéim pinsin, a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB orthu. Tá pinsin le haghaidh thart ar leath de na fostaithe atá páirteach sa ghnólacht leictreachais á maoiniú trí scéim pinsin ranníocaíoch ar a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB. Tá an ciste dílsithe in iontaobhaithe atá ainmnithe ag ESB agus a chomhaltáir ar mhaithe le tairbhe fostaithe agus a gcleithiúnaithe. Scéim le Sochar Sainithe í an Scéim agus tá sí cláraithe amhlaidh leis an Údarás Pinsean.

Sonraítear sna rialacháin a bhfuil an Scéim á rialú acu na sochair atá le cur ar fáil agus sonraítear iontu freisin na ranníocaíochtaí atá le hóc ag ESB agus ag na baill rannpháirteacha. D'ainneoin cineál le sochar sainithe na sochar, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú leis na sochair siúd a chothabháil i gcás easnaimh. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan comhaontú ESB agus gan cead a fháil ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Má bheidh easnamh ann amach anseo, tá dualgas ar ESB, faoi na rialacháin dul i gcomhairle leis an gCoiste Aoisliúntais, na hlontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú.

Oibríonn ESB chomh maith Scéim le ranníocaíocht shainithe fhaofa ar a dtugtar Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB d'fhostaithe fhochuideachtaí ESB i bPoblacht na hÉireann agus, ón 1 Samhain 2010, d'fhoireann nua na Máthairchuideachta. Íocann na baill agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léirítear sna sochair a fhaightear ar scor ciste carntha gach fostaí agus an costas ar shochair a cheannach ag an tráth sin. Árachaítear sochair bháis ar bhonn Grúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnaphuime agus/nó i bpinsean an mharthanóra. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus an ranníocaíocht fostóra shainithe agus bhí luach €18.6 milliún (2021: €17.0 milliún) luaite leis.

Scéim Páirtithe Leasmhara FM na Ríochta Aontaithe

Lena chois sin, tá scéim pinsin ranníocaíochta le sochar sainithe bunaithe ag ESB sa Ríocht Aontaithe dá fhostaithe ar fad sa Ríocht Aontaithe. Íocann na baill agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léirítear sna sochair a fhaightear ar scor ciste carntha gach fostaí agus an costas ar shochair a cheannach ag an tráth sin. Árachaítear sochair bháis ar bhonn Grúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnaphuime. Coimeádtar sócmhainní na Scéime seo i gcntais aonair atá á mbainistiú ag Legal & General Assurance Society Limited. Is ionann an muirear pinsin don bhliain agus an ranníocaíocht fostóra shainithe agus bhí luach €0.7 milliún (2021: €0.7 milliún) luaite leis.

Scéim Pinsin Leictreachas Thuaisceart Éireann

Is comhaltáir iad formhór d'fhostaithe NIE Networks de Scéim Pinsin Leictreachas Thuaisceart Éireann (Scéim NIE Networks). Tá dhá mhír ann seo: "Roghanna" ("Options"), ar socrú ceannaigh airgid é ina meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na gcomhaltáir suas go dtí uasmhéid 8% den tuarastal, agus "Béim" ("Focus") a sholáthraíonn sochair bunaithe ar thuarastal inphinsin ag aois scoir nó scor níos luaithe ón tseirbhís. Coimeádfar sócmhainní Scéim NIE Networks in iontaobhas agus infheistíonn na hlontaobhaithe iad bunaithe ar chomhairle na mbainisteoirí infheistíochta gairmiúla. Ceanglaítear ar na hlontaobhaithe, de réir an dlí, feidhmiú ar son leasa na dtairbhíthe ar fad agus tá siad freagrach as an mbeartas infheistíochta a bhaineann le sócmhainní agus riar laethúil shochair na scéime.

Níl cead ag comhaltáir nua páirt a ghlacadh in 'Béim' ó 1998 agus, dá réir sin, faoi mhodh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta, méadófar costas seirbhíse reatha chomhaltáir na rannóige seo mar chéatadán dá dtuarastal de réir mar a dhruideann aois scoir leo.

Slabhra Soláthair ESB

Tá príomhbhaint ag Slabhra Soláthair ESB leis an rath atá ar ár ngnólacht agus le Straitéis 'Díograiseach Chun Difríocht a Dhéanamh: Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2040' de chuid ESB a sholáthar. Tháinig méadú i rith 2022 ar phróifíl riosca shlabhraí soláthair ESB, mar gheall ar thionchar leanúnach Chogadh na Rúise/na hÚcráine, an Crith sa Tuirc/an tSiria, éiginnteacht ghinearálta gheilleagrach, agus ardleibhéil bhoilscithe, a bhfuil tionchar diúltach á imirt acu ar shlabhraí soláthair i dtaobh praghsanna níos airde agus agaí tionscanta níos faide do phríomhábhair agus do phríomhseirbhísí. Chun dul i ngleic leis na rioscaí méadaithe seo, tá réimse maolaitheoirí á gcur i bhfeidhm ag ESB, leibhéil níos airde de mhonatóireacht ar an slabhra soláthair agus comhoibriú níos mó le soláthraithe san áireamh.

Tá straitéis soláthair ESB ar aon dul le straitéis agus spriocanna inbhuanaitheachta Neodrachta ó thaobh Fuinnimh de chuid ESB. Is í tairiscint iomaíoch ár nós imeachta caighdeánach soláthair, agus tugtar faoi na próisis soláthair uile ar bhealach neamh-idirdheallaitheach, trédhearcach, agus comhréireach. Cinntíonn an próiseas seo caitheamh cothrom, neamh-idirdheallú, aitheantas frithpháirteach, agus saoirse le hearraí agus seirbhísí a sholáthar, ar aon dul le dlí soláthair infheidhme, Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú de chuid Rialtas na hÉireann agus Prionsabail Chonradh an AE.

Sa chás gur cuí, tugtar faoi mheasúnuithe ar thairiscint ar bhonn an chostais iomláin saolré (LCC), agus tá samhlacha sofaisticiúla LCC á n-úsáid ag ESB le costais saoil iomláin a chur san áireamh nuair a dhéantar measúnú ar thionscadail mhóra agus trealamh mór a cheannach. Mar shampla, úsáidtear LCCanna saincheaptha le meastóireacht a dhéanamh ar chostas agus éifeachtúlacht na dtairiscintí suntasacha uile do ghléasra agus trealamh giniúna, lascthrealamh agus claochladáin líonraí, agus flít ESB. Áirítear leis na samhlacha costais iomláin seo réimse ionchur costais, praghas ceannaigh, costais lasta, dleachtanna custam, úsáid fuinnimh (ualach nó eile), costais fréamhshamhaltaithe, tástálacha cineáil, costais suiteála, cothabháil, agus costais deireadh saoil san áireamh.

Iarrann ESB ar ár soláthraithe/gconraitheoirí de gach sraith na dlíthe infheidhme go léir a chomhlíonadh agus meas a léiriú ar chearta daonna a aithnítear go hidirnáisiúnta. Leagtar amach i gCairt Soláthraithe ESB na bunphrionsabail go léir a mbíonn súil leis go gcomhlíonann soláthraithe, soláthraithe seirbhíse agus conraitheoirí ESB maidir le:

- Tabhairt faoi ghnó
- Sláinte agus Sábháilteacht
- An Comhshaoil
- Eitic, Breabaireacht agus Frithchaimiléireacht
- Caighdeáin Fostaíochta, agus
- Sclábhaíocht Nua-Aimseartha.

Bronnann Riachtanais ESB do Thríú Páirtithe éifeacht chonarthaigh ar na hionchais seo, agus tá cóipeanna de na cáipéisí seo agus de Bheartais Soláthair ESB ábhartha eile, atá faoi réir nuashonruithe rialta, ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin ESB Group [Faisnéis Soláthraí \(esb.ie\)](#)

Mar gheall go gcaitheann ESB thart ar €1.6B go bliantúil ar sholáthar (gan breosla a áireamh), braitheann ESB ar shlabhraí soláthair casta agus éagsúla leis na seirbhísí a sholáthar a theastaíonn chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. As an gcaitheamh seo, soláthraítear thart ar 80% ó sholáthraithe laistigh de Phoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an RA, agus 19% ó bhallstáit eile an AE (GRI204-1). Tá thart ar 4,000 soláthraí Shraith 1 againn faoi láthair, agus rinneamar thart ar 37,000 ordú ceannaigh leo in 2022. Idir FBManna áitiúla agus micreachuideachtaí agus corparáidí/conraitheoirí móra ilnáisiúnta iad na soláthraithe seo.

GRI 204-1: An chomhréir airgid a chaitear ar sholáthraithe áitiúla

Ainm na Láithreach	2022	2021	2020 %
An RA, TÉ agus Éire	80%	86%	87%
AE	19%	12%	8%
An Chuid eile den Domhan	1%	2%	5%

Idir socruithe caighdeánacha de shaghas soláthair d'earraí intomhalta, cosúil le huirlisí agus trealamh agus conarthaí níos casta seirbhíse/oibreacha do ghiniúint in-athnuaite, méadrú cliste a chur isteach, Bonneagar agus luchtairí FL, fostáisiún líonraí agus línte lasnaide/faoin talamh a thógáil agus a athchóiriú, billeáil custaiméirí agus seirbhísí méadráithe agus sannacháin sainchomhairleoireachta a bhaineann le hinnealtóireacht, atá i gceist leis na conarthaí Sa chás go gceadaítear faoi bhreithnithe teicniúla, is fearr linn sonraíochtaí feidhmiúla agus feidhmíochtbhunaithe a úsáid, lena dtacaíonn caighdeáin Idirnáisiúnta/Eorpacha. Fógraítear na conarthaí móra go léir Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Slabhra Soláthair ESB (ar lean)

Tá go leor de na conarthaí seo, dian ó thaobh saothair de bharr a gcineáil agus is bunriachtanach go gcothaíonn soláthraithe cultúr freagrachta corparáidí, anuas ar chleachtais mhaithe inbhuanaithe agus chomhshaoil.

Lorgaítear gnéithe inbhuanaitheachta, go ginearálta, ó fhortháirgeoirí nuair a chuireann na gnéithe siúd le spriocanna inbhuanaitheachta ESB a sholáthar. I measc roinnt soláthairtí suntasacha, lena áiríodh béim láidir ar inbhuanaitheacht in 2022, bhí:

- Conradh d'acmhainn bhreise stórála cadhnra gearrthearmaí 150MW ag Stáisiún Giniúna Áth Fhada
- Sraith Creat-Chomhaontuithe a bhronnadh chun tacú le pblíne de Thionscadail Ghaoithe Amach ón gCósta a fhorbairt do Ghiniúint agus Trádáil ESB
- Creataí Conraitheora a bhronnadh i ESB Networks a chumhdaíonn Línte Lasnaíre a Dhearadh agus a Thógáil, Fostáisiúin Dáileacháin a Thógáil, agus Cáblú Ardvoltais, agus
- Creat-chomhaontuithe soláthair amháin i ESB Networks do Chlaochladáin Chumhachta 400kV, Méadair Chliste 3 Phas, Inslitheoirí Ilchodacha Ardvoltais. Córais dhinimiciúla rátála líne, agus Veaineanna Leictreacha a sholáthar

Is í aidhm ESB a chinntiú go leabaítear inbhuanaitheacht i measc gach feidhme gnó. Tugtar faoi gach ceann dár n-oibríochtaí gnó i Soláthar go leictreonach, tairiscintí agus orduithe ceannaigh dár soláthraithe a eisiúint agus a fháil san áireamh. Tá ESB tiomanta freisin do théarmaí na reachtaíochta íocaíochtaí déanacha infheidhme a chomhlíonadh agus is sínitheoirí iad leis an gCód Iompair um Íoc Pras. Is iad téarmaí caighdeánacha ESB Glanchuntas Míosúil. Is é sonrasc PDF ar ríomhphost rogha modha ESB le sonraisc a fháil ó sholáthraithe. Mhéadaigh ESB an líon sonraisc PDF a fuarthas ó sholáthraithe ó 93% in 2021 go 94% de na sonraisc go léir a fuarthas in 2022. Is iad na príomhthairbhí do sholáthraithe i dtaobh sonraisc a sheoladh ar an mbealach seo ná inrianaitheacht agus an cumas ceisteanna a sheoladh ar ríomhphost chuig bosca ríomhphoist tiomnaithe go réiteofar iad go tapa. Rogha gan chostas é seo do sholáthraithe agus is féidir sonraisc a phróiseáil níos tapúla dá bharr.

Ceartha Daonna (Cosaint in aghaidh Sclábhaíocht Nua-Aimseartha san áireamh)

Tá ESB tiomanta do mheas a léiriú ar gach ceart daonna a aithnítear go hidirnáisiúnta, iad siúd ina measc a léirítear sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus na prionsabail a bhaineann le cearta bunúsacha a leagtar amach i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Ceartha Bunúsacha san Obair. Tacaíonn réimse beartas, ina gcuimsítear limistéir fócais laistigh de chearta daonna, cearta fostaí, neamh-idirdhealú, ionchuimsiú agus éagsúlacht agus sclábhaíocht nua-aimseartha san áireamh, leis an ngealltanas seo. Iarrtar i gCód Eitice Fostaithe ESB (“Ár gCód”) ar na fostaithe go léir oibriú go cothrom agus meas a léiriú ar na cearta daonna go léir. Cion coiriúil faoi Acht um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha, 2015 an RA í sclábhaíocht nua-aimseartha. Leagtar oibleagáidí san Acht ar eagraíochtaí de mhéid áirithe, a thugann faoi ghnó sa Ríocht Aontaithe. Is féidir le sclábhaíocht nua-aimseartha titim amach i bhfoirmeacha éagsúla, daoirse, saothar d'éigean agus éigeantach agus gáinneáil ar dhaoine san áireamh, agus déanann gach ceann díobh saoirse duine a sháru ag duine eile le hriad a dhúshaothrú ar mhaithe le gnóthachan pearsanta nó tráchtála. Máthairchuideachta é ESB ar roinnt fochuideachtaí a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu Ríocht Aontaithe, agus ghlac ESB le beartas maidir le sclábhaíocht nua-aimseartha agus é ina aidhm cosc a chur ar dheiseanna go dtitfidh sclábhaíocht nua-aimseartha amach laistigh dá ghnólacht agus dá shlabhraí soláthair. I gcomhréir leis an Acht, foilsíonn ESB ráiteas bliantúil ina leagtar amach na bearta ar thug ESB fúthu i rith na bliana airgeadais roimhe sin lena chinntiú nach bhfuil sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine ag titim amach ina ghnólacht féin nó ina shlabhraí soláthair. Níor thángthas ar aon teagmhais sclábhaíochta nua-aimseartha go dtí seo.

Foilsíodh an Ráiteas Bliantúil is déanaí in Aibreán 2022, agus bhí sonraí ann faoi na bearta faoinar thug ESB le cosc a chur ar ghníomhartha sclábhaíochta nua-aimseartha ó thitim

amach laistigh dá shlabhra soláthair. Tá an ráiteas ar fáil ar láithreán gréasáin ESB: [Cosc ar Sclábhaíocht agus Gáinneáil ar Dhaoine, Aibreán 2022](#)

Mheasúnaigh ESB a limistéir ghnó agus a láithreacha le saincheistanna féideartha ceart daonna agus rioscaí agus bearta coisctheacha a shainaithint, laistigh den Ghrúpa agus in eagraíochtaí eile a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí do ESB. Déantar measúnú ESB ar shaincheistanna ceart daonna agus comhionannais (a chreideann sé a bhaineann lena fheidhmeanna) agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na saincheistanna siúd i gcomhlíonadh le Alt 42(s) den Acht um Chomhionannas, 2014, a fhoilsiú go leithligh ar láithreán gréasáin ESB: [Measúnú ar Chearta Daonna na hEarnála Poiblí](#)

Lorgaíonn ESB ag gach tráth an dlí fostaíochta a chomhlíonadh a bhaineann leis na dlínsí ina n-oibríonn sé agus cuireann sé socruithe conarthacha i bhfeidhm le soláthraithe foirne gníomhaireachta a cheanglaíonn go mbaineann siad an leibhéal céanna comhlíonta amach. Ag leanúint óna iar-ráitis maidir le sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, chuaigh ESB i rith 2022 i mbun na mbeart seo a leanas le cosc a chur ar ghníomhartha sclábhaíochta nua-aimseartha titim amach laistigh dá shlabhraí soláthair:

- Faoi chreat-chomhaontú a bronnadh in 2021 ar Institiúid Chaighdeán na Breataine (BSI), eisíodh ceistneoirí do 188 de phríomhsholáthraithe ESB a lorg eolas ar réimse limistéar a bhaineann le Freagracht Shóisialta Chorporáideach, cleachtais Chearta Daonna Cuideachta, bearta a ndeachthas ina mbun le cosc a chur ar Dhúshaothrú Leanáí agus ar Shaothar Éigeantach, Pá agus Sochair, cleachtais Dhisciplíneacha agus Chomhshaoil
- D'fhreagair 128 soláthraí na ceistneoirí seo agus sainathnódh go bhfuil rátáil ard riosca ag 23 de na soláthraithe seo, agus sainathnódh go bhfuil ardriosca i leith 3 sholáthraí bunaithe ar an measúnú seo
- Tá réimse gníomhartha, iniúchtaí ar an láthair san áireamh, ina gcuimsítear soláthraithe ar theip orthu an ceistneoir a fhreagairt agus d'fhreagróirí a bhfuil rátáil ard riosca acu á dtabhairt chun cinn faoi láthair

- I rith 2022, tugadh faoi 74 Iniúchadh ar Chaighdeán Fostaíochta Conraitheora freisin ar shuíomhanna a bhí á mbainistiú ag ESB ar fud Phoblacht na hÉireann
- Lean ESB le hidirchaidreamh a dhéanamh lenár soláthraithe móra guail lena chinntiú go dtuigeann siad tiomantas ESB don Eagraíocht Bettercoal agus Cód Bettercoal, tiomantas ESB san áireamh d'uirlisí Bettercoal ina phróisis díchill chuif agus feabhsaithe leanúnaigh san áireamh chun gual a sholáthar. Déantar iniúchadh ar mhianaigh in aghaidh na bprionsabal i gCód Bettercoal. Cuimsítear i leagan reatha (2.0) Chód Bettercoal Prionsabail Threoracha na NA maidir le Gnó agus Ceartha an Duine agus ionstraimí na NA agus an ILO maidir le cearta daoine dúchasacha
- Chinntíomar go raibh na fortháirgeoirí agus na soláthraithe go léir ar an eolas ar agus cláraithe le Cáipéis Riachtanais 3ú Páirtí ESB, ina mbunaítear oibleagáidí soiléire conarthacha i leith chur chuige neamhfhulaingthe ESB i leith Sclábhaíocht Nua-Aimseartha inár Slabhraí Soláthair
- Leanamar le hoiliúint shaincheaptha a sholáthar d'Fhoireann Soláthair ESB maidir le Rioscaí Sclábhaíochta Nua-Aimseartha agus chríochnaigh 13 bhall den fhoireann Clár Cleachtóra na hInstitiúid Cairte Ceannaigh agus Soláthair (CIPS) freisin, lena n-áirítear oiliúint ar shaincheistanna gaolmhara CSR agus Freagracht Shóisialta Chorporáideach, agus
- Shann an Tionscadal Nocht Carboin (CDP) rátáil cheannaireachta A- do ESB i dtaobh Rannpháirteachais le Soláthraithe in 2022.

Iarrtar ar an bhfoireann go léir in ESB gach bliain, trí thairseach foghlama ar líne ESB, an t-am a ghlacadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chód Eitice Fostaithe ESB, lena n-áirítear treoir ar chleachtais ghnó eiticiúla a bhaineann le gach fostaí agus páirtí conraitheoireachta ESB. Bíonn súil leis freisin go gcuireann páirtithe conraitheoireachta a sholáthraíonn seirbhísí do ESB iompar ar bun i gcomhréir le prionsabail an Chóid seo. Is féidir teacht ar eolas breise faoi chleachtais ghnó eiticiúil ESB tríd an nasc seo a leanas a leanúint <http://esb.ie/who-we-are/corporate-governance/esb-code-of-ethics---our-code>

Caibidil 5

Aguisíní

Seiceáil Rogha Caighdeáin Neamhspleácha GRI	91
Tábla Crostagartha Caighdeáin GRI	91
Gluais Téarmaí	100



NUAIR ATÁ IONTAOIBH TÁBHACHTACH

Measúnú Neamhspleách Seiceála Rogha Caighdeáin GRI

D'fhostaigh Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) DNV Business Assurance Services UK Ltd. ('DNV') chun tabhairt faoi Mheasúnú Neamhspleách ar Thuarascáil Inbhuanaitheachta ESB 2022 ('An Tuarascáil') in aghaidh Chaighdeáin an Tionscnaimh Tuairiscithe Dhomhanda ('GRI') 2021 agus Fhorlíonadh Earnála Fóntais Leictreacha GRI.

Rinne DNV measúnú neamhspleách ar an Tuarascáil agus meastar go bhfuil sí i gcomhréir le Caighdeáin GRI 2021.

Léirítear i dTábla Crostagartha Caighdeáin GRI in Aguisíní na Tuarascála léiriú bailí ar an nochtadh, i gcomhréir le ceanglais Chaighdeáin GRI 2021.

Ní chuirtear tuairim ar fáil sa Mheasúnú Neamhspleách seo ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta ESB in 2022 ná ar chaighdeán an eolais a nochtar sa Tuarascáil.

Níor fhostaigh ESB DNV maidir le haon cheangaltais eile in 2022 a d'fhéadfadh baint de neamhspleáchas á measúnaithe ar thuairisciú GRI ESB.

An 4 Lúnasa 2023, Londain

Le haghaidh agus thar ceann DNV Business Assurance Services UK Ltd.

Souvik Kumar Ghosh

Souvik Kumar Ghosh
Príomh-Shainchomhairleoir



Tábla Crostagartha Caighdeáin GRI

Nochtadh Ginearálta

	Nochtadh	Leathanach Tagairtí	Nóta Tráchta an Innéacs GRI
2-1	Sonraí eagraíochta	36-37,92	
2-2	Aonáin a chuimsítear i dtuairisciú inbhuanaitheachta na heagraíochta	37, Tuarascáil Bhliantúil 2022, lch 278	Tuarascáil Bhliantúil 2022, leathanach 278, Nóta 35 leis na Ráitis Airgeadais FOCHUIDEACHTA, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN GNÁTHSCAIRE AGUS CEANGALTAIS CHOMHPHÁIRTITHE. Cuirtear fochuideachtaí i gcuntas faoi láthair sna sonraí a thuairiscítear, ach ní chuirtear sonraí do Chomhfhiontair san áireamh, seachas acmhainneacht agus aschur giniúna in-athnuaite, a chuirtear san áireamh ar bhonn gnáthscaire.
2-3	Tréimhse thuairiscithe, minicíocht agus pointe teagmhála	36	Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil ESB de ghnáth i Márta gach bliain, ina dtuairiscítear ar an mbliain féilire agus fhioscach roimhe sin, an tréimhse thuairiscithe chéanna leis an tuarascáil inbhuanaitheachta. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2022 ESB an 22/02/2023.
